Iniúchadh ar Mhúnlaí Luath-oideachais Dhátheangaigh i mBunscoileanna Gaeltachta

Conchúr Ó Brolcháin B.Oid, MA

PhD

Deireadh Fómhair 2015

Coláiste Phádraig, Droim Conrach
Roinn an Oideachais agus Roinn na Gaeilge
Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath

Stiúrthóir:	An Dr Pádraig Ó Duibhir (Coláiste Phádraig).
Stiúrthóir Tánaisteach:	Dr Seán Ó Cathalláin (Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh).

Achoimre

Déantar iniúchadh sa staidéar seo ar mhúnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i ranganna naíonán, i gcúig bhunscoil sa Ghaeltacht. Breathnaítear go speisialta ar na cleachtais bhainistíochta scoile agus ar chleachtais oideolaíochta na múinteoirí i dtaca leis na múnlaí mionteanga seo a chur i bhfeidhm. Tar éis léirbhreithniú cuimsitheach litríochta ar staid reatha na Gaeltachta agus ar mhúnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh in Éirinn agus thar lear, tugtar faoin taighde i gcás-staidéir fheiniméaneolaíochta atá fréamhaithe go príomha i bpairidím phragmatach. Sna cás-staidéir seo déantar breathnóireacht struchtúrtha ar mhúinteoirí naíonán i mbun teagaisc agus anailís ar dhoiciméid, chomh maith le hagallaimh neamh-struchtúrtha ar na múinteoirí sin agus ar a gcuid príomhoidí. Tugtar faoi anailís chriticiúil ar chuir chuige na n-oideachasóirí seo i dtaca le múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a fheidhmiú, le béim ar leith ar na hathróga seo a leanas: cothú an tsainspioraid Ghaeilge tríd an scoil, straitéisí cothabhála agus saibhriúcháin don dalta T1, cuir chuige oideolaíochta, teanga chumarsáide agus teagaisc na scoile, sealbhú na réamhscileanna litearthachta (feasacht fhónach mar shampla) agus cur i bhfeidhm an chreatchuraclaim luath-óige *Aistear*. Tá an taighde tábhachtach mar go bhfaightear léargas úr ann maidir le cuir chuige, cleachtais agus tosaíochtaí reatha na múinteoirí naíonán iad féin agus iad ag plé le himeascadh daltaí T1 agus T2 i gceantair leochaileacha teangeolaíochta. Tuairiscítear go bhfuil raon leathan múnlaí oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm i sampla an taighde seo, lena n-áirítear: múnlaí saibhriúcháin agus cothabhála, luath-thumoideachas iomlán, páirt-thumoideachas agus fiú amháin an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teanga i gcás amháin. Cé go nochtaítear samplaí den teagasc éifeachtach, nuálach i ngach scoil, ábhar imní is ea an laghad idirghabhála a dhéantar ar son daltaí T1, chomh maith leis an mbealach ilroinnte, neamhsheicheamhach ina dtugtar faoi mhúineadh na Gaeilge agus an Bhéarla. Sonraítear go bhfuil bearnaí suntasacha idir pholasaithe agus chleachtais agus go mbraitheann dea-chleachtais oideolaíochta ar thiomantas an phríomhoide agus ar shainchleachtais múinteoirí ar leith, seachas ar mhúnla aontaithe oifigiúil an chórais.

Clár Giorrúcháin

CCC	An Cur Chuige Cumarsáideach
CM	An Chomhairle Mhúinteoirechta
COGG	An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
GnaG	Guth na Gaeltachta
OCAT	Oilteacht Chognaíoch Acadúil Teanga
OD	An tOideachas Dátheangach
OTD	Oideachas tríd an Teanga Dhúchais
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
SBIC	Scileanna Bunúsacha Cumarsáide Idirphearsanta
T1	Céad teanga nó máthairtheanga an chainteora
T2	Dara teanga an chainteora
TD	Tumoideachas Déthreoch
LTI	Luath-thumoideachas Iomlán

Giorrúcháin sna Cás-staidéir

APO	Agallamh leath-struchtúrtha ar an bpríomhoide
AM	Agallamh leath-struchtúrtha ar an múinteoir ranga
AD	Anailís ar dhoiciméid ábhartha (polasaithe, comhfhreagras oifigiúil mar shampla)
MSU	Tuairiscí oifigiúla cigireachta ó mheasúnaithe scoile uile
NB	Nótaí breathnóireachta a glacadh i mbun breathnóireachta ar mhúinteoir
NG	Nótaí goirt a glacadh go neamhfhoirmiúil i dtimpeallacht na scoile

Dearbhú

Dearbhaím leis seo gur liom féin amháin an t-ábhar seo a chuirim i lathair i gcomhair measúnaithe do chéim PhD san Oideachas, agus ghlac mé gach cúram chun a chinntiú gur saothar bunaidh é seo agus, chomh fada agus is eol dom, nach sáraíonn sé dlí cóipchirt ar bith agus nár tógadh é ó shaothar aon duine eile ach amháin sna cásanna sin ina bhfuil na tagairtí sin luaite agus aitheantas tugtha don ábhar sin i dtéacs mo shaothair.

Sínithe: _____

Uimhir Aitheantais: 11262826

Dáta: 16.10.2015

Nóta Buíochais

Tá mé fíorbhuíoch den Dr Pádraig Ó Duibhir a bhí mar stiúrthóir feasach, foighneach agus lách le linn an staidéir. Is iomaí píosa luachmhar comhairle agus tacaíocht chineálta a thug sé dom.
Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Dr Seán Ó Cathalláin a bhí mar fhéitheoir táinisteach don taighde seo chomh maith, as a chuid saineolais a roinnt liom chomh fial le linn na Dochtúireachta.

Ní fhéadfainn an tráchas seo a chur i gcrích gan tacaíocht mhaonaithe agus proifisiúnta ó Roinn na Gaeilge, Coláiste Phádraig trí Chomhaltacht Shéamuis Uí Mhórdha. Ba mhór an onóir dom an chomhaltacht a ghnóthachtáil agus a bheith ag obair i gcomhpháirt le comhghleacaithe na Roinne ar feadh trí bliana. Buíochas speisialta do léachtóirí na Roinne: Máirín Nic Eoin, Ciarán Mac Murchaidh, Uaitéar Mac Gearailt agus do Mháire Ní Uiginn, rúnaí na Roinne.
Do Lorraine agus Máire i dTeagasc na Gaeilge, Roinn an Oideachais a thug an-chuid tacaíochta dom le linn mo thréimhse sa choláiste agus do mo chara Ben a d'ól go leor cupán caife liom.
Braitheann tráchtas mar seo ar dhea-thoil na rannpháirtithe agus glacaim buíochas mór millteach leis na múinteoirí agus príomhoidí uilig a ghlac páirt ann. Buíochas mór leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a chur maoiniú ar fáil dom ag pointí éagsúla le linn an staidéir. Ar deireadh thiar thall glacaim buíochas ó chroí le Niamh as a cuid tacaíochta agus foighne don tréimshe staidéir ar fad.

Tiomnú: Do Niamh.

Clár

Achoimre **ii**
Clár Giorrúcháin **iii**
Dearbhú **iv**
Nóta Buíochais **v**
Tiomnú **vi**
Clár **vii**

Liosta na dTáblaí **1**

Caibidil 1: Réamhrá **1**

1.1 Réamhrá 1

1.2 Ceisteanna Taighde 1

1.3 Cúlra an Taighde agus Suíomh an Údair 2

1.4 Réasúnaíocht agus Comhthéacs an Taighde 3

1.5 Imeascadh na nDaltaí T1 agus T2 sa Seomra Ranga Gaeltachta 5

1.6 Ceist na Téarmaíochta san Oideachas Dátheangach. 7

1.7 Difríochtaí idir an Ghaelscolaíocht agus an Bhunscolaíocht sa Ghaeltacht 9

1.8 Daltaí na Gaeltachta agus Dúshlán an Imeasctha sa Seomra Ranga 10

1.9 Aidhmeanna an Staidéir 12

1.10 Modheolaíocht an Staidéir 13

1.11 Imlíne an Staidéir 14

Caibidil 2: An Ghaeilge agus an Ghaeltacht **16**

2.1 Réamhrá 16

2.2 An Ghaeilge mar Mhionteanga 16

2.3 Stair Athbheochan na Gaeilge 18

2.4 Úsáid an Chórais Oideachais san Aisiompú Teanga 19

2.5 An Córas Oideachais mar Uirlis Aisiompú Teanga in Éirinn 20

2.6 Gluaiseacht na Gaelscolaíochta 21

2.7 Stair na Gaeltachta 23

2.8 An Ghaeltacht Chomhaimseartha 23

2.9 An Bhunscolaíocht sa Ghaeltacht 27

2.10 Achoimre 31

Caibidil 3: Léirbhreithniú litríochta 33

3.1 Réamhrá 33

3.2 An Dátheangachas 34

3.3 An tOideachas Dátheangach 35

3.4 Scagadh ar Chláir Éagsúla Oideachais Dhátheangaigh 37

3.4.1 Saintréithe an chórais tumoideachais. 37

3.4.1.1 An tumoideachas i gCeanada. 39

3.4.2 An tumoideachas déthreoch. 40

3.4.3.1 Múnlaí 90:10 agus 50:50. 42

3.4.3 Tionchar agus éifeachtúlacht an tumoideachais. 45

3.4.4 Deacrachtaí leis an gcóras tumoideachais. 48

3.5 Múnlaí Oidhreachta, Saibhriúcháin agus Cothabhála 49

3.5.1 Réamhrá. 49

3.5.2 Samplaí de Mhúnlaí Oideachais Dhátheangaigh go hIdirnaisiúnta. 50

3.5.2.1 An t-oideachas tríd an teanga dhúchais do fhrainciseoirí Cheanada. 50

3.5.2.2 An Haváis in Haváí. 51

3.5.2.3 An Bhreatain Bheag. 53

3.5.2.4 An Ghàidhlig in Albain. 54

3.6 Cur i bhFeidhm Pholasaí Luath-oideachais Dhátheangaigh. 55

3.6.1 Réamhrá. 55

3.6.2 Curaclam na Bunscoile (1999) agus an cur chuige cumarsáideach. 55

3.6.3 Creathchuraclam na luath-óige, *Aistear.* 59

3.6.4 Teoiricí maidir le Sealbhú Teangacha 60

3.6.4.1 OCAT agus SBCI 60

3.6.4.2 Contanaim na Délitearthachta. 60

3.6.5 Achoimre ar chur i bhfeidhm pholasaí luath-oideachais dhátheangaigh. 61

3.7 Gnéithe Oideolaíochta de chur i bhFeidhm Pholasaithe Oideachais Dhátheangaigh. 62

3.7.1 Réamhrá. 62

3.7.2 Cuir chuige oideolaíochta san oideachas dátheangach. 63

3.7.3 An bhéim inmhianaithe sa Ghaeltacht. 64

3.7.4 Creatlaigh anailíse do stíleanna éagsúla oideolaíochta. 65

3.7.5 Achoimre ar chuir chuige oideolaíochta san oideachas dátheangach. 66

3.8 Ról Tuismitheoirí i gCur i bhFeidhm Pholasaithe Oideachais Dhátheangaigh 67

3.9 Tátal 70

Caibidil 4: Modheolaíochtaí **71**

4.1 Réamhrá 71

4.2 Na Ceisteanna Taighde 71

4.3 Céimeanna Taighde agus an Taighde Bíseach 72

4.4 An Chreatlach Teoiriciúil 73

4.4.1 Réamhrá. 73

4.4.2 An pharaidím phragmatach. 74

4.4.3 An Fheiniméaneolaíocht. 75

4.5 Modheolaíocht an Chás-staidéir 77

4.6 Roghnú an tSampla 78

4.7 Cúrsaí Eitice 79

4.8 Earcú Rannpháirtithe 80

4.9 Toiliú Feasach 81

4.10 Na hUirlisí Modheolaíochta 82

4.10.1 Na réamh-agallaimh neamh-struchtúrtha 82

4.10.2 Na cás-staidéir fheiniméaneolaíochta. 84

4.10.2.1 Réamhrá. *84*

4.10.2.2 Breathnóireacht ar mhúinteoirí i mbun teagaisc. *85*

4.10.2.3 Cód breathnóireachta. *88*

4.10.2.4 An sáthiú eolais le linn na tréimhse breathnóireachta. *89*

4.10.2.5 Na h-agallaimh neamh-struchtúrtha. *90*

4.15 Tátal 93

Caibidil 5: Na Cás-staidéir 1 **95**

5.1 Réamhrá 95

5.2 Cás-staidéar 1: Scoil Áine 96

5.2.1 Faisnéis chúlra agus comthéacs teangeolaíochta. 96

5.2.2 Cúlra an phríomhoide agus na cleachtais bhainistíochta. 97

5.2.3 An polasaí scoile maidir leis an oideachas dátheangach. 100

5.2.4 Iompar teanga na ndaltaí. 100

5.2.6 An stíl oideolaíochta. 107

5.2.7 Cleachtais leithleacha i dtaca leis an oideachas dátheangach 110

5.3 Cás-Staidéar 2: Scoil Bhríde 115

5.3.1 Faisnéis chúlra agus comhthéacs teangeolaíochta Scoil Bhríde. 115

5.3.2 Polasaí teanga agus cleachtais bhainistíochta. 115

5.3.3 Iompar teanga na ndaltaí. 117

5.3.5 Teagasc na Gaeilge. 118

5.3.6 Múineadh na n-ábhar eile agus straitéisí teagaisc. 122

5.3.6.1 Réamhrá. *122*

5.3.6.2 Múineadh na matamaitice. *122*

5.3.6.3 Múineadh an Bhéarla. *123*

5.4 Tátal ar Múnla Oideachais atá i bhFeidhm i Scoil Bhríd 124

5.4 Cás-staidéar 3: Scoil Cholmcille 127

5.4.1 Suíomh agus faisnéis chúlra Scoil Cholmcille. 127

5.4.2 Cúlra an phríomhoide agus cleachtais bhainistíochta. 127

5.4.3 An Polasaí scoile maidir leis an oideachas dátheangach: 130

5.4.3.1 Réamhrá. *130*

5.4.3.2 Polasaithe idirdhealaithe. *132*

5.4.4 Na Cleachtais oideolaíochta. 133

5.4.5 Iompar teanga na ndaltaí. 135

5.4.7 Modhanna múinte agus stíl oideolaíochta an mhúinteora. 137

5.4.8 Bainistiú imeascadh na ndaltaí agus an t-idirdhealú foghlama. 140

5.4.9 Straitéis idirdhealaithe: grúpáil na dtríthe. 142

5.4.9.1 Réamhrá. 142

5.4.9.2 Grúpa 1: Na cainteoirí dúchais. 143

5.4.9.3 Grúpa 2: 'An grúpa idir eatarthu'. 145

5.4.9.4 Grúpa 3: An bonnleibhéal. 146

5.4.10 Tátal Scoil Cholmcille. 148

5.5 Cás-staidéar 4: Scoil Dara 153

5.5.1 Suíomh agus faisnéis chúlra Scoil Dara. 153

5.5.2 Cúlra an phríomhoide agus na cleachtais bhainistíochta. 153

5.5.3 Iompar teanga na ndaltaí. 156

5.5.4 Teanga teagaisc an tseomra ranga agus na cleachtais oideolaíochta. 159

5.5.5 Cleachtais leithleacha oideachais dhátheangaigh. 163

5.5.6 Tátal ar mhúnla oideachais dhátheangaigh Scoil Dara. 167

5.6 Cás-staidéar 5: Scoil Éanna 172

5.6.1 Faisnéis chúlra, comhthéacs teangeolaíochta agus polasaithe teanga Scoil Éanna 172

5.6.2 Iompar teanga na foirne. 173

5.6.3 Iompar teanga na ndaltaí. 174

5.6.4 An múinteoir ranga agus na cleachtais oideolaíochta. 175

5.6.5 Cleachtais leithleacha oideachais dhátheangaigh. 177

5.6.6 Tátal ar mhúnla oideachais dhátheangaigh Scoil Éanna. 179

5.7 Tátal Iomlán ar Cás-staidéir 1-5. 181

Caibidil 6: Torthaí agus Anailís 183

6.1 Réamhrá 183

6.2 Na Cleachtais Reatha Bhainistíochta Scoile Uile. 186

6.2.1 Réamhrá. 186

6.2.2 Ábhar agus cur i bhfeidhm an pholasaí oideachais dhátheangaigh. 186

6.2.3 Acmhainní daonna. 188

6.2.4 Idirghníomhaíochtaí le tuismiteoirí. 190

6.3 Na cleachtais reatha oideolaíochta 192

6.3.1 Réamhrá. 192

6.3.2 Atmaisféar ranga. 192

6.3.3 Múineadh an Bhéarla. 193

6.3.4 Múineadh na Gaeilge. 195

6.3.5. Ag Múineadh sa chomhthéacs ilghráid. 196

6.3.6 Stráitéisí idirdhealaithe: Fíor-bheagán machnaimh, níos lú gnímh. 197

6.3.7 Aistear. 199

6.4 Tátal 200

Caibidil 7: Conclúidí **202**

7.1 Réamhrá 202

7.2 Forbhreathnú ar an Taighde 202

7.3 Na Ceisteanna Taighde 205

7.4 Conclúidí 205

7.4.1 Cleachtais bhainistíochta scoile uile. 205

7.4.2 Cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí. 206

7.4.3 Bainistiú na n-acmhainní daonna. 207

7.4.4 Pleanáil scoile don tumoideachas. 208

7.4.5 Ról chigirí na ROS 208

7.4.6 Tionchar na Gaelscolaíochta ar an mbunscoil Ghaeltachta. 209

7.4.7 Cleachtais oideolaíochta na múinteoirí naíonáin. 210

7.4.8 Bainistiú an imeascaidh: Straitéisí idirdhealaithe sa bhunscoil Ghaeltachta.210

7.4.9 Múineadh na Gaeilge. 211

7.4.10 Ag Múineadh sa chomhthéacs ilghráid. 212

7.4.11 Tátal. 213

7.5 Na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá i bhFeidhm 214

7.5.1 An coincheapú a dhéantar ar na Múnlaí sin. 215

7.6 Moltaí 216

7.5.1 Réamhrá 216

7.5.2 Ath-choincheapú ar an Oideachas Gaeltachta 216

7.5.3 Liúntas na Múinteoirí Gaeltachta 218

7.5.4 An Roinn Oideachais agus Scileanna 218

7.5.5 Moltaí don phríomhoide: leibhéal na Scoile. 220

7.6 Srianta an Taighde agus Féidearthachtaí Taighde don Todhchaí 220

7.7 Focal Scoir 223

Liosta Tagairtí 224

Aguisín A: Litir Chlúdaigh Chuig Príomhoidí 240

Aguisín B: Léiriú Spéise 241

Aguisín C: Toiliú Feasach 242

Aguisín D: Ráitéas sa Ghnáthchaint (PO) 243

Aguisín E: Ráitéas sa Ghnáthchaint (M) 244

Aguisín F: Ceisteanna Samplacha (APO&AM) 245

Aguisín G: Agallamh Samplach 1 246

Aguisín H: Agallamh Samplach 2 247

Aguisín I: Agallamh Samplach 3 250

Aguisín J: Agallamh Samplach 4 253

Aguisín K: Sceideal Samplach (CS2) 255

Aguisín L: Múineadh na bhFónaicí (CS1) 272

Aguisín M: Sliocht as "Polasaí Labhairt na Gaeilge" (CS3) 274

Aguisín N: Agallamh Samplach 5 275

Agallamh le Príomhoide CS2 275

Aguisín O: Agallamh Samplach 6 276

Liosta na dTáblaí

Tábla 2.1 Scála Inmharthanachta Teanga **17**

Tábla 2.4 Catagóiriú na Gaeltachta **25**

Tábla 2.5 Achoimre ar Mholadh do Mhúnlaí Oideachais Ghaeltachta **30**

Tábla 3.1 Múnlaí Laga agus Láidre san Oideachas Dátheangach **36**

Tábla 3.2 An Tumoideachas Déthreoch sna Stáit Aontaithe Mheirceá **41**

Tábla 3.3 Múnlaí 90:10 agus 50:50 **42**

Tábla 5.1 Fáisnéis Chúlra CS1-5 **96**

Tábla 5.2 Obair Fhónach i Scoil Áine **107**

Tábla 5.3 Achoimre ar Scoil Áine **114**

Tábla 5.4 Achoimre ar Scoil Bhríd **126**

Tábla 5.5 Achoimre ar Scoil Cholmcille **152**

Tábla 5.6 Achoimre ar Scoil Dara **171**

Tábla 5.7 Achoimre ar Scoil Éanna **180**

Tábla 5.8 Achoimre Iomlán ar Mhúnlaí na gCás-staidéar 1-5 **182**

Caibidil 1: Réamhrá

1.1 Réamhrá

Tugaim léargas sa chaibidil seo ar ábhar an tionscadail taighde agus ar na spriocanna is mian liom a bhaint amach. Leagaim amach ar dtús na ceisteanna taighde a threoraigh an staidéar mar aon le cur síos ar an réasúnaíocht laistiar de. Cuirim an comhthéacs sochtheangeolaíochta agus oideachais i láthair an léitheora, chomh maith le heolas faoi cheantair an taighde agus faoin bpobal atá ag cur fúthu sna ceantair sin. Déanaim cíoradh ar an téarmaíocht shainiúil a bhaineann le hábhar an taighde chun doiléireacht téarmaíochta a sheachaint agus ar deireadh cuirim leagan amach an tráchtais féin i láthair.

1.2 Ceisteanna Taighde

Baineann príomh-iniúchadh an taighde seo leis na cleachtais bhainistíochta scoile uile agus na cleachtais oideolaíochta atá i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta maidir le polasaithe luath-oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh go laethúil. Treoraíonn ceithre mhórcheist an staidéar: Céard iad na cleachtais reatha, bhainistíochta scoile uile, atá i bhfeidhm chun polasaithe oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh go laethúil? Céard iad na cleachtais reatha oideolaíochta atá in úsáid i ranganna na Naíonán Sóisir agus Sinsir chun na polasaithe oideachais dhátheangaigh seo a chur i bhfeidhm? Bunaithe ar fhreagairt na gceisteanna thuas, céard iad na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá tagtha chun cinn i mbunscoileanna na Gaeltachta agus cén coincheapú a dhéanann na hoideachasóirí féin ar na múnlaí sin? Déanaim iarracht na ceisteanna thuas a chíoradh trí léirbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar an litríocht ábhartha, chomh maith le cás-staidéir fheiminéaneolaíochta ar chúig bhunscoil Ghaeltachta, i bpairidím phragmatach.

1.3 Cúlra an Taighde agus Suíomh an Údair

Nuair a eisíodh preasráiteas ó urlabhraí Ghuth na Gaeltachta in 2011 ag maíomh go raibh roinnt scoileanna Gaeltachta tar éis tús a chur le 'polasaí tumoideachais', bhraith mé gur chéim dhearfach don oideachas Gaeltachta a bhí inti. Mar chuid den pholasaí sin, ghlac scoileanna áirithe an cinneadh, múineadh foirmiúil an Bhéarla a fhágáil go dtí pointe níos déanaí sa chóras bunscolaíochta, chun bunús láidir sa Ghaeilge a thabhairt dá ndaltaí naíonáin. Mar mhúinteoir bunscoile le taithí teagaisc i nGaelscoil ina raibh polasaí luath-thumoideachais iomláin i bhfeidhm, bhí beagáinín iontais orm, nach raibh polasaí mar seo bhfeidhm acu cheana. Toisc nach ndearnadh tagairt ach do thrí scoil sa ráiteas, músclaíodh fiosracht láithreach ionam maidir leis an 100 scoil eile sa Ghaeltacht a bhí in ainm is a bheith ag feidhmiú go hiomlán trí Ghaeilge. Tar éis agallamh neamhstruchtúrtha a dhéanamh le príomhoidí agus saineolaithe tríú leibhéal i réimse an oideachais Ghaelaigh, ba léir gur ceapadh nach raibh polasaithe 'tumoideachais' i bhfeidhm i go leor bunscoileanna Gaeltachta, agus go raibh an Béarla á mhúineadh go forleathan i ranganna na naíonán iontu. Léiríodh imní ina measc nach ndéantar sealbhú iomlán ar an nGaeilge i gcleachtas mar seo, agus go mbeadh tionchar diúltach ag an bpáirt-shealbhú seo ar chumas Ghaeilge na ndaltaí Gaeltachta go fadtréimhseach. Nochtaíodh imní breise ina measc, nach raibh scoileanna na Gaeltachta ag freastail ar ghánna teanga na gcainteoirí dúchais sa chóras oideachais agus go bhféadfadh an-éagsúlacht múnlaí a bheith i bhfeidhm sna scoileanna sin maidir le fad, déine agus cineál na gclár oideachais dhátheangaigh a bhí i bhfeidhm iontu.

D'eascair roinnt ceisteanna as an bpróiseas réamhagallaimh maidir leis na múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a bhí i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta. Mar shampla, an raibh na scileanna litearthachta á múineadh trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, nó an é go raibh meascán de Bhéarla agus de Ghaeilge in úsáid sna seomraí ranga? An raibh an creatchuraclam luath-óige Aistear á chur i bhfeidhm mar thacaíocht ar an sealbhú teanga? An raibh scoileanna ag freastail ar ghánna oideachais agus teanga an chainteora dhúchais sa chóras oideachais Ghaeltachta? Cén

tosaíochtaí, cuir chuige, modheolaíochtaí agus stíleanna oideolaíochta a bhí i bhfeidhm i ranganna naíonán sa Ghaeltacht i gcur i bhfeidhm an mhúnla oideachais dhátheangaigh?

1.4 Réasúnaíocht agus Comhthéacs an Taighde

Déanfar ple níos doimhne ar an nGaeltacht agus saincheisteanna reatha an oideachais Ghaeltachta i gCaibidil 2 ach is fiú cur síos leathan a thabhairt anseo d'fhonn an taighde a chomhthéacsú don léitheoir. Leagann an tAcht Oideachais (1998), dualgais ar scoileanna na Gaeltachta "cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail i limistéir Ghaeltachta" agus "riachtanais teanga agus chultúrtha mac léinn a chur chun cinn ag féachaint do roghanna a dtuismitheoirí" (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 1998, Alt 6 (j agus k)). Bheifí ag súil go dtabharfadh reachtaíocht mar seo tacaíocht láidir do chur chun cinn na Gaeilge sa chóras oideachais Ghaeltachta ach is iomaí píosa taighde atá foilsithe ó shin i leith, a léiríonn leochaileacht na teanga sa Ghaeltacht agus an t-iompú teanga atá ar siúl inti (m.sh. Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, & Ní Mhainín, 2005; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha, & O'Brien 2007). Aithnítear faoi láthair nach bhfuil ach 23,175 duine nó 23.9% de dhaonra na Gaeltachta ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Príomh-Oifig Staidrimh, 2012). Sna ceantair dhátheangacha seo tuigtear go bhfuil líon na bpáistí atá ina gcainteoirí dúchais Gaeilge ag laghdú (Mac Donnacha et al., 2005; Ó Giollagáin et al., 2007) agus go bhfuil líon na dteaghlach atá ag seachadadh na Gaeilge ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile ag laghdú chomh maith (Ó Giollagáin et al., 2007; Ó hIfearnáin, 2007; Romaine, 2007). Tá staid na Gaeilge sa Ghaeltacht anois chomh leochaileach go gcreidtear nach bhfuil sé d'acmhainn choiteann ag an bpobal Gaeltachta an ghlúin óg a chumasú chun sealbhú iomlán a dhéanamh ar an nGaeilge. Tá an próiseas chreimeadh teanga seo á thiomáint ag feiniméin éagsúla sochtheangeolaíocha lena n-áirítear:

- Inghlacthacht fhorlámhas chultúr an Bhéarla, athruithe i gcineál na Gaeilge a labhraítear a bhfuil lorg na teagmhála teanga leis an mBéarla le sonrú air.
- Athruithe i ndeiseanna an inghlactha sa sealbhú agus i ndeiseanna an aschuir chumarsáide sa Ghaeilge (fheidhmiúil, aonteangach).
- Acmhainn theoranta ag na forais tacaíochta phobail agus oideachais chun na himpleachtaí a bhaineann leis na hathruithe a bhainistiú.

- An creimeadh leanúnach ar dhlús na gcainteoirí Gaeilge i gceantair thraidisiúnta na Gaeilge.
- Athruithe i gcineál an ionchuir theanga a chloiseann an ghlúin óg.
- Cúngú ar réimsí agus ar fheidhmeanna na Gaeilge ina cuid réimsí traidisiúnta.
- Forlámhas nósmhaireachtaí na mórtheanga i gcleachtais shóisialta na glúine óige.

(Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin & Sheahan, 2014: 225)

Glactar leis go bhfuil caighdeán na Gaeilge labhartha titithe go suntasach i measc dhaltaí na Gaeltachta (Harris et al., 2006), go bhfuil an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga cumarsáide i dtromlach na mbunscoileanna Gaeltachta, fiú sna ceantair sin ina mbaintear an úsáid is leithne as an nGaeilge (Mac Donnacha et al., 2005), agus go bhfuil rian an Bhéarla le sonrú ar Ghaeilge na bpáistí Gaeltachta (Leonach et al., 2012; Péterváry et al., 2014). Ábhar ar leith imní do thodhchaí na Gaeltachta anois, gur treise cumas an Bhéarla ná cumas na Gaeilge i measc gasúr, fiú amháin más í an Ghaeilge an teanga baile (Péterváry et al., 2014) agus é maíte ag Ní Shéaghdha (2010) ar ndóigh go bhfuil líon na ndaltaí bunscoile a labhraíonn an Ghaeilge mar chéad teanga faoi bhun 1000 sna ceantair Ghaeltachta is láidre.

I gcomhthéacs mar seo, aithnítear go bhfuil comhdhéanamh teangeolaíochta an phobail fíorthabhachtach sa soláthar oideachais mar nach sa scoil amháin a dhéantar forbairt ar scileanna teanga an dalta (Ó Duibhir, Ní Chuaig, Ní Thuairisg & Ó Brolcháin, 2014) agus nach féidir ach sealbhú teoranta a dhéanamh ar an dara teanga nuair is beag teagmhála a dhéanann an daltaí leis an sprioctheanga taobh amuigh den scoil (Ó Duibhir, 2009). É sin maíte, tá ról lárnach an chórais oideachais i gcaomhnú na Gaeilge aitheanta go forleathan agus is cosúil go dtuigtear an phráinn a bhaineann le hathnuachan a dhéanamh ar an oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht anois. Tar éis próiseas comhairliúcháin tá Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta (ROS, 2015e) curtha faoi bhráid an phobail ag an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS feasta) atá bunaithe ar cheithre mhórshaothar taighde i dtaca leis na cleachtais is fearr oideachais a aimsiú don chomhthéacs Gaeltachta: Soláthar Scoile i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta-Soláthar Reatha agus Éileamh Amach Anseo (ROS, 2015a), Athbhreithniú ar an Oideachas sa Ghaeltacht: Athbhreithniú ar an Litríocht Náisiúnta (ROS, 2015b), Soláthar Oideachais trí Mhionteagacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta (ROS, 2015c) agus Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais trí

mheán na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta; Cás-staidéir Bunscoile agus Iarbhunscoile (ROS, 2015d). Déanfar plé níos doimhne ar na saothair seo tríd an tráchtas ach a rá anseo gur fhoilsíodh iad d'fhonn na cleachtais is fearr oideachais dhátheangaigh a aithint agus a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, chun tacú leis an bpobal ansin an Ghaeilge a chothú mar phríomhtheanga an phobail.

1.5 Imeascadh na nDaltaí T1 agus T2 sa Seomra Ranga Gaeltachta

Tacaíonn Straitéis an Rialtais don Ghaeilge (2010) go láidir le héiteas an tumoideachais agus leis an oideachas oidhreachta trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, mar mhúnlaí shealbhú teanga. Mar atá pléite thuas tá caighdeán agus líon na gcainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht ag dul i laghad, rud a chiallaíonn go bhfuil meascán cúlraí teangeolaíochta sa seomra ranga Gaeltachta agus mar gheall ar sin meascán cumas sa Ghaeilge ag páistí agus iad ag teacht ar scoil le chéile. Sna seomraí ranga sin ina bhfuil dhá chineál dalta, daltaí T1 agus T2, bheadh spriocanna difriúla ag an múinteoir agus dúshlán suntasach roimhe dá bharr (Mac Donnacha, 2005). Tá an múinteoir ag iarraidh go sealbhódh na páistí nach bhfuil an Ghaeilge acu, nó go bhfuil fíorbheagán Ghaeilge acu gan cur isteach ar a máthairtheanga. Tá fianaise ann áfach nach bhfuil a leithéid ag tarlú agus go bhfuil an Béarla le sonrú ar Ghaeilge na bpáistí Gaeltachta dá bharr (Leonach et al., 2012). Dar le Ó Giollagáin et al. (2007) tacaíonn an córas bunoideachais mar atá sé, le lagú Ghaeilge na ndaltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga toisc go ndéantar sóisialú na bpáistí trí Bhéarla de ghnáth.

Tá an feiniméin teangeolaíochta seo tugtha faoi deara ag Jones (1991, 1998) maidir le daltaí na Breataine Bige arb í an Bhreatnais a gcéad teanga agus ag Mougeon & Beniak (1991, 1994) maidir le daltaí i gceantair Fhraincise i gCeanada arb í an Fhraincis a gcéad teanga. Feictear cumhacht an Bhéarla sna tíortha sin maidir leis an tionchar a bhíonn ag cainteoirí dúchais an Bhéarla ar chaighdeán na mionteanga. Ar ndóigh tá an próiseas céanna le feiceáil ar fud an domhain aon uair go dtagann teanga mhór, chumhachtach i dteagmháil le mionteanga:

> Is cuid de chomharthaí na géarchéime mionteanga é nach bhfuil mórán deacrachtaí le sealbhú na mórtheanga, ach go bhfuil deacrachtaí ollmhóra ag baint le sealbhú na mionteanga de bharr uileláithreacht na mórtheanga (Leonach et al., 2012: 12).

Is léir mar sin go mbíonn pobal “thar a bheith measctha agus go bhfuil tumadh á fháil acu sa Bhéarla an-luath sa chóras oideachais Ghaeltachta” (Ní Shéaghdha, 2010). Bíonn mionteangacha ag streachailt in aghaidh cúinsí éagsúla, cosúil le stádas íseal agus acmhainní ar chaighdeán níos ísle chomh maith leis an rangú teangeolaíochta a tharlaíonn i seomraí ranga a chuireann brú ar iompar teanga na bpáistí ar bhealach diúltach don mhionteanga. Is í an fhadhb is mó maidir leis an oideachas sa Ghaeltacht ná go mbreathnaítear i gcónaí ar oideachas an pháiste a tógadh le Gaeilge agus ar oideachas an pháiste a tógadh le Béarla díreach mar a chéile, gurb é an slat tomhais a bhí ann i gcónaí ná riachtanais lucht an Bhéarla (Denvir, 2003) agus gurb iad riachtanais an tromlaigh in Éirinn a thiomáineann an córas, rud a chiallaíonn go múintear an Ghaeilge mar dhara teanga (T2) seachas mar theanga dúchais (T1) (Ó Duibhir, 2012). Is beag a dhíríonn Straitéis na Gaeilge (2010) ar riachtanais an chainteora dhúchais sa Ghaeltacht agus i dtaobh mholtaí na straitéise céanna tá teip le sonrú sa phróiseas agus sa chumarsáid (Ó Duibhir, 2012: 283). Sa chomhthéacs seo ceann de na moltaí ba radacacha a bhí acu ná go mbunófaí ‘scoileanna sealbhaithe Gaeilge’ sa Ghaeltacht ó aois réamhscoile go haois na hiar-bhunscoile (féach Ní Thuairisg, 2012 mar shampla). D’fhreastalódh na scoileanna seo ar pháistí Ghaeltachtaí Chatagóir A nach bhfuil á dtógáil le Gaeilge agus do phaistí a thagann chun cónaithe sa Ghaeltacht nach bhfuil Gaeilge ó dhúchas acu agus chinnteodh siad go mbeadh siad in ann an Ghaeilge a shealbhú sula rachadh siad isteach i ngnáthchóras oideachais na Gaeltachta (Mac Donnacha et al. 2007, 44). Eascraíonn deacrachtaí as an dualgas atá ar mhúinteoirí T1 na bpáistí a chothabháil agus dul chun cinn sa T2 a chinntiú (Lemberger, 1997). Léiríodh sa taighde céanna gur bhraith múinteoirí i suímh oideachais dhátheangaigh ar a n-idé-eolaíochta agus a dtaithí phearsanta féin chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bheith ag teagasc i suímh mar seo. Tá na hidé-eolaíochtaí teanga agus an taithí pearsanta seo tábhachtach mar déanann múinteoirí léirléamh éagsúla ag ar an mbrí a bhaineann le teagasc (O’Brien agus Guiney 2006).

1.6 Ceist na Téarmaíochta san Oideachas Dátheangach.

Baineann dúshlán le taighde ar an oideachas dátheangach de bharr castachtaí sainmhínithe agus téarmaíochta doiléire. D'fhéadfaí iomaí lipéad a chur ar mhúnlaí oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht mar shampla, lena n-áirítear múnlaí tumoideachais, oidhreachta, cothabhála agus saibhriúcháin. I roinnt taighde faoin nGaeltacht chomhaimseartha tá an lipéad ' an t-oideachas tríd an teanga dhúchais' in úsáid mar chur síos ar mhúnla cothabhála a chuirtear i bhfeidhm do dhaltaí ó chúlraí Gaeilge sa Ghaeltacht, ach go háirithe dóibh siúd atá lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A (Ní Shéaghdha, 2010 mar shampla). Ní téarma gan locht é seo áfach, mar go gcreidtear go bhféadfadh baol a bheith ann go ndéanfar rómánsú ar úsáid stairiúil na teanga seachas a bheith ag díriú ar úsáid reatha agus úsáid inmhianaithe na teanga (García, 2005; McCarty, 2008; Wiley, 2005 agus Baker, 2006). I gCeanada, baineann an téarma sin le hoideachas trí theangacha nach bhfuil ina dteangacha oifigiúla [Béarla & Fraincis] nó bundúchasacha [*Cree, Inuktitut & Ojibway* mar shampla] (Duff, 2008). Léiríonn Bale (2010) an iliomad lipéid éagsúla atá in úsáid mar chur síos ar mhúnlaí oideachais dhátheangaigh, in úsáid ar fud an domhain:

> Complicating the investigation of HLE (Heritage Language Education) policy are the multiple definitions of the term *heritage language*...we encounter a formidable list of terms often positioned as synonymous with heritage: aboriginal, ancestral, autochonous, (ex)-colonial, community, critical, disaporic, endoglossic, ethnic, foreign, geopolitical, home, immigrant, indigenous, language other than English, local, migrant, minority, mother tongue, refugee, regional and strategic. (Bale, 2010: 43)

Cuireann lipéadú na gclár oideachais dhátheangaigh leis an gcastacht a bhaineann le plé ar an ábhar seo, ach próiseas luachmhar atá ann, i bhfianaise na spéise atá léirithe ag oideachasóirí a bheith ag roinnt eolais faoi chláir éagsúla oideachais dhátheangaigh, ar mhaithe le dea-mhúnlaí a aithint, a mheas agus a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna níos leithne (Williams Fortune & Tedick, 2008: 3).

Úsáidtear an téarma 'tumoideachas', mar shampla, chun cur síos a dhéanamh ar mhúnlaí oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacsanna éagsúla go hidirnáisiúnta. In Éirinn, bíonn 'tumoideachas' in úsáid mar scáth-théarma don iliomad múnlaí oideachais dhátheangaigh lasmuigh

agus laistigh de theorainneacha na Gaeltachta. Sa chóras Gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht tagraíonn an téarma ‘tumoideachas’ go minic, don luath-thumoideachas iomlán. Sa mhúnla seo tumtar daltaí ó chúlra na mórtheanga [an Béarla] sa mhionteanga [an Ghaeilge] ón gcéad lá ar scoil, do thréimhsí áirithe, agus ní múintear aon Bhéarla foirmiúil go dtí pointe níos déanaí. I gcomhthéacs na Gaeltachta ar a bhfuil an staidéar seo dírithe, ní shainítear an córas oideachais mar chóras tumoideachais ach is cosúil go bhfuil an téarma sin in úsáid sa léann acadúil chun cur síos a dhéanamh ar chur chuige ina gcuirtear múineadh an Bhéarla siar go dtí pointe níos déanaí (Ó Giollagáin et al., 2007; Nic Cionnaith, 2008: 62 mar shamplaí). Déanann muintir na Gaeltachta iad féin an coincheapú céanna ar an múnla sin is cosúil:

> don dream sa mbaile atá ag éisteacht ‘séard a chiallaíonn tumoideachas ná, nach múinfí Béarla ar bith...do na naíonáin bheaga agus na naíonáin mhóra (Ní Chuaig, 2015)

É sin maíte, sonraítear go bhfuil i bhfad níos mó i gceist leis an tumoideachas, bíodh sé ina thumoideachas do dhaltaí T2 nó ina thumoideachas oidhreachta sa Ghaeltacht, ná easpa Béarla. Leagfar amach saintréithe an chórais tumoideachais ina n-iomlán sa chéad chaibidil eile ach i gcomhthéacs an luath-tumoideachais iomláin mar shampla, múintear gach ábhar sa churaclam trí Ghaeilge, sealbhaítear na luath-scileanna litearthachta trí Ghaeilge agus spreagtar an Ghaeilge go láidir i ngach gné d’fheidhmiú na scoile chun éiteas agus atmaisféar gaelach a chothú. Chomh maith leis sin leagtar béim ar úsáid na sprioctheanga lasmuigh den seomra ranga agus ar úsáid na sprioctheanga don chumarsáid sa scoil (Johnstone, 2002). I gcláir láidre oideachais dhátheangaigh, bíonn an dátheangachas suimitheach mar sprioc. Sna cláir seo, sealbhaítear an sprioctheanga (T2) gan dochar a dhéanamh do shealbhú na máthairtheanga (T1) (Baker & Jones, 1998). Má chuireann sealbhú an T2 isteach ar shealbhú an T1 tugtar an dátheangachas dealaitheach air agus i gcás na bunscolaíochta Gaeltachta, léiríonn an taighde is déanaí go bhfuil an dátheangachas suimitheach á fháil ag daltaí ó chúlra Béarla, ach gurb é an dátheangachas dealaitheach atá á fháil ag daltaí ó chúlra Gaeilge (Péterváry et al., 2014). Is cosúil go mbíonn foghlaimeoirí Gaeilge in ann ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge gan aon dochar dá bhforbairt sa Bhéarla (Shiel, Gilleece, Clerkin & Millar, 2011) ach nach amhlaidh do chainteoirí dúchais Gaeilge, toisc nach bhfuil an

fhorbairt chuí á déanamh ar a gcumas sa Ghaeilge (Péterváry et al. 2014). Sa ghéarchéim teangeolaíochta seo tá tuiscint tagtha chun cinn i measc oideachasóirí Gaeltachta iad féin, go bhfreastlaíonn an córas mar atá ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge seachas ar chainteoirí dúchais agus moltar nár cheart d'aon seomra ranga Gaeltachta a bheith ina sheomra dátheangach (Ní Fheinneadha, 2012). Is fiú ag an bpointe seo, cur síos níos mine a dhéanamh ar na difríochtaí idir chláir tumoideachais na Gaelscolaíochta (lasmuigh den Ghaeltacht) agus cláir oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht.

1.7 Difríochtaí idir an Ghaelscolaíocht agus an Bhunscolaíocht sa Ghaeltacht

Tá múnla an tumoideachais shuimithigh thuasluaite, ina ghné lárnach de ghluaiseacht na Gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht. Braitheann fad agus déine na tréimhse ar chúinsí áirithe: ar dhearcadh na bpríomhoidí i leith na teanga; ar mhianta tuismitheoirí i leith an dátheangachais agus ar polasaithe scoile mar shampla, tá an-éagsúlacht cleachtas le fáil i nGaelscoileanna Phoblacht na nÉireann maidir leis na múnlaí tumoideachais atá i bhfeidhm (Ní Bhaoill & Ó Duibhir 2004) agus spéisiúil go leor don chomhthéacs Gaeltachta tá léiriú áirithe ann go bhfuil cleachtais chomhchosúla le fáil ansin chomh maith (Mac Donnacha et al., 2005).

Aithnítear i gcomhthéacs an tumoideachais Ghaelscolaíochta nach gcloistear an Ghaeilge mar theanga chumarsáide taobh amuigh den chóras oideachais rómhinic agus go bhfuil polasaí agus cleachtais láidre tumoideachais fíorthábhachtach mar chúiteamh (Harris, 2008). Maidir le leibhéal déine an tumoideachais, faightear an tumoideachas iomlán, an pháirt-thumoideachas, an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha[1] (FCÁT feasta) agus i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta an tumoideachas déthreoch[2] ina dtagann dhá phobal urlabhra le chéile i gcláir shuimíocha don dá phobal sin (féach Howard & Christian 2002, mar shampla). Maidir leis an líon ama ina dtumtar na páistí sa sprioctheanga, d'fhéadfadh cláir luath-thumoideachais, meán-tumoideachais agus

[1] Content Integrated language Learning
[2] Dual-language immersion

tumoideachais dhéanaigh a bheith ann (Baker & Jones 1998). Déanfar plé i bhfad níos doimhne ar leibhéal déine agus ar shaintréithe eile na múnlaí oideachais dhátheangaigh sa léirbhreithniú litríochta níos moille. D'aithin Ó Giollagáin et al. (2007) roimhe sin gur cheart go mbeadh an tumoideachas trí mheán na Gaeilge á chur i bhfeidhm ag an mbunleibhéal sa Ghaeltacht mar thacaíocht in aghaidh an iompaithe teanga agus is cosúil go bhfuil roinnt scoileanna Gaeltachta ag breathnú i dtreo ghluaiseacht na Gaelscolaíochta anois agus ar mhúnla an tumoideachais go speisialta chun dul i ngleic le meath na Gaeilge sa Ghaeltacht. Ní hionann bunscoil Ghaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge agus Gaelscoil lasmuigh den Ghaeltacht áfach agus i ndáiríre ní shainítear córas na Gaeltachta mar chóras tumoideachais. Freastalaíonn scoileanna sa Ghaeltacht ar dhaltaí atá ag cur fúthu i limistéir thíreolaíocha faoi leith agus ní ar idé-eolaíocht teagaisc agus foghlama mar a fhaightear i nGaelscoileanna na Galltachta. Sna scoileanna Gaeltachta seo, bíonn fíor-thábhacht ag baint le comhdhéanamh na ranganna ó thaobh chúlra teanga na bpáistí de. Tagann formhór na ndaltaí Gaelscoile ó chúlra ina labhraítear an Béarla mar mháthairtheanga ach sa chomhthéacs Gaeltachta, d'fhéadfadh comhthéacsanna casta oideachais agus teangeolaíochta a bheith ann, ina múintear meascán de chainteoirí dúchais, ath-dhúchais, leathdhúchais agus foghlaimeoirí le chéile in aon suíomh foghlama amháin (Nic Cionnaith 2008: 93). Baineann stíl theagaisc an tumoideachais d'fhoghlaimeoirí le simpliú teanga, níos mó athrá, níos lú ceartúchán agus béim ar an gcumarsáid sa sprioctheanga agus ní cosúil gurb é sin an clár is fearr do chainteoirí dúchais é (Hickey, Lewis & Baker, 2014).

1.8 Daltaí na Gaeltachta agus Dúshlán an Imeasctha sa Seomra Ranga

I seomraí ranga Gaeltachta ina mbíonn daltaí le Gaeilge agus daltaí gan Ghaeilge, bheadh spriocanna éagsúla oideachais agus teangeolaíochta ag an múinteoir. I gcás na ndaltaí gan Ghaeilge nó iad ar fhíorbheagán Gaeilge, tá an múinteoir ag iarraidh go gcuirfí ar chumas na bpáistí sin lán-shealbhú a dhéanamh ar an nGaeilge gan cur isteach ar a m(h)áthairtheanga. Cuireann sé seo dúshlán suntasach roimh mhúinteoirí na Gaeltachta agus tuiscint ag teacht chun go mbíonn an fócas

sa soláthar teanga i mbunscoileanna Gaeltachta ar fhoghlaimeoirí na Gaeilge, chun dochar na gcainteoirí dúchais (ROS, 2015b: 6).

Nuair a tharlaíonn imeascadh idir fhoghlaimeoirí agus chainteoirí dúchais sa suíomh céanna foghlama bíonn baol ann go ndéanfaidh an múinteoir a chaint féin a shimpliú agus a mhoilliú sa seomra ranga mar thacaíocht don dalta T2 (Mougeon & Beniak 1994), agus nach mbeadh an t-ionchur teanga ard, saibhir, céanna ag páistí T1 agus a bheadh dá mbeadh siad i ngnáthchlár T1. I gcomhthéacs mar seo caithfidh oideachasóirí iarracht a dhéanamh ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil trí theanga dhúchais na gcainteoirí T1 (Valdes, 2011) ionas nach leanfar ar aghaidh leis an éagothroime teanga, agus nach méadófar an baol teipe do dhaltaí dá bharr (Cummins & Swain 1986). Is cosúil nach bhfuil an t-idirdhealú seo ar siúl go forleathan sa Ghaeltacht, agus go dtacaíonn an córas bunoideachais mar atá sé le lagú Ghaeilge na ndaltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga (Péterváry et al., 2014; Ó Giollagáin et al. 2007).

Caithfear cumhacht na dteangacha a chur san áireamh i ndearadh aon chlár oideachais dhátheangaigh, go háirithe nuair a chuirtear mionteanga ar nós na Gaeilge in iomaíocht le teanga chumhachtach, dhomhanda ar nós an Bhéarla. Léiríonn taighde Hickey (2001), mar shampla, nach labhraíonn páistí Gaeltachta an Ghaeilge le chéile nuair a thagann páistí ó chúlra an Bhéarla ina gcuideachta.

Streachlaíonn mionteangacha in aghaidh cúinsí ginearálta áirithe lena n-áirítear stádas íseal agus acmhainní ar chaighdeán níos ísle agus cuireann rangú teangeolaíochta sa seomra ranga brú diúltach ar iompar teanga pháistí na mionteanga. Is léir, mar sin, i gcomhthéacs na Gaeltachta go mbíonn daltaí an-mheasctha ó thaobh cúlra teanga de, agus go bhfuil tumadh á fháil acu sa Bhéarla an-luath sa chóras oideachais Gaeltachta (Ní Shéaghdha , 2010). Cuireann castacht an mheascáin teangeolaíochta seo leis na dúshláin a bhaineann le sealbhú na scileanna litearthachta i nGaeilge agus tuigtear anois go gcaithfí an bhéim a athrú ‘from de facto prioritization of L2 learning go give equal regard to promoting L1 maintenance and enrichment’ (Hickey, 2001: 469). Tuairiscítear nach gcuirtear mórán tacaíochta ar fáil don chainteoir dúchais sa seomra ranga Gaeltachta ach go háirithe

agus creidtear go láidir gur cheart idirdhealú a dhéanamh idir na daltaí T1 seo agus daltaí T2 (Ó Duibhir et al., 2015). Tá tábhacht an phointe seo aibhsithe ag an ROS agus iad ag maíomh go gcaithfidh an córas oideachais i limistéir Ghaeltachta tús áite a thabhairt do riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge i mbunscoileanna Gaeltachta (ROS, 2015b: 42)

1.9 Aidhmeanna an Staidéir

Is í príomhaidhm taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar roinnt múnlaí oideachais dhátheangaigh, atá tagtha chun cinn i ranganna naíonán sa Ghaeltacht. Díreofar go sonrach ar na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta atá i bhfeidhm i gcúig bhunscoil maidir le cur i bhfeidhm Churaclam na Bunscoile (1999) agus an chreatchuraclaim luath-óige *Aistear* sa Ghaeltacht. Déanfar anailís chriticiúil ar chur chuigí na n-oideachasóirí seo i dtaca leis na múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm, le béim ar leith ar chothú an tsainspioraid Ghaeilge tríd an scoil, straitéisí cothabhála agus saibhriúcháin don dalta T1, cuir chuige oideolaíochta, teanga chumarsáide agus teagaisc na scoile agus múineadh na réamhscileanna litearthachta taobh istigh de na creatlacha teagaisc agus fhoghlama *Aistear (2009)* agus Curaclam na Bunscoile (1999).

Samhlaím go gcuirfidh an taighde seo leis an bplé i measc oideachasóirí, ní hamháin sa Ghaeltacht ach in aon suíomh idirnáisiúnta ina bhfuil ról bronnta ar an gcóras oideachais i gcaomhnú agus/nó in athbheochan mionteanga. Bheifí ag súil go spreagfaí tuilleadh anailíse ar impleachtaí an imeasctha dhaltaí ó chúlraí éagsúla teangeolaíochta chomh maith le scagadh ar roghanna feiliúnacha de mhúnlaí oideachais dhátheangaigh do bhunscoileanna Gaeltachta. Toradh inmhianaithe den staidéar seo is ea creat treorach a fhorbairt do scoileanna atá ag iarraidh múnla láidir, feiliúnach oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm mar chuid d’iarrachtaí mhuintir na mionteanga úsáid na teanga sin a threisiú ina gcuid pobail féin.

1.10 Modheolaíocht an Staidéir

Úsáidim modhanna measctha sa taighde seo, le béim ar chur chuige an chás-staidéir feiniméaneolaíochta i bhfráma tagartha de chuid an phragmatachais. Teastaíonn uaim a bheith suibiachtúil, tuairisciúil agus léirmhínitheach agus mé ag déanamh iniúchta ar na cleachtais éagsúla oideolaíochta agus bhainistíochta a nochtar sa taighde maidir le múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm. Taighde bíseach[3] atá ann ina leagtar an-bhéim ar an mbreathnóireacht struchtúrtha ar mhúinteoirí naíonán i mbun teagaisc, ach ina ndéantar agallaimh leathstruchtúrtha agus anailís ar dhoiciméid freisin, d'fhonn torthaí iontaofa taighde a sholáthar.

Déanaim léirbhreithniú cuimsitheach litríochta ar an ábhar ar dtús, bainteach leis an oideachas dátheangach go ginearálta, an tumoideachas agus múnlaí eile oideachais dhátheangaigh, cur i bhfeidhm curaclaim, stíleanna oideolaíochta chomh maith le teoiricí tábhachtacha ar shealbhú teangacha. Soláthraíonn an léirbhreithniú litríochta seo fráma tagartha teoiriciúil ina ndéanfar anailís ar na cleachtais oideolaíochta agus bhainistíochta a nochtar sna cás-staidéir.

Dírítear ar mhúinteoirí naíonán toisc gurb iad is túisce a bhíonn ag plé leis an oideachas dátheangach sa chóras bunscolaíochta. Tá aois chriticiúil ag daltaí na ranganna naíonán mar go dtuairiscítear go dtagann meath ar inniúlacht páiste teanga a shealbhú ó ocht mbliana d'aois ar aghaidh[4] (Montrul, 2008). Dírítear ar phríomhoidí mar gheall ar a ról lárnach i mbainistiú scoile.

Bhraith mé ó na réamhagallaimh neamhstruchtúrtha ag tús an staidéir seo go raibh bearnaí suntasacha sa taighde reatha ar ar chur i bhfeidhm an tumoideachais agus múnlaí oideachais dhátheangaigh eile sa Ghaeltacht, ach go háirithe i dtaobh chleachtas na n-oideachasóirí agus an tuiscint nó coincheapú a bhí acu ar a gcleachtais féin agus iarracht atá sa saothar seo, an bhearna eolais sin a laghdú.

---

[3] Spiral
[4] Hipitéis na Tréimhse Criticiúla (Montrul 2008: 6)

1.11 Imlíne an Staidéir

Tá an staidéar seo leagtha amach i sé chaibidil. Sa chéad chaibidil eile déantar cur síos ar an nGaeilge mar mhionteanga chun comhthéacs a sholáthar don phíosa taighde seo. Dírítear ar dtús ar stair na Gaeilge, ar athbheochan na Gaeilge, ar ról na Gaeilge sa chóras oideachais chomh maith le scagadh ar ghluaiseacht na Gaelscolaíochta. Déantar anailís níos doimhne ina dhiaidh sin ar ar an nGaeltacht reatha mar limistéar theanga oidhreachta agus ar bhunscolaíocht na Gaeltachta ach go háirithe. Dénfar plé ar chatagórú na Gaeltachta (Ó Giollagáin et al., 2007) agus ar chomhdhéanamh teanga an phobail atá ag cur fúthu sna catagóirí sin (Ó Giollagáin et al., 2007; Ó Giollagáin, 2004; Ní Thuairisg, 2012; Mac Donnacha, 2005; Mac Donnacha et al., 2005 agus Ní Shéaghdha, 2010).

Tá an léirbhreithniú litríochta ar fáil i gCaibidil 3 ina ndéantar cur síos ar réimse leathan ábhar a bhaineann leis an oideachas dátheangach i gcomhthéacsanna éagsúla go hidirnáisiúnta. Tosaítear amach le cur síos ginearálta ar an dátheangachas agus an t-oideachas dátheangach. Ina dhiaidh sin cíortar múnlaí tumoideachais do dhaltaí T2 agus múnlaí oideachais tríd an teanga dhúchais do dhaltaí T1 agus aithnítear an gaol idir na múnlaí éagsúla seo, ach go háirithe i gcomhthéacs an oideachais trí Ghaeilge in Éirinn. Leagtar béim ar ghnéithe oideolaíochta agus bainistíochta de chur i bhfeidhm na múnlaí seo chomh maith le hanailís ar Churaclam na Bunscoile (1999) agus ar an gcreatchuraclam luath-óige *Aistear* (2009). Cuirfear contanam an oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht i láthair an léitheora mar uirlis anailísithe do mhúnlaí oideachais mhionteanga tá lonnaithe sa Ghaeltacht, atá bunaithe go príomha ar chontanam na délitearthachta (Hornberger, 1989; 2003) agus ar chontanam an oideachais dhátheangaigh (García, 2011).

Baineann Caibidil 4 le cúrsaí modheolaíochta agus leagtar amach na cinntí a tógadh maidir le paraidím, cuir chuige, rannpháirtithe agus uirlisí an staidéir chomh maith le cur síos ar na céimeanna modheolaíochta a tógadh le linn an staidéir. Is í an phríomhuirils bhailiú eolais sa staidéar seo ná cás-staidéir fheiniméaneolaíochta ar ranganna naíonán sóisir agus sinsir sa Ghaeltacht. Lonnaítear an staidéar i bpairidím phragmatach ina leagtar béim ar mhodhanna

measctha a úsáid chun iniúchadh cuimsitheach a dhéanamh ar na peirspceitíochtaí, seasaimh agus tuairimí atá ag rannpháirtithe (Johnson, Onwuegbuzie & Turner, 2007). Baintear úsáid as breathnóireacht ar mhúinteoirí naíonáin i mbun teagaisc chomh maith le hagallaimh leath-struchtúrtha agus anailís ar dhoiciméid ábhartha d'fhonn léargas cuimsitheach a fháil ar chur i bhfeidhm mhúnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht.

Cuirtear na cúig chás-staidéar féin i láthair an léitheora i gCaibidil 5. Faightear léargas cuimsitheach ar dhréachtú, reáchtáil, cur i bhfeidhm agus riaradh na gclár éagsúla luath-oideachais dhátheangaigh sna cás-staidéir seo, ina nochtar samplaí de dhea-chleachtais i dtaca le múnlaí suimitheacha oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm do dhaltaí Gaeltachta.

Déantar anailís trascháis ar na mórthéamaí a eascraíonn ón obair ghoirt seo, i gCaibidil 6. Breathnaítear ach go háirithe ar na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta a thacaíonn le soláthar oideachais dhátheangaigh do dhaltaí T1 agus T2 sa Ghaeltacht, ó pheirspictíocht na n-oideachasóirí gairmiúla iad féin, comhthreomhar le hamharc siarghabhalách, ar na teoiricí náisiúnta agus idirnáisiúnta a imscrúdaíodh sa léirbhreithniú litríochta.

Faightear tátal an taighde i gCaibidil 7, ina ndéantar cur síos ar chonclúidí an staidéir chomh maith le moltaí, srianta an taighde agus moltaí do thaighde eile amach anseo.

Caibidil 2: An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

2.1 Réamhrá

Tugtar léargas sa chaibidil seo, ar staid na Gaeilge agus ar stair na Gaeltachta mar chomhthéacs don taighde seo. Ar dtús lonnaítear an Ghaeilge mar mhionteanga sa chomhtéacs idirnáisiúnta. Déantar sainmhíniú ar bheocht na Gaeilge agus cur síos comair ar stair na Gaeilge. Déantar plé ar ról stairiúil an chórais oideachais san aisiompú teanga i gcomhthéacs na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann. Tugtar achoimre gearr ar ról na Gaeilge sa chóras oideachais roimh bhunú Saorstáit Éireann agus ina dhiaidh sin breathnófar ar an gcóras oideachais mar chuid de na hiarrachtaí ais-iompú teanga a bhí ag Rialtais na hÉireann ó bhunú an Stáit sa bhliain 1922. D'fhéadfaí a rá gur phleanáil teanga ón mbarr anuas, a bhí sa tréimhse seo ar dtús ach maidir le iarrachtaí ghluaiseacht na Gaelscolaíochta a tháinig sa 1970í aithnítear go raibh sé fréamhaithe i mianta an phobail seachas mianta idé-eolaíochta an Stáit. Samhlaítear gur ghluaiseacht 'ón mbun aníos' a bhí sa ghluaiseacht Ghaelscolaíochta inar léirigh tuismitheoirí an spéis a bhí acu oideachas trí Ghaeilge a chur ar fáil dá bpáistí. Cé nach mbaineann an Ghaelscolaíocht go dlúth leis an taighde seo, gluaiseacht thábhachtach san oideachas Gaeilge is ea í agus is fiú cur síos a dhéanamh uirthi d'fhonn comhthéacs iomlán a sholáthar sa phlé seo ar mhúnlaí oideachais dhátheangaigh.

2.2 An Ghaeilge mar Mhionteanga

Tá meastachán ann go bhfuil os cionn leath de theangacha an domhain básaithe le 500 bliain anuas (Sasse, 1990) agus go bhfuil leath de na teangacha atá fágtha i mbaol (Grimes, 2001) nó díbheo (McCloskey, 2001). Tá eolas againn faoi 6,912 teanga a labhraítear ar fud an domhain faoi láthair agus iad lonnaithe i 192 ballstát de chuid na Náisiún Aontaithe (Gordon, 2005). Aithnítear go bhfuil "formhór mór na gcultúr teangeolaíochta i gcoibhneas míchothrom cumhachta le cultúr ceannasach" (Ó Giollagáin, 2011: 151) agus go gcaillfear teanga amháin gach coicís amach anseo (Dastgoshadeh & Jalilzadeh, 2011: 661). I gcomhthéacs mar seo, ina bhfuil teangacha

cumhachtacha domhanda ag cur brú tubaisteach ar mhionteangacha, leagan Krauss (2006) amach scála inmharthanachta teanga mar rangú eolaíochtúil ar theangacha an domhain agus a mbeocht.

Tábla 2.1
Scála Inmharthanachta Teanga

Scála	Cineál Teanga	Sainchomhartha na Teanga
A+	Teanga Shábháilte	Labhraíonn os cionn milliún cainteoir an teanga nó is teanga oifigiúil aonteangaigh í.
A	Teanga Sheasmhach	Labhraíonn cainteoirí i ngach glúin an teanga.
A-	Teanga Mísheasmhach	Labhraítear í mar theanga mhionlaigh i réigiúin éagsúla agus tá cainteoirí sa ghlúin is óige á labhairt.
B	Teanga i mbaol soiléir	Ní labhraíonn ach cainteoirí i nglúin na tuismitheoireachta agus i nglúin níos sine í.
C	Teanga i mbaol mór	Ní labhraíonn ach cainteoirí i nglúin na seantuismitheoireachta í.
D	Teanga i mbaol báis láithrigh	Ní labhraíonn ach líon beag cainteoirí agus sin-seanthuismeoirí í.

(Ó Giollagáin, 2011: 152 bunaithe ar Krauss, 2006)

Is cosúil go gcruthaíonn cás na Gaeilge in Éirinn fadhbanna do theangeolaithe agus iad ag iarraidh sainmhíniú a dhéanamh ar an teanga ansin. Bunaithe ar an tábla seo bheadh an Ghaeilge lonnaithe i scála A- agus cé go bhfuil leor comparáidí déanta roimhe seo idir an Ghaeilge agus teangacha eile ar domhan atá i mbaol (Extra & Gorter, 2001; Fishman, 1991; Hindley, 2012; Mac Mathúna, 1998; Ó Riagáin, 1992) ach níl aon teanga acu siúd cosúil le cás na Gaeilge in Éirinn (Fishman, 1991). Is í an Ghaeilge teanga oifigiúil Phoblacht na hÉireann agus de réir an daonáirimh is déanaí léirigh 1.77 milliún duine nó 41.4% den daonra iomlán go raibh siad ábalta an teanga a labhairt (Príomh-Oifig Staidrimh, 2012). Ar chéadfhéachaint, shílfí gur figiúr réasúnta sláintiúil é seo ach le tuilleadh anailíse feictear nach gcinntíonn sé seo todhchaí slán don teanga mar nár chuir ach 77,185 (4.36%) dóibh siúd in iúl sa daonáireamh sin gur labhair siad an Ghaeilge ar bhonn laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Chuir 110,642 (6.25%) in iúl gur labhair siad go seachtainiúil í agus chuir 613,236 (34.6%) in iúl nár labhair siad chomh minic sin í (Príomh-Oifig Staidrimh, 2012). Cé go bhfuil 96,628 daoine ag cur fúthu sa Ghaeltacht oifigiúil níor chuir ach 68.5% dóibh siúd in iúl go raibh siad in ann an Ghaeilge a labhairt agus 24% dóibh gur labhair siad an Ghaeilge go laethúil lasmuigh den chóras oideachais. Níl sa Ghaeltacht anois ach ‘iarsma silte’

nach bhfuil inti ach an taobh is treise Gaeilge den chontanam[5] dhátheangach atá ar fáil ar fud na hÉireann (Ó Murchú, 2001: 11).

2.3 Stair Athbheochan na Gaeilge

Tá stair na Gaeilge ina hiomlán ró-leathan mar ábhar do scóip an taighde seo, ach is fiú achoimre gearr a thabhairt ar ghnéithe áirithe di. Teanga Cheilteach is ea í atá mar gharghaol do Ghàidhlig na hAlbain agus do Ghaeilge Mhanann. Faoin mbliain 300 R.C. labhraíodh ar fud oileán na hÉireann í (Ó Murchú, 1985: 9). Ón bpointe sin ar aghaidh tháinig borradh agus creimeadh ar an teanga ag braith ar chúinsí polaitíochta, sóisialta agus eacnamaíochta, agus cé go raibh pátrún ginearálta ann go raibh meath ag teacht ar an teanga le trí chéad bliain anuas, níor tháinig an buille cinniúnach in aghaidh na Gaeilge go dtí tubaiste an Ghorta Mhóir sna 1840í. In 1841 bhí 2.5 milliún as 8 milliún duine nó 31.25% den daonra iomlán ina gcainteoirí aonteangacha Gaeilge (de Fréine, 1978; Ó Murchú, 1985) ach bhí tionchar an-mhór ag an ngorta ar an bpobal seo go háirithe agus faoin am gur deineadh an daonáireamh sa bhliain 1891 ní raibh ach 1% de phobal na hÉireann ina gcainteoirí aonteangacha Gaeilge, 14% den phobal ina gcainteoirí dátheangacha agus 85% de mhuintir na hÉireann ina gcainteoirí aonteangacha Béarla (Romaine, 2008). Údar imní ab ea na figiúir seo do dhaoine ar chás leo an Ghaeilge a shlánú mar theanga bheo (Ó Tuathaigh, 2008) agus ba ón mbuairt seo ar fad a d'eascair an tAthbheochan, tréimhse thábhachtach i stair chultúrtha na hÉireann.

Le linn na hathbheochana bunaíodh eagraíochtaí cultúrtha, a bhí sé mar aidhm acu an Ghaeilge agus an cultúr gaelach a chur chun cinn, lena n-áirítear: An cumann Lúthchleas Gael (1884), Amharclann na Mainistreach (1899) agus Conradh na Gaeilge (1893). Mar chuid de phleanáil teanga an tSaorstáit, leagadh an-bhéim ar úsáid na scoileanna náisiúnta chun an aisiompú teanga ó Bhéarla go Gaeilge a chur i bhfeidhm (m.sh., Coady & Ó Laoire, 2002; Kelly, 2002; Ó

[5] Úsáideann Ó Murchú (2001: 11) an focal 'cointeanóid' seachas 'contanam'.

Laoire, 2008; Ó Riagáin, 2007). Déantar plé níos doimhne ar ról an oideachais san aisiompú teanga i gcomhthéacs na Gaeilge i gcodanna 2.4-2.6 thíos ach tógadh céimeanna dearfacha i gcur chun cinn na Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais chomh maith. Cruthaíodh caighdeán oifigiúil don Ghaeilge i 1958 (Ó Hainle, 1996: 785), bunaíodh Raidió na Gaeltachta i 1972 agus Teilifís na Gaeilge (TG4 anois) i 1996 agus tháinig ardú stádais le cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), le ceapadh An Coimisinéir Teanga (2004) agus le stádas oifigiúil don Ghaeilge san Aontas Eorpach (2005). Céim úrnua atá tógtha ag Rialtas na hÉireann ná foilsiú *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (SG, 2010) ina dtugtar faoi líon na gcainteoirí laethúla Gaeilge lasmuigh den chóras oideachais a ardú go dtí 250,000, líon na gcainteoirí laethúla sa Ghaeltacht a ardú 25%, líon na ndaoine a úsáideann seirbhísí Stáit trí Ghaeilge, agus líon na ndaoine atá in ann teilifís, raidió agus na meáin chlóite a rochtain tríd an teanga, a mhéadú. I gcomhthéacs an oideachais oidhreachta sa Ghaeltacht léirítear gur pholasaí náisiúnta é, an tumoideachas trí Ghaeilge a chur chun cinn i ngach ábhar seachas Béarla i scoileanna Gaeltachta agus i ngaelscoileanna (SG, 2010: 12) agus go leanfar le bheith ag tabhairt deise do gach dalta Gaeltachta a gcuid oideachais a fháil trí mheán na Gaeilge (SG, 2010: 17).

2.4 Úsáid an Chórais Oideachais san Aisiompú Teanga

Cuireann 'The Convention on the Protection and Promotion of the Diversity of Cultural Expressions' (UNESCO, 2005: 3) an-bhéim ar thábhacht an oideachais i gcaomhnú teanga agus aithnítear an ról speisialta a ghlacann córais oideachais i gcaomhnú na dteangacha oidhreachta (McCarty 2008b, McCarty et al. 2009). Aithníonn údaráis áitiúla agus náisiúnta na féidearthachtaí a bhaineann le córais oideachais a úsáid chun teanga a chur chun cinn agus mar chuid den phróiseas aisiompú teanga (May & Hill 2005; Spolsky 2008; Wilson & Kamana, 2001). Is minic a úsáidtear institiúidí oideachais anois mar bhunchloch do phróisis aisiompú teanga i gcás mionteangacha nó teangacha atá i mbaol ach go háirithe (Ó Laoire & Harris, 2006: 7, Ferguson, 2006: 33) agus tá sampla den chleachtas sin le fáil in Éirinn mar a fheicfidh muid thíos.

2.5 An Córas Oideachais mar Uirlis Aisiompú Teanga in Éirinn

Níor mhúineadh Gaeilge ar bith sa chóras bunoideachais náisiúnta a bunaíodh sa bhliain 1831 mar go raibh sé mar pholasaí lárnach ag Rialtas na Breataine, an Béarla a scaipeadh ar fud na Ríochta Aontaithe agus an córas oideachais a úsáid chun an sprioc seo a bhaint amach (Coolahan, 1981). Bhain an polasaí seo le ceantair oidhreachta Ghaeilge na hÉireann fiú, cé nach raibh á labhairt ansin ach an Ghaeilge amháin (Ó Murchú, 2008; Ó Riagáin,1997). Le linn na hathbheochana a luadh cheana áfach, bunaíodh *Cumann Buan Coimeádta na Gaeilge* sa bhliain 1876. Chuaigh baill an chumainn seo i mbun feachtais, chun staid na Gaeilge a neartú sna scoileanna náisiúnta agus sa bhliain 1878 tugadh cead dóibh an Ghaeilge a mhúineadh i Rang 5 agus Rang 6 lasmuigh de ghnáth uaireanta scoile (Hindley, 1990; Ó Buachalla, 1984; Ó hUallacháin, 1978; H. Ó Murchú, 2003). Lean *Conradh na Gaeilge* ar aghaidh leis an bhfeachtasaíocht agus iad ag maíomh gur cheart go mbeadh cláir dhátheangacha i bhfeidhm sna ceantair ina raibh an Ghaeilge á labhairt iontu. Cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm sa bhliain 1904 (Ó Riagáin, 1997).

Le bunú Saorstáit na hÉireann sa bhliain 1922 leagadh an-bhéim ar thábhacht na Gaeilge mar shiombal d'fhéiniúlacht leithleach na hÉireann agus tugadh ról lárnach do na scoileanna náisiúnta sna hiarrachtaí aisiompú teanga ón mBéarla (Kelly, 2002; Ó Laoire, 2008; Ó Riagáin, 2007). Ar ndóigh ba ar an gcóras oideachais a leagadh ualach na freagrachta as meath na Gaeilge a aisiompú:

> Since the inception of the Irish Free State in 1922, the education system has been identified and used as a corner stone of the movement for the revitalization of Irish. In fact, the espoused planning policies for revitalization devolved almost entirely on the schools. (Coady & Ó Laoire, 2002: 143)

Moladh go múinfí trí Ghaeilge amháin sna ranganna naíonán, dá mba rud é go raibh múinteoir le cumas dóthanach ar fáil leis é sin a dhéanamh (Macnamara, 1966) agus cuireadh polasaithe i bhfeidhm go mbeadh an Ghaeilge éigeantach chun freastal ar an ollscoil nó chun post a fháil sa tseirbhís phoiblí (Ó Tuathaigh, 2008). Leagadh an-bhéim ar chur i bhfeidhm pholasaithe luath-thumoideachais trí Ghaeilge ar fud na tíre (National Programme Conference, 1922) ach ba dheacair é seo a chur i bhfeidhm gan cumas leordhóthanach a bheith ag múinteoirí sa Ghaeilge

(Coolahan, 1973). Sa scoilbhliain 1936/37 bhí 288 scoil lasmuigh den Ghaeltacht ag múineadh trí Ghaeilge agus 2,032 scoil sa bhreis ina raibh ábhair áirithe múinte trí Ghaeilge (An Roinn Oideachais, 1937). Bhí Cumann Múinteoirí Éireann agus tuismitheoirí in aghaidh an tumoideachais éigeantaigh, áfach, mar gur cheap siad gurbh fhearr máthairtheanga an pháiste a úsáid mar mheán teagaisc seachas an T2 (an Ghaeilge sa chás seo). Bhailigh a ngluaiseacht siúd neart de réir a chéile (O'Connell, 1969) agus bhí cleachtais an tumoideachais trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht imithe go mór i léig faoin am gur eisíodh ciorclán 11/60 sa bhliain 1960. Maíodh sa chiorclán seo nach mbeadh iachall ar scoileanna gach ábhar scoile a mhúineadh trí Ghaeilge a thuilleadh (Ní Fhearghusa, 1998). Anuas air seo agus go gairid ina dhiaidh, mhaígh Macnamara (1966) gur córas diúltach oideachais a bhí sa tumoideachas trí Ghaeilge maidir le gnóthachtáil an pháiste sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic nuair ba Bhéarlóir a bhí sa pháiste. Cé gur éirigh le Jim Cummins (1977a agus 1977b) amhras a chaitheamh ar thorthaí an taighde seo, bhí an dochar déanta agus le dúnadh na gcoláistí oiliúna a bhí ag feidhmiú trí Ghaeilge, ní raibh ach 11 bhunscoil lánGhaeilge ag feidhmiú trí Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht sa bhliain 1972 (Gaelscoileanna Teo., 2013).

2.6 Gluaiseacht na Gaelscolaíochta

Ag tús na seachtóidí cuireadh tús le ré nua don oideachas dátheangach i ngluaiseacht na Gaelscolaíochta. Ba threo úr é seo don oideachas trí Ghaeilge sa chaoi agus gur fhás an ghluaisteacht ón mbun aníos (Ní Thiacháin, 1996; Ní Fheargusa, 2002; Ó Riagáin, 1997) agus é tiomáinte go príomha ag tuismitheoirí agus gníomhairí-teanga oideachais a bhí ag iarraidh go gcuirfí oideachas bunscolaíochta ar fáil trí Ghaeilge (H. Ó Murchú, 2001, Ó Riagáin 1997, Ó Tuathaigh 2008).

Bunaíodh Gaelscoileanna Teo. i 1973 mar eagraíocht dheonach náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt do bhunú agus d’fhorbairt na scoileanna lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal (Gaelscoileanna Teo., 2013) agus tá fás marthanach tagtha ar líon na ngaelscoileanna

ó shin i leith (Ó Baoill, 1999). Tá 143 bunscoil lasmuigh den Ghaeltacht ag feidhmiú trí Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann agus ceann eile le h-oscailt don scoilbhliain 2015/16 (Gaelscoileanna, 2015).

Figiúr 2.2
Fás na Gaelscolaíochta



(Foinse: www.gaelscoileanna.ie)[6]

Is é an gaeloideachas ceann de na réimsí oideachais is mó fás agus forbairt in Éirinn le 30 bliain anuas agus sa bhliain 2013 bhí 35,710 dalta bunscoile ag freastal ar Ghaelscoileanna lasmuigh de cheantair Gaeltachta (Gaelscoileanna, 2013), 32,538 dóibh siúd lonnaithe i bPoblacht na hÉireann. Seasann an figiúr seo do 5.9% de pháistí bunscoile atá ag fáil a gcuid oideachais trí Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann lasmuigh den Ghaeltacht agus nuair a chuirtear an 6,824 dalta atá ag freastail ar scoileanna Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge (ROS, 2013) ciallaíonn sé seo go bhfuil 39,362 nó 7.76% de dhaltaí bunscoile na hÉireann ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge (Gaelscoileanna, 2013; ROS, 2015).

Cé go bhfuil stair na Gaelscolaíochta tábhachtach chun pictiúr níos iomláine a thabhairt ar an soláthair oideachais trí Ghaeilge in Éirinn, córas ar fad eile oideachais, atá sa chóras oideachais

[6] Baineann an figiúr seo leis an mbliain 2013.

Ghaeltachta. Déantar mionchur síos ar an gcóras sin i 2.9 thíos ach ar dtús breathnófar ar stair na Gaeltachta agus ar an nGaeltacht reatha chun comhthéacs a sholáthar don phlé sin.

2.7 Stair na Gaeltachta

Go traidisiúnta, ceantair thíreolaíochta atá sa Ghaeltacht ina labhraítear an Ghaeilge mar theanga na coitiantachta. Is faoi Ordú na Limistéar Gaeltachta (1956) a leagadh síos, don chéad uair, na limistéir a bhí le háireamh mar limistéir Ghaeltachta agus d'fhág seo go n-áirítear, sa lá atá inniu ann, ceantair Ghaeltachta i seacht gcontae éagsúla in Éirinn. Tá na contaetha seo scaipthe ar an gcósta thiar agus ar oileáin amach ón gcósta den chuid is mó, chomh maith le limistéir bheaga intíre i gContaetha Chorcaí agus na Mí. D'eascair próiseas chonstráidiú na gceantar Gaeltachta agus an phobail Ghaeltachta ó thrí fhoinse, gluaiseacht an Rómánsachais, cúrsaí teanga agus cúrsaí náisiúnachais (Ó Torna, 2005: 19). Bhain lucht ghluaiseacht na Gaeilge agus díograiseoirí Chonradh na Gaeilge go háirithe, leas as constráid na gceantar Gaeilge mar ghabhdán na 'fíor-Éireann' agus mar thobar oidhreacht dhúchas na nGael i gcoitinne (2005: 66). Blianta beaga i ndiaidh Bhunú an tSaorstáit sa bhliain 1922, mhol Coimisiún na Gaeltachta teorainneacha do na Fíor- agus do na Breac-Ghaeltachtaí ach bhí tuairim ann go raibh na teorainneacha Gaeltachta sin míchruinn (Ó Riagáin, 1997: 51). Tá an Ghaeltacht fós ann ach tá athruithe teangeolaíochta ag tarlú inti agus impleachtaí ag na hathruithe seo ar sholáthar an luath-oideachais dhátheangaigh inti. Tá sé tábhachtach na hathraithe seo a phlé chun tuiscint a fháil ar na dúshláin atá le sárú chun polasaithe feiliúnacha oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh go héifeachtach.

2.8 An Ghaeltacht Chomhaimseartha

Cuimsíonn na Gaeltachtaí 7% de thalamh na hÉireann (Commins, 1988) agus tá 96,926 duine ag cur fúthu iontu ina bhfuil 23,175 nó 23.9% dóibh siúd ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (Príomh-Oifig Staidrimh, 2012). Seasann an céatadán íseal de chainteoirí laethúla dúchais amach, mar in

ainneoin an íomhá atá ag daoine gur cheantair aonteangacha, Ghaelacha iad na Gaeltachtaí, maítear anois gur phobal dátheangach iad muintir na Gaeltachta.

> An t-aon chinnteacht amháin a bhaineann le saol na Gaeltachta inniu ná go bhfuil an Béarla ann, agus is í an t-aon chinnteacht a bhaineann le saol na Gaeltachta amach anseo ná go mbeidh an Béarla ann, agus caithfear aghaidh a thabhairt ar an bhfíric seo. (Ní Neachtain, 2009: 10).

Sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíochta ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCG) (Ó Giollagáin et al., 2007) déantar cur síos mion ar a bhfuil ag titim amach sa Ghaeltacht chomhaimseartha maidir le cúlú agus cúngú na Gaeilge inti. Tugtar aitheantas do na cineálacha pobail atá ina gcónaí sna ceantair oifigiúla Ghaeltachta agus roinntear an Ghaeltacht i dtrí chatagóir (A,B agus C) bunaithe ar úsáid na Gaeilge sna ceantair áirithe sin (Ó Giollagáin et al., 2007). I nGaeltacht Chatagóir A tá an Ghaeilge fós in uachtar mar theanga phobail agus í á labhairt ag 67% den daonra (os cionn 3 bliana) go laethúil[7]. Tá 22,000 duine san áireamh i gCatagóir A. I nGaeltacht chatagóir B tá an Béarla in uachtar mar theanga phobail ach go bhfuil an Ghaeilge fós in úsáid i suímh áirithe. Tá an Ghaeilge á labhairt ag idir 44% agus 66% den daonra (os cionn 3 bliana) go laethúil agus 8,000 duine san áireamh i gCatagóir B. I nGaeltacht chatagóir C tá an Béarla go hiomlán in uachtar mar theanga phobail cé go bhfuil líon beag suímh ina mbíonn an Ghaeilge á labhairt. Tá an Ghaeilge á labhairt ag níos lú ná 44% den daonra (os cionn 3 bliana) go laethúil i gCatagóir C agus 65,500 duine ina gcónaí ann (2007: 146-8).

[7] Tugtar Cainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) ar na daoine seo.

Tábla 2.4
Catagóiriú na Gaeltachta ón SCT bunaithe ar Mheastachán de líon na gCainteoirí Gaeilge

Catagóir	Céatadán den daonra ina gCLG	Líon na nDaoine sa Chatagóir
A	67% agus níos mó	22,000
B	44-66%	8,000
C	44% agus níos lú	65,500
Iomlán	N/A	95,500*

Bunaithe ar Ó Giollagáin et al. (2007)

Baintear leas as sainiú Mhic Donnacha et al. (2005) agus Uí Ghiollagáin et al. (2007) mar shainiú ar limistéar Gaeltachta don taighde seo in ainneoin na n-athruithe atá tagtha ar chuid de na catagóirí Gaeltachta sin, ó shin i leith (Ó hIfearnáin, 2013). Léiríodh i réamhrá an tráchtais seo, nach pobal aonchineálach urlabhra atá sa Ghaeltacht agus is féidir idirdhealú a dhéanamh ar na cineálacha cainteoirí Gaeilge a fhaightear inti. *Cainteoir Dúchais:* Duine de bhunadh na Gaeltachta, a tógadh le Gaeilge i gceantar Gaeltachta, *Cainteoir Athdhúchais:* Duine a tógadh le Gaeilge ag tuismitheoirí a d'fhoghlaim an Ghaeilge mar theanga bhreise, *Cainteoir Leathdhúchais:* Duine a tógadh i gcomhthéacs measctha teanga. Is cainteoir líofa Gaeilge é/í an cainteoir leathdhúchais, *Comhchainteoir:* Duine a shealbhaigh an Ghaeilge taobh amuigh den teaghlach agus go mbeadh cumas ard Gaeilge acu, *Foghlaimeoir:* D'fhéadfadh foghlaimeoir a bheith bisiúil nó neamhbhisiúil agus *Béarlóir:* Duine a labhraíonn Béarla, nach dtuigeann an Ghaeilge agus nach ndéanann iarracht í a fhoghlaim (Ó Giollagáin, 2002: 30-32).

Tá catagóiriú na Gaeltachta agus catagóiriú na gcineálacha cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht spéisiúil agus tábhachtach sa chomhthéacs oideolaíochta nuair a shamhlaítear go mbíonn an múinteoir ranga ag plé leis an meascán daltaí seo sa seomra ranga. Maítear go mbíonn éagsúlacht riachtanas ag foghlaimeoirí in áit a mbíonn éagsúlacht teanga sa tsochaí agus glactar leis go bhfuil trí fhoghrúpa faoi leith sna ceantair Ghaeltachta uile :

- Iad siúd atá ag tógáil clainne le Gaeilge, agus ar mian leo feidhmiú laistigh de chomhthéacs

ina bhfuil an Ghaeilge in uachtar mar theanga phobail.

- Iad siúd nach bhfuil ar a gcumas feidhmiú trí mheán na Gaeilge sa chomhthéacs pobail céanna, ach ar mian leo a bheith rannpháirteach ann, agus cur lena gcumas ar mhaithe le sin.
- Iad siúd ar mian leo maireachtáil sa phobal agus sa cheantar ach feidhmiú trí mheán an Bhéarla.

(Ní Thuairisg, 2012: 172)

Leibhéal breise castachta atá i rangú na bhfoghrúpaí seo thuas, nuair a shamhlaítear go bhféadfadh clann a bheith ag cur fúthu i scoilcheantar ina gcleachtaítear múnla oideachais dhátheangaigh nach bhfeileann dá riachtanais teanga, cultúrtha nó sóisialta agus impleachtaí ag mí-oiriúnacht an mhúnla oideachais sin don pháiste agus don scoil. D'fhéadfadh páistí sa rang céanna ar scoil, a bheith ag dul trí eispéiris tumoideachais (suimitheach) nó eispéiris cothabhála/saibhriúcháin (suimitheach) sa seomra ranga céanna (Gorter & Cenoz, 2011; Cummins, 1998; Gathercole & Thomas, 2009; Mayr & Davies, 2011). Cuirim leis an méid sin ag maíomh go bhféadfaí páiste fiú a bheith ag dul trí eispéiris bá-oideachais (dealaitheach) sa seomra ranga sin (cuir i gcás cainteoir dúchais a bheith ag fáil a c(h)uid oideachais go dátheangach nó trí Bhéarla go príomha fiú).

Maidir le feiliúnacht an chláir do dhaltaí áirithe, luaitear go mbaineann simpliú teanga, níos mó athrá, níos lú ceartúchán agus béim ar an gcumarsáid sa sprioctheanga le cláir tumoideachais (Baker, 2006: 308) agus nach cosúil gurb é sin an clár is fearr do chainteoirí dúchais (Nic Cionnaith, 2012: 163). Nuair a chuirtear páistí ó chúlraí éagsúla teanga le chéile sa suíomh oideachais chéanna, léirítear nach labhraítear an sprioctheanga ina measc agus go n'iompaíonn siad ar an mórtheanga mar mheán cumarsáide fiú sa chás gur tógadh tríd an mionteanga iad (Hickey, 2001). Feiniméan teanga é seo ar a dtugtar an "dátheangachas aontreoch" (Matras, 2009: 193) ina dtagann úsáid na mórtheanga in áit úsáid na mionteanga. I gcomhthéacs na Gaeltachta áirítear coimhlint idir an dátheangachas roghnach sa phobal mórtheanga agus an dátheangachas éigeantach sa phobal mionteanga (Ó Giollagáin & Ó Curnáin, 2009; 2010). Ciallaíonn an choimhlint seo chomh maith leis an gcur chuige *Laizez Faire* maidir leis an mbeartas teanga go dtógtar cinntí i dtreo an Bhéarla sa Ghaeltacht. Tá an ghné seo de thionchar na

teagmhála teanga aitheanta agus pléite ag teangeolaithe agus taighdeoirí éagsúla (féach, mar shampla: Ó Catháin, 2001; Nic Pháidín, 2003; Ó Curnáin, 2009; Ó Duibhir, 2009) agus meastar nach bhfuil sa Ghaeltacht stairiúil anois ach Breac-Ghaeltacht nach bhfuil inmharthana mar atá (Leonach, Ó Giollagáin & Ó Curnáin, 2012: 3). Tá páistí na Gaeltachta á dtógáil go dátheangach i gceantar tíreolaíochta atá dátheangach rud a chiallaíonn go bhfuil constaic orthu an Ghaeilge a shealbhú chomh maith agus a sealbhaíodh roimhe seo í sa Ghaeltacht (Ó Curnáin, 2012). Sa 'dátheangachas nua-aoiseach' seo tá rian sonrach an Bhéarla le feiceáil an-soiléir ar Ghaeilge na Gaeltachta comhaimseartha agus is léir go bhfuil caillteanas urlabhra ag trí leibhéal: Bás canúna agus bás teanga, cailleadh na héagsúlachta móire idir cainteoiríaonair (agus) teacht chun cinn mórtheanga ar lú castacht teangeolaíochta go minic (Ó Curnáin, 2012: 105). Lasmuigh den Ghaeltacht ní chloistear an Ghaeilge mar theanga chumarsáide go ró-mhinic agus tá an córas oideachais fíor-thábhachtach mar chúiteamh (Harris, 2008) ach sonraítear anois go bhfuil an stádas céanna teangeolaíochta bainte amach ag sciar maith den Ghaeltacht, agus tuairimíocht ag teacht chun cinn i measc mhuintir na Gaeltachta iad féin go gcaithfear "dún daingean Gaeilge a dhéanamh de gach scoil Ghaeltachta" agus gan ligean d'aon sheomra ranga sa Ghaeltacht a bheith ina sheomra dátheangach (Ní Fheinneadha, 2012: 8).

2.9 An Bhunscolaíocht sa Ghaeltacht

Léiríonn Mac Donnacha (2005) go bhfuil 143 bunscoil sa Ghaeltacht oifigiúil le 9,556 dalta ag freastal orthu ach gan ach 100 scoil díobh a bheith ag feidhmiú trí Ghaeilge (ROS, 2015). Aithnítear nach bhfuil bunscoileanna na Gaeltachta ag freastal ar cheantair aonchineálacha teanga, sóisialta nó cultúir (Mac Donnacha, 2005; Mac Donnacha et al., 2005; Ó Giollagáin et al., 2007 & Ní Shéaghdha, 2010) ach déantar idirdhealú idir scoileanna bunaithe ar an úsáid laethúil a bhaintear as an nGaeilge sna ceantair ina bhfuil an scoil ag feidhmiú.

Ag baint úsáide as catagóirí an (SCG) rinne Mac Donnacha et al. (2004) cur síos ar stádas na Gaeilge sna scoileanna Gaeltachta. Maíonn na húdair sin go mbíonn Gaeilge líofa nó Gaeilge

mhaith ag 54% de naíonáin shóisearacha i mbunscoileanna Chatagóir A (Mac Donnacha et al., 2004: 41). Maidir le Catagóir B tá Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag 24% de na daltaí i rang na naíonán sóisir (2004: 42), ach i gCatagóir C laghdaíonn líon na ndaltaí le Gaeilge mhaith nó Gaeilge líofa go dtí 12% agus an-éagsúacht le sonrú ó scoil go scoil (Mac Donnacha et al., 2004: 43). Is féidir na daltaí sna scoileanna i gCatagóir C a roinnt go garbh i dtrí fhoghrúpa (2004: 43-54). I bhfoghrúpa a haon tá thart ar aon trian de na daltaí ag teacht ar scoil le Gaeilge mhaith nó líofa acu nó a shealbhaíonn an cumas sin i rith a mblianta scoile. I bhfoghrúpa a dó ina bhfuil thart ar aon trian eile de na daltaí, tagann siad ar scoil le Gaeilge mheasartha nó sealbhaíonn siad an cumas teanga sin ar scoil. I bhfoghrúpa a trí ina bhfuil thart ar an tríú trian de na daltaí, tagann siad ar scoil ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. I scoileanna chatagóir C ar an iomlán tá an teagasc á dhéanamh trí Bhéarla amháin nó trí Bhéarla den chuid is mó i dtimpeall leath de na ranganna. Sa leath eile de na ranganna ina bhfuil Gaeilge amháin nó níos mó Gaeilge ná Béarla in úsáid, méadaíonn an úsáid a bhaintear as an nGaeilge mar mheán teagaisc de réir mar a théann na daltaí in aois.

Léirítear mar sin go bhfuil grúpaí éagsúla foghlaimeoirí ag sealbhú dhá theanga ag rátaí éagsúla ach iad sáite sa chomhthéacs oideachais agus sóisialta céanna agus iad faoi scáth an churaclaim chéanna (Ní Thuairisg, 2012: 174; Ní Shéaghdha, 2010: 35). Má tá oideachas trí Ghaeilge á sholáthar i mbunscoil i gCatagóir C mar sin, múla tumoideachais nó foghlaim chomhtháite ábhar agus teanga (FCÁT feasta) a bheadh ann os rud é go bhfuil tromlach na ndaltaí ag teacht ar scoil ó chúlra Béarla. Cuireadh in iúl gurb é an t-oideachas tríd an teanga dúchais, an múnla oideachais a bheadh i bhfeidhm do dhaltaí chatagóir A agus daltaí ag teacht ar scoil le Gaeilge den chuid is mó (Ní Shéaghdha, 2010). Glactar leis i gcomhthéacs chatagóirí B agus C áfach, gur meascán múnlaí a bheadh á fháil ag daltaí, bunaithe ar chomhdhéanamh teanga an tseomra ranga agus cuir chuige na scoile i dtaobh an oideachais dhátheangaigh (Ó Duibhir et al., 2015).

Is scoileanna beaga iad formhór bhunscoileanna na Gaeltachta (ROS, 2013) agus cé go mbíonn Gaeilge ag 60% de dhaltaí scoile, tá an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chaidrimh i measc formhór díobh (Ó Giollagáin et al., 2007). Moladh gur chóir fiosrú a dhéanamh maidir leis na deacrachtaí a bhíonn ag scoileanna teacht ar mhúinteoirí, easpa tacaíochta ó thuismitheoirí, easpa tuisceana ar fheidhmiú an tumoideachais i scoileanna Gaeltachta agus an tionchar atá na rudaí seo ar fad ar úsáid na Gaeilge (Mac Donnacha et al, 2004: 129). Tá sé tábhachtach chomh maith go n-iarrfar ar scoileanna atá ag teagasc trí Ghaeilge tiomantas a léiriú ina bplean scoile agus ina bpolasaí Gaeilge d'úsáid áiseanna teagaisc Gaeilge mar chéad rogha, nuair atá áiseanna teagaisc oiriúnacha ar fáil, agus go gcuirfear an polasaí sin in iúl do gach múinteoir atá ag múineadh sa scoil (Mac Donnacha et al., 2004: 136).

Nuair a chuirtear na sonraí athraitheacha a pléadh thuas le chéile, is léir go bhfuil castacht ag baint le cláir oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta agus go gcaithfear cúlra agus cumas teanga na ndaltaí, teanga teagaisc na scoile agus teanga choitiantachta an cheantair a thógáil san áireamh chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar na cláir seo. Aithnítear sa chomhthéacs mionteanga seo go bhfuil tosaíochtaí difriúla ag na scoileanna éagsúla ag brath ar an gCatagóir Gaeltachta (A, B nó C) ina bhfuil an scoil suite agus gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú atá déanta ar 'scoil Ghaeltachta' (Mac Donncha, 2005: 136). Chaithfí a chinntiú áfach go dtógfaí an obair shainithe seo ar dhea-chleachtais agus prionsabail oideolaíocha tumoideachais agus córas iontaofa monatóireachta ar fheidhmiú agus ar fhorbairt na sainithe sin (Ó Duibhir et al., 2015: 99). Shamhlófaí go mbunófar an sainmhíniú seo ar an múnla oideachais atá in úsáid sa scoil, ag cur san áireamh na roghanna seo a leanas: (a) oideachas trí mheán na Gaeilge, (b) an córas tumoideachais i nGaeilge do pháistí ó chúlraí teangeolaíochta éagsúla agus (c) oideachas trí mheán an Bhéarla (2005: 128).

Faoi Acht na Gaeltachta (2012), tugtar Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta ar na ceantair reatha Ghaeltachta agus iarrfar ar phobail na gceantar seo critéir phleanála teanga a shásamh d'fhonn an stádas Gaeltachta sin a choinneáil. Ar cheann de na critéir seo luaitear go gcaithfí

oideachas trí mheán na Gaeilge a bheith ar fáil (Alt 12b) ach faraor ní dhéantar sainiú ar an gcéatadán den oideachas a bheadh ar fáil trí Ghaeilge chun an critéir áirithe sin a bhaint amach nó cén múnla a chuirfí i bhfeidhm chun an soláthar oideachais trí Ghaeilge a mheas (Ó Duibhir et al., 2015). Moltar gur cheart ceithre mhúnla (A,B,C,D) a chur ar fáil do bhunscoileanna Gaeltachta ina leagtar amach na príomhthréithe a bhaineann leis na múnlaí éagsúla chomh maith lena bhfeiliúnacht don chomhthéacs sochtheangeolaíochta ina bhfuil an scoil lonnaithe.

Tábla 2.5
Achoimre ar Mholadh do Mhúnlaí Oideachais Ghaeltachta

	Múnla A	Múnla B	Múnla C	Múnla D
Na catagóirí Gaeltachta lena mbainfeadh an múnla	A, B	A,B,C	B,C	C
Dátheangachas suimitheach don teanga mhionlaigh	✓			
Dátheangachas suimitheach don teanga thromlaigh		✓	✓	
Délitearthacht á fhorbairt	✓	✓		
Múineadh an Bhéarla curtha siar	✓	✓		
Céatadán den teagasc trí Ghaeilge	100% ranganna naíonán 85-90% i ngach rang eile	100% go dtí tús an dara téarma i Naí Mhóra 85-90% i ngach rang eile	85-90% i ngach rang	50% Gaeilge ar a laghad

Ó Duibhir et al. (2015: 111)

D'eascair na múnlaí seo as léirbhreithniú ar thaighde idirnáisiúnta a mhaíonn gurb iad na múnlaí oideachais is láidre don mhionteanga, na cinn is fearr maidir le torthaí foghlama na ndaltaí tríd an gcuraclam ar fad (Johnstone, 2002) ach braitheann rath na múnlaí oideachais uilig ar leibhéal déine an tumoideachais atá i bhfeidhm agus ar an gcomhthéacs sochtheangeolaíochta ina

bhfuil an scoil ag feidhmiú. Pléann Péterváry et al. (2015) ceithre mhúnla oideachais do bhunscoileanna atá lonnaithe i gCatagóir A sa Ghaeltacht lena n-áirítear Múnla an oideachais mhórtheanga (trí Bhéarla), Múnla tumoideachais dara teanga Gaeilge do chainteoirí dúchais Béarla, Múnla tumoideachais sa chéad teanga (laghdaithe) nó sa dara teanga Gaeilge agus Múnla oideachais mhionteanga sa chéad teanga amháin (trí Ghaeilge).

Aithnítear go bhfuil ról tábhachtach ag an gcóras oideachais sa phróiseas sealbhaithe teanga, ach chun sealbhú iomlán a bhaint amach ní mór go mbeadh na trí mhór-réimse de shaol an chainteora ag lánfheidhmiú mar áis shealbhaithe agus bhuanaithe, sé sin, an teaghlach, an pobal agus an scoil (McCarty, 2003 agus Warner, 2001 luaite in Ó Duibhir, 2012: 278). Maidir leis na moltaí a deineadh i dtuarascálacha éagsúla le 85 bliain anuas is cosúil gur feidhmíodh cuid de na moltaí ba lú éifeacht agus gur fágadh na moltaí ba thábhachtaí ar lár (Ó Flatharta, 2007: 6). É sin ar fad ráite is cosúil go bhfuil an ROS spreagtha chun gnímh agus bunaithe ar na ceithre shaothar taighde atá foilsithe ar a son (ROS, 2015 a,b,c agus d) tá Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta curtha faoi bhráid an phobail i dtréimhse chomharliúcháin. Fáiltítear roimh mholtaí áirithe maidir le cead a thabhairt do bhunscoileanna Gaeltachta luath-thumoideachas iomlán trí Ghaeilge a chleachtadh “ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain sa tsraith naíonán” agus go dtabharfar cúnamh do scoileanna atá ag fheidhmiú trí Bhéarla, nó a chleachtann an pháirt-thumoideachas nó an t-oideachas dátheangach, bogadh go dtí cur chuige an tumoideachais iomláin mar chuid de phróiseas aitheantais mar scoil Ghaeltachta (ROS, 2015: 16).

2.10 Achoimre

Deineadh cur síos i gCaibidil 2 ar staid na Gaeilge agus ar stair na Gaeltachta mar chomhthéacs don taighde seo. Deineadh sainmhíniú ar bheocht na Gaeilge sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin et al., 2007; Mac Donnacha et al., 2004) chomh maith le plé ar ról an stáit i gcaomhnú na Gaeilge tríd an gcóras oideachais. Deineadh cur síos ar dhá chineál oideachais ghaelaigh sa tír, an corás oideachais Ghaeltachta agus gluaiseacht na gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht

oifigiúil. Maidir leis an gcóras bunscolaíochta Gaeltachta ar a bhfuil an taighde seo dírithe go príomha, léiríodh go bhfuil dúshláin shuntasacha sa soláthar oideachais ansin. Ar cheann de na dúshláin is mó is ea easpa sainithe ar scoil Ghaeltachta chomh maith le comhdhéanamh measctha teanga na ndaltaí ar a bhfuil an córas ag freastal (Ó Duibhir et al, 2015; Ní Shéaghdha 2010). Léiríodh go bhfuil úsáid na Gaeilge ag laghdú agus go bhfuil an cineál Gaeilge atá á labhairt ag cúngú agus í faoi bhrú ó uileláithreacht an Bhéarla sa sochaí nua-aimseartha. Faoi dheireadh cuireadh múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh Ghaeltachta os comhar an léitheora (Péterváry et al., 2014 agus Ó Duibhir et al., 2015). Bhraith mé go raibh sé tábhachtach dul i mbun anailíse ar an soláthar reatha oideachais sa Ghaeltacht sa chaibidil seo, d'fhonn comhthéacs a chur ar fáil ina bhféadfaí teoiricí agus léargais an léirbhreithniú litríochta sa chéad chaibidil eile a lonnú agus a thuiscint níos fearr.

Caibidil 3: Léirbhreithniú litríochta

3.1 Réamhrá

Mar atá maíte i réamhrá an tráchtais seo, baineann príomhiniúchadh an staidéir ar pheirspeictíochtaí agus eispéiris na bpríomhoidí agus cleachtais na múinteoirí naíonán atá ag obair i mbunscoileanna na Gaeltachta. Tá mé ag súil go dtiocfaí ar léargas níos cuimsithí ar ghnéithe de dhréachtú, chur i bhfeidhm agus bhainistiú na gclár oideachais dhátheangaigh ansin. Tá go leor taighde foilsithe faoin oideachas dátheangach, a chuirtear ar fáil go hidirnáisiúnta do dhaltaí ó chúlraí éagsúla teanga. Cuimsítear múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh sa taighde seo: an tumoideachas, múnlaí oidhreachta, cothabhála agus saibhriúcháin chomh maith le FCÁT agus go leor eile. Tá na comhthéacsanna ar fad sin ábhartha don staidéar seo mar gheall ar chastacht teangeolaíochta agus oideachais na Gaeltachta agus braithim go gcuirfidh plé ar na múnlaí áirithe seo go mór leis an tuiscint Maidie len a bhfeiliúnacht do chomhthéacsanna éagsúla Gaeltachta.

Is beag cás-staidéar atá déanta ar fhíorfheidhmiú an churaclaim i seomraí ranga naíonán, ach go háirithe maidir le cláir oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacs leochaileach teangeolaíochta cosúil leis an nGaeltacht. Cabhróidh an léirbhreithniú litríochta seo le tuiscint níos fearr a fháil ar dhea-bhainistíocht agus dhea-oideolaíocht i dtaca le clár feiliúnach, rathúil oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an oideachais mhionteanga. Maidir le leagan amach na caibidle, déantar cur síos ginearálta ar dtús ar an dátheangachas. Ina dhiaidh sin déantar iniúchadh ar réimse múnlaí oideachais dátheangaigh a fhaightear i suímh éagsúla idirnáisiúnta a bheadh incurtha, chomh fada agus is féidir, le cás na Gaeilge sa chóras oideachais Ghaeltachta. I bhfianaise an chaolaithe agus an chreimthe atá tagtha ar an nGaeilge sa Ghaeltacht chomhaimseartha, shamhlófá go mbeadh gnéithe de mhúnlaí oidhreachta, saibhriúcháin agus oideachas tríd an teanga dhúchais i bhfeidhm i gCatagóir A ach go mbeadh cláir éagsúla luath-thumoideachais iomláin nó páirt-thumoideachais i bhfeidhm i gCatagóirí B agus C. Bhainfeadh oideachas den chineál seo leis an mbrí thraidisiúnta den fhocal ‘tumoideachas’, sé sin oideachas tríd an sprioctheanga (T2) do pháistí (T1) nárbh í an teanga sin a máthairtheanga (Johnson & Swain,

1997). Tá gá mar sin, breathnú ar shaintréithe na múnlaí suimitheacha sin chomh maith le múnlaí agus cláir eile nach iad chun tuiscint a fháil ar theoiricí an oideachais dhátheangaigh san iomlán.

Ag deireadh na caibidle breathnaítear ar fheidhmiú an chláir oideachais dhátheangaigh féin i gcomhthéacs an tseomra ranga. Dírítear aird ar leith ar na cleachtais, thosaíochtaí agus cuir chuige oideolaíochta a fhaightear i dtaca le curaclam a chur i bhfeidhm do dhaltaí ó chúlraí éagsúla teanga. Breathnaítear ar theoiricí tábhachtacha maidir le sealbhú teangacha agus cuirfear clabhsúr leis an gcaibidil le tátal ar na saincheisteanna a ardaíodh le linn na léirbhreithniú chomh maith le breathnú chun cinn ar chaibidil na modheolaíochta.

3.2 An Dátheangachas

Maítear go minic gur rud gnách é a bheith i do dhátheangaí agus i gcomhthéacs na hEorpa go bhfuil 50% den daonra in ann comhrá a bheith acu i dteanga nach bhfuil mar mháthairtheanga acu (Coimisiún na hEorpa, 2005). Léirítear níos minice anois ‘normáltacht an dátheangachais’ agus tá níos mó páistí ag fáil a gcuid oideachais go dátheangach nó tríd an dara teanga ná mar atá á fháil sa mháthairtheanga (Kenner & Gregory, 2003). Aithnítear sa léann idirnáisiúnta ar an ábhar go mbaineann buntáistí áirithe leis an dátheangachas don dátheangaí. Bíonn an dátheangaí níos éifeachtaí i mbun an smaoinimh eisréimigh, smaoiníonn siad ar bhealach níos cruthaithí, bíonn siad in ann glacadh le dearcthaí saoil atá difriúil óna ndearcadh féin, tá féiniúlacht chultúrtha níos láidre acu agus bíonn siad in ann páirt a ghlacadh i níos mó ná cultúr amháin (Ka Hikitia, 2009a). Léirítear go dtagann buntáistí cognaíocha, sóisialta agus oideachais as an dátheangachas, má chuirtear chun cinn i múnla suimíoch é (May, Hill & Tiakiwai, 2004).

I gcláir dhealaitheacha áfach, báitear an dalta T1 sa teanga T2 chun an sprioctheanga a chur in áit na máthairtheanga. Cláir dhiúltacha i bhforbairt an dalta T1 iad mar go gcuireann siad míchothromaíocht teangeolaíochta chun cinn agus méadaíonn siad an baol teipe sa chóras oideachais don dalta T1 sin (Cummins, 2000). I gcomhthéacs na Gaeltachta ina bhfuil an córas

oideachais Ghaeltachta ag cumasú an tsealbhaithe sa Bhéarla i measc cainteoirí dúchais bheadh tábhacht ag baint le pointe mar seo.

3.3 An tOideachas Dátheangach

Téann an t-oideachas dátheangach siar go dtí aimsir na Rómanach agus na nGréagach agus tá cláir dhátheangacha oideachais ar fáil i dtromlach mór de thíortha an domhain faoi láthair (Cummins & Hornberger, 2007). Tagraíonn an téarma ‘oideachas dátheangach’ do chláir oideachais ina mbaintear úsáid as dhá theanga nó níos mó (Baker, 2011). Braitheann saintréithe na gclár éagsúil seo ar na príomhaidhmeanna ar a bhfuil na cláir bunaithe agus tá éagsúlacht an-mhór le fáil ó chomhthéacs go comhthéacs (Cummins, 2009). Luann Baker & Jones (1998) deich gcineál córas dátheangach, sé cinn acu atá lag agus ceithre cinn atá láidir agus i measc na múnlaí láidre atá luaite acu tá an tumoideachas agus an t-oideachas tríd an teanga dhúchais (1998: 470).

Tábla 3.1
Saintréithe na Múnlaí Laga agus Múnla Láidre Oideachais Dhátheangaigh

Múnla Laga Oideachais Dhátheangaigh				
Cineál Cláir	**Cúlra na nDaltaí**	**Teangacha Ranga**	**Aidhm Oideachais agus Socheolaíochta**	**Toradh Teanga**
Bá-oideachas (Tumoideachas Struchtúrtha)	Mórtheanga	Mórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas
Bá-oideachas le ranganna breise sa T2	Mionteanga	Mórtheanga le ceachtanna breise sa T2 lasmuigh den seomra ranga	Asamhlú	Aonteangachas
Deighilt	Mionteanga	Mionteaga (Éigeantach, gan Rogha)	*Apartheid*	Aonteangachas
Idirthréimhseach	Mionteanga	Ag bogadh ón Mionteanga go dtí an Mhórtheanga	Asamhlú	Aonteangachas Coibhneasta
Príomhshruth le Múineadh na Teanga	Mórtheanga	Mórtheanga le ceachtanna breise sa T2 agus T3	Cothabháil Teoranta	Dátheangachas Teoranta
Scarúnaíoch	Mionteanga	Mionteanga (mar rogha)	Scoiteacht/ Neamhspleáchas	Dátheangachas Teoranta
Múnla Láidre Oideachais Dhátheangaigh				
Tumoideachas	Mórtheanga	Dátheangachas le béim ar an T2	Pluralism / Enrichment	Dátheangachas & Délitearthacht
Cothabháil/Teanga Oidhreachta	Language Minority	Dátheangachas le béim ar an T1	Cothabháil/Iolrachas/ Saibhriúcháin	Dátheangachas & Délitearthacht
Tumoideachas Déthreoch	Meascán den Mhionteanga agus Mórtheanga	Mionteanga agus Mórtheanga	Cothabháil/Iolrachas/ Saibhriúcháin	Dátheangachas & Délitearthacht
Dátheangach Príomhshrutha	Mórtheanga	Dhá Mhórtheanga	Cothabháil/Iolrachas/ Saibhriúcháin	Dátheangachas & Délitearthacht

T1=Máthairtheanga, T2=Sprioctheanga, T3=Teanga Iasachta (An Fhraincis in Éirinn mar shampla)

(Bunaithe ar Baker & Prys Jones, 1998: 470)

Cuireann García (2009) ceithre mhúnla oideachais dhátheangaigh i láthair ina forbhreathnú ar an oideachas dátheangach go hidirnáisiúnta. Tacaíonn sí leis na múnlaí suimitheacha agus dealaitheacha mar a leagtar amach thuas iad, ach cuireann sí leis ag cuir i láthair dhá chreatlach theoiriciúla sa bhreis: an t-oideachas dátheangach athchúrsach[8] agus an t-oideachas dátheangach dinimiciúil. San oideachas athchúrsach déantar iarracht teanga a bhí faoi chois a athbheochan agus baineann an t-oideachas dátheangach dinimiciúil le cleachtais iolracha, ilmhódacha a fheileann modhanna cumarsáide sa saol nua-aimseartha, ina n-aistríonn daoine ó áit go háit níos minice agus rochtain níos mó acu ar úsáid na teicneolaíochta. Tá an t-oideachas dátheangach athchúrsach spéisiúil i gcomhthéacs na Gaeltachta mar gurb í an phríomhaidhm ná athneartú teanga sa phobal tríd an gcóras oideachais (King, 2010). Breathnaítear sa teoiric seo ar chearta na ndaltaí a bheith ina ndátheangaithe agus glactar le páistí mar dhátheangaithe éiritheacha seachas mar fhoghlaimeoirí na dara teanga (Garcia, 2009).

3.4 Scagadh ar Chláir Éagsúla Oideachais Dhátheangaigh

3.4.1 Saintréithe an chórais tumoideachais.

Múnla oideachais dhátheangaigh é an tumoideachas ina dtumtar an foghlaimeoir sa sprioctheanga agus ina bhfoghlaimítear an curaclam go léir tríd an spriochtheanga sin (Johnson & Swain, 1997). Iarracht atá ann, foghlaimeoirí teanga a thimpeallú nó a thumadh sa dara teanga (T2) ionas go mbeidh siad in ann an teanga sin a shealbhú agus an dátheangachas suimíoch a bhaint amach. Tá an tumoideachas le fáil ar fud an domhain, rud “a léiríonn riachtanais na dtíortha ilteangacha éagsúla” (Hickey, 1997: 4). In Éirinn aithnítear anois go bhfuil an tumoideachas mar dhlúthchuid den ghluaiseacht chomhaimseartha ghaelscolaíochta (Gaelscoileanna Teo., 2015), ach mar a pléadh i gCaibidil 1 bhíodh an tumoideachas i bhfeidhm ó bhunú an Stáit sa bhliain 1922. Gné shuntasach den ghluaiseacht chomhaimseartha is ea gur fhás ón mbun aníos atá bunaithe ar

[8] Recursive

mhianta an phobail atá ann, seachas pleanáil teanga an Stáit ón mbarr anuas. Sonraítear go gcaithfear ocht dtréith riachtanacha a shásamh le bheith in aon pholasaí tumoideachais:

- Is í an sprioctheanga an teanga teagaisc;
- Tá an curaclam tumoideachais comhthreomhar leis an gnáth churaclam T1;
- Tá tacaíocht láidir don T1. Tagann an tacaíocht seo ón bpobal ar fad;
- Dátheangachas suimíoch atá mar aidhm ag an gclár. Sealbhaíonn na daltaí an sprioctheanga, gan cur isteach ar shealbhú na máthairtheanga;
- Is sa seomra ranga a dhéanann daltaí comhthadhall leis an T2 de ghnáth;
- Bíonn an cumas céanna ag na ndaltaí sa T2 agus uaireanta bíonn an cumas seo teoranta nó lag;
- Bíonn na múinteoirí dátheangach;
- Is scáthán do chultúr dúchasach an phobail é an seomra ranga.

(Johnson & Swain, 1997)

Chomh maith leis na critéir sin, braitear go gcaithfi 50% ar a laghad d'ábhar an churaclaim a bheith múinte tríd an T2 chun a bheith ina chlár tumoideachais (Tedick, Christian agus Fortune, 2011: 2). Maidir leis an gceist seo, is féidir an tumoideachas a rangú bunaithe ar leibhéal déine an chláir atá i bhfeidhm agus trí phríomhchineál chinn ann:

- An tumoideachas iomlán
- An pháirt-thumoideachas
- An tumoideachas déthreoch[9]

Faightear an tumoideachas déthreoch i gcomhthéacsanna idirnáisiúnta (Stáit Aontaithe Mheiriceá go háirithe). Sna cláir seo tagann dhá phobal urlabhra le chéile i gcláir dhátheangacha (Howard & Christian, 2002) chun an dátheangachas a chur chun cinn don dá ghrúpa daltaí (Christian, 1997). Sa tumoideachas iomlán áfach tumtar daltaí sa sprioctheanga do 100% den lá scoile agus sa pháirt-thumoideachas tumtar iad do níos lú ná sin. Maidir leis an am ina dtumtar na

[9] Bidirectional or Dual Immersion

páistí sa sprioctheanga cuirtear cláir tumoideachais ar siúl go luath i saol an pháiste nó ag pointe níos déanaí agus bunaithe ar an scála ama seo tá trí rangú déanta:

- An luath-thumoideachas
- An meán-thumoideachas
- An tumoideachas moillithe nó déanach (Cummins, 1979 agus Genesee, 1983, 1987)

Sonraítear go gcabhraíonn ceithre fhactóir le dea-thoradh an tumoideachais; tuismitheoirí a bheith páirteach i mbunú agus i mbuanú na cláracha tumoideachais, daltaí agus tuismitheoirí a bheith mar chuid den mhór-ghrúpa teangeolaíochta, meon dearfach a bheith ag na rannpháirtithe i leith na teanga agus rogha a bheith tuismitheoirí páirt a ghlacadh sna cláir (Lapkin, 1982). Cé go bhfaightear múnlaí éagsúla tumoideachais i go leor comhthéacsanna ar fud an domhain, is leis na tumoideachas sa bhFraincis i gCeanada a shamhlaítear go minic é.

3.4.1.1 An tumoideachas i gCeanada.

Tháinig an tumoideachas mar choincheap chun cinn i gCeanada sna 1960í chun cur síos a dhéanamh ar chláir oideachais trí Fhraincis do Bhéarlóirí. Tá tábhacht ar leith ag baint le tumoideachas Cheanada mar gurbh ansin a bunaíodh an múnla oideachais dátheangaigh seo ar phrionsabail oideolaíochta (Lambert & Tucker, 1972) agus gurb sa tír sin a deineadh diantaighde fádtréimhseach ar chur i bhfeidhm agus ar thorthaí an mhúnla oideachais seo (Cummins, 2007). Tá meastachán amháin déanta ag Cummins (1991), gur deineadh thart ar aon mhíle staidéar ar an tumoideachas go dtí sin i gCeanada amháin. Toisc an tumoideachas a bheith ar an bhfód le breis agus 40 bliain anuas tá corpas leithleach, cuimsitheach taighde déanta faoin ábhar (Johnson & Swain, 1997) agus achoimrí cuimsitheacha ar na staidéir Cheanada le fáil (m.sh: Genesee,1987; Johnson & Swain, 1997; Lambert & Tucker, 1972; Gebuffot, 1992; Swain & Lapkin, 1982). Bunaíodh an córas tumoideachais i St. Lambert in aice le Montreal i gCeanada sa bhliain 1965. Turgnamh pobail idir na húdaráis oideachais, taighdeoirí agus grúpaí tuismitheoirí a bhí ann inar deineadh iarracht cur chuige níos fearr a fhorbairt maidir le Fraincis a mhúineadh do pháistí Quebec

arbh é an Béarla a gcéad teanga (Genesee, 1983:1). Ar dtús cuireadh na cláir seo ar bun ag leibhéal na naíscoile i gcláir luath-thumoideachais ach ina dhiaidh sin cuireadh cláir mheán-thumoideachais (Grád 4 nó 5) agus cláir tumoideachais déanaigh (Grád 7 nó 8) ar siúl. Sna cláir seo múintear gach ábhar trí Fhraincis (T2) do pháistí ó chúlra Béarla (T1). Cé gur ghné lárnach de pholasaí tumoideachais is ea go múintear an curaclam ar fad trí mheán na sprioctheanga aithnítear go bhfuil idé-eolaíocht an tumoideachais seo níos cuimsithí ná múineadh amháin. Gné amháin den luath-thumoideachas iomlán is ea go bhfágtar múineadh an Bhéarla go dtí pointe níos déanaí in oideachas scoile an pháiste ach baineann tábhacht le curaclam, acmhainní, straitéisí bainistíochta, chomh maith le cur chuige agus modhanna agus oideolaíochta. Chomh maith leis sin leagtar béim ar úsáid na sprioctheanga lasmuigh den seomra ranga agus ar úsáid na sprioctheanga don chumarsáid sa scoil (Johnstone, 2002).

3.4.2 An tumoideachas déthreoch.

Cur chuige oideachais dhátheangaigh atá sa tumoideachas déthreoch (TD as seo ar aghaidh) ina dtagann páistí ó dhá chúlra theangeolaíochta le chéile in aon suíomh oideachais amháin chun a gcuid scolaíochta foirmiúla a dhéanamh go dátheangach. Is minic a shamhlaítear cláir oideachais dhátheangaigh mar seo le Meirceá Thuaidh agus iad ar bun ansin le 40 bliain anuas. Cé gur fhan líon na gclár íseal sa chéad 20 bliain, tá an-éileamh tagtha orthu ó lár na n-ochtóidí (Howard & Christian, 2002) agus san am i láthair tá 427 clár TD i bhfeidhm ar fud SAM (Center for Applied Linguistics, 2013). Déantar an tumadh seo i múnlaí éagsúla ina sonraítear an líon ama a chaitear ag teagasc tríd an dá theanga, chomh maith le líon na ndaltaí ón dá chúlra teangeolaíochta. Múnlaí 50:50 nó 90:10 atá iontu den chuid is mó. Mar a léiríonn Tábla 3.2 thíos is iondúil go mbaintear úsáid as Béarla agus Spáinnis sna cláir seo, cé go bhfuil teangacha eile le fáil freisin.

Tábla 3.2
Líon na gClár Tumoideachais Dhéthreoigh sna Stáit Aontaithe Mheirceá

Teangach Teagaisc	Líon na gClár
Spáinnis/Béarla	394
Sínis/Béarla	12
Fraincis/Béarla	6
Seapáinis/Béarla	6
Cóiréis/Béarla	6
Gearmáinis/Béarla	2
Iodáilis/Béarla	1
Iomlán na gClár	427

(Centre for Applied Linguistics, 2013)

Príomhdhifríocht amháin idir chláir tumoideachais agus chláir TD ná cúlraí teangeolaíochta na ndaltaí. Bunphrionsabal an chláir TD is ea go dtagann daltaí ón mórphobal teangeolaíochta (an Béarla sa chás seo) agus mionphobal teangeolaíochta le chéile ar bhealach córasach. I gcláir TD cinntítear cothromaíocht i líon na bpáistí ón dá phobal theangeolaíochta agus cuirtear oideachas dátheangach ar fáil sa dá sprioctheanga agus tríd an dá sprioctheanga chun aidhmeanna na gclár a bhaint amach (Christian, 1996).

Bíonn na spriocanna céanna oideachais agus teanga ag cláir TD agus a bheadh ag aon chlár oideachais dhátheangaigh, go mbainfear ard-chumas amach sa dá theanga agus go gcuirfí ar chumas na ndaltaí ardleibhéal acadúil a bhaint amach. Sprioc bhreise a bheadh i gclár TD áfach ná go léireodh na páistí dearcaidh dhearfacha thras-chultúrtha agus go mbeadh siad in ann feidhmiú i sochaí ilchultúrtha le hardmheas ar chultúir éagsúla (Howard & Christian, 2002).

Caithfear trí chritéir a shásamh sula bhféadfaí clár TD a ghlaoch ar chlár mar seo. Ar dtús cinntítear sa chóras iontrála go mbíonn cothromaíocht idir chúlra teangeolaíochta na bpáistí. Chuige seo, moltar go láidir cloí leis an gcóimheas 50:50 (50% de pháistí an chláir ó chúlra Béarla agus 50% dóibh ó chúlra na mionteanga). Cláir chomhtháite atá iontu ina múintear daltaí na mórtheanga

agus daltaí na mionteanga le chéile don teagasc ar fad, don lá scoile ar fad. Ar deireadh múintear an croí-churaclam agus cúrsaí litearthachta don dá ghrúpa teangeolaíochta, sa dá theanga (bunaithe ar Howard & Christian, 2002; Christian, 1996).

3.4.3.1 Múnlaí 90:10 agus 50:50.

Mar a léiríodh thuas maítear go bhfuil dhá phríomhchlár TD ann, an múnla 90:10 agus an múnla 50:50 (Howard & Christian, 2002). Tagraíonn na cóimheasanna seo don mhéid ama a chaitear i mbun teagaisc sa dá theanga. I gclár 90:10 déantar 90% den teagasc trí mheán na mionteanga agus 10% trí Bhéarla don chéad bliain nó dhó. Ní leanann an múnla seo ar aghaidh tríd an scoil áfach. Laghdaíonn an méid teagaisc a dhéantar tríd an mionteanga de réir mar a théann na daltaí in aois agus faoin am go mbíonn grád 4 bainte amach acu ní chaitear ach 50% den am teagaisc tríd an mionteanga agus an 50% eile trí Bhéarla. Tá gá leis an mbéim luath seo ar an mionteanga toisc nach bhfuil an tacaíocht chéanna di sa tsochaí agus go mbíonn sé níos deacra ard-chumas a shealbhú sa teanga lasmuigh den suíomh scoile (Collier & Thomas, 2004). D'fhéadfaí argóint mar seo a dhéanamh do bhunscoileanna Gaeltachta atá ag feidhmiú i gCatagóir C ach go háirithe ina mbeadh easpa tacaíochta don mhionteanga i measc an phobail i gcoitinne. Braitear, ar chúiseanna a dhéanfaí cur síos orthu ar ball, nach bhfeilfeadh múnla mar seo do chatagóirí A nó B áfach.

Tábla 3.3
An Céatadán den Teagasc déanta tríd an Mionteanga i Múnlaí 90/10 agus 50/50

Leibhéal an Ghráid	Múnla 90/10	Múnla 50/50
Ciontarghairdín	90	50
Grád 1	90	50
Grád 2	80	50
Grád 3	80	50
Grád 4	50	50
Grád 5	50	50
Grád 6	50	50

(Bunaithe ar Howard & Christian, 2002)

Nuair a thagann dhá ghrúpa foghlaimeoirí le chéile sa TD maítear go mbíonn straitéisí éagsúla ag teagascóirí le déileáil leis an teagmháil seo. Moltar go láidir gan ranganna aistriúcháin nó réamh-ranganna tacaíochta a chur ar fáil do dhaltaí agus gan na daltaí a scarúint óna chéile ach an oiread (Collier & Thomas, 2004: 13). Nuair a scairtear na daltaí óna chéile i suíomh TD bíonn éifeacht dhíobhálach ar chaighdeán dhaltaí na mionteanga sa Bhéarla. Is cosúil go bhfoghlaimíonn daltaí ó chúlra na mionteanga an Béarla ar bhealach níos éifeachtaí agus níos cuimsithí nuair a bhíonn siad i measc cainteoirí dúchais Béarla, seachas a bheith scartha amach uathu i ranganna 'speisialta' (Collier & Thomas, 2003: 13).

Cabhraíonn fachtóirí éagsúla le rath na gclár TD lena n-áirítear: cothromaíocht oideolaíochta, múinteoirí lán-cháilithe dátheangacha, comhoibriú gníomhach ó thuismitheoirí agus ceannaireacht eolach ón bpríomhoide (Alanís & Rodríguez, 2008). Thaispeáin Collier & Thomas (2004) go mbíonn na buntáistí céanna ag baint leis an TD agus a bhaineann leis an 'ngnáth'-tumoideachas.

> Two way immersion education is a dynamic form of education that holds great promise for developing high levels of academic achievement, bilingualism and biliteracy, and cross cultural awareness among participating students (Howard & Christian, 2002: 2)

Aidhm lárnach na gclár TD is ea go léireoidh na daltaí dearcaidh agus iompair dhearfacha tras-chultúrtha agus go ndéanfaí forbairt ar chaidrimh thrasphobail. Sprioc inmhianaithe é seo in aon chlár oideachais dhátheangaigh, ach léirítear deacrachtaí áirithe maidir le claontaí socheolaíochta i bpáistí agus i múinteoirí (Valdés, 2011). Baineann sé seo go minic le cumhacht na mórtheanga agus cumhacht phobal urlabhra na teanga sin sa tsochaí agus sa scoil. Pointe tábhachtach é seo don soláthar luath-oideachais Ghaeltachta ina bhfulaingíonn mionteangacha sa dátheangachas (Lenoach et al., 2014). Fiú le tréan-iarrachtaí na claontaí seo a sheachaint i bíonn tionchar na sochaí ró-láidir agus toisc gur scáthán den phobal agus den tsochaí i gcoitinn í an scoil tagann na claontaí sin isteach sa seomra ranga (Freeman, 1996). Glaonn Amrein & Peña (2000) neamhshiméadracht ar an bhfeiniméan thuasluaite i gcás-staidéar ar shé shuíomh TD i scoil amháin in Arizona. Dar leo is féidir na neamhshiméadrachtaí nó neamhchothromaíochtaí seo a roinnt i dtrí

chuid: 1) Neamhshiméadracht teagaisc, 2) Neamhshiméadracht acmhainní agus 3) Neamhshiméadracht daltaí (2000: 7-11). Tagann na neamhshiméadrachtaí seo chun cinn nuair nach dtugtar cothromaíocht do theangacha an chláir TD sa trí chomhthéacs seo agus bíonn tionchar diúltach ar an gclár TD dá mbarr:

> ...asymmetry resulted in the English language being viewed with a higher status. English was perceived as more prevalent and necessary making the acquisition of a second and less esteemed language that much less desirable (Amrein & Peña, 2000: 12)

Aithnítear an baol a d'fhéadfadh a bheith ann go ndéanfar imeallú ar dhaltaí na mionteanga (Amrein & Peña, 2000: 12-13). Leagtar dúshlán breise os comhair oideachasóirí an TD nuair nach bhfuil ann ach sruth nó aonad taobh istigh de scoil mhór lán-Bhéarla. I gcásanna mar seo cruthaítear míchothromaíochtaí teangeolaíochta ina leagtar an-bhéim ar thábhacht an Bhéarla sa scoilchampas agus sa tsochaí go ginearálta, "Two-Way Immersion classrooms (on this campus) function as small oases of Spanish in a vast desert of English-only" (Palmer, 2008: 757). Arís eile bheadh impleachtaí ag pointe mar seo don bhunscolaíocht Ghaeltachta. Tuairiscítear go mbaineann dúshlán suntasach le héiteas follasach agus aitheantas ar leith a chruthú don Ghaeilge, nuair a bhíonn aonad, a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge, ceangailte le scoil a feidhmíonn trí mheán an Bhéarla mar go gcúngaíonn sé deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge (ROS, 2015d: 21-22). Maítear go dtarlaíonn sé seo go speisialta má bhíonn an t-aonad Gaeilge "lonnaithe go fisiceach sa phríomhfhoirgneamh scoile" (2015: 22).

Tá an-fhás tagtha ar líon na scoileanna TD i dTuaisceart Mheiriceá le 20 bliana anuas agus aithnítear buntáistí an mhúnla sin i gcomhthéacsanna áirithe. Múnla dinimiciúil agus nuálach atá ann ach caithfear tréan-iarracht a dhéanamh cothromaíochtaí agus iontaofacht na gclár a chinntiú agus neamhshiméadrachtaí a sheachaint. I gcás mionteanga oidhreachta (an Ghaeilge mar shampla) i gceantar leochaileach teanga (an Ghaeltacht mar shampla) ní dóigh gurb é an múnla is feiliúnaí é áfach mar gheall ar fhorlámhas iomlán an Bhéarla in Éirinn.

3.4.3 Tionchar agus éifeachtúlacht an tumoideachais.

Is iomaí staidéar a rinneadh ar thionchar agus ar éifeachtúlacht an luath-thumoideachais ach go háirithe maidir le forás cognaíoch, acadúil agus teangeolaíoch an pháiste. Léirítear i gcomhthéacs na Fraincise i gCeanada maidir le buntáistí an oideachais dátheangaigh agus an tumoideachais iomláin ach go háirithe (m.sh., Bourton-Trites & Reeder, 2001; Lambert, Genesee, Holbow & Chartrand, 1993; Turnbull, Hart & Lapkin, 2000). Aithnítear sna staidéir seo, gur minic a bhíonn tumdhaltaí taobh thiar i léitheoireacht Bhéarla sna bunranganna bunscolaíochta ach go dtagann feabhas orthu agus go sáraíonn siad a bpiaraí ó scoileanna neamhthumtha mar atá maíte ag Cummins (1998):

> Consistent findings have been obtained from French immersion program evaluations across Canada. In early immersion programs, students gain fluency and literacy in French at no apparent cost to their English academic skills. Within a year of the introduction of formal English language arts (year 4) students catch up in most aspects of English standardized test performance. (1998: 3)

Maidir le caighdeán an Bhéarla de, léirítear go n-éiríonn níos fearr le daltaí LTI ná daltaí atá timpeallaithe i gcóras thumoideachais mhoillithe agus éiríonn níos fearr fós leis na daltaí seo ná daltaí a bhíonn tumtha go déanach ar scoil, (Genesee, 1987; Swain & Lapkin, 1991). Sna luathchláir tumoideachais éiríonn leis na páistí líofacht agus cumas litearthachta a fháil sa T2 gan an dul chun cinn seo a bheith diúltach dá scileanna T1. Is é sin le rá nach gcuireann tumadh iomlán sa sprioctheanga isteach ar scileanna acadúla na bpáistí ina máthairtheanga. Úsáidtear an prionsabal idirspleáchais, le míniú cén fáth nach mbíonn tionchar diúltach ar scileanna na ndaltaí sa chéad teanga i suíomh fábhrach an tumoideachais:

> To the extent that instruction in Lx is effective in promoting proficiency in Lx, transfer of this proficiency to Ly will occur provided there is adequate exposure to Ly (either in school or environment) and adequate motivation to learn Ly. (Cummins, 1981: 29)

Cuireann scileanna sa T1 le sealbhú an T2 agus vice versa (Cummins, 1978; 1981). Cruthaíonn Genesee (1987) agus Johnson & Swain (1997) go bhfaigheann daltaí bunscoile máistreacht ar líofacht agus ar litearthacht sa dara teanga agus go n-éiríonn leo ardchaighdeán a bhaint amach i scileanna acadúla sa chéad teanga leis. Tá taighde Cummins & Swain (1986) agus

Krashen & Biber (1988) tábhachtach mar léiríonn sé nach bhfulaingíonn dul chun cinn na bpáistí sa mháthairtheanga nuair a múintear trí mheán na dara teanga iad. Tar éis bliana a bheith ag foghlaim an Bhéarla go foirmiúil sa rang, éiríonn chomh maith leis na páistí a tumadh sa bhFraincis, i scrúduithe caighdeánacha Béarla, nuair a chuirtear i gcomparáid lena bpiaraí iad, Cummins (1979, 1980 agus 1982). Aithnítear áfach, go mbíonn am breise de dhíth ag na daltaí seo chun an caighdeán céanna i litriú an Bhéarla a bhaint amach. Faoin am go bhfuil grád 5 bainte amach acu, ní bhíonn difríochtaí le sonrú idir pháistí a bhí tumtha agus pháistí a fuair a gcuid oideachais uilig trí Bhéarla. Rinne Genesee (1984 agus 1987) athbhreithniú taighde faoi shaghsanna éagsúla tumchláracha i gCeanada agus rinneadh amach go ngnóthaíonn tumdhaltaí chomh maith i gcúrsaí acadúla le páistí i gcomhthéacs neamhthumtha, nó níos fearr. Ina theannta sin, thaispeáin sé go sealbhaíonn siad gnáthoilteacht sa T1, chomh maith le hardleibhéal líofachta sa T2 (an Fhraincis). Cuireann achoimre Genesee ar an taighde faoin tumadh in iúl dúinn gur fearr na torthaí, agus gach rud san áireamh, a bhíonn ar lántumadh ná ar pháirt-thumadh agus gur fearr luath-thumadh ná tumadh déanach. Is féidir a rá mar sin gurb é an luath-thumoideachas iomlán an múnla is fearr chun freastal cuimsitheach a dhéanamh ar pháistí atá i mbun dhá theanga a shealbhú go cothrom.

Tá staidéir Cheanada spéisiúil agus tábhachtach ach caithfear a bheith aireach maidir le comparáidí a dhéanamh idir an tír sin agus Poblacht na hÉireann. Is teanga chumhachtach, idirnáisiúnta í an Fhraincis óna bhfuil an córas tumoideachais i gCeanada ag tarraingt agus níl todhchaí na Fraincise ag braith ar chláir thumoideachais chun é a chaomhnú. Léiríodh i mionstaidéar i bPoblacht na hÉireann nach mbíonn tionchar diúltach ag an tumoideachas ar chumas na ndaltaí sa Bhéarla (Parsons agus Lyddy, 2009a) agus go mbíonn daltaí luath-thumoideachais Ghaelscoile ar a laghad 10% os cionn an mheáin náisiúnta sna scrúduithe caighdeánaithe léitheoireachta (Shiel et al. 2011). Caithfear stádas socheacnamaíoch na ndaltaí a thógáil san áireamh, áfach, mar go méadaíonn an ghnóthachtáil sa léitheoireacht Bhéarla de réir mar a

mhéadaíonn an stádas socheacnamaíoch[10] (Eivers, Shiel, Perkins & Cosgrove, 2005; Eivers, Clerkin, Miller & Close, 2010). Bheifí ag súil le caighdeán níos airde sa léitheoireacht Bhéarla i nGaelscoileanna mar sin, os rud é go bhfuil leibhéal oideachais níos airde ag tuismitheoirí na ndaltaí gaelscoile (Harris, Forde, Archer, Nic Fhearaile agus O'Gorman, 2006) agus nuair a chuirtear an cúlra socheacnamaíoch san áireamh tá an meánscór leibhéal scoile don léitheoireacht i rang a Sé i scoileanna lán-Ghaeilge mórán mar a mbeifí ag súil leis ach tá an meánscór leibhéal scoile don Mhatamaitic beagáinín níos ísle ná mar a mbeifí ag súil leis (Shiel, Gileece, Clerkin & Millar, 2010). Léirítear go mbíonn tionchar dearfach ag an oideachas dátheangach ar ghnéithe eile d'fhorbairt an pháiste chomh maith, feasacht mheititheangach, réasúnaíocht theibí agus shiombalach, smacht na haire agus réiteach fadhbanna (Adesope, Lavin, Thompson & Ungerleider, 2010).

Maítear go dtagann an méadú ar fheasacht mheititheangeolaíoch i ndátheangaithe as a bheith i mbun próisis dhá chóras theangeolaíochta a shealbhú ag an am céanna (Baker, 2006; Cummins, 2000; Garcia, 2010; Hornberger, 2010; May, 2006) agus go gcabhraíonn sé go mór le scileanna léitheoireachta tríd an bhforbairt a thagann ar thuiscint shéimeantach, ar scileanna sintéise agus ar chumas asbhainte eolais (Cummins, 2004).

Ag díriú go sonrach ar mhúnlaí oidhreachta glactar leis go forleathan go mbíonn páistí le bunús maith scileanna ina dteanga dhúchais in ann na scileanna teanga sin a úsáid agus iad ag sealbhú an Bhéarla ag pointe níos déanaí ina saolta (Cummins, 2000; Duran, Roseth & Hoffman, 2010). Cé go bhfuil difríochtaí idir na scoileanna tumoideachais seo agus scoileanna 'oidhreachta' i nGaeltacht chatagóir A, léiríonn na gaelscoileanna seo go n-oibríonn an tumoideachas in imthosca fábharacha. Ábhar imní don chaighdeán oideachais sa Ghaeltachta is ea taighde Harris et al. (2006) áfach, a léiríonn go bhfuil ag éirí le daltaí gaelscoile caighdeán níos airde Gaeilge a bhaint amach ná mar atá ag daltaí Gaeltachta (2006: 159-60). Ardaíonn sé seo ceist thábhachtach don taighde seo

[10] Tá an stádas socheacnamaíoch bunaithe anseo ar ghairmeacha tuismitheoirí nó ar a leibhéal oideachais.

maidir le caighdeán Gaeilge na bpáistí Gaeltachta agus an chaoi nach bhfuil ag éirí chomh maith leo a dteanga dhúchais féin a shealbhú ar chaighdeán chomh ar le daltaí gaelscoile arb í an Ghaeilge a dara teanga den chuid is mó.

3.4.4 Deacrachtaí leis an gcóras tumoideachais.

Léiríonn an litríocht a pléadh go dtí seo go n-oibríonn an tumoideachas an-mhaith i roinnt suímh áfach ach ní córas foirfe é. Tuairiscítear go mbíonn muinín níos lú ag daltaí tumoideachais maidir leis an eolaíocht, go ngabhann siad níos lú le hábhair eolaíochta agus go mbíonn níos lú thaithí teagaisc ag múinteoirí tumoideachais go ginearálta (Hanlon, McLeod &Paterson, 2010). Réitíonn Mac Nia (2002) leis an bpointe deireanach seo agus é ráite go bhfuil taithí níos lú ag múinteoirí tumoideachais nuair a chuirtear i gcomparáid le múinteoirí a mhúineann trí Bhéarla iad. Caithfear teorannacha an chórais a aithint maidir le cumas na ndaltaí sa sprioctheanga agus iad ag fágáil na scoile ach go háirithe. Taispeántar go mbíonn daltaí an tumoideachais ar chomhchéim le cainteoirí dúchais maidir leis na scileanna gabhchumais (tuiscint agus léitheoireacht) ach maidir le scileanna ginchumais (labhairt agus scríbhneoireacht) bíonn bearnaí cumais (Cummins, 1998; Ó Duibhir, 2007). Déanann daltaí códmheascadh agus tagann idirtheanga chun cinn maidir le labhairt agus scríbhneoireacht na ndaltaí. Bíonn rian an T1 go láidir ar fhoclóir, chomhréir, fhuaimniú, litriú agus ar ghramadach na sprioctheanga, rian an Bhéarla ar Ghaeilge na ndaltaí i gcás na Gaelscolaíochta agus na scoileanna Gaeltachta (féach Day & Shapson, 1996; Hammerly, 1991 chomh maith). Tá an míchruinneas seo tugtha faoi deara sa Bhreatain Bheag (Lewis, 2010:60-62) agus i nGaelscoileanna na hÉireann (Ó Duibhir, 1999, 2007; Walsh, 2007) ach is féidir straitéisí a chur i bhfeidhm chun tionchar na laigí seo a theorannú. Maítear gur b'fhiú díriú ar fhoirm agus ar úsáid na teanga agus deiseanna a thabhairt do thumdhaltaí níos mó obair ghrúpa a dhéanamh (Cummins, 1998). Cuireann Ó Duibhir (2007) leis an méid seo agus é ag maíomh gur cheart go mbeadh teagasc an mhúinteora ag díriú ar ghnéithe áirithe de mhíchruinneas na bpáistí agus go ndéanfar é seo go luath ina saolta oideachais "to guard against their fossilisation" (2007: 180). Is gá

go mbeadh spriocanna teanga, chomh maith le spriocanna ábhair ag múinteoirí an tumoideachais (Lyons, 2010). Cé go dtuairiscítear gnóthachtáil ard oideachais do dhaltaí tumoideachais i suímh éagsúla go hidirnáisiúnta, is léir gur ghá díriú anois ar ghnéithe den chruinneas i scileanna ginchumais na sprioctheanga.

3.5 Múnlaí Oidhreachta, Saibhriúcháin agus Cothabhála

3.5.1 Réamhrá.

Tuairiscíodh roimhe seo go mbaineann an tumoideachas le páistí ón tromlach teangeolaíochta (T1) atá ag fáil a gcuid oideachais tríd an sprioctheanga (T2). Tá an t-oideachas tríd an teanga dhúchais, agus na múnlaí oidhreachta/cothabhála/saibhriúcháin éagsúil mar go múintear daltaí T1 tríd a máthairtheanga féin. Go minic sna múnlaí oideachais seo, déantar iarracht teanga dhúchais an phobail mhionlaigh a chaomhnú tríd an gcóras oideachais (Baker, 2006: 294). Bíonn sé mar bhunaidhm bhreise sna cláir seo, féiniúlacht cultúrtha na bpáistí a láidriú agus an dátheangachas agus an délitearthacht a chur chun cinn (Baker, 2007). Úsáidtear múnla an oideachais tríd an teanga dhúchais go minic mar chuid d'iarrachtaí pobal, a dteanga dhúchais a chur chun cinn agus an sleamhnú i dtreo na mórtheanga a stopadh nó a mhoilliú. Tá go leor samplaí den chineál oideachais seo ar fáil ar fud an domhain. San Eoraip faightear an t-oideachas tríd an teanga dhúchais sa Bhreatain ina bhfuil an Bhreatnais (Gathercole & Thomas, 2009; Lewis, 2008) agus Gáidhlig na hAlban (McLeod, 2001) faoi bhrú ón mBéarla agus i dtír na mBascach ina bhfuil an Bhascais faoi bhrú ón Spáinnis ó dheas agus an Fhraincis ó thuaidh (Gorter agus Cenoz, 2011). I Meiriceá Thuaidh is le teangacha na Meiriceánach dúchasach a shamhlaítear an t-oideachas tríd an teanga dhúchais go minic, ina bhfuil tréan-iarrachtaí ar siúl na teangacha seo a shábháil ón mbás (Benally & Viri, 2005; Crawford, 2000b; McCarty, 2002). Rangaítear na saghsanna éagsúla múnlaí dátheangacha atá ann, i gceithre chineál: múnlaí cothabhála, múnlaí saibhriúcháin, múnlaí oidhreachta agus múnlaí idirthréimhseacha (May, 2008). Múnlaí suimíocha atá sa chéad thrí chinn mar go bhfuiltear ag iarraidh an dátheangachas agus an délitearthacht a bhaint amach. Rinne an

Pacific Policy Research Center, 2010 achoimre úsáideach ar na ceithre mhúnla seo agus é soiléir go bhfuil na múnlaí saibhriúcháin, oidhreachta agus cothabhála an-cosúil lena chéile (2010: 4). Is í an aidhm oideachais atá ag clár saibhriúcháin ná an dátheangachas agus an délitearthacht don dalta. Cuirtear an mhionteanga chun cinn taobh amuigh den suíomh scoile chomh maith, ag leibhéal áitiúil (i measc an phobail) agus ag leibhéal níos leithne (leibhéal an rialtais mar shampla). Bheadh na haidhmeanna céanna oideachais i gceist le clár oidhreachta (an dátheangachas agus an délitearthacht don dalta) ach gur féidir béim níos mó a leagan ar an teanga oidhreachta mar gheall gur ag plé le hathbheochan na teanga atá an clár. Bheadh an clár cothabhála beagáinín níos laige don mhionteanga os rud é nach ndéantar mórán forbartha sa bhreis ar theanga an pháiste. Déantar 'cothabháil' ar T1 an pháiste (gan aon fhorbairt bhreise), mar bhunchloch d'fhoghlaim an T2. Ar deireadh ar fad faightear an clár is diúltaí don mhionteanga. Leagtar an t-aonteangachas agus ceannas sa mhórchultúr go croí lár an chláir idirthréimhsigh ina bhfuil sé mar phríomhaidhm an sprioctheanga a chur in áit teanga dhúchais an pháiste. Ní ghlactar leis sna cláir seo go mbíonn an cúlra teangeolaíochta céanna ag na páistí is minic a bhíonn cainteoirí T1 agus T2 le chéile in aon suíomh foghlama amháin. Ciallaíonn sé seo go teoiriciúil go bhfaigheann páistí T1 eispéireas oideachais tríd an teanga dhúchais agus páistí T2 eispéireas tumoideachais (Gorter & Cenoz, 2011; Gathercole & Thomas, 2009; Lewis, 2008 mar shampla), ach i bhfianaise uileláithreacht na mórtheanga i roinnt cásanna, cláir dhealaitheacha don dalta T1 atá iontu. Tá an pointe seo tábhachtach i gcás an oideachais dátheangaigh i roinnt comhthéacsanna, an Ghaeltacht san áireamh.

3.5.2 Samplaí de Mhúnlaí Oideachais Dhátheangaigh go hIdirnaisiúnta.

3.5.2.1 An t-oideachas tríd an teanga dhúchais do fhrainciseoirí Cheanada.

Tá cur síos cuimsitheach maidir le soláthar an oideachais oidhreachta do fhrainciseoirí Cheanada ar fáil in Ó Duibhir et al. (2015: 53-64). Sonraítear cosúlachtaí idir bhunscoileanna Fraincise (taobh amuigh de Quebec) agus bhunscoileanna na Gaeltachta. Déantar idirdhealú idir scoileanna Fraincise agus scoileanna tumoideachais Fraincise i gCeanada mar a dhéantar in Éirinn

agus cé go sonraítear roinnt cosúlachtaí idir an scoil Fhraincise do Fhrainciseoirí agus an scoil tumoideachais Fraincise freastalaíonn an dá chóras ar dhá ghrúpa éagsúla:

> French immersion is a program for the "majority" child ... in which his or her first language is constantly reinforced by the surrounding community. Minority language education is designed for children whose first language is French, but live in a largely anglophone environment" (O' Keefe, 2001: 76).

Is léir go gcothaíonn comhdhéanamh teangeolaíoch na ndaltaí, deacrachtaí don dá chóras chomh maith (Ó Duibhir et al., 2015: 63). Difríocht shuntasach amháin is ea an córas iontrála do pháistí ina gcaithfí coinníollacha áirithe teanga a chomhlíonadh sula nglacfaí le dalta. Caithfidh an Fhraincis a bheith ina teanga dhúchais ag tuismitheoirí an pháiste, gur thrí Fhraincis a cuireadh oideachas ar dhuine de na tuismitheoirí sin agus/nó go bhfuil páiste eile ag na tuismitheoirí a bhfuil oiliúint á chur air/uirthi trí Fhraincis (Minister of Public Works and Government Services Canada, 2006). Tá na coinníollacha teanga seo spéisiúil i bhfianaise na hoibre sainithe atá le déanamh sa chóras oideachais Ghaeltachta (Mac Donnacha et al., 2005) agus ag tógáil san áireamh go mbeidh critéir phleanála teanga, lena n-áirítear critéir oideachais, le sásamh d'fhonn stádas Gaeltachta a choinneáil (Acht na Gaeltachta, 2012).

3.5.2.2 An Haváis in Havái.

Mionteanga oidhreachta í an Haváis le 24,042 cainteoirí (US Census, 2008) agus iad lonnaithe go príomha ar oileáin Havái san Aigéan Ciúin. Cuirtear an Haváis chun cinn i gcláir oideachais oidhreachta sa chóras bunscolaíochta (*Ke Kula Kaiapuni*) ina leagtar an-bhéim ar chultúr, thraidisiúin agus fhealsúnacht dhúchasach na nOileán Havái. Maítear go bhfuil trí mhúnla tumoideachais ar fáil in Havái:

- Scoileanna Tumoideachais Iomláin atá neamhspleách ó aon scoil eile agus ó thionchar na scoileanna sin.
- Cláir chomhtháite ina mbíonn daltaí tumoideachais Haváise agus daltaí príomhshrutha Béarla measctha le chéile do roinnt ranganna (cosúil leis an tumoideachas déthreoch thuas luaite).

- Múnla ina bhfuil tromlach an teagaisc déanta trí Bhéarla ach go bhfuil ranganna Haváise curtha ar fáil (mar a bheifí ag súil leis in Éirinn i scoileanna T2 lasmuigh den Ghaeltacht).

Maidir leis an múnla tumoideachais iomláin is cosúil go mbeadh sé níos déine ó thaobh chosaint na mionteanga, ná haon mhúnla luath-oideachais dhátheangaigh in Éirinn (gaelscoileanna nó scoileanna Gaeltachta). Múintear na daltaí go hiomlán tríd an sprioctheanga don chéad cheithre bliain dá n-oideachas foirmiúil (K-4). Ní hamháin go bhfuil tréimhse chuimsitheach tumoideachais iomláin i bhfeidhm sa mhúnla seo, ach nuair a chuirtear tús le múineadh an Bhéarla i ngrád 5 (Rang 3 in Éirinn) agus suntasach go leor, is trí mheán na Haváise a dhéantar é sin (Tedick, Christian & Fortune, 2011). Braitear go gcuireann cur chuige dian mar seo le rath an chláir mar go laghdaítear an baol don Haváis ó thionchar an Bhéarla (féach Cummins, 2001b mar shampla). Cosúlacht amháin a fheictear idir an clár Nawahi agus na cláir TD thuasluaite ná go n-úsáidtear na cainteoirí T1 Haváise mar eiseamláirí oideachais agus teanga do chainteoirí T2 Haváise (Lindholm-Leary, 2001). Bheadh clár tumoideachais iomláin san Haváise níos feiliúnaí don dalta T1 ná múnla TD, mar go mbunaítear é ar an bprionsabal go bhféadfadh mórtheanga chumhachtach (Béarla) an-dochar don mhionteanga (Haváis) nuair a chuirtear taobh le taobh iad. Bheadh prionsabal mar seo tábhachtach in aon mhúnla oideachais dhátheangaigh don Ghaeltacht ar ndóigh ina bhfuil mionteanga leochaileach oidhreachta á chosaint. Léiríonn taighde ar an scoil tumoideachais iomláin go bhfuil ag éirí níos fearr ag na daltaí tumoideachais ná a gcuid piaraí sa ghnáthchóras príomhshrutha Béarla agus go bhfuil nós á chothú i measc rannpháirtithe an chláir an Haváis a úsáid mar theanga chaidrimh agus shóisialta (Wilson & Kamana, 2001). Braitear gur chuid mhór de rath an chláir tumoideachais iomláin in Haváí ná go dtéitear go bun an angair leis an mhionteanga a chosaint ón mórtheanga in aonad atá in ann feidhmiú neamhspleách ón ngnáthchóras príomhshrutha (Tedick et al., 2011).

3.5.2.3 An Bhreatain Bheag.

Moltar an Bhreatain Bheag go minic maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu i dtaobh an oideachais dátheangaigh agus athnaítear tábhacht na tíre mar eiseamláir do mhúnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh (Baker, 2000). Tá trí phríomhmhúnla oideachais dhátheangaigh sa Bhreatain Bheag, dhá chinn acu ina múnlaí dátheangacha, na scoileanna sna ceantair oidhreachta Breatnaise (inchurtha le comhthéacs sochtheangeolaíochta agus oideachais na Gaeltachta) agus scoileanna tumoideachais lonnaithe lasmuigh de na ceantair oidhreachta seo (inchurtha leis na Gaelscoileanna). Cé gurb é an Béarla atá mar T1 ag formhór na ndaltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna Breatnaise sa tír ar fad (Lewis, 2008; May, 2000) sonraítear go bhfuil Breatnais líofa ag 62% de dhaltaí bunscoile i dtuaisceart na tíre (*Ynys Mon, Gwynedd, Ceredigion agus Carmarthenshire*). Tuigtear áfach go bhfuil líon níos airde daltaí nach í an Bhreatnais a dteanga baile ag freastal ar na scoileanna sin ná a mhalairt sa tír ina hiomlán agus cuireann sé seo dúshlán suntasach roimh mhúinteoirí agus lucht bainistíochta na scoileanna sin (Ó Duibhir et al., 2015). Is léir go gcothaíonn an t-imeascadh teangeolaíochta dúshlán don soláthar oideachais chomh maith le doiléire i measc oideachasóirí maidir leis na modheolaíochtaí teanga agus oideachais is éifeachtaí d'fhonn sealbhú agus forbairt na teanga do dhaltaí T1 agus T2 a chinntiú (Hickey, Lewis & Baker, 2013). Cuireann an t-imeascadh seo brú suntasach ar an gcóras agus ar dhaltaí an chórais de bhrí go léirítear go n-iompaíonn na daltaí T1 (An Bhreatnais) ar an T2 (An Béarla) chun sóisialú a dhéanamh (Hickey et al., 2013: 3). Cleachtas é seo a chuireann isteach go mór ar an bpróiseas cothabhála teanga i luath-bhlianta an pháiste. Bronntar an teideal 'scoileanna dátheangacha' ar bhunscoileanna uile an cheantair oidhreachta, ina dtugtar stádas cothrom don Bhreatnais agus don Bhéarla mar theangacha teagaisc iontu, fiú sna ceantair is láidre Breatnaise (Ní Thuairisg, 2011). Mar gheall ar an sainiú leathan seo mar chóras dátheangach braitear nach bhfreastalaítear ar riachtanais teanga nó oideachais an chainteoirí T1 sa chóras bhunscolaíochta ó tharla go bhfuil an córas den chuid is mó dírithe ar riachtanais an chainteora T2 Breatnaise. Cinntítear forbairt Béarla na ndaltaí i gur chuige mar seo, atá dírithe go príomha ar chainteoirí T2 na Breatnaise, ó tharla

uileláithreacht an Bhéarla i ngach réimse den phobal (Ó Duibhir et al., 2015). Maidir le múineadh an Bhéarla sna scoileanna Breatnaise, glactar leis nach múinfí é go dtí seacht mbliana slánaithe ag an dalta (thart ar Rang 1) (Jones, 2001: 15). Ábhar imní i gcomhthéacs na múnlaí oidhreachta Breatnaise is ea an laghad machnaimh a déantar faoi imeascadh cainteoirí T1 agus T2 ar bun, agus cainteoirí T1 go minic á gcur le grúpa T2 in aon turas chun leibhéal cumais an ghrúpa sin a fheabhsú nó a ardú (Hickey et al., 2013: 12).

3.5.2.4 An Ghàidhlig in Albain.

Breathnaítear ar gach scoil Ghàidhlige in Albain mar scoil tumoideachais agus ní chaitear ar scoileanna sna ceantair thraidisiúnta Gàidhlige mar ghrúpa ar leith. Maidir leis an méid Gàidhlige a mhúintear sna scoileanna dátheangacha léirítear an-éagsúlacht ó scoil go scoil (O'Hanlon, 2010) agus sna hOileáin Thiar ina bhfuil 61% den daonra ina gcainteoirí Gàidhlige níl ach 26% dóibh ag freastal ar oideachas trí Ghàidhlig (McLeod, 2001: 15). Suntasach go leor tá an t-oideachas trí Bhéarla fós ina réamhshocrú oideachais agus caithfidh tuismitheoirí na mbunscoileanna sin rogha sonrach a dhéanamh i dtaobh an oideachais trí Ghàidhlig má tá a leithéid uathu dá bpáistí (Rogers & McLeod, 2006: 363). Cuirtear cláir tumoideachas ar fáil den chuid is mó in aonad Gàidhlige laistigh de ghnáth-bhunscoil Bhéarla, rud a bheadh éagsúil ón mBreatain Bheag agus Éire agus níl in Albain ach trí bhunscoil neamhspleácha nach bhfuil ina sruth i bpríomhbhunscoil Bhéarla (Gaelic Excellence Group, 2011). Pléadh na himpleachtaí tromchúiseacha don mhionteanga i gcóras mar sin cheana agus na cúiseanna nach bhfeileann sé do chás na Gaeilge sa Ghaeltacht. Maidir le leibhéal déine na gclár tumoideachais, tumtar na daltaí sa sprioctheanga ón gcéad lá ar aghaidh ar scoil (P1 agus P2) agus cosúil leis an mBeatnais sa Bhreatain Bheag is sa tríú scoilbhliain (P3) a thosaítear ag múineadh scileanna litearthachta an Bhéarla de ghnáth (Comann nan Pàrant, 2013).

3.6 Cur i bhFeidhm Pholasaí Luath-oideachais Dhátheangaigh.

3.6.1 Réamhrá.

Sa chuid seo déanaim mionchíoradh ar ghnéithe de chur i bhfeidhm pholasaithe oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna na Gaeltachta. Breathnóidh mé ar shrianta Churaclam na Bunscoile (1999) mar chreatlach foghlama do dhaltaí T1 sa Ghaeltacht i gcomhthéacs shealbhú iomlán na Gaeilge. Tar éis é sin beidh mé ag féachaint ar chur i bhfeidhm pholasaithe oideachais dhátheangaigh ó pheirspictíochtaí éagsúla sa chóras oideachais le béim ar phríomhoidí, múinteoirí agus na daltaí féin atá i mbun foghlama sna comhthéacsanna sin. Tá súil agam léargas a fháil ar na tosca atá i gceist le cláir mar seo a chur i bhfeidhm go rathúil.

Tá iliomad céimeanna i gceist le polasaí a chur i bhfeidhm i mbunscoil. Caithfear an polasaí a dhréachtú i gcomhpháirt le múinteoirí na scoile uilig, taobh istigh de threoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna. Déantar é seo le tacaíocht tuismitheoirí agus i gcomhthéacs Churaclam na Bunscoile (1999) a chur i bhfeidhm. Maidir le beartas teanga sa chóras oideachais, dréachtaítear polasaithe agus glactar cinntithe oideachais ó pheirspictíocht na mórtheanga go minic. Scríobhtar curaclaim sa mhórtheanga, cuirtear comhairle agus treoracha ar fáil do scoileanna atá bunaithe ar thaithí agus ar thuairimí mhuintir na mórtheanga agus mar sin is iad riachtanais an tromlaigh in Éirinn atá ag tiomáint an chórais oideachais rud a chiallaíonn go bhfuil an bhéim ar fad sa Ghaeltacht ar mhúineadh agus ar fhoghlaim na Gaeilge mar dhara teanga (T2) seachas mar theanga dhúchais (T1) (Ó Duibhir, 2012: 276).

3.6.2 Curaclam na Bunscoile (1999) agus an cur chuige cumarsáideach.

Tá dhá churaclam don Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann, ceann amháin do scoileanna arb é an Béarla an meán teagaisc iontu agus ceann eile do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga na scoile (Réamhrá Churaclam na Bunscoile, 1999:43). Cé nach leagtar amach saintréithe oideolaíochta sna múnlaí oideachais dhátheangaigh thuas (sabhriúchán, oidhreacht agus cothabháil) shamhlófaí go mbeadh múinteoirí Gaeltachta ag iarraidh daltaí faoina

gcúram a chumasú chun gnáth-aidhmeanna curaclaim a bhaint amach. Is iad aidhmeanna ginearálta an churaclaim bhunscoile ná:

- úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn;
- dearcadh dearfach i leith na Gaeilge agus spéis agus dúil inti a chothú
- taitneamh a bheith le baint as foghlaim na Gaeilge;
- cumas éisteachta agus labhartha an pháiste a fhorbairt agus a m(h)uinín chun an Ghaeilge a úsáid a chothú;
- cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú ag leibhéil a oireann dó/di féin agus don chineál scoile;
- éisteacht, labhairt, léitheoireacht agus scríbhneoireacht a fhorbairt ar bhealach comhtháite
- feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú;
- cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste;
- cur le líofacht, le cruinneas foghraíochta agus le saibhreas teanga an pháiste.

(Curaclam na Gaeilge, 1999: 14)

I gcomhthéacs an oideachais mhionteanga ina bhfuil múinteoirí Gaeltachta ag feidhmiú, aithnítear go mbeadh tábhacht ar leith ag baint le cur i bhfeidhm iomlán na n-aidhmeanna seo ach go háirithe maidir le feasacht teanga, líofacht, cruinneas agus saibhreas teanga an pháiste a fhorbairt sa gceithre scil teanga i dtimpeallacht dhearfach, thaitneamhach. Úsáidim an téarma 'saibhriúchán' le linn an tráchtais seo mar chur síos ar iarrachtaí na n-oideachasóirí na daltaí Gaeltachta a chumasú i dtaobh na n-aidhmeanna seo a bhaint amach. Luaitear 8 straitéis fheiliúnacha teagaisc chun na haidhmeanna teanga seo a chomhlíonadh sa bhunscoil (sa chomhthéacs T1 agus T2):

- Agallaimh mar ionchur d'imirt i rólanna.
- Cluichí teanga.
- Tascanna agus Fadhbanna.
- Druileanna.
- Drámaíocht.
- Físeáin.
- Scéalaíocht.
- Filíocht: Rainn, dánta agus amhráin, rabhlóga, tomhais, seanfhocail agus tréanna.

(Curaclam na Gaeilge, 1999: 67)

Leagtar an cur chuige cumarsáideach (CCC feasta) ag croí lár chur i bhfeidhm Churaclam na Gaeilge (1999: 8-13). Leagtar béim ar chumasú na cumarsáide éifeachtaí seachas druileáil gramadaí sa chur chuige seo (Lewis, 1993: 3) agus spreagtar straitéisí ilghnéitheacha, tascbhunaithe chun foghlaim ghníomhach agus neamhspleách a chur chun cinn (Réamhrá Churaclam na Bunscoile, 1999:44). Tá an CCC bunaithe ar úsáid na sprioctheanga i gcomhthéacsanna fíorchumarsáide ina

mbíonn cuspóir teanga nó cúis ag an bpáiste an teanga a úsáid i dtascanna réalaíocha nó cluichí teanga ina mbíonn spéis acu iontu (Harris & Murtagh, 1996). Cé go mbaineann teoiricí an CCC go príomha le múineadh na Gaeilge mar T2 lasmuigh de na chomhthéacsanna lánGhaeilge agus Gaeltachta, agus ní mar T1 don chainteoir dúchais, sonraítrear tionchar an CCC ar mhúinteoirí na Gaeltachta mar go n-oiltear iad sa chur chuige seo sna coláistí oiliúna.

Tá roinnt amhrais léirithe maidir le leas an CCC mar mhúnla teagaisc áfach, mar go gceaptar go gcaitheann páistí formhór an ama ag éisteacht leis an múinteoir agus beagán ama i mbun cumarsáide (Brown, 2000b). Chomh maith leis sin creidtear go bhfeictear aithris ar chumarsáid go minic, seachas an fhíorchumarsáid féin (Grenfell, 2000; Mitchell, 1996). Dúshláin eile a bhaineann le múineadh na Gaeilge mar T2 i mbunscoileanna T2 go ginearálta, ná gur mionteanga í an Ghaeilge gan pobal láidir cainteoirí aici taobh amuigh den scoil agus go mbíonn sé níos deacra chun deiseanna fíorchumarsáide a chur ar fáil (Ó Laoire, 2005; Ó Riagáin, 2008; Ó Tuathaigh, 2008), rud a chiallaíonn nach dtuigeann páistí cén fáth an bhfuil an teanga á fhoghlaim acu ar an gcéad dul síos (Ó Laoire, 2003). I bhfianaise na géarchéime teangeolaíochta atá ag tarlú sa Ghaeltacht chaithfí a bheith aireach go dtiocfaidh an fheiniméan céanna chun cinn i mbunscoileanna ansin. Le “béim nua” ar thábhacht na litearthachta agus ar shealbhú éifeachtach teangacha glactar leis gur dúshláin a bhaineann leis an CCC ná deiseanna cumarsáide lánbhrí a chur ar fáil do dhaltaí lena bpiaraí maidir le hábhair a bhfuil suim acu iontu (Harris & Ó Duibhir, 2011: 65). Tá impleachtaí ag an bpointe seo do dhaltaí T1 agus T2 laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.

Maidir le soláthar sásúil a dhéanamh don chainteoir dúchais Ghaeilge sa Ghaeltacht tuairiscítear go bhfuil teip iomlán ar an gcuraclam céanna mar nach bhfuil sé feiliúnach do riachtanais fhoghlama nó teanga na ndaltaí sin (Mac Donnacha, 2005; Mac Donnacha et al., 2005; Ó Flatharta, 2007 agus Ó Giollagáin et al., 2007) agus “The failure to make separate curriculum provision for the teaching of Irish as (i) mother tongue/medium of schooling and (ii) second language is linguistically and educationally indefensible” (Little, 2003: 43). Tuigtear anois an gá a bhaineann le solúbthacht agus traschur scileanna teanga i gcuraclam comhtháite teangacha (Ó

Duibhir & Cummins, 2012: 28) a bheadh feiliúnach do chur i bhfeidhm pholasaí luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht:

> This requires a flexible approach to curriculum which does not exist at present where English, Gaeilge and modern languages are compartmentalised and little emphasis is placed on encouraging children to transfer skills acquired in one language to the other languages (Ó Duibhir & Cummins, 2014: 10)

Sa churaclam comhtháite teangacha chuirfí béim ar thraschur agus ar chomhtháthú scileanna sa sprioctheanga, trasna an churaclaim agus trasna na dteangacha (2012: 11). Bheadh an curaclam bunaithe ar choincheap leasaithe den Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha agus den Phunann Teanga na hEorpa ó pheirspictíocht an fhoghlaimeora seachas an comhthéacs foghlama agus leanfaí curaclam T1 amháin as Gaeilge nó as Béarla ag braith ar chomhthéacs na scoile (Ó Duibhir agus Cummins, 2012: 93). Maidir le scoileanna atá lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir C agus atá ag feidhmiú trí Bhéarla den chuid is mó mar shampla, d'fhéadfadh trí rogha a ghlacadh dá mba rud é go raibh pobail na scoileanna sin ag iarraidh go mbeadh níos mó d'ábhar an churaclaim múinte trí Ghaeilge (Harris agus Ó Duibhir, 2011): (a) Cláir Foghlama Comhtháite Ábhar agus Teangacha ina mbeadh ábhair nó gnéithe d'ábhair múinte trí Ghaeilge go neamhfhoirmiúil, (b) clár 'croíchlár breisithe' ina mbeadh ábhar nó dhó múinte go foirmiúil trí Ghaeilge nó (c) cláir idirmheánacha tumoideachais a bheith níos réadúla ná cláir luath-thumoideachais iomláin, ina mbeadh suas le 50% den am teagaisc curtha ar fáil trí Ghaeilge (Harris agus Ó Duibhir, 2011: 78). Bhainfeadh na moltaí seo go príomha le scoileanna ina mbeadh líon níos mó páistí ag teacht ar scoil gan Ghaeilge nó le fíorbheagán Gaeilge. Maidir le forbairtí i gcuir chuige agus modheolaíochtaí don mhúinteoir teanga is léir go bhfuil tábhacht ag baint le treoir roinne, polasaithe agus le curaclam aontaithe chun creatlach foghlama a sholáthair, a fhreastalaíonn ar chumais agus ar chúlraí éagsúla na bhfoghlaimeoirí in iliomad suímh oideachais. Ní fhreastalaíonn an curaclam bunscoile mar atá ar riachtanais dhaltaí T1 sa Ghaeltacht agus moltar an curaclam comhtháite d'fhonn an dúshlán sin a shárú.

3.6.3 Creathchuraclam na luath-óige, *Aistear*.

Creatchuraclam is ea Aistear do pháistí ó bhreith go sé bliana d'aois in Éirinn ina bhfuil cur síos déanta ann ar chineálacha foghlama atá tábhachtach sna blianta luatha sin. Cé nach bhfuil aidhmeanna Aistear á gcur i bhfeidhm ar bhonn éigeantach go fóill in Éirinn tá sé in úsáid i roinnt ranganna naíonán sa tír agus tá dlúthbhaint aige le bunphrionsabail Churaclam Bhunscoile (1999). Feidhmíonn *Aistear* mar threoir do chleachtóirí chun cláir phraiticiúla foghlama a dhearadh do leanaí agus leagtar amach ann cuir chuige i dtaca le tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim an naíonáin, faoi cheithre théama tábhachtacha sa luath-fhoghlaim, Folláine agus Leas, Féiniúlacht agus Muintearas, Cumarsáid agus Taiscéalaíocht agus Smaointeoireacht (Aistear, 2009). Tuigtear sa chreatchuraclam seo gur cheart béim a leagan ar fhoghlaim agus fhorbairt an pháiste a chur chun cinn trí chomhpháirtíochtaí a fhorbairt idir thuismitheoirí agus chleachtóirí; idirghníomhaíochtaí a úsáid sa bhfoghlaim; úsáid a bhaint as súgradh agus tábhacht an mheasúnaithe sa phróiseas foghlama (Aistear, 2009). Maítear go bhfoghlaimíonn páistí trí chaidrimh ina léirítear grá, muinín agus meas, agus trí mheán an phlé, na taiscéalaíochta agus an tsúgartha. Maidir le sealbhú teangacha foghlaimíonn daltaí faoi mbealach a oibríonn siad agus cén uair is fearr iad a úsáid. Foghlaimíonn siad mar gheall ar mhachnaimh a dhéanamh agus faoin mbealach is fearr agus is éifeachtaí le hidirghníomhú le daoine eile agus leis an saol ina dtimpeall. Cuirtear ar chumas an dalta a bheith cruthaitheach, eachtrúil, teoiricí feidhmiúla a fhorbairt faoin domhan, agus cinntí a dhéanamh ina leith féin mar fhoghlaimeoirí. Shamhlófaí go dtacódh an creatchuraclam go mór le cur i bhfeidhm éifeachtach an tumoideachais sa Ghaeltacht ach ní fios an mbaintear mórán úsáide as faoi láthair.

3.6.4 Teoiricí maidir le Sealbhú Teangacha

3.6.4.1 OCAT[11] agus SBCI[12]

Teoiric thábhachtach sa luathoideachas dátheangach is ea an difríocht idir an Oilteacht Chognaíoch Acadúil Teanga (OCAT) agus prionsabal na Scileanna Bunúsacha Cumarsáide Idirphearsanta (SBCI) (Cummins, 1984). Maíonn Cummins go bhfuil an OCAT seo bunaithe ar bhunoilteacht chomónta agus go gcuireann taithí ar cheachtar den dá theanga ina leithéid de shuíomh, le forbairt an chumais seo sa dá theanga. Tagann an SCBI ar dtús agus is é seo an bunús don OCAT. Baineann SBIC le scileanna cumarsáide agus cumas comhráite i gcomhthéacsanna laethúla idirphearsanta. Braitheann sé ar scileanna fóineolaíochta, sintéise agus léacsach. Déantar sealbhú ar na scileanna SBIC idir 1-2 bliana (Cummins, 2000) i gcomhthéacsanna neamhéilitheacha ina dtacaíonn an comhthéacs leis an gcumarsáide go hiondúil (May, Hill & Tiakiwai, 2004). Baineann an OCAT leis an gcumarsáid a dhéanann páistí i gcomhthéacsanna níos acadúla sa chóras oideachais ina gcaithfidh páistí gnéithe den teanga a úsáid i gcumarsáid neamhphearsanta (May et al., 2004). Braitheann an chumarsáid seo ar scileanna ardoird lena n-áirítear anailís, sintéis agus measúnú a dhéanamh ar theanga. Sna comhthéacsanna seo laghdaítear tionchar an chomhthéacs ar an gcumarsáid agus d'fhéadfadh sé idir cúig agus seacht mbliana a thógáil chun an tairseach acadúil seo a bhaint amach (Cummins 1996; Klesmer 1994). Eascraíonn dúshláin acadúla agus míchothromíochtaí cumhachta sa seomra ranga nuair nach ndéantar idirdhealú idir an dá chineál teanga seo (Cummins, 2004).

3.6.4.2 Contanaim na Délitearthachta.

Forbairt úrnua ab ea contanaim na délitearthachta[13] (Hornberger, 1989 & 2003) a sholáthar creatlach teoiriciúil don phlé ar shaincheisteanna an dátheangachais agus na litearthachta. Is féidir

---

11 Oilteacht Chognaíoch Acadúil Teanga (*CALP: Common Academic Language Proficiency)*
12 Scileanna Bunúsacha Cumarsáide Idirphearsanta *(BICS: Basic Interpersonal Communication Skills)*
13 Continua of Biliteracy

eachtraí litearthachta a lonnú ar chontanam nó speictream an chreatlaigh seo, mar uirlis choincheapaithe agus anailíse agus mar ghníomhaire athraithe san oideachas dátheangach.

> The continua model of biliteracy offers a framework in which to situate research, teaching and langaue planning in linguistically diverse settings (Hornberger, 2004: 155)

Tá leathnú agus scagadh déanta ar an gcreatlach le blianta anuas chun freastal a dhéanamh ar thorthaí taighde agus peirspeictíochtaí éagsúla lena n-áirítear: contanam an oideachais dhátheangaigh (García, 2011) agus an contanam tumoideachais i gcomhthéacs na Gaelscolaíochta in Éirinn (Ó hAiniféin, 2008). Bunaithe ar chontanam na délitearthachta molaim anseo go ndéanfaí animiú, anailís agus rangú ar mhúnlaí luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht ag baint úsáide as contanam an luath-oideachais dhátheangaigh Ghaeltachta. Déanfar é seo ar mhaithe le dea-chleachtais bhainistíochta agus oideolaíocta san oideachas Gaeltachta a aithint sna múnlaí reatha, feiliúnacht an mhúnla a mheas agus cuir chuige nua a mholadh. Tá sé fíorthábhachtach a aithint, áfach, an comhthéacs eisceachtúil sochtheangeolaíochta a bhaineann le staid leochailleach na Gaeilge sa Ghaeltacht agus na himpleachtaí a eascraíonn as an staid seo don soláthar oideachais a chuirtear ar fáil inti. Cé gur moladh an contanam mar uirils anailísithe do chláir oideachais dhátheangaigh, do mhórtheangacha (An Spáinis agus an Béarla sa chlár céanna mar shampla), molaim anseo go bhfeileann sé mar chreat choincheapúil don anailís ar an oideachas mionteanga Gaeltachta chomh maith. Tugann sé deis dúinn múnlaí éagsúla oideachais mhionteanga a rangú bunaithe ar thréithe oideolaíochta agus chritéir nirt.

3.6.5 Achoimre ar chur i bhfeidhm pholasaí luath-oideachais dhátheangaigh.

Deineadh mionchíoradh ar ghnéithe de chur i bhfeidhm pholasaithe oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna na Gaeltachta sa chuid seo. Deineadh cur síor ar Churaclam na Bunscoile (1999) agus Aistear (2007) atá i bhfeidhm faoi láthair, chomh maith leis an gCuraclam Chomtháite Teanga (2012) atá beartaithe don todhchaí. Léiríodh mí-fheiliúnacht an churaclaim bhunscoile don chainteoir dúchais sa Ghaeltacht, mar go leagtar béim iomarcach ar mhúineadh na

Gaeilge mar dhara teanga (Ó Duibhir, 2012). Deineadh cur síos ina dhiaidh sin ar theoiricí éagsúla mhúineadh teangacha, oilteacht chognaíoch acadúil teanga, scileanna bunúsacha cumarsáide idirphearsanta (Cummins, 1984) agus an cur chuige cumarsáideach san áireamh. Cuireadh contanam an oideachais dhátheangaigh Ghaeltachta i láthair an léitheora ar deireadh ar fad, a bunaíodh go príomha ar shaothair Hornberger (1989) agus García (2011). Beidh an uirlis seo úsáideach agus mé ag iarraidh cláir éagsúla oideachais dhátheangaigh a mheas agus a anailísiú le linn na gcás-staidéar ar ball. Breathnófar anois ar ról an mhúinteora san oideachas dátheangach.

3.7 Gnéithe Oideolaíochta de chur i bhFeidhm Pholasaithe Oideachais Dhátheangaigh.

3.7.1 Réamhrá.

Tá ról an mhúinteora mar eiseamláir teanga aitheanta go forleathan agus é maíte gur cheart don mhúinteoir an sprioctheanga a labhairt gan iompú ar theanga na bpáistí le rudaí a mhíniú (Rialtas Alban, 2011). Téann údaráis oidhreachta éagsúla níos faide ná sin agus iad ag maíomh gur cheart don mhúinteoir a bheith ina eiseamláirí poiblí agus iad ag maireachtáil tríd an teanga dhúchais lena dteaghlaigh féin, go mbeidh siad eolach faoi stair agus oidhreacht an chultúir ina bhfuil siad ag teagasc agus go mbeidh tuiscint acu ar an tumoideachas agus an t-oideachas tríd an teanga dhúchais (Skerret & Gunn, 2011: 79). Tuairiscítear ar ndóigh go mbraitheann rath na gclár oidhreachta ar an tuiscint atá ag múinteoirí ar dhaltaí, ar phobal agus ar oidhreacht an cheantair ina bhfuil an clár bunaithe (Paciotto, 2009: 470). Braitear go bhféadfadh tionchar nach beag a bheith ag idé-eolaíochtaí teanga an mhúinteora ar chur chun cinn na mionteanga i gcláir thumoideachais. Má tá múinteoir den tuairim go bhfuil cumas i scríobh agus i léamh na mórtheanga níos tábhachtaí ná na scileanna céanna sa mhionteanga beidh tionchar diúltach ag an tuairim sin ar chur i bhfeidhm chlár oideachais tríd an teanga dhúchais (Amissah et al., 2001; Bamgbose, 1991; Bloch, 2002; Brock-Utne, 2001; 2005; Heugh, 2000; Wolff, 2005; agus Woolman, 2001). Ní rud éasca é meon agus cur chuige mhúinteoirí a athrú ach caithfear de shíor a bheith ag chur in iúl do mhúinteoirí agus don phobal oideachais uile na buntáistí a bhaineann leis an litearthacht sa mháthairtheanga

agus a bheith ag aibhsiú na gcásanna dearfacha a tharlaíonn sna córais tumoideachais (Bloch 2007; Edwards 2009) mar go mbíonn athraithe mall ag teacht sa réimse seo 'real change comes very slowly in the area of second- and foreign-language teaching' (Harris, 1999: 5). Baineann na tuairimí seo maidir le forbairt litearthachta ó pheirspictíocht stairiúil, soch-chultúrtha agus taispeántar go gcaithfear próisis foghlama atá níos páiste lárnaí a chur chun cinn.

3.7.2 Cuir chuige oideolaíochta san oideachas dátheangach.

Aithnítear thíos gur cheart go leor deiseanna cumarsáide ar fáil do pháistí ar mhaithe lena dteanga dhúchais a shaibhriú agus neartú. Sa phróiseas seo caithfear deiseanna foghlama atá coincréiteach agus fréamhaithe i dtaithí réalaíoch an pháiste a chur ar fáil. Ba cheart do dhaltaí ceisteanna a chur agus coincheapa, straitéisí agus modhanna a chur le chéile thar tréimhse fhoghlama (Fostnot, 1996). Ba cheart go mbeadh an t-ábhar taitneamhach, spreagthach agus ábhartha chomh maith (Baker, 2001: 324-5). Bainistíonn an múinteoir an próiseas foghlama sa seomra ranga agus tionchar mar sin ag a stíl oideolaíochta ar chur i bhfeidhm an churaclaim. Léirítear go bhfuil gaol idir an easpa cruinnis a fhaightear le daltaí tumoideachais agus an stíl teagaisc atá ag múinteoir an chórais tumoideachais (Cummins, 1998). Dar leis bíonn mórán den chumarsáid i ranganna tumoideachais 'múinteoir lárnach' agus nach mbíonn dóthain deiseanna ag daltaí an sprioctheanga a labhairt nó a scríobh le linn imeachtaí cruthaitheacha nó gníomhaíochtaí fadhb-bhunaithe. Is éard atá i gceist le stíl ná "an individual quality, form, activity or behavior sustained over time" (Rayner & Riding, 1997). Bíonn tionchair éagsúla ar stíleanna múinteoirí agus d'fhéadfadh taithí oideachasúil, leibhéal proifisiúnta, díograis an mhúinteora, aois, inscne, ábhar (Evans, 2004), cúlra sóch-chultúrtha, meon (Finn, 1999) chomh maith le haois na bpáistí a bheith mar chuid d'fhoirmiú stíle. Tá fíorbheagán taighde déanta go dtí seo ar fhéinmhachnamh múinteoirí i leith a gcleachtas san oideachas dátheangach (Lemberger 1997; Conteh 2007; Amara et al. 2009; De Palma 2010; Schwartz, Mor-Sommerfeld& Leikin 2010) ach bíonn dúshláin i gceist le múnlaí dátheangacha a chur i bhfeidhm sa seomra ranga.

3.7.3 An bhéim inmhianaithe sa Ghaeltacht.

Maidir le comhthéacs na Gaeilge sa Ghaeltacht tá sé maíte ag Coady agus Ó Laoire (2002) go gcaithfidh múinteoirí a gcuid straitéisí teagaisc a athrú le bheith cinnte go bhfuil siad ag freastal ar ghánna na ndaltaí arb í an Ghaeilge a dteanga dhúchais agus iad siúd atá i mbun na teanga a fhoghlaim. Tá an pointe seo tábhachtach i gcomhthéacs an taighde reatha ina bhfeictear meascán foghlaimeoirí ag teacht chuig scoileanna na Gaeltachta le chéile. Baineann an argóint chéanna maidir le haois na ndaltaí agus iad á dtumadh sa Ghaeilge go háirithe maidir le páistí nár tumadh go dtí pointe níos déanaí ina saolta (Ó Muircheartaigh & Hickey, 2008: 11:5, 561). Ba cheart teagmháil, comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach le pobal uilig na scoile faoi pholasaithe Gaeilge agus faoina ról i gcaomhnú na Gaeltachta, obair ghrúpa rialta a dhéanamh le leanaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga agus aird a dhíriú i gcónaí ar chruinneas agus ar shaibhreas Ghaeilge na ndaltaí (Nic Cionnaith, 2010: 49-51). Moltar chomh maith gur cheart imeachtaí rialta ar nós drámaíochta nó scéalaíochta a reáchtáil chun béim a leagan ar úsáid na teanga, polasaí soiléir tumoideachais ó thaobh na litearthachta de a chur i bhfeidhm agus feachtas chun labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí (2010: 43).

Straitéis amháin atá ag teacht chun cinn chun déileáil leis an meascán teanga ná páistí ó chúlraí éagsúla teangeolaíochta a scarúint óna chéile. Tá an straitéis seo i bhfeidhm i roinnt naíonraí sa Ghaeltacht agus in ainneoin gur chruthaigh sé rúinne conspóide ar dtús páistí a scarúint óna chéile ar chúiseanna teangeolaíochta, glactar leis anois. Tá úsáid na Gaeilge i measc na gcainteoirí T1 méadaithe agus tá caighdeán an ionchuir teanga níos airde (Hickey, 2001). Moltar sa chomhthéacs seo go bhfhéadfaí na páistí T1 a ghrúpáil le chéile do ghníomhaíochtaí éagsúla mar chuid den lá scoile, chun deis níos saibhre chumarsáide a thabhairt dóibh (Baker agus Jones, 1998). Molann Potowski (2004: 95) gur cheart an cur chuige seo a chur i bhfeidhm le páistí ó chúlra na teanga dúchais agus é ag maíomh gur ghné thábhachtach den obair seo is ea an obair ghrúpa. Aithnítear anois gurb iad an líon réasúnta beag de dhaltaí na Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar

theanga teaghlaigh acu an dream is leochailí agus is tábhachtaí agus gur cheart cearta teanga na ngasúr seo a chur chun tosaigh ar chearta na bhfoghlaimeoirí (Ó Duibhir et al., 2015)

3.7.4 Creatlaigh anailíse do stíleanna éagsúla oideolaíochta.

Tá iarrachtaí déanta ag roinnt taighdeoirí catagóiriú a dhéanamh ar na stíleanna oideolaíochta a chleachtar i seomraí ranga. Maíonn Entwistle (1998) mar shampla go bhfuil trí stíl oideolaíochta ann; an stíl fhoirmiúil, an stíl neamhfhoirmiúil agus an stíl mheasctha ina ndéantar an stíl fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil a mheascadh le chéile. Tá an catagóiriú seo doiléir agus ró-leathan do scóip an taighde seo braithim. D'fhéadfaí stíleanna oideolaíocht a rangú i dtrí chatagóir eile (Cingell & Winch, 2008: 152-153). Dar leo bíonn forchéimnithe[14] , traidisiúnaithe[15] agus iompraithe[16] ann. Baineann forchéimnithe úsáid as éascú agus ceistiú[17], cloíonn múinteoirí traidisiúnta le traenáil agus treorú i gcur chuige díreach agus díríonn iompraithe ar riochtú[18].

Maidir le teagasc teangacha luann Marton (1988) straitéisí oideolaíochta seachas stíleanna oideolaíochta á maíomh go bhfuil ceithre cinn ann. Tá an straitéis ghabhálach ina mbítí ag braith ar an éisteacht, an straitéis chumarsáideach ina bhfoghlaimíonn daltaí trí iarrachtaí a dhéanamh an chumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga, an straitéis atógálach ina nglacann an dalta páirt i ngníomhaíochtaí atógála bunaithe ar théacsanna agus tá an straitéis eicléictiúil ina bhfuil meascán den trí stíl thuasluaite in úsáid le chéile. Nuair a bhristear síos an stíl oideolaíochta go dtí mion-leibhéal faightear na gníomhaíochtaí aonaracha nó teicnící a dhéanann múinteoirí agus iad i mbun teagaisc (Clark, 1984). Bailiúcháin de úsáid na dteicnící éagsúla seo is ea stíl oideolaíochta (Cook, 2008: 235). Cuireann Cook (2008) teoiric chun cinn ina bhfuil cúig stíl oideolaíochta maidir le teagasc teangacha ann. Níl i gcatagóiriú na stíleanna seo ach bealach chun teagasc teangacha a phlé

[14] progressivists
[15] traditionalists
[16] behaviourists
[17] facilitation and erotetics
[18] conditioning

agus cur síos áirithe a dhéanamh ar chur chuigí, teicnicí, agus modhanna múinte atá mar chuid de stíl oideolaíochta a fhaightear i seomraí ranga ina bhfuil foghlaim teanga ar siúl. Dar léi is iad seo na stíleanna oideolaíochta atá ann maidir le teagasc teangacha:

1. The academic teaching style common in academic classrooms.
2. The audio-lingual style that emphasises structured oral practice.
3. The communicative style that aims at interaction between people both inside and outside the classroom.
4. The task-based learning style that gets students doing tasks.
5. The mainstream EFL style which combines aspects of the others.

(Cook, 2008: 236-272)

Stíl thraidisiúnta atá sa stíl acadúil ina bhfuil béim ar théacsanna, ar ghramadach agus ar an aistriúcháin mar mhodhanna foghlama. Sa stíl chloslabhartha leagtar béim ar labhairt na teanga trí dhialóga agus trí dhruileanna teanga, cleachtar struchtúr na teanga agus cuirtear malartú foclóra i bhfeidhm sna habairtí a chleachtar. Áirítear athrú béime sa stíl chumarsáideach ina gcuirtear ar chumas na ndaltaí an sprioctheanga a úsáid ar bhealach feiliúnach seachas a bheith gafa le hardchaighdeán gramadaí. Sa stíl tasc-bhunaithe tugtar dúshlán do dhaltaí, tasc nó gníomh teanga a chomhlíonadh ag baint úsáide as an sprioctheanga. Meascán atá sa stíl phríomhshrutha den stíl acadúil agus stíl chloslabhartha. Arís eile beidh catagóiriú na stíleanna oideolaíochta thuas an-úsáideach agus mé i mbun anailíse ar chuir chuige na múinteoirí naíonáin sna cás-staidéir.

3.7.5 Achoimre ar chuir chuige oideolaíochta san oideachas dátheangach.

Sa chuid seo leag mé amach na tosaíochta, béimeanna, stíleanna agus cuir chuigí atá de dhíth don mhúinteoir naíonáin i gcaomhthéacs an oideachais oidhreachta. Léiríodh tábhacht an mhúinteora sa phróiséas sealbhaithe teanga agus an ról lárnach atá aige maidir le deiseanna foghlama a chur ar fáil do dhaltaí atá cumarsáideach, coincréideach, taitneamhach, spreagthach agus páiste lárnach. Dhírigh mé ina dhiaidh sin, ar chomhthéacs na Gaeltachta agus an tábhacht atá san idirdhealú foghlama ina ndéantar idirghabhála ar son an chainteora dhúchais sa seomra ranga Gaeltachta. Is gá don mhúinteoir deiseanna a chothú do dhaltaí T1 páirt a ghlacadh in obair ghrúpa rialta, imeachtaí cultúrtha, grúpáil fhoghlama (straitéis idirdhealaithe) agus go mbeidh ionchur ó

thuismitheoirí sa phróiséas. Bainfí úsáid as stíleanna oideolaíochta Cook (2008) d'fhonn anailís a dhéanamh ar mhodheolaíochta teagaisc sna cás-staidéar.

3.8 Ról Tuismitheoirí i gCur i bhFeidhm Pholasaithe Oideachais Dhátheangaigh

Aithnítear tábhacht na dtuismitheoirí in oideachas a bpáistí sa Churaclam Bunscoile (1999) "Bunoideachasóirí an pháiste is ea a t(h)uismitheoirí, agus is é saol an bhaile an toisc is mó a oibríonn tionchar ar a f(h)orás i rith bhlianta na bunscolaíochta" (1999: 21). Ina theannta sin maítear ról lárnach na dtuismitheoirí i seachadadh teangacha go dtí an chéad ghlúin eile (Commins, 1988) agus sa chomhthéacs sin baineann féidearthachtaí móra le cláir luath-thumoideachais maidir le húsáid teanga idir ghlúine a threisiú sa chlann agus sa phobal (Peter, 2007). Ní hamháin go bhfuil ionchur tuismitheoirí tábhachtach i bhfoghlaim páistí ach tá sé maíte go mbraitheann rath na gclár tumoideachais go hiomlán ar thacaíocht thuismitheoirí (Tedick, Christian & Fortune, 2011: 273) agus i gcomhthéacs beartas oideachais Ghaeltachta, aithnítear an tábhacht a bhaineann le meon agus idé-eolaíochtaí teanga ar phátrúin iompar teanga agus tá siad "critical for the success of heritage language programs, and ultimately, language revitalization efforts" (King, 1999: 3). Tá sé tábhachtach go bhfoghlaimíonn tuismitheoirí an sprioctheanga iad féin agus go ndéanann siad iarracht í a úsáid sa bhaile agus sa phobal ionas nach mbreathnóidh na páistí ar an teanga mar ábhar scoile amháin (Tedick et al., 2011). Pléann Fishman (1991) an tábhacht a bhaineann le dearcthaí teanga an phobail uilig "threatened languages are frequently surrounded not so much by hostile outsiders (Ymen, we have called them before) as by unsympathetic insiders (Xmen-without-Xish or Xmen-via-Yish)" (1991: 83). Eascraíonn úsáid na mórtheanga, atá pléite i gCaibidil 1 agus 2 den tráchtas seo, as meon áirithe i leith na dteangacha sin. Fadhbanna polaitíochta seachas fadhbanna teangeolaíochta atá taobh thiar de na deacrachtaí a bhaineann le cláir oideachais dátheangaigh go minic (Skutnabb-Kangas, 1995) agus taispeánann Te Paepae Motuhake (2011) go bhfuil cúiseanna stairiúla agus síceolaíochta don drochmheas a léirítear i leith mionteanga. Déanann sé anailís ar mheon an phobail i leith Māori ó pheirspictíocht iarchoilíneach:

> It is difficult to break the shackles of colonisation, with the intergenerational assimilative propaganda machine feeding parents through schools and the media that Māori language has no value (Skerret & Gunn 2011: 69)

Cé nach luíonn an dearcadh frith-chiníoch, frith-chóilíniú seo ró-éasca le coincheap na Gaeltachta comhaimseartha, molann na húdair gur cheart do thuismitheoirí a bheith páirteach in oideachas a bpáistí agus a bheith ag súil le go leor cumarsáide ó mhúinteoirí na scoileanna tumoideachais maidir le ról lárnach a ghlacadh in oideachas a bpáistí (2011: 102-103). Moladh do thuismitheoirí chomh maith:

- Obair scoile a phlé le páistí
- Éisteacht le tuairimí páistí i leith foghlaim teangacha.
- Tacaíocht a thabhairt don mhionteanga
- Páirt lárnach a ghlacadh sa phróiseas iontrála agus i bhforbairt pholasaithe
- Ceisteanna a chur aon uair go raibh éiginnteacht ann maidir le cuspóirí nó torthaí an tumoideachais. (Skerret & Gunn 2011: 102-103)

Nuair a cuireadh tús le feachtas oideachais in Haváí maidir le polasaithe tumoideachais tríd an an teanga dhúchais a chur i bhfeidhm, áiríodh buairt i measc tuismitheoirí le mionteanga a úsáid mar mheán teagaisc agus cumarsáide. Rinne Kame'eleihiwa (1992) tuismitheoir agus staraí ó Haváí agus duine a bhí gníomhach i mbunú scoil tumoideachais, iarracht na tuismitheoirí seo a chur ar a gcompoird maidir le haidhmeanna an chláir sa ráiteas:

> I dismiss the idea that the program seeks to completely replace the use of English with Hawaiian, thereby educating children who will be unable to function effectively in an English-speaking world … the parents want their children to be fluent in both Hawaiian and English and have high expectations (such as completing a university education) for their future success in an English-speaking world (Johnson & Swain 1992: 111-112)

Tá bunús idé-eolaíoch agus oideolaíoch leis an oideachas oidhreachta. Is gné amháin de chearta teanga é an t-oideachas oidhreachta atá fréamhaithe i gcearta daonna agus atá ina chosaint ón leithcheal teanga. Maidir le tionchar na ndearcthaí agus na nidé-eolaíochtaí ar iompar teanga na dtuismitheoirí Gaeltachta is léir go bhfuil siad ag roghnú an Bhéarla mar mheán cumarsáide go minic (Ó Giollagáin et al., 2007) ach sonraítear éagsúlacht tuairimí maidir leis an teanga tríd a sholáthraítear bunscolaíocht na Gaeltachta. Ceapann 60% de thuismitheoirí Ghaeltacht Mhúscraí (Catagóirí A,B agus C san áireamh) gur cheart go mbeadh an soláthar sin go h-iomlán trí Ghaeilge

(Ó hIfearnáin, 2007). Ardaíonn an céatadán go dtí 70.4% i measc múinteoirí an tsampla ach é chomh íseal le 33.3% i measc feirmeoirí. Is cosúil go bhfeiceann múinteoirí buntáistí an oideachais trí Ghaeilge ach go bhfeiceann feirmeoirí buntáistí an oideachais Bhéarla. É sin maíte níor chuir oiread agus tuismitheoir amháin in iúl, i bhfócasghrúpa faoin oideachas Gaeltachta, gur roghnaigh siad scoil dá bpáistí bunaithe ar chúinsí teanga (Ní Shéaghdha, 2008: 50). Léiríodh éagsúlacht tuisceana i leith an tumoideachais sa staidéar sin chomh maith, le beirt ag rá gur cheart díriú isteach ar an nGaeilge ar dtús ar scoil, duine amháin den tuairim nár cheart ach an Ghaeilge a mhúineadh do pháistí sa chéad bhliain scoile agus tuismitheoir eile a roinn eolais atá aici faoin ábhar "taighde is nua atá ann a deir gur cheart go mbeadh léitheoireacht chumasach ag gasúir i dteanga amháin ar dtús, sula dtosóidh siad ar an dara teanga" (2008: 54) agus tuairim ina measc gurb é an tumoideachas a bhí mar pholasaí scoile ach nach é an tumoideachas a bhí á chur i bhfeidhm i ndáiríre sna scoileanna (Nic Cionnaith, 2008: 62).

Má tá rath le bheith ar chláir luath-thumoideachais iomláin agus cláir oideachais tríd an teanga dhúchais sa Ghaeltacht caithfear mianta na rannpháirtithe ar fad a thógáil san áireamh agus caithfear curaclam agus creatlach fhoghlama a fhreastalaíonn ar riachtanais chuile pháiste, cainteoirí dúchais agus foghlaimeoirí san áireamh, a chur i bhfeidhm. Tá sé mar phríomhaidhm ag cláir teanga oidhreachta do ndéanfaidh daltaí dul chun cinn tríd an gcóras oideachais gan a bheith faoi mhíbhuntáiste teangeolaíochta ar bith (Baker & Jones, 1998) . Tá sé mar aidhm aige chomh maith go ngnóthaítear caighdeán ard oideachais, go ndéantar forbairt dhearfach ar a ndearchthaí i leith a n-oidhreachta agus a gcultúir dúchais féin agus go mbaintear dátheangachas, délitearthacht agus déchultúrthacht amach (Baker agus Jones, 1998: 508). Braitheann rath na bpolasaithe seo ar bhainistíocht agus ar mhúinteoireacht éifeachtach sa suíomh oideachais ach is gá go mbeidh an Ghaeilge in úsáid sa phobal, go mbeidh stádas uirthi i measc mhuintir an phobail sin agus tacaíocht á léiriú acu dá cur chun cinn sa phobal (Ó Duibhir et al. 2015).

3.9 Tátal

Déanadh scagadh sa léirbhreithniú litríochta seo ar réimse leathan d'ábhair a bhaineann leis an oideachas dátheangach i gcomhthéacsanna éagsúla go hidirnáisiúnta. Bhreathnaigh mé ar na cuir chuige atá i bhfeidhm i limistéir éagsúla go hidirnáisiúnta atá inchurtha leis an nGaeltacht, chomh fada agus ab fhéidir liom: An Bhreatain Bheag, Albain, Stáit Aontaithe Mheirceá agus Ceanada san áireamh. Rinne mé mionchur síos ar mhúnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh: múnlaí tumoideachais, saibhriúcháin, cothabhála, idirthréimhseacha, tumoideachais dhéthreoigh chomh maith leis an fhoghlaim chomhtháithe teanga agus ábhar. Breathnaigh mé sa chuid dheireanach den chaibidil ar ghnéithe tábhachtacha de dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh na múnlaí sin ó pheirspeictíochtaí na bpáirtithe leasmhara (múinteoirí, príomhoidí agus tuismitheoirí). Deineadh iarracht speisialta breathnú ar theoiricí maidir le foghlaim, múineadh agus sealbhú teangacha trí shúile na ndaltaí éagsúla (T1 agus T2) atá i mbun na sealbhaithe, chomh maith leis na hoideachasóirí gairmiúla atá freagrach as na cláir oideachais sin chur i bhfeidhm. Cuireadh teoiricí tábhachtacha maidir le sealbhú teanga i láthair an léitheora, chomh maith le cur síos ar uirlisí anailíse a úsáidfear le linn na gcás-staidéar níos moille. Tugaim cur síos sa chéad chaibidil eile ar na modheolaíochtaí taighde ar baineadh leas astu d'fhonn an taighde seo a thabhairt go ceann scríbe.

Caibidil 4: Modheolaíochtaí

4.1 Réamhrá

Déanaim cur síos sa chaibidil seo ar na modheolaíochtaí taighde ar bhain mé úsáid astu chun na ceisteanna taighde thíos a fhreagairt. D'eascair na ceisteanna taighde as an léirbhreithniú litríochta, as réamh-agallaimh neamhstruchtúrtha ar shaineolaithe oideachais i réimse an oideachais Ghaeltachta agus as mo chuid spéiseanna agus taithí féin mar oideachasóir. Déantar cur síos ar phróiseas na modheolaíochta lena n-áirítear an chreatlach teoiriciúil a roghnaíodh, na rannpháirtithe, huirlisí taighde, a úsáideadh chomh maith le cur síos ar ghnéithe eitice an taighde. Lonnaítear an taighde i bpairidím phragmatach agus mé ag déanamh iniúchaidh ar dhréachtú, cur i bhfeidhm agus riaradh múnlaí éagsúla luath-oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna Gaeltachta.

4.2 Na Ceisteanna Taighde

Tá sé mar aidhm ag an taighde seo léargas a thabhairt ar chur i bhfeidhm an oideachachais dhátheangaigh i mbunscoileanna Gaeltachta trí iniúchadh ar na ceisteanna seo: Céard iad na cleachtais reatha, bhainistíochta scoile uile, atá i bhfeidhm chun polasaithe oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a stiúradh go laethúil? Céard iad na cleachtais reatha oideolaíochta atá in úsáid i ranganna naíonáin chun na polasaithe oideachais dhátheangaigh seo a chur i bhfeidhm? Cén coincheapú a dhéantar ar an oideachas dátheangach i measc oideachasóirí bhunscoile na Gaeltachta?

D'eascair teideal agus príomhcheisteanna an taighde as glaochanna taighde le blianta beaga anuas, as an scagadh cuimsitheach a deineadh sa léirbhreithniú litríochta agus as réamh-agallaimh neamhstruchtúrtha a cuireadh ar shaineolaithe oideachais i réimse an oideachais Ghaeltachta a ndéanfar cur síos orthu ar ball. Tá taighde páirce mar chuid lárnach den staidéar seo chomh maith, ina bhfuil gá feiminéan an oideachais dhátheangaigh a fhiosrú trí shúile na rannpháirtithe. Déanaim cur síos ar earcú na rannpháirtithe sin ar ball. Nuair a socraíodh mórcheisteanna agus

príomhchuspóirí an taighde, bhí rogha dearaidh ar fáil dom. D'fhéadfaí cloí le modh amháin taighde nó úsáid a bhaint as modhanna ilchodacha[19]. B'éigean dom uirlisí feiliúnacha a aimsiú chun grinnscrúdú a dhéanamh ar an bhfeiminéan idir lámha agus maítear gurb é an straitéis is feiliúnaí do staidéar mar seo, ná úsáid a bhaint as taighde cáilíochtúil, atá ionduchtaitheach, tógalach agus léirmhínitheach (Cohen, Mannion & Morrison, 2011 agus Denscombe, 2003). Déanann Cohen et al. (2011) cur síos ar dhomhan an oideachais mar áit atá "full of contradictions, richness, complexity, connectedness, conjunctions and disjunctions" agus iad ag maíomh mí-fheiliúnacht an chur chuige cainníochtúla don chomhthéacs sin (2011: 219). Chomh maith le nádúr cáilíochtúil an taighde, thuig mé go mbeadh timthriall taighde i bhfeidhm, ina mbeadh tionchar ag torthaí taighde a thainig ó uirlis amháin sa phróiséas bhailiú eolais, ar an gcéad chéim eile sa phróiséas.

4.3 Céimeanna Taighde agus an Taighde Bíseach

Bhí obair Altheide & Johnson (1994) cabhrach agus céimeanna an phróisis taighde a leagan amach. Bíonn 11 chéim maidir le taighde a chur i gcrích go héifeachtach dar leo agus ba cheart oibriú tríd na céimeanna ar fad chun taighde éifeachtach a chur i gcrích:

1. Establishing the focus of the study
2. Identifying the specific objectives of the study
3. Selecting the research method
4. Arranging research access
5. Developing the research instrument
6. Collecting the data
7. Pulling out of the investigative phase
8. Ordering the data
9. Analysing the data
10. Writing up
11. Enabling dissemination.

(Altheide & Johnson, 1994: 172)

Tá luach áirithe ag baint leis céimeanna mar seo ach ach ba léir go raibh sé ró-mheicniúil agus nach bhfeilfeadh an próiseas líneach i gcomhthéacs an staidéir seo. Réiteach amháin ar seo is ea an

19 Multiple methods

“research spiral[20]’ ina nglactar leis go mbíonn tionchar ag modh taighde amháin ar mhodh eile. (Baxter et al., 1999: 7). Dar leo “a number of cycles, the effects of each one impacting upon the way in which successive cycles are approached” (1999: 10). Ba ghné shuntasach den staidéar seo ab ea an timthriall taighde, mar go raibh tionchar ag céim amháin sa phróiséas bhailiú eolais ar an gcéad chéim eile sa phróiséas céanna. Déanadh agallaimh neamh-struchtúrtha ag tús an staidéir seo a chur le dearadh na gcás-staidéarBaineadh úsáid as an eolas a nochtaíodh iontu chun leagan amach na gcás-staidéar agus sceideal na n-agallamh leath-struchtúrtha a dhearadh mar chuid den taighde cáilíochtúil ina dhiaidh sin.

4.4 An Chreatlach Teoiriciúil

4.4.1 Réamhrá.

Rogha traidisiúnta a bhí le déanamh ag taighdeoirí ná an mbainfí úsáid as modhanna cainníochtúla nó cáilíochtúla chun taighde a chur i gcrích agus ba ghnách úsáid a bhaint as cur chuige amháin agus an cur chuige sin a chosaint. Ar an taobh cainníochtúil den speictream seo lonnaítear an posaitíbheachas ina leagtar béim ar ‘tough-minded orientation to facts and natural phenomena’ (Beck, 1979). agus tá baint ag cur chuige mar seo, le sonraí, figiúir, táblaí agus graifeanna:

> Positivism here involves a definite view of social scientists as analysts or interpreters of their subject matter. (Cohen et al., 2011: 7)

Maíonn tacadóirí an phosaitíbheachais, gur tríd an staidéar eolaíochta a fhaightear an t-eolas is soiléire, “Positivism claims that science provides us with the clearest possible ideal of knowledge” (Cohen et al., 2011: 7). Baineann buntáistí áirithe le cur chuige mar seo ina mbreathnaítear ar an taighdeoir mar anailíseoir sonraí (Altheide & Johnson, 1984: 22) ach aithnítear nach bhfeileann an posaitíbheachas do thaighde ar iompar an duine:

> Where Positivism is less successful, however, is in its application to the study of human behaviour where the immense complexity of human nature and the elusive and intangible

[20] Timthriall Taighde nó Taighde Bíseach

quality of social phenomena contrast strikingly with the order and regularity of the natural world (Cohen et al., 2011: 7).

Maítear nach bhfuil aon léiriú níos soiléire ar an bhfadhb seo ná i taighde sa seomra ranga, ina mbíonn dúshlán ollmhór ag an taighdeoir ciall a bhaint as an múinteoireacht, as an bhfoghlaim agus as na hidirghníomhaíochtaí pearsa a tharlaíonn sa chomhthéacs oideachais sin (2011: 7). Déann Lincoln & Guba (1985) idirdhealú idir an 'réamhphosaitíbheachas', 'posaitíbheachas' agus 'iar-phosaitíbheachas'. Creideann taighdeoirí iar-phosaitíbheachais go bhfuil an tábla ceannasach ró-mheicniúil agus molann siad cineál taighde eile a úsáid. Déantar iarracht breathnú ar an domhan trí shúile an duine aonair, mar fhrithghníomh i gcoinne an phosaitíbheachais agus tháinig iolrachas modha in uachtar i dtaighde comhaimseartha (Bell, 2014). D'fhás an téarma ó chur chuigí ina n-úsáidfí raon níos leithne d'fhoinsí eolais chun ceisteanna taighde, faoi iompar an chine daonna, a chíoradh ar bhealach níos cuimsithí (Cohen et al, 2011: 195). Tá an t-iolrachas modha seo fréamhaithe i bhfealsúnachtaí éagsúla taighde, an pharaidím thógálach nó phragmatach mar shampla.

4.4.2 An pharaidím phragmatach.

I bpairidím phragmatach is féidir úsáid a bhaint as modhanna measctha chun "to consider multiple viewpoints, perspectives, positions, and standpoints" agus chun torthaí níos cruinne agus conclúidí níos iontaofa a aimsiú (Johnson, Onwuegbuzie & Turner 2007: 113). Tá an pointe seo tábhachtach i gcomhthéacs an taighde reatha mar go raibh mé ag iarraidh iniúchadh a dhéanamh ar na múnlaí éagsúla luath-oideachais dhátheangaigh atá tagtha chun cinn i mbunscoileanna na Gaeltachta ó pheirspeictíochtaí agus seasaimh na n-oideachasóirí atá ag obair sna suímh sin.

I gcur chuige mar seo leagtar béim ar iompar iarbhír, ar chreidimh taobh thiar de na hiompair sin agus ar iarmhairtí na n-iompar céanna (Morgan, 2007: 67). Baineann saoirse áirithe leis an bparaidím phragmatach mar go gceadaítear úsáid a bhaint as modhanna cainníochtúla nó cáilíochtúla nó meascán den dá chineál mhodha. Roghnaítear na modhanna is fearr chun an cheist taighde a fhreagairt (Johnson & Onwuegbuzie, 2004: 38). Cuirtear ar chumas an taighdeora sa

pharaidím seo, tabhairt faoi thaighde san oideachas, bunaithe ar a chuid spéiseanna agus luacha féin seachas mar chianbhreathnóir nó mar thaighdeoirí atá srianaithe ag comhthéacsanna sóisialta, staire nó eile. Ligtear don taighdeoir tabhairt faoin obair ghoirt i gcur chuige eicléictiúil, iolraíoch agus é ag tarraingt ar an bposaitíbheachas agus eipistéimeolaíochtaí léirmhínitheacha, ina mbreathnaítear go hoibiachtúil ar an réaltacht mar chonstráid shóisialta (Johnson agus Onwuegbuzie, 2004). Tá an taighdeoir in ann staidéar a dhéanamh ar:

> what interests you and is of value to you, study it in the different ways that you deem appropriate, and utilize the results in ways that can bring about positive consequences within your value system (Tashakkori & Teddlie, 1998: 30)

Eascraíonn eolas níos saibhre as an iniúchadh domhan seo agus cuirtear deiseanna comhthacú agus triantanú ar fáil de dheasca an chuir chuige seo (Johnson et al., 2007: 115). Breathnaítear ar an gcur chuige iolrach nó measctha mar "phobal cleachtais" ann féin anois ar ndóigh (Descombe, 2008) agus creidtear go gcabhraíonn an "triantánú" seo conclúidí níos cruinne a aimsiú mar go ndaingníonn teicnící áirithe na sonraí a aimsítear ó úsáid teicnící eile, 'credibility in naturalistic inquiry can be addressed by triangulation' (Lincoln agus Guba, 1985: 219, 301). Sa chaoi seo réitíonn teicníc sheanbhunaithe an triantánaithe go maith le teoiric an phragmatachais. Méadaítear beachtas agus údarásacht na dtorthaí taighde, mar go gcíortar na ceisteanna taighde ó pheirspeictíochtaí éagsúla le réimse leathan uirlisí (Denscombe 2012: 348). Cé go dtugann an triantánú cuidiú dúinn teacht cóngarach don fhírinne, admhaítear nach féidir linn an fhíor-fhírinne a aimsiú ariamh (Denscombe, 1998).

Ar deireadh beartaíodh ar thaighde cáilíochtúil a úsáid go príomha, i bparaidím phragmatach. Bhraith mé gurb é an uirlis is fearr chun iniúchadh a dhéanamh ar na ceiseanna seo ná trí chás-staidéir fheiminéaneolaíochta.

4.4.3 An Fheiniméaneolaíocht.

Cur chuige feimineolaíochta atá go príomha sna cás-staidéir seo ina ndearna mé iarracht breathnú ar chur i bhfeidhm pholasaithe an luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht ó shúile

na ndaoine sna suímh sin, “the things as directly experienced by people” (Denscombe, 2010: 94). Sa chur chuige taighde seo, ba cheart don taighdeoir a bheith suibiachtúil, tuairisciúil agus léirmhínitheach maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar na braistintí, tuairimí agus mothúcháin a luíonn taobh thiar den iompar a nochtaítear (Denscombe 2010: 94). Tá dlúthbhaint ag staidéar feiminéineolaíochta le:

> phenomena, that is, the things we directly apprehend through our senses as we go about our daily lives, together with a consequent emphasis on qualitative as opposed to quantitative methodology” (Cohen et al., 2011: 17).

Feileann fealsúnacht na feiniméaneolaíochta don staidéar seo mar go mbaintear úsáid as bunús na teoirice d’fhonn iniúchadh a dhéanamh ar thaithí an rannpháirtí ar ghnáth-chúrsaí an tsaoil, seachas mar theoiric mheicniúil fhealsúnach (Denzin & Lincoln, 1994). I bhfealsúnacht léirmhínitheach mar seo leagtar béim níos mó ar thaithí an duine ar an ngníomh agus glactar leis nach mar a chéile an taithí a bheadh ag daoine éagsúla ar an ngíomh céanna (Denzin & Lincoln, 1994). Déantar iarracht breathnú ar ghnímh i bhfeiminéan sóisialta (nó oideachais sa chás seo), trí shúile na ndaoine a dhéanann na gnímh sin, chun na ceisteanna taighde a fhreagairt.

Glactar leis go bhfuil an taighdeoir ag iarraidh léirmhíniú na rannpháirtithe a chur i láthair i bhfráma tagartha eolaíochtúil (Denscombe, 2003) agus gur mian leis an taighdeoir na comhthéacsanna coincheapa, teoirice agus litríocht léinn a sholáthar do na léirmhínithe sin (Bryman, 2012).

Bunchloch eile den staidéar seo, is ea go ndéantar iarracht an domhan a thuiscint ó pheirspeictíochtaí na rannpháirtithe éagsúla agus go gcuirtear síos ar an fheiminéan, trí shúile na rannpháirtithe, i gcur chuige nádúraíoch (Beck, 1979). Luann Cohen et al (2011: 219-220) trí threith agus tríocha a bhaineann leis an bhfiosrú nádúraíoch[21] ach feileann cur síos Lofland (1971) don staidéar seo. Is é sin go mbaintear úsáid as modhanna nádúraíocha chun 3 mhórcheist a fhreagairt:

(a) Céard iad saintréithe an fheiminéin shóisialta?

---

21 Naturalistic inquiry

(b) Céard iad na cúiseanna go bhfuil an fheiminéin shóisialta ann? agus

(c) Céard iad na himpleachtaí a eascraíonn ón bhfeiminéan sóisialta seo? (Lofland (1971) luaite in Cohen et al., 2011: 221). Sa chomhthéacs seo baineann na ceisteanna thuas leis an oideachas datheangach sa Ghaeltacht agus b'iad na ceisteanna a tháinig aníos ná:

(a) Céard iad saintréithe na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá á scrúdú?

(b) Cén fáth an bhfuil na múnlaí sin i bhfeidhm?

(c) Céard iad na himpleachtaí a eascraíonn ó chur i bhfeidhm na múnlaí sin.

4.5 Modheolaíocht an Chás-staidéir

Glacadh an cinneadh cás-staidéir a úsáid chun léargas cuimsitheach, taiscéalaíoch, uathúil a fháil ar na cleachtais oideolaíochta, nósanna bainistíochta scoile agus gnéithe den tsochtheangeolaíocht maidir le dréachtú, cur i bhfeidhm agus riaradh a bpolasaithe luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht. Creidtear uaireanta gur féidir cás-staidéir a úsáid mar "follow up and to put flesh on the bones" (Bell, 1999: 11) ach ceaptar chomh maith go bhféadfadh ról níos lárnaí a bheith ag cás-staidéir agus é maíte ag Simons (1996) go nglactar go forleathan leis an gcás-staidéar mar uirlis éifeachtach taighde. Cuireann sé 'Paradacsa an Chás-staidéir[22] (1996: 225) i láthair agus é ag lua "by studying the uniqueness of the particular, we come to understand the universal" (1996: 231). Lorgaítear tuiscint níos fearr ar mhúnlaí éagsúla an luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht trí bhreathnú a dhéanamh ar shuíomhanna aonaracha (seomra ranga na Naíonán sa Ghaeltacht) taobh istigh den fheiminéan iomlán sin.

Creideann Stake (1978, 2000) go dtugann an cás-staidéar léargas dúinn faoin suíomh 'mar atá' agus go gcumasaíonn sé don taighdeoir mionchuntas saibhir, tuairisciúil a thabhairt faoi ábhar agus rannpháirtithe an staidéir. Cuirtear leis an sainmhíniú sin:

> The essence of a case study...is that it tries to illuminate a decision or set of decisions: why they were taken, how they were implemented, and with what result (Schramm, 1971, luaite in Yin 2009: 19).

[22] Paradox of the Case-study

Maítear go mbaineann dúshlán le sainmhíniú an chás-staidéir (Richards, 2014), ach gné shuntasach de, is ea go mbíonn sé "focused on a single, relatively bounded unit" (Gerring, 2007: 33). Cuireann catagóiriú na gcás-staidéar go mór leis an doiléire seo dar leis agus is mar gheall ar seo go ndéantar iarracht an catagóiriú seo a roinnt i dtrí chuid: Líon, treoshuíomh agus saghas na gcás-staidéar (Richards, 2014). Maidir le líon na gás-staidéar creidtear gur cheart níos mó ná ceann amháin a dhéanamh "The evidence from multiple cases is often considered more compelling, and the overall study is therefore regarded as being more robust (Herriott & Firestone (1983) luaite in Yin, 2009: 53).

Sa phróiséas seo tá tábhacht ar leith ag baint le forbairt teoirice, roghnú cáis agus leagan amach na gcéimeanna éagsúla. Tar éis an eolais a fháil ó chás-staidéar, déanann an taighdeoir cás-staidéar eile chun tras-mhacasamhlú a dhéanamh (Yin 2009: 56),

> Having two cases can begin to blunt criticism and skepticism. Having more than two cases will produce an even stronger effect. In the face of these benefits having at least two cases should be your goal (Yin 2009,61-2).

I saothar Richards (2011), ina dtarraingnítear léargais éagsúla ar chás-staidéir le chéile (Yin, 2009; Merriam, 1988; Bassey, 1999), maítear go bhfuil ceithre chineál chás-staidéar ann: taiscéalaíoch, tuairisciúil, mínitheach agus meastóireach (2011: 212). Baineann feiliúnacht an chás-staidéir don taighde, ar na ceisteanna taighhde atá á gcur (Yin, 2009). Maíonn Yin (2009) "the more your questions seek to explain some present circumstances...the more that the case study will be relevant", agus é máite aige chomh maith, go bhfuil an cás-staidéar feiliúnach mar uirlis taighde nuair a theastaíonn grinnchuntas, fadréimseach ar fheiminéan sóisialta. I bhfianaise na gceisteanna taighde a cuireadh ag tús an staidéir seo, d'airigh mé a fheiliúnacht chun tomhas a dhéanamh ar iompair inathraitheacha, cosúil le húsáid teanga (Kazdin, 1982).

4.6 Roghnú an tSampla

Roghnaigh mé sampla de chúig bhunscoil don taighde seo, chun mion-iniúchadh ar chleachtais an oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltachta a dhéanamh. Bhí tionchar nach beag ag na

ceisteanna taighde, an chreatlach teoiriciúil, an léirbhreithniú litríochta agus dúshlán rochtaine, ar roghnú na mbunscoileanna sin. Tá trí scoil lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A, agus bunaithe ar threoir (Yin, 2009), d'fhéadfadh na cás-staidéir sin seasamh leo féin mar thaighde iontaofa.

Tá an chéad chás-staidéar (CS1: Scoil Áine), lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir B agus an ceann deireannach (CS5: Scoil Éanna) lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir C ina bhfuil an Béarla go mór in uachtar. Cuireadh an dá chás-staidéar seo leis an sampla mar gur bhraith mé go nochtódh siad léargais spéisiúla i gcomhthéacsanna éagsúla sochtheangeolaíochta. Maidir le cúrsaí tíreolaíochta, deineadh cás-staidéar amháin i gCo. Chiarraí agus i gCo. Dhun na nGall agus trí chinn i gCo. na Gaillimhe. Baineann an taighde seo le ranganna na Naíonán i mbunscoileanna na Gaeltachta amháin agus ní le gaelscoileanna nó gnáthbhunscoileanna atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht. Deineadh an staidéar seo i gcomhthéacs na dtorthaí taighde a tháinig ó staidéir éagsúla a foilsíodh le deich mbliana anuas, a thugann léargas dúinn ar an staid leochaileach ina bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus ar an iompú teanga i dtreo an Bhéarla inti (m.sh. Mac Donnacha et al., 2005; Ó Flatharta 2007; Ó Giollagáin et al., 2007; Pétarváry et al., 2014). Roimh an taighde seo baineadh úsáid as meascán de shuirbhéanna móra cainníochtúla (Mac Donnacha et al. , 2005) agus (Ó Giollagáin et al., 2007) mar shampla, agus staidéir bheaga cháilíochtúla (Parsons & Lyddy, 2009) chun ceisteanna a bhaineann leis an oideachas dátheangach sa Ghaeltacht a chíoradh, ach níor díríodh riamh ar chur i bhfeidhm iarbhír na bpolasaithe sin ó pheirspeictíochtaí na n-oideachasóirí. Creidim go líonfaidh an taighde seo cuid den bhearna eolais trí léargas agus tuiscint faoin gceist chasta seo a sholáthar.

4.7 Cúrsaí Eitice

Bhraith mé gur cheart cód pearsanta eitice a dhearadh mar threoir dom le linn an taighde a bhí bunaithe ar obair Reynolds (1979). Chabhraigh sé liom taighde cruinn, ceart, cóir agus eiticiúil a chur i gcrích. Ar dtús chuardaíodh cead ó rannpháirtithe uilig, taighde a dhéanamh leo. Tuigtear an tábhacht a bhaineann le soiléire, ionracas agus follasacht maidir le míniú agus cur i bhfeidhm an chuid

seo den taighde agus mar sin ghlac mé roinnt chéimeanna. Cosnaíodh céannacht, príomháideachas, dínit agus leasa na rannpháirtithe i gcónaí sa taighde seo. Déanadh é seo le linn an taighde agus sa tréimhse iar-thaighde chomh maith. Cinntíodh neamhainmníocht na rannpháirtithe agus scoileanna na rannpháirtithe níor luaigh mé ainm duine nó scoile sa tráchtas riamh. Baintear úsáid as ainmneacha bréige do na rannpháirtithe agus do na scoileanna sa taighde ach ní mór a aithint gur pobail bheaga iad na pobail Ghaeltachta agus nach féidir neamhainmníocht iomlán a chinntiú. I mionstaidéar mar seo, ina bhfuil pobail bheaga faoi chaibidil, aithnítear go mbeadh dúshlan ag baint le céannacht na rannpháirtithe a aithin agus ní raibh mé inn ann barántas iomlán a thabhairt gurb amhlaidh a bheidh sé. Tá ainmneacha bréaga in úsáid le linn an staidéir ar fad mar chosaint ar seo. Stóráladh na sonraí crua i mo thaisceadán pearsanta i gColáiste Phádraig ón am a tháinig siad isteach chugaim san Earrach 2012 go dtí deireadh mo chuid taighde san Fhómhar 2015.

4.8 Earcú Rannpháirtithe

Chuaigh mé i dteagmháil leis an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) ar mhaithe le liostaí teagmhála do bhunscoileanna Gaeltachta a fháil. Bhí COGG in ann seoltaí scoile chomh maith le huimhreacha teileafóin agus ainmneacha príomhoidí a shóláthar dom mar go mbíonn baint acu le taighde oideachais sa Ghaeltacht ar bhonn leanúnach. Ní raibh drogall ar bith ar COGG na sonraí teagmhála a chur ar fáil. Nuair a bhí mé ag seoladh litreacha go dtí príomhoidí chuir mé litir chlúdaigh inar míníodh aidhmeanna agus cúrsaí eitice an taighde chomh maith leis an gcúlra proifisiúnta agus acadúil a bhain liom féin. Léiríodh go raibh cás-staidéir le déanamh mar chuid lárnach den taighde agus cuireadh foirm bhreise ar fáil, ag iarraidh ar phríomhoide a bhí sásta páirt a ghlacadh iontu, an toil sin a léiriú. Bhí cúpla céim san áireamh mar chuid d'iarrachtaí leanúnacha, na foirmneacha sin a fháil ar ais. Léirigh 10 bpríomhoide ar fad go mbeadh siad sásta páirt a ghlacadh i gcás-staidéar faoin tumoideachas sa Ghaeltacht. Ní raibh scoil amháin feiliúnach mar nach bhfuil ranganna naíonáin acu. Theastaigh uaim éagsúlacht scoileanna a chinntiú do na cás-staidéir maidir leis na gnéithe seo a leanas: an catagóir agus contae ina bhfuil an scoil lonnaithe agus

líon na ndaltaí sa scoil. Trí ghréasán teagmhálaithe a forbraíodh le linn mo shaol acadúil agus proifisiúnta, bhí mé in ann teagmháil neamhfhoirmiúil a dhéanamh le príomhoidí chun modheolaíocht an chás-staidéir a mhíniú agus chun ráitéas sa ghnáthchaint agus foirm i ndáil le toiliú feasach a chur faoina mbráid. Rinne mé é seo ar mhaithe le gnéithe den taighde a shoiléirú dá dteastódh sé agus ar deireadh shocraigh mé ar chúig bunscoil a roghnú don staidéar. Chuaigh mé i dteagmháil leis na príomhoidí sin chun buíochas a ghlacadh agus chun socruithe na gcás-staidéar a dheimhniú.

4.9 Toiliú Feasach

Bhí toiliú feasach le fáil ó Bhoird Bhainistíochta agus Príomhoidí na scoileanna a bhí chun páirt a ghlacadh sna cás-staidéir, mar a leagadh síos i bPrótacál maidir le hEitic Taighde, de chuid an coláiste. Cuireadh Ráitéis sa Ghnáthchaint (Aguisíní D & E) agus Foirm i ndáil le Toiliú Feasach (Aguisín C) faoi bhráid na rannpháirtithe sular cuireadh tús leis an bpróiséas bailithe eolais sna suímh sin. Chabhraigh an dá dhoiciméad seo buarthaí eitice a shárú, ach go háirithe maidir le comhéigean, mealltóireacht agus cúngach ar phríobháideachas rannpháirithe a sheachaint (Bell, 2014; Punch, 2009; Denscombe, 2010 agus Creswell, 2013). Míníodh sna doiciméid sin gur rannpháirtíocht dheonach a bheadh de dhíth, chomh maith leis na cúiseanna go raibh gá le taighde mar seo agus léiríodh tiomantas soiléir do thaighde eiticiúl a chur i gcrích. Chun céannacht agus rúndacht na rannpháirtithe a chosaint tugadh gealltanas nach mbainfí úsáid as fíorainmneacha na rannpháirtithe nó scoileanna i ndoiciméid fhoilsithe nó neamhdhoilsithe agus go mbainfi úsáid as ainmneacha bréagacha sna doiciméid chéanna. Ag gach céim den phróiséas bailithe eolais chuir mé leas na rannpháirthe chun tosaigh ar chur chun cinn an eolais (Miller & Boulton, 2007: 2209). Chomh maith le toiliú feasach a lorg ag tús na gcás-staidéar, rinne me iarrachtaí leanúnacha, íogaireacht eitice a léiriú le linn an phróiséis uilig (Miller & Boulton, 2007).

Mar gheall ar choimpléascacht agus nádúr sreabhach na timpeallachta scoile bhí sé do-dhéanta toiliú feasach a fháil ó chuile dhuine a deineadh breathnóireacht theagmhasach orthu le linn an staidéir, mar nach bhféadfaí a rá, cé orthu an ndéanfaí an bhreathnóireacht seo, ar bhonn laethúil.

Chuige seo, maíonn (Murphy & Dingwall, 2007) go mbeidh teagmháil neamhfhoirmiúil ag an taighdeoir le daoine áirithe le linn an staidéir agus:

> obtaining written, or even oral, informed consent would mean that the ethnographer was so occupied in negotiating consent that she would have no time to carry out the research (Murphy & Dingwall, 2007: 2229).

Níor breathnaíodh ar dhaltaí bunscoile sna cás-staidéir seo mar rannpháirtithe agus toisc raibh siad i mbaol de dheasca an taighde, braitheadh nach raibh gá toiliú feasach a fháil uathu ar fad. Chlúdaigh an toiliú ginearálta ón mBord Bainistíochta an taighde idir lámha ach d'fhan mé aireach le linn an staidéir maidir leis an idirdhealú idir rannpháirtithe agus daoine eile.

4.10 Na hUirlisí Modheolaíochta

4.10.1 Na réamh-agallaimh neamh-struchtúrtha

Mar atá luaite cheana cuireadh agallamh neamh-struchtúrtha ar shaineolaithe acadúla i réimse an luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht. Ní raibh na hagallaimh seo mar chuid na cás-staidéir a deineadh ina ndiaidh, ach chuir siad le dearadh na gcás-staidéar trí léargais a thabhairt ar bhearnaí eolais i datobh an oideachais dhátheangaigh Ghaeltachta, sa chur chuige bíseach a luadh thuas.

Dar le Cohen et al. (2011) tá agallaimh cosúil le seo dírithe ar thaithí shuibíochtúil na bhfáisnéiseoirí. Maíonn Bodgan & Biklen (1992) go bhfuil contanam struchtúrtha-neamhstruchtúrtha ann agus de réir mar a éiríonn agallamh níos struchtúrtha bíonn smacht níos daingne ag an taighdeoir ar threo an agallaimh (1992: 97). Bíonn impleachtaí ag an smacht seo ar ar thorthaí an agallaimh agus ar ndóigh, má bhíonn tionchar an taighdeora ró láidir titeann an t-agallamh as an raon cáilíochtúil. Beartaíodh ar réamh-agallaimh neamh-struchtúrtha agus neamh-fhoirmiúil a dhéanamh ar dtús mar nach raibh mé ag iarraidh tionchur a imirt ar thuairimí na n-agallaithe. Chuir mé agallaimh ar bheirt léachtóirí i ranna oideachais in ollscoileanna in bPoblacht na hÉireann, ar thriúr príomhoidí atá ag obair sa Ghaeltacht nó arbh as an Ghaeltacht dóibh, ar mhúinteoir amháin agus ar thuismtheoir amháin sa Ghaeltacht mar chuid den phróiseas seo chun an t-ábhar a chíoradh ó pheirspeictíochtaí

éagsúla agus chun bearnaí eolais a aimsiú. Tháinig sé chun solais sna hagallaimh nach raibh ach tusicint éadomhain ag na rannpháirtithe seo ar na múnlaí éagsúla luath-oideachais dhátheangaigh a bhí i bhfeidhm sa Ghaeltacht. Bhain an t-easpa tuisceana ach go hairithe leis na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta maidir le polasaí luath-oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú i mbunscoileanna Gaeltachta. Bhí easpa eolais ina measc freisin maidir le múineadh na scileanna litearthachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus maidir leis an gcaoi gur fhreastail scoileanna ar ghánna a ndaltaí ó chúlraí éagsúla teangeolaíochta. Ba léir gur bunaíodh tuairimí na n-agallóirí ar fhianaise starógach agus ar eispéiris phearsanta seachas ar thaighde iontaofa. D'airigh mé ó na hagallaimh seo go raibh tuiscintí éagsúla i measc na rannpháirtithe, maidir le coincheapanna an oideachais dhátheangaigh agus go raibh téarmaí ar nós 'an tumoideachas' agus 'an t-oideachas tríd an teanga dhúchais' in úsáid chun cur síos a dhéanamh ar mhúnlaí éagsúla oideachais sa Ghaeltacht.

Léiríodh go bhféadfadh an-mheascán cleachtas a bheith i bhfeidhm ag múinteoirí naíonán i dtaobh polasaithe den saghas seo a chur i bhfeidhm sa seomra ranga, atá bunaithe ar thosaíochtaí, bhéimeanna agus chreidimh oideolaíochta na múinteoirí sin. Bhraith mé go raibh seasaimh éagsúla ag na hagallaithe maidir le luach an tumoideachais agus an oideachais tríd an teanga dhúchais mar mhúnlaí oideachais agus nach raibh gach duine i bhfábhar mhúineadh an Bhéarla a chur siar. Nochtaíodh easpa eolais maidir le fíor-staid na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh a bhí i bhfeidhm sa Ghaeltacht. Ní raibh na rannpháirtithe sin in ann a rá go cinnte cén múnla oideachais dhátheangaigh a bhí ar siúl sa Ghaeltacht nó cén cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta a bhí i bhfeidhm mar chuid de na múnlaí sin. D'ardaigh na hagallaimh seo roinnt mioncheisteanna:

1. Céard iad na múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta i gCatagóirí A, B & C?

2. Céard iad na cleachtais bhainistíochta atá i bhfeidhm sna scoileanna seo chun polasaithe oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú?

3. Céard iad na cleachtais oideolaíochta atá ar siúl sna ranganna seo chun na múlaí seo a chur i bhfeidhm?

4. Cén tuiscint atá ag pobal uilig na scoile maidir le polasaí na scoile agus maidir leis na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta atá i bhfeidhm sa scoil?

5. Cén tuiscint atá ag pobal uilig na scoile maidir le coincheapanna ar nós 'an tumoideachas' agus 'an t-oideachas tríd an teanga dhúchais' agus an bhfuil tuairimí ann faoin mbealach is fearr le haidhmeanna an dátheangachais (suimíoch) a bhaint amach?

6. Céard iad na gnéithe is tábhachtaí de pholasaí láidre oideachais dhátheangaigh?

Tar éis dom na mioncheisteanna taighde seo a aithint bhí mé in ann cinneadh a ghlacadh maidir leis na huirlisí b'éifeachtaí a d'úsáidfinn sa ghort. Bhí saineolas agus léargas luachmhar le roinnt ag na saineolaithe oideachais seo agus iad an-úsáideach i ndearadh na gcás-staidéar.

4.10.2 Na cás-staidéir fheiniméaneolaíochta.

4.10.2.1 Réamhrá.

Cé gur leagadh an-bhéim ar thábhacht na breathnóireachta ar mhúinteoirí sna cás-staidéir, bhí dhá phríomhghné eile iontu, d'fhonn an triantánú a luadh cheana a chinntiú. Deineadh agallaimh leath-struchtúrtha ar mhúinteoirí (AM feasta) agus a bpríomhoidí (APO feasta) chomh maith le hanailís ar dhoiciméid ábhartha (AD feasta) (polasaithe scríofa i leith an luath-oideachais dhátheangaigh agus comhfhreagras litreach idir scoileanna agus an ROS mar shamplaí). Dhírigh mé sa bhreathnóireacht ar mhodhanna múinte, stíleanna oideolaíochta agus straitéisí bainistíochta ranga a bhí in úsáid ag múinteoirí naíonáin chun dul i ngleic leis an gcastacht teangeolaíochta agus iad ag iarraidh polasaithe luath-oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm. Rinne mé agallaimh leath-scruchtúrtha ar na múinteoirí sin chun tuiscint níos doimhne a fháil ar na smaointí agus creidimh teanga a bhí taobh thiar de na cleachtais a tháinig chun cinn sa tréimhse bhreathnóireachta. Bhraith mé go raibh an-tábhacht ag baint le múinteoirí naíonán maidir leis na polasaithe seo a chur i bhfeidhm

ina ranganna féin. Tá dhá chuid i gceist leis an taighde. Ar dtús beartaíodh sonraí, tuairimí, smaointí, chomh maith le moltaí a bhailiú ó phríomhoidí bhunscoileanna na Gaeltachta, chun léargas cruinn a fháil ar ghnéithe éagsúla ina sealbhaítear an chéad agus an dara teanga i ranganna naíonán sna bunscoileanna. Sa chaoi seo is taighde tuairisciúil atá i gceist (Cohen et al, 2004: 30).

Sa dara cuid, chuir mé agallaimh ar phríomhoidí na scoileanna sin chun iniúchadh a dhéanamh ar an gcoincheapú a dhéantar faoin tumoideachas sa Ghaeltacht chomh maith le tusicint níos doimhne a aimsiú faoi phróiseas chur i bhfeidhm agus riaradh na bpolasaithe OD. Mar fhianaise thacúil ar an bpróiséas breathnóireachta beartaíodh ar nótaí goirt (NG feasta) a ghlacadh ar ghnátheachtraí agus ghnáthchumarsáid laethúil na foirne. Glacadh na nótaí goirt seo sna seomraí foirne, ar phasáistí scoile, sa chlós agus in áiteanna eile ar champais na scoileanna inar caitheadh na tréimhsí éagsúla breathnóireachta.

4.10.2.2 Breathnóireacht ar mhúinteoirí i mbun teagaisc.

Is é an phríomhghné den chás-staidéar seo ná an bhreathnóireacht ar mhúinteoirí naíonán i mbun teagaisc sa seomra ranga. Tá tábhacht ag baint leis na múinteoirí naíonán mar gurb iadsan atá freagrach as cur i bhfeidhm pholasaithe luath-oideachais dhátheangaigh ina rang féin agus go mbíonn tionchar ag a modhanna múinte, stíleanna oideolaíochta agus straitéisí bhainistíocht ranga ar fheidhmiú na bpolasaithe oideachais dhátheangaigh seo sa Ghaeltacht. Chomh maith le sin is iad múinteoirí na naíonán is túisce i gcóras na scoile a bhíonn ag plé leis an meascán idir daltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga agus iad siúd nach í an Ghaeilge a gcéad teanga. Dar le Cohen et al. (2011) is í an ghné is suntasaí maidir leis an mbreathnóireacht ná go dtugann sé deis don imscrúdaitheoir sonraí ‘beo’ a bhailiú ó eachtraí sóisialta a tharlaíonn go nádúrtha sa tsochaí agus gur féidir leis an taighdeoir breathnú go díreach ar shonraí, ar dhaoine agus ar iompair a tharlaíonn seachas a bheith ag brath ar chuntais dara-láimhe (2011: 456). Aontaíonn Creswell (2012) leis seo agus cuireann sé leis go mbíonn an modh seo éifeachtach mar go mbailítear eolas ar iompar iarbhír agus faightear an deis breathnú ar dhaoine go mbíonn deacrachtaí acu a gcuid tuairimí a chur in iúl (2012: 213-4).

Maítear go mbíonn an taighdeoir in ann breathnú ar shuímh éagsúla, an suíomh fisiciúil, an suíomh daonna, an suíomh idirghníomhúcháin agus suíomh an chláir é féin (Morrisson, 1993 luaite in Cohen et al. 2011: 466). Maidir leis an staidéar seo ina bhfuil gnéithe casta den tsochtheangeolaíocht agus den oideolaíocht taobh istigh de chur i bhfeidhm bheartas oideachais á fhiosrú:

> Classroom observations allow the observation of teachers' behaviours such as reinforcing and the promotion of certain pupils' behaviours in the classroom. They allow a focus on the studied culture and thus constitute a method of assessing culturally and linguistically diverse populations (Pena et al., 1993 luaite in Kazmierczak-Murray, 2011).

Dar le Patton (1990) is féidir le breathnóireacht a bheith an-struchtúrtha, leath-struchtúrtha nó neamh-struchtúrtha. Leis an mbreathnóireacht an-struchtúrtha bíonn a fhios ag an taighdeoir céard go díreach atá á lorg aige. I mbreathnóireacht leath-struchtúrtha bíonn clár saincheisteanna ag an taighdeoir agus clár breathnóireachta oibrithe amach roimhré. Déantar breathnóireacht neamh-struchtúrtha go príomha chun hipitéis a chruthú (1990: 202) rud nach raibh uaimse sa taighde seo. Shíl mé go bhfeilfeadh an bhreathnóireacht leath-struchtúrtha don taighde seo mar go raibh tuairim mhaith agam cén saghas eolais a bhí uaim, ach tuiscint agam go raibh gá a bheith solúbthú i mbun sonraí a bhailiú. Rinne Gold (1954) rangú ar rólanna an taighdeora, ar chontanam. Bogann an contanam ó rannpháirtíocht iomlán go dtí breathnóireacht iomlán agus dar leis is féidir le taighdeoir a bheith ina:

- rannpháirtí iomlán
- rannpháirtí mar bhreathnóir
- breathnóir mar rannpháirtí
- breathnóir iomlán (luaite in Cohen et al., 2010: 457)

Ghlac mé an cinneadh a bheith i mo bhreathnóir iomlán ach tuiscint agam go bhféadfadh an cineál breathnóireachta sin athrú nuair a bhí gá leis. Dá mba rud é gur iarr múinteoir orm páirt a ghlacadh sa rang, mar shampla, dhéanfainn é sin ar mhaithe le tuiscint níos fearr a fháil ar an rang agus chun an gaol idir mé féin agus an múinteoir a chothú. Maíonn Creswell (2013) go mbíonn

buntáiste uaireanta as struchtúr na breathnóireachta a athrú. Tarlaíonn an t-athrú seo nuair a théann taighdeoir isteach ar an suíomh taighde le bheith mar bhreathnóir rannpháirteach nó neamh-rannpháirteach ach mar thoradh ar an bpróiseás ceapann sé go mbeadh fiúntas ag baint as an treo modheolaíochta seo a athrú agus na fachtóirí ag athrú laistigh den taighde. D'fhéadfadh sé tarlú go dtéadh taighdeoir isteach chun rannpháirtíocht iomlán a dhéanamh ach tar éis gaoil a chothú leis an múinteoir go mbíonn deiseanna ann a bheith níos gníomhaí mar thaighdeoir. Tugann sé seo an deis don taighdeoir a bheith páirteach go suibiachtúil chomh maith le breathnóireacht oibiachtúil a dhéanamh (2013: 23). Mar chabhair don taighdeoir atá i mbun breathnóireachta ar mhúinteoirí bíonn gá díriú isteach ar chúig phointe thábhachtacha.

- Comhphleanáil
- Fócas
- Critéir bhreathnóireachta
- Scileanna breathnóireachta
- Aiseolas a thabhairt (bunaithe ar Hopkins, 2014)

Gné thábhacht de na pointí seo dar liom is ea an comhoibriú idir an breathnóir agus an té ar a bhfuil an breathnóir ag déanamh breathnóireachta. Thuig mé ó mo chuid taithí múinteoireachta go mbeadh géar-ghá caidreamh dearfach a chothú leis an múinteoir ranga le linn an phróiséis bhreathnóireachta. Bíonn drogall ar mhúinteoirí uaireanta iad féin a chur trí phróiseas breathnóireachta (Gottesman & Jennings, 1994) agus tagann imní orthú nuair a bhíonn daoine eile ag breathnú orthu ach go háirithe nuair a bhíonn an próiseas breathnóireachta sin mar chuid de chigireacht nó má bhrúitear an bhreathnóireacht ar an múinteoir ón mbarr anuas (Quirke, 1996; Wang & Day, 2001). Ardaíonn an bhuairt agus an teannas a mhothaíonn múinteoirí i bpróiseas breathnóireachta nuair nach bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí an phróisis mínithe go soiléir (Hatton 2008). Ceann de na míbhuntaistí is suntasaí a bhaineann leis an mbreathnóireacht mar uirlis taighde ná "an baol dallmúllóige" a d'fhéadfadh a bheith ann chomh maith leis an tútachas a bhaineann le bheith i do strainséir i suíomh oibre dhuine eile (Hammersley agus Atkinson, 1995).

Chum Hopkins (2014) an “Three phase observational cycle” ina mbíonn cruinniú pleanála, breathnóireacht ranga agus díospóireacht aiseolais ann. Creideann an t-údar céanna go gcaithfear ceisteanna áirithe a fhreagairt faoin mbreathnóireacht ionas go mbeidh tú in ann an modh taighde seo chun pleanáil chuimsitheach a dhéanamh:

- What do I want to achieve?
- How am I going to achieve this?
- How will this improve the quality of learning?

(Hopkins, 2014: 96)

Tá níos mó i gceist le breathnóireacht ná breathnú amháin áfach. Bíonn breathnú córasach agus glacadh nótaí maidir le daoine, áiteanna, eachtraí, iompair, suímh, déantáin, gnáthaimh agus ar aile i gceist leis (Simpson & Tuson, 2003: 2). Mar gheall ar seo bhí orm sceideal breathnóireachta (Innéacs) a chruthú ina mbeinn in ann na sonraí cuí a thaifead thar tréimhse seachtaine sa rang. Chuir an bhreathnóireacht go mór le léargas níos cuimsithí a fháil mar gheall ar na cleachtais atá ag múinteoirí naíonán sa Ghaeltacht agus iad ag iarraidh polasaithe oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm. Chonaic mé múinteoirí i mbun a gceirde agus iad ag iarraidh na bpolasaithe a stiúradh mar dhaoine gairmiúla, ar bhonn laethúil.

4.10.2.3 Cód breathnóireachta.

Dhear mé sceideal breathnóireachta (Aguisín L) chun fócas a thabhairt don bhreathnóireacht agus chun struchtúr a chur ar an mbailiúchán eolais. Bheartaigh mé ar an sceideal a roinnt i ndá chuid. I roinn a haon scríobh mé cuntas ginearálta faoi chomhthéacs na scoile. Roinneadh an dara cuid i gceithre cholún inar deineadh taifead ar eachtraí an seomra ranga i gcomhthéacs an luath-oideachais dhátheangaigh. I gcolún 1 bhreac mé síos an t-am inar tharla an eachtra, i gcolún 2 bhí cur síos ar ghníomhaíochtaí an mhúinteora, i gcolún 3 bhí cur síos ar ghníomhaíochtaí na bpáistí agus i gcolún 4 rinne mé cur síos ar na himpleachtaí a bhí ag na gníomnhaíochtaí sin do chur i bhfeidhm pholasaithe

luath-oideachais dhátheangaigh sa rang ina raibh mé. Choinnigh mé na príomhcheisteanna taighde os mo chomhair don tréimhse bhreathnóireachta ionas go ndíreoinn ar eolas ceart, cruinn agus ábhartha a bhailiú sa seomra ranga. Choinnigh mé dialann taighde le linn na gcás-staidéar uilig agus ghlac mé nótaí cuimsitheacha mar gheall ar mhioneachtraí agus mhóreachtraí an ranga i gcomhthéacs chur i bhfeidhm múnlaí oideachais dhátheangaigh le béim faoi ar leith ar mhodhanna múinte, stíleanna oideolaíochta, straitéisí bainistíochta, an timpeallacht foghlam agus úsáid teanga sa rang. Fuair mé cead iontrála ó phríomhoidí chun cás-staidéar tríd na bileoga ceada a sheol siad ar ais chugaim agus cuireadh tús leis na cás-staidéir go luath sa bhliain acadúil 2012. Deineadh na cás-staidéir, a mhair seachtain iomlán an ceann i Scoil Áine [CS1] ón 1.10.2012, i Scoil Bhríd [CS2] ón 8.10.2012, i Scoil Cholmcille [CS3] ón 27.1.2014, i Scoil Dara [CS4] ón 3.2.2014 agus i Scoil Éanna [CS5] ón 10.2.2014. Dhear mé cód gearrscríofa don bhreathnóireacht ranga agus do thaifead na nótaí goirt chun an próiseas bhailiú eolais a dhéanamh níos éifeachtúla.

4.10.2.4 An sáthiú eolais le linn na tréimhse breathnóireachta.

Nuair a bhí cinneadh déanta agam go ndéanfainn cúig chás-staidéar, bhí cinneadh le déanamh maidir leis an méid ama a chaithfinn i mbun na hoibre goirt. Shocraigh mé go gcaithfinn cúig lá san iomlán i mbun taighde sa chéad chás-staidéar chun léargas cuimsitheach a fháil ar chur i bhfeidhm an oideachais dhátheangaigh ansin. Dá mba rud é go raibh tuilleadh ama ag teastáil uaim i mbun breathnóireachta, d’fhéadfainn síneadh ama a chur leis. Tháinig sé chun cinn go luath ar an dara lá breathnóireachta go mbeadh pointe sáithithe (Glaser & Strauss, 1967) sroichte ag an mbreathnóireacht go luath ina dhiaidh sin. Ba léir go raibh na cleachtais chéanna oideolaíochta a chonacthas sa chéad lá breathnóireachta, le sonrú ar an dara lá. Don chéad chás-staidéar i Scoil Áine, bheartaigh mé go leanfainn ar aghaidh don tseachtain i mbun breathnóireachta ach go bhféadfainn an méid ama sin a chiorrú go dtí 3 lá do na cás-staidéir eile [CS2-5], mar gheall ar phointe an tsáithiú eolais a bheith bainte amach faoin gCéadaoin.

Maidir le hagallaimh a dhéanamh, luann Creswell (2013) gur chóir cúigear rannpháirtithe a úsáid i staidéar feiniméaneolaíochta sula mbeidh an pointe sáithithe bainte amach.

4.10.2.5 Na h-agallaimh neamh-struchtúrtha.

Mar chuid de na cás-staidéir seo, chuir mé agallaimh ar phríomhoidí, mhúinteoirí agus ar thuismitheoirí i ngach scoil. Theastaigh uaim gnéithe de dhréachtú, de chur i bhfeidhm agus de bhainistiú polasaithe luath-oideachais dhátheangaigh a fhiosrú ó pheirspeictíochtaí éagsúla. Mar atá léirithe ag saineolaithe difríula tá a lán cineálacha agallaimh ann (Oppenheim, 1992: 66-69 agus Cohen & Manion, 1985: 291) agus maítear go go bhfuil sé chineál agallaimh ann:

- Agallamh caighdeánach
- Agallamh domhain
- Agallamh eitneagrafaíocht
- Agallamh plúire
- Agallamh staire an duine
- Grúpaí fócais (Bunaithe ar LeCompte agus Pressile, 1993)

D'fhéadfaí agallamh leath-struchtúrtha, agallamh grúpa (Bogdan & Biklen, 1992) agallamh struchtúrtha (Lincoln & Guba, 1985) agus agallamh taiscéalaíoch (Oppenheim, 1992) a chur leis an liosta seo chomh maith. Tháinig Merton agus Kendall (1946) ar choincheap ar a ghlaoigh siad an t-agallamh dírithe agus ar a raibh mo sceideal agallaimh bunaithe (Aguisín F). Forleathnú ar an agallamh neamhstruchtúrtha atá ann ach é éagsúil leis na cineálacha eile agallaimh sna bealaí seo: Bíonn aithne ag an taighdeoir ar an té atá faoi agallamh agus tuigeann sé go bhfuil baint aige le gné éigin den taighde roimhré. Chomh maith leis sin déanann an taighdeoir an ceangal idir na fáisnéiseoirí agus an cheist taighde a chíoradh roimhré agus tá treoir leagtha amach ag an taighdeoir don agallamh.

Chuir mé agallaimh dhírithe, eitneagrafaíochta ar thriúr fáisnéiseoirí i ngach cás-staidéar sa taighde. Cuireadh na hagallaimh seo ar an bpríomhoide, ar an múniteoir ranga agus ar thuismitheoir

páiste sa rang naíonáin chun réimse leathan peirspeictíochtaí a fháil faoin ábhar. Bhí sé tábhachtach rannpháirtithe eolach agus toilteannach a aimsiú do na hagallaimh le cinntiú go mbeadh géarchúis agus fiúntas ag baint leis an eolas a bailíodh. Leag mé clár ama amach agam do na trathnóntaí ina ndearna mé agallaimh leis na daoine seo agus rinne mé iarracht na hagallaimh sin a eagrú lasmuigh de na huaireanta ina raibh an bhreathnóireacht mhúinteora ar siúl agam.

4.10.2.6 Anailís ar dhoiciméid.

Deineadh anailís ar dhoiciméid ábhartha (polasaithe scoile, ráiteis éitis, cóid iompair, tuairisc chigireachta agus comhfhreagras leis an ROS mar shamplaí) le linn na gcás-staidéar. Deineadh scagadh ar na doiciméid seo chun seasamh na scoile i dtaobh an oideachais dhátheangaigh a chíoradh agus a mheas, agus chun tuiscint níos fearr a fháil faoi chinntí áirithe i dtaobh na múnlaí oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh. Thug na doiciméid seo léargas luachmhar maidir le luacha, barrshamhla agus creidimh na n-oideachasóirí (Yin, 2009). Chuir an próiséas anailíse seo leis an triantánú agus sholáthraigh sé deis dom iniúchadh a dhéanamh a dhéanamh ar mhianta oifigiúla na scoileanna.

4.10.2.7 Scríobh na gcás-staidéar

Déanann Yin (2009) catagórú ar na saghasanna cás-staidéar atá ann agus ar an bpróiseas tuairisciú a dhéantar orthu. Is féidir le tuairisc ar chás-staidéar a bheith líneach-anailíseach, comporáideach nó croineolaíoch ach go ndéanfaidh sé soiléiriú ar iompar na ndaoine mar atá i suíomh nádúrtha, tríd an léargas uathúil a fhaightear ann (2009: 170-179). Bhí gnéithe croineolaíocha agus líneacha-anailíseacha sa chás-staidéar seo. Maidir le scéal na gcás-staidéar a insint moltar na ranna seo a chur san áireamh:

1. Introduction: catch readers attention and explain value of study.
2. Scene setting: People, place, details, context, beliefs, emotions, nuances of social relationships
3. Analysis: Make sense of the people and their community
4. Conclusion: Summary, contribution of study to the wider body of knowledge.

(Angrosino, 2007: 14)

Chomh maith le sin bhraith mé gur cheart go mbeadh tuairisciú ar chás-staidéir "richly descriptive" (Hancock & Algozzine, 2006).

4.11 Bailíocht an Taighde: Inchreidteacht, Inaistritheacht, Iontaofacht agus Dearbhaíocht

Cuirtear i leith taighde chás-staidéir go minic, nach mbaineann doichte modheolaíochta leis mar chur chuige (Yin, 2009 agus Denscombe, 2007). Maíonn Stake (2005) go gcaithfí a bheith aireach ar an aistear taighde ó scríobh an chás-staidéir go dtí cur i láthair an chás-staidéir agus go bhfuil géar-ghá go ndéanann an taighdeoir cosaint ar shonraí an chás-staidéir san aistriú eolais idir an taighdeoir agus an léitheoir. Bhain mé úsaid as straitéisí éagsúla chun an t-aistriú eolais seo a chosaint agus ar a dhéanfaidh mé plé anois orthu.

Maidir le cúram a dhéanamh d'inchreidteacht an taighde, rinne me iarracht a thaispeáint don léitheoir go raibh na sonraí a bhailíodh cruinn agus feiliúnach don staidéar idir lámha (Denscombe, 2007). Cé nach bhfuil sé indéanta fianaise dhochloíte a sholáthar, ghlac mé céimeanna áirithe chun cruthúnas éigin a thabhairt, go raibh na torthaí taighde "reasonably likely to be accurate and appropriate" (Denscombe, 2007: 297).

Bhain mé úsáid as foinsí éagsúla eolais sa phróiséas bailiú eolais chun torthaí taighde a láidriú agus a chinntiú. Rinne m'fheitheoirí grinnscrúdú rialta ar an staidéar ag gach céim den phróiséas taighde. Nuair a bhí na hagallaimh agus nótaí breathnóireachta athscríofa, seoladh ar ais chuig rannpháirtithe iad chun aiseolas a fháil ina leith agus deis a thabhairt dóibh, malairt fhoclaíochta a úsáid (Stake, 1995) agus chun sonraí a dheimhniú. Tugadh deis dóibh aontú nó diúltiú leis na sonraí mar a cuireadh i láthair iad agus athruithe cuí a chur i bhfeidhm dá mba mhian leo é. Aithnítear go bhfuil an-tábhacht ag baint le cleachtas mar seo "the most critical technique for establishing credibility" (Lincoln & Guba, 1985 luaite in Creswell, 2007: 207).

Bhí dhá chéim i gceist maidir le hinaistritheacht na gcás-staidéar a chinntiú. Ar dtús tugaim mionchuntas ar chomhthéacsanna na gcás-staidéar uilig. Tugann sé seo an deis don léitheoir tuairim a fháil an feidir torthaí an taighde a inaistriú go dtí comhthéacs eile. Chomh maith leis sin, cuirim

mo chuid dearbhaithe taighde i láthair an léitheora ar bhealach loighciúil, trédhearcach agus iarracht i gcónaí déanta agam fianaise a chur ar fáil mar thacaíocht ar na dearbhaithe seo.

Baineann iontaofacht an chás-staidéir leis an mbealach ina nglactar nótaí goirt agus nótaí breathnóireachta. Ghlac mé cúram ar leith leis na dualgais sin, ag cinntiú i gcónaí go raibh neamhchlaontacht i gcroí-lár na scríbhneoireachta i gcónaí. Ghlac mé nótaí tuairisciúla seachas nótaí breithiúnais ar na heachtraí.

Baineann dearbhaíocht an chás-staidéir le hoibiachtúlacht an taighdeora agus le hoibiachtúlacht na dtorthaí taighde dá bharr. Caithfidh gach taighdeoir a thuisint go mbíonn tionchar ag a sheasamh fealsúnachta agus teoiriciúil ar ghnéithe den staidéar, agus rinne mé iarracht iad seo a chur go soiléir os comhair an léitheora chun mo pheirspeictíocht a shoiléiriú. Rinne mé iarracht i gcónaí a bheith "reflective, reflexive, open-minded and self-monitoring throughout the research process" (Denscombe, 2007).

4.15 Tátal

Mar atá maíte sa réamhrá, ba í príomhaidhm na caibidle seo ná creat teoiriciúil agus dearadh an staidéir a leagan amach don léitheoir. Thosaigh mé le meabhrú ar cheisteanna an staidéir agus le cur síos ar an bpairidím phragmatach. Tá an phairidím seo úsaideach i dtaighde san oideachas mar go dtugann sé saoirseacht áirithe don taighdeoir, uirlisí éagsúla taighde a úsáid chun na ceisteanna tábhachtacha a fhreagairt. Sa chur chuige seo ní chaithfidh an taighdeoir cloí le fealsúnacht dholúbhta amháin, bíodh sé cainníochtúil nó cáilíochtúil.

Díríodh ar uirlísí an staidéir ina dhiaidh sin, inar deineadh cur síos ar na réamhagallaimh neamh-struchtúrtha chomh maith le gnéithe de chur chuige an chás-staidéir, i dtaighde a bhí bíseach. Tháinig sé chun solais sna réamh-agallaimh neamhstruchtúrtha go raibh bearnaí eolais le sonrú maidir le cur i bhfeidhm múnlaí éagsúla luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht. Bhain na bearnaí eolais seo ach go háirithe le na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta atá i bhfeidhm chun polasaithe luath-oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i ngníomh agus a

bhainistiú. Bhí trí phríomhuirlis bhailiú eolais sna cás-staidéir fheiminéaneolaíochta seo: breathnóireacht ar mhúinteoirí i mbun teagaisc, agallaimh leath-struchtúrtha leis na múinteoirí sin agus a bpríomhoidí chomh maith le hanailís ar dhoiciméid ábhartha. Tugadh cuntas ina dhiaidh sin ar roghnú an tsampla, earcú rannpháirtithe chomh maith le cur síos ar ghnéithe eitice den taighde. Téitear i ngleic le ceisteanna bailíochta ar deireadh inar leagadh amach na céimeanna a ghlac mé chun inchreidteacht, inaistritheacht, iontaofacht agus dearbhaíocht an staidéir a láidriú.

Caibidil 5: Na Cás-staidéir 1

5.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo déantar cur síos ar chur i bhfeidhm an oideachais dhátheangaigh sna 5 chás-staidéar. Mínítear comhthéacs na scoile agus cuirtear an múinteoir agus an príomhoide in aithne don léitheoir ar dtús. Déantar cur síos ina dhiaidh sin ar na cleachtais bhainistíochta úsáidtear i dtaca le múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh sa scoil áirithe sin. Dírítear ar chleachtais agus thosaíochtaí oideolaíochta ansin, le béim ar chuir chuige an mhúinteora chomh maith le scagadh ar an ábhar a mhúintear. Cé go ndéantar an cur síos sin faoi théamaí áirithe, is é nádúr mhodheolaíocht an cháis-staidéir go luífeadh roinnt breithnithe lasmuigh de na téamaí seo. Déantar tátal ag deireadh gach cás-staidéar. Mar a pléadh sa chaibidil mhodheolaíochta, baintear úsáid as réimse leathan uirlisí modheolaíochta le linn na gcás-staidéar:

- Agallamh leath-struchtúrtha ar an bpríomhoide (APO)
- Agallamh leath-struchtúrtha ar an múinteoir ranga (AM)
- Nótaí breathnóireachta (NB) ar an múinteoir i mbun teagaisc
- Nótaí goirt (NG) a glacadh go neamhfhoirmiúil i dtimpeallacht na scoile.
- Anailís ar dhoiciméid ábhartha (polasaithe, comhfhreagras oifigiúil mar shampla) (AD).
- Tuairiscí oifigiúla cigireachta ó mheasúnaithe scoile uile (MSU)

Tábla 5.1

Faisnéis Chúlra agus Comthéacs Teangeolaíochta do Scoileanna na gCás-Staidéar

Uimhir	Ainm na Scoile	Cúige	Catagóir	Líon na Múinteoirí Ranga	Tréimhse an Chás-staidéir	Stádas an Phríomh-oide
1	Scoil Áine	Ulaidh	B	4	ón 1.10.2012 go dtí an 5.10.2012	Múineadh na Ranganna Naíonán
2	Scoil Bhríde	Connachta	A	2	ón 8.10.2012 go dtí an 12.10.2012	Múineadh na Ranganna Naíonán
3	Scoil Cholmcille	Connachta	A	7	ón 27.1.2014 go dtí 31.1.2014	PO Riaracháin
4	Scoil Dara	Mumhain	A	3	ón 3.2.2014 go dtí an 7.2.2014	Múineadh na Ranganna Naíonán
5	Scoil Éanna	Connachta	C	8	ón 10.2.2014 go dtí an 14.2.2014	PO Riaracháin

5.2 Cás-staidéar 1: Scoil Áine

5.2.1 Faisnéis chúlra agus comthéacs teangeolaíochta.

Bunscoil bheag atá suite i gceantar iargúlta, tuaithe i nGaeltacht mhór atá mar ábhar fócais do Chás-staidéar 1. Tá an scoil lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir B, ina bhfuil 55% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (SCG, 2007: 18-23). Tá éiteas Gaeilge agus tiomantas do chur chun cinn chultúr na Gaeltachta le feiceáil i ngach réimse d'fheidhmiú na scoile ó leibhéal an bhoird bhainistíochta anuas go dtí ranganna na naíonán (APO) agus tá ceist na Gaeilge sa phobal agus rath na scoile seo spleách ar a chéile (MSU, 2009). Chonacthas le linn na seachtaine chomh maith go bhfuil an-bhród ag foireann na scoile as a stádas Gaeltachta agus iad de shíor ag iarraidh an stádas seo a threisiú, leis an tuiscint, áfach, go bhfuil neart dúshlán sa cheantar maidir le cur chun cinn na teanga (NG, APO & AM).

Tá thart ar 100 páiste ag freastal ar an scoil agus tromlach díobh ag cur futhú cóngarach di. Tá ceathrar múinteoirí sa scoil, triúr atá ag múineadh ilranganna i seomraí ranga agus cúntóir teanga

amháin a fhreastlaíonn ar pháistí le riachtanaisí speisialta, riachtainisí teangeolaíochta ina measc. Tacaíonn sí le forbairt dhátheangach na ndaltaí mar dhlúthchuid de straitéis Gaeilge na scoile (Polasaí Gaeilge, PG Feasta) ach tá an bhuairt ann go gcuirfear deireadh leis an bpost go luath sa todhchaí mar gheall ar chiorruithe atá beartaithe ag an rialtas don chóras oideachais (APO).

5.2.2 Cúlra an phríomhoide agus na cleachtais bhainistíochta.

Maidir leis an bpríomhoide Áine, tá cúlra cuimsitheach Gaelscolaíochta aici (NG, APO). Creideann sí go láidir gur cheart go gcuirfí ar chumas na ndaltaí ar fad faoina cúram an dátheangachas a bhaint amach agus go n-oibríonn "córas tumoideachais na nGaelscoileanna" i scoil Ghaeltachta leis an aidhm sin a chomhlíonadh (APO). Ní raibh Áine i bhfad i bpost an phríomhoide nuair a bhraith sí go raibh gá "gníomhú in aghaidh an bhéarlachais" sa scoil (APO) agus úsáid na Gaeilge a leathnú amach tríd an scoil ar fad (MSU, 2009). Go luath sa bhliain 2010 chuala sí Béarla á labhairt ag daltaí na scoile sa chlós agus d'airigh sí gur rud "náireach" é seo sa Ghaeltacht agus go raibh gá céimeanna áirithe a thógáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn arís (APO). Bhí sí den tuairim go raibh rudaí "beagáinín *laisez faire"* maidir le labhairt na Gaeilge sa scoil agus go mba fhiúntach an rud é, modh foghlama an tumoideachais, a bhí cleachtaithe aici i nGaelscoil a chur i bhfeidhm inti (APO & NG, Comhrá Neamhfhoirmiúil leis an bPríomhoide). Deineadh é seo go príomha toisc gur airigh sí go raibh cultúr na nGael agus an Ghaeilge ach go háirithe "faoi ionsaí" agus go n'oibreodh an tumoideachas 'traidisiúnta' Gaelscolaíochta sa Ghaeltacht, mar mhúnla chun stádas agus úsáid na Gaeilge sa scoil a láidriú (NG, Comhrá leis an bPríomhoide). Sula bhfuair an príomhoide post sa scoil seo bhí taithí aici a bheith ag múineadh i mbunscoileanna éagsúla sa Ghaeltacht chomh maith. Chonaic sí córais éagsúla oideachais dhátheangaigh sna ceantair seo agus cheap sí gur tubaisteach an rud é do chaighdeán na Gaeilge sna comhthéacsanna sin, tús a chur le múineadh foirmiúil an Bhéarla sna naíonáin shóisearacha. D'airigh sí chomh maith nach raibh fiúntas in aon chóras inar tugadh saoirse iomlán do dhaltaí Gaeltachta an Béarla a labhairt le chéile ar scoil (APO). Bhraith sí go gcuirfeadh múineadh luath an Bhéarla agus cumarsáid trí Bhéarla i

measc daltaí go mór le meath na Gaeilge sa bhunscoil Ghaeltachta agus go raibh dualgas ar leith ar phríomhoidí Gaeltachta, polasaithe láidre Gaeilge a chur i bhfeidhm ina spreagtar go láidir, úsáid na Gaeilge i measc daltaí. Tá an dá phrionsabal seo ina bpríomhghnéithe den pholasaí tumoideachais i Scoil Áine. Ní thugtar cead do dhaltaí aon Bhéarla a labhairt le chéile ar shuíomh na scoile agus ní mhúintear aon Bhéarla foirmiúil sa seomra ranga go dtí go bhfuil Téarma a dó i Rang na Naíonán Sinsir bainte ag daltaí (APO, NG, NB, AM).

Aithnítear go mbíonn an-tionchar ag príomhoide ar chultúr, ar pholasaithe agus ar chleachtais ina gcuid scoileanna (Shields, 2004 & 2010) agus bhí an t-athrú polasaí tiomanta go príomha aici, le tacaíocht ón mbord bainistíochta, ó na múinteoirí eile agus dea-thoil an phobail i gcoitinne (APO & AM). Aontaíodh "polasaí tumoideachais" ag cruinniú Bhord Bainistíochta agus ghlac foireann na scoile cinneadh in Earrach 2010 polasaí láidir Gaeilge a chur i bhfeidhm ina bhfágfaí múineadh an Bhéarla go dtí deireadh na Naíonán Sinsir agus ina gcuirfí an-bhéim ar úsáid na Gaeilge sa scoil (APO). Deineadh go leor díospóireachta agus plé foirne maidir le buntáistí agus mí-bhuntáistí an tumoideachais agus coinníodh tuismitheoirí ar an eolas faoi na cainteanna sin. Bhí an próiseas comhairliúcháin leis na múinteoirí thar a bheith tábhachtach dar leis an bpríomhoide agus í ag tagairt don tréimhse a chaith sí i ngaelscoil:

> Bhí scéim labhairt na Gaeilge ann [mar chuid den pholasaí Tumoideachais sa ghaelscoil] agus bhí gach duine mar fhoireann ar an leathanach céanna agus má tá an fhoireann ar fad le chéile den tuiscint chéanna, sin leath an chogaidh (APO).

Léirigh Áine go raibh an-tábhacht ag baint lena cúlra gaelscolaíochta agus a cuid taithí maidir le polasaí tumoideachais a cur i bhfeidhm agus a bhainistiú i nGaelscoil (NG). Bhraith sí go raibh an-rath ar an gcóras tumoideachais mar a bhí agus nach raibh aon bhaol nach n-oibreodh sé i scoil Ghaeltachta (AM). Próiséas leanúnach, meántéarmach a bhí ann áfach. Cé nár thóg sé i bhfad polasaí na scoile a athrú, bhí dúshláin bhreise ag baint lena chur i bhfeidhm agus géarghá go mbainisteofaí go cúramach an t-athrú (APO). In Earrach 2011, beagnach bliain iomlán tar éis don fhoireann scoile teacht ar chomhréiteach go raibh "an tumoideachas" le cur i bhfeidhm sa scoil, d'fhreastail siad ar sheiminéir eolais do phobail na scoileanna Gaeltachta a d'eagraigh Eagraíocht

na Scoileanna Gaeltachta (ESG) agus An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG). Cuireadh cúrsa traenála i múnlaí an tumoideachais Ghaeltachta ar siúl do mhuinteoirí an cheantair thart ar an am sin chomh maith. Braitheadh go raibh na cúrsaí seo fiúntach agus gur soiléiríodh do na múinteoirí bealach éifeachtach leis an múnla seo a chur i bhfeidhm ina scoil féin, a bhí fréamhaithe i dtaighde idirnáisiúnta (APO, AM & Comhrá Neamhfhoirmiúil le Príomhoide eile sa cheantar). Tugadh muinín do mhúinteoirí tabhairt faoin tumoideachas Gaeltachta agus an tuiscint daingnithe nach raibh gá múineadh an Bhéarla a thosnú ón gcéad lá i rang na naíonán sóisir (AM & Agallaimh le príomhoidí eile sa cheantar).

Tá an 'tumoideachas' luaite anois i bpolasaí Gaeilge na scoile mar chuid lárnach d'éiteas na scoile agus gné shuntasach den pholasaí sin is ea múineadh an Bhéarla a fhágáil go dtí téarma na Cásca sna naíonáin shinsearacha mar a pléadh ag na cruinnithe foirne (AD). Laghdaítear teagmháil na ndaltaí le Béarla ar scoil agus méadaítear a dteagmháil le Gaeilge (APO, NB). Tá iliomad straitéisí in úsáid leis na spriocanna seo a bhaint amach. Tá timpeallacht ghaelach sa scoil ina bhfuil fógraí, comharthaí, póstaeir agus obair na ndaltaí i nGaeilge amháin. Déantar comhfhreagras le tuismitheoirí i nGaeilge den chuid is mó ach go dátheangach má bhíonn tuismitheoir ann nach bhfuil aon Ghaeilge. Déantar chuile iarracht an scoil a choinneáil saor ón mBéarla ach amháin i gceachtanna Béarla ó Rang 1 ar aghaidh (NG & NB). Tá suíomh idirlín na scoile as Gaeilge agus cinntítear, chomh fada agus is féidir, go mbíonn Gaeilge mhaith ag cuairteoirí scoile ach amháin i gcásanna fíor-eisceachtúla (AD ar Pholasaithe Scoile). Reachtáiltear comórtais éagsúla le daltaí a mhealladh i dtreo na Gaeilge ina mbíonn duaiseanna seachtainiúla do ghaeilgeoirí na seachtaine i ngach rang (APO).

5.2.3 An polasaí scoile maidir leis an oideachas dátheangach.

Maítear i bpolasaí Gaeilge féin go bhfuil an scoil suite "i gcroí lár na fíor-Ghaeltachta" agus go n'athnaíonn foireann na scoile an cúram atá orthu i leith chaomhnú na Gaeilge agus gach gné de chultúr dúchasach na hÉireann (AD). Is léir go dtuigeann na múinteoirí go bhfuil béim ar an nGaeilge sa scoil agus go bhfuil an "tumoideachas" anois mar chuid lárnach den bhéim sin (AM, APO agus NG). Tá dhá chuid i bplean Gaeilge na scoile, an phleanáil don churaclam agus an phleanáil eagraíochta. Achoimre atá sa chéad chuid ar choincheapanna lárnacha an churaclaim ar nós snáitheanna, téamaí, straitéisí agus modhanna múinte. Leagtar amach samplaí den Ghaeilge neamhfhoirmiúil agus na feidhmeanna teanga atá féideartha i gcomhthéacs na scoile seo. Sa dara cuid den phlean maítear go bhfuil an-bhéim ar fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúchánach agus shamhlaíoch an pháiste trí Ghaeilge sa scoil agus go gcuirfear deiseanna cainte i gcomhthéacsanna réalaíocha ar fáil do pháistí (AD). Maítear chomh maith go gcuirtear béim ar shaibhreas, ar líofacht, ar chruinneas agus ar fheasacht chultúir na ndaltaí tríd sna scileanna teanga ar fad. Luaitear go bhfuil an scoil ag iarraidh úsáid na Gaeilge mar ghnáth-theanga chumarsáide a chur chun cinn agus go ndéantar é seo trí mheon dearfach a chothú agus deiseanna taitneamhacha úsáide a chur ar fáil (PG). Níl aon tagairt sa pholasaí ar fhad na tréimhse tumoideachais nó ar thús mhúineadh an Bhéarla mar go bhféadfadh an fad sin athrú ó bhliain go bliain tar éis athbhreithnithe (APO). Cuirtear tréimhse tumoideachais i bhfeidhm gan aon pholasaí ar leith tumoideachais a bheith i scríbhinn (NG, PG).

5.2.4 Iompar teanga na ndaltaí.

Léiriú atá sa chéad eachtra a chonaic mé i gclós na scoile, ar an meascán teangeolaíochta a fhaightear i Scoil Áine agus an chastacht a bhaineann le polasaithe agus cleachtais an oideachais dhátheangaigh i gcoitinne. Maidin Luain ag geata na scoile bhí triúr ó na hardranganna ag labhairt le chéile go hiomlán as Gaeilge faoi chlár teilifíse a chonaic siad an oíche roimhe sin. Cúpla méadar ón láthair sin, bhí beirt naíonán ag labhairt le chéile as Béarla faoin gcluiche a bhí ar siúl acu sa

chlós (NG, Lá 1). Cé nach raibh ann ach eachtraí beaga sa chomhthéacs iomlán, léiriú a bhí ann den fhíorstaid teangeolaíochta sa scoil ina bhfuil ghlúin óg ag teacht aníos atá níos compórdaí leis an mBéarla (Lenoach et al, 2010). Luíonn sé go láidir le braistint an phríomhoide faoi theanga cheannasach na ndaltaí, agus ach go háirithe an nós atá ag na ranganna sinsearacha, Rang 5 agus 6 ach go h-áirithe, a bheith ag déanamh cumarsáide le chéile trí Ghaeilge ach go bhfuil daltaí Rang na Naíonán Sóisir agus Sinsir compórdach ag cumarsáidiú trí Bhéarla (APO). Dar léi tá 80% de pháistí na scoile "le Gaeilge" ach laghdaíonn an figiúr seo go 25% i rang na naíonán sóisir (NG&AM).

Luaitear go bhfaightear meascán teangacha i dteaghlaigh na ndaltaí go minic, ina mbíonn Béarla á labhairt ag tuismitheoir amháin agus Gaeilge ag tusmitheoir eile (NG&AM). Tá nós i measc roinnt tuismitheoirí go bhfuil Gaeilge líofa acu a bheith ag labhairt as Béarla lena bpáistí mar go gceapann siad go bhfaighfidh na páistí an Ghaeilge ar fad ar scoil agus nach dtuigeann siad "gur cheart a bheith ag tacú le hiarrachtaí na scoile sa bhaile" (AM). Léiríodh an chastacht teangeolaíochta seo arís dom ar an dara lá breathnóireacht ag am lóin. Shiúil tuismitheoir isteach trí dhoras an ranga agus í ag bailiú a páiste. Labhair sí liom as Gaeilge faoin aimsir agus nithe éagsúla eile agus d'airigh mé go raibh Gaeilge líofa, dhúchasach aici le linn an chomhrá. Nuair a tháinig a mac isteach ón gclós labhair sí i nGaeilge leis ach ba i mBéarla a d'fhreagair sé:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.1

1	Tuismitheoir	Céard atá ar siúl agat ansin a mhac?
2	Dalta 1	*Mammy, I'm going to pull up my zip now.*
3	Tuismitheoir	Maith an buachaill.
4	Dalta 1	*Where's Daddy?*
5	Tuismitheoir	Tá Daidí ag obair a thaiscí.

Cé go raibh an páiste ar scoil, sa Ghaeltacht agus a mháthair ag labhairt Gaeilge leis ghlac sé an cinneadh í a fhreagairt i mBéarla. I gcur chuige an chás-staidéir ní féidir gach píosa cumarsáide a chloisteáil ach braithim ón mbreathnóireacht ranga go raibh an-chlaontacht i dtreo an Bhéarla i measc na ndaltaí naíonán (NB). Cé gur labhair ceatadán ard dóibh as Béarla le chéile,

ábhar suntais gurb i nGaeilge a labhair gach dalta (seachas duine amháin), nuair a bhí cumarsáid le déanamh leis an múinteoir. Ba chosúil nach ndearna an dalta seo aon chumarsáid trí Ghaeilge sa rang mar gheall gur tógadh go h-iomlán trí Bhéarla í (NG):

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.2

6	Dalta 2	*I want to use the blue one but Anna won't let me*
7	Múinteoir	Ceart go leor, gheobhaidh tusa tar éis Anna é
8	Dalta 2	*But when will I get it?*
9	Múinteoir	Tar éis Anna a dúirt mé!

(NB, Lá 3)

Tá an-dúshlán ag baint le himeascadh mar seo don mhúinteoir, mar go bhfuil sé ag iarraidh cothromaíocht a fháil idir sainspiorad Gaeilge a chothú agus gánna an pháiste le Béarla a shásamh. Braitear uaireanta go mbíonn sé crua ar pháistí óga nach bhfuil aon Ghaeilge acu ón mbaile a bheith tumtha go hiomlán sa Ghaeilge i scoil Ghaeltachta (AM) ach ní labhraítear aon Bhéarla leis na páistí sin, seachas i gcás éigeandála (NG & NB). Ba léir ón mbreathnóireacht gur iompaigh na daltaí eile ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh léi mar a tharlaíonn san oideachas réamhscolaíochta sa Bhreatain Bheag ina mbíonn cainteoirí T1 agus T2 á n-imeascadh le chéile (Hickey et al., 2013). Faightear claonadh go minic, i measc páistí a labhraíonn an teanga mhionlach mar chéad teanga, iompú ar an mórtheanga chun cumarsáid shóisialta a dhéanamh (Hickey, 2001). Ar an taobh eile den scéal bhí páiste amháin nár labhair Béarla, fiú nuair a cuireadh ceist as Béarla air:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.3

10	Dalta 3	*Did you see the match?*
11	Dalta 4	Ní fhaca mar ní raibh mé ann!

(NB, Lá 2)

Tá riail Ghaeilge sa rang agus tuigeann na páistí gur cheart dóibh iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt i gcónaí (NG). Ní raibh an múinteoir an-dian ar chur i bhfeidhm na rialach seo áfach, agus cé go mbítí ag súil go labhraítear Gaeilge i gcónaí lig sé do pháistí beagainín cainte a

dhéanamh as Béarla. Bhí triúir ag barr an ranga a labhair Béarla le chéile den chuid is mó agus triúir eile sna naíonáin shóisearacha a rinne an rud céanna. Cheartaigh sé an dá dhream sin i bhfad níos minice as an mBéarla a labhairt ar scoil (NB, Lá 1-5) agus ba chosúil gur tháinig deireadh lena chuid foighde ag deireadh an lae nuair a baineadh réalta ó na grúpaí sin (NB, Lá 3,4 & 5) agus níor tugadh milseáin dóibh agus iad ag dul abhaile (NB, Lá 5). Teachtaireacht í seo go raibh an múinteoir ag súil go ndéantar iarracht i bhfad níos mó le labhairt na Gaeilge.Tharla sé cúpla uair gur inis páistí scéalta don mhúinteoir ar pháistí eile a bhí ag béarlóireacht rud a thaispeáin go bhfuil an tuiscint intuigthe sin nár cheart Béarla a labhairt, inmheánaithe ag na páistí (NB)

Mhúin an múinteoir trí Ghaeilge don tréimhse bhreathnóireachta ar fad agus aon uair gur labhair páiste Béarla léi, thug sé an leagan Gaeilge ar ais agus d'iarr sé ar an bpáiste an leagan Gaeilge a athrá:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.4

12	Dalta 4	*We have to do a job for Daddy*
13	Múinteoir	Caithfidh tú cad a dhéanamh do Dhaidí?
14	Dalta 4	Jab a dhéanamh!
15	Múinteoir	Cé saghas jab? Jab mór an ea?
16	Dalta 4	*yeah* jab mór le Daidí inniu

(NB, Lá 3)

B'é an nós a bhí ann do laethanta báistí ná cartúin as Gaeilge a chur ar siúl ar an gclár bán idirghníomhach agus dualgaisí feitheoireachta a thabhairt do pháistí Rang 6 (NG). Le linn dóibh a bheith i bhfeidhil ar na ranganna naíonán labhair siad as Gaeilge le chéile agus le páistí na naíonáin agus mheall siad Gaeilge uathu aon uair gur labhraíodh Béarla (NB, Lá 1&3). Bhí laethanta báistí ar an Luan agus ar an gCéadaoin agus nuair a shiúil mé isteach sa rang tar éis lóin bhí Gaeilge á labhairt ag páistí Rang 6 le chéile agus leis na naíonáin. Is cosúil go bhfuil an gnás bunaithe i measc na ndaltaí ardranganna a bheith ag labhairt as Gaeilge sa scoil agus gur cheart í a labhairt leis na naíonáin (NB).

5.2.5 Teanga teagaisc an tseomra ranga agus na cleachtais oideolaíochta.

Bhí na naíonáin shóisearacha agus shinsearacha á múineadh in aon sheomra ranga amháin. Dhá chófra mhóra a bhí mar leabharlann ranga sa chúinne, ina raibh thart ar 50% de na leabhair as Béarla agus 50% as Gaeilge (NG). Bhí mataí ildaite ar an úrlár chun na páistí a chur ar a gcompord i mbun léitheoireachta agus cead ag na páistí a leabhair leabharlainne a mhalartú ag am sosa nó am lóin. Cé go raibh ríomhairí glúine, clárbán idirghníomhach agus gléasanna teicneolaíochta eile sa rang ach níor baineadh mórán úsáide astu don mhúinteoireacht nó don fhoghlaim agus ar ndóigh an t-aon úsáid a baineadh as an gclár bán idirghníomhach ná chun cartúin a thaispeáint ag am lóin ar laethanta báistí (NB, Lá 1 & 3).

Bíonn an lá teagaisc an-struchtúrtha maidir le bainistiú ama agus páistí agus lean an clár ama beagnach an pátrún céanna gach lá cé go raibh difríochtaí sa mhéid ama a caitheadh ar ábhair éagsúla agus ar na hamanta inar tosaíodh ar na ranganna sin. Bheannaigh an múinteoir do na páistí gach maidin agus rinne sé comhrá neamhfhoirmiúil leo faoina gcuid nuachta. D'inis na páistí a gcuid scéalta as Gaeilge agus chabhraigh an múinteoir leo maidir lena bhfoclóir, m.sh:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.5

17	Dalta 5	Bhí muide ag ithe *chips* agus *sausages* inné
18	Múinteoir	Bhí sibh ag ithe sceallóga agus ispíní inné?
19	Dalta 5	Sea, Sceallóga agus ispíní ag cóisir inné agus bhí siad an-deas

(NB, Lá 1)

agus arís ar an gCéadaoin:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.6

20	Dalta 6	*I got sweeties*
21	Múinteoir	Fuair tú milseáin?
22	Dalta 6	Sea, fuair mé milseáin

(NB, Lá 3)

Glaodh an rolla go gairid ina dhiaidh sin agus lean an comhrá neamhfhoirmiúil ar aghaidh le ceistiú faoin aimsir agus faoin bhféilire. Clúdaíodh an Ghaeilge agus an Mhatamaitic gach maidin

agus bhí am spraoi acu gach trathnóna tar éis lóin. Múineadh meascán ábhar idir an dá thréimhse sin idir chorpoideachas, ealaíon, cheol, OSIE agus OSPS agus níor mhúineadh aon reiligiún nó Béarla le linn na tréimhse. Toisc gur tharla an bhreathnóireacht go luath sa bhliain bhí sé soiléir go raibh an múinteoir fós ag iarraidh gnásanna ranga a normálú agus bhí go leor míniú trí Ghaeilge agus múnlú i gceist leis an bpróiseas seo. Cótaí a chrochadh, obair bhaile a thógáil amach, lón a fhágáil ag deireadh an ranga in aice leis an doirteal gach maidin agus scuaine díreach a dhéanamh os comhair an dorais le dul amach chomh maith leis na nósanna iompair a bhítí ag súil leis ar scoil (NB, Lá 1-5). Níor labhair an múinteoir aon Bhéarla chun na nithe seo a mhíniú.

Caitheadh thart ar 40% den am teagaisc i rith na seachtaine ar mhúineadh na Gaeilge. Ba mhéid mhór ama é seo in aon scoil eile sa tír ach amháin go gcaithfear tógail san áireamh nach múintear aon Bhéarla sna ranganna naíonán anseo. Moltar i Réamhrá an Chuarclaim (1999: 70) gur cheart 240 nóiméad a chaitheamh ar mhúineadh an T1 (Gaeilge) agus 184 nóiméad ar mhúineadh an T2 (Béarla). 424 nóiméad san iomlán atá curtha ar fáil do mhúineadh teangacha ach toisc go bhfuil an scoil ag iarraidh pholasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm caithear an 112 nóiméad breise seo ar na seisiúin spraoi (mar chuid d'*Aistear*) tar éis lóin gach lá (NB Lá 1-5).

Ar an iomlán bhain an múinteoir úsáid as an scéalaíocht agus as an bhfilíocht níos minice ná na straitéisí teagaisc eile a luaitear sa churaclam (Curaclam na Bunscoile, 1999: 67). Maidir le húsáid na filíochta mar straitéis deineadh dul siar ar rannta, dánta agus amhráin gach lá ach fagadh rabhlóga, seanfhocail agus tréanna ar lár. Ceachtanna éisteachta a bhí sna seisiúin scéalaíochta go minic. Léigh an múinteoir scéalta amach don rang agus cheistigh sé iad faoi eachtraí agus faoi phictiúir an scéil. Tharla sé seo ar an Luan agus ar an Máirt. Níor úsáideadh agallaimh, cluichí teanga, druileanna, drámaíocht nó físeán mar straitéisí teagaisc le linn na tréimhse breathnóireachta (NB).

Thainig sé go láidir chun solais go bhfuil múineadh na bhfónaicí Gaeilge mar dhlúthchuid den chúrsa Gaeilge i ranganna naíonán sa scoil seo, cé nach luaitear an focal "fónaic" oiread agus uair amháin sa pholasaí Gaeilge (NG, NB & Polasaí Gaeilge). Clúdaítear ar a laghad fónaic

Ghaeilge amháin gach lá agus téitear siar ar fhuaimeanna agus ar chumaisc litreacha a clúdaíodh cheana go minic (NB, Lá 1-5). Chaith an múinteoir 23 nóiméad gach lá ar an meán, ag múineadh gnéithe éagsúla d'fhonaicí na Gaeilge. Ciallaíonn sé seo gur caitheadh thart ar 12% den am teagaisc sa tréimhse bhreathnóireachta ar mhúineadh na bhfónaicí amháin (NB, Lá 1-5). Baineadh úsáid as meascán de scéimeanna fónaicí, scéim *Shéidéan Sí* agus *Fonaic na Gaeilge* ón Áisaonad i gColáiste Mhuire, Béal Feiriste ach go háirithe. Cuireadh gné ilchéadfach i bhfeidhm chomh maith mar thacaíocht don dá scéim seo. Tá dhá chéim sa ghné ilchéadfach seo, atá deartha ag an múinteoir é féin. Ar dtús, déantar geaitsíocht áirithe chun litir a chur in iúl agus ansin déantar tagairt rialta do fhíorearra amháin do gach litir. Seasann fíorearra agus geaitsíocht ar leith do gach litir agus maíonn an múinteoir go gcabhraíonn sé leis na páistí cuimhne ar fhuaim na litreach agus go luathaíonn séan próiseas sealbhú dá bharr (NB, Lá 1-5 & AM). Mar chuid den phróiséas foghlama aon uair go ndeireann na páistí fuaim litreach, bíonn orthu an gheaitsíocht speisialta a dhéanamh agus déanann an múinteoir geaitsíocht éagsúil leis an bhfíorearra. Tar éis é sin dírítear ar fhocail a aimsiú focal ina bhfuil an litir áirithe seo mar chéad litir orthu agus bíonn an-bhéim ar aithris agus athrá ar na focail sin. Ar deireadh dírítear ar chruth agus ar scríobh na litreach. Déantar é seo san aer ar dtús leis an méar draíochta agus sa chóipleabhar peannaireachta ina dhiaidh sin. Tá an múinteoir den tuairim go bhfuil feabhas tagtha ar an luas ina sealbhaíonn na páistí feasacht fhónach, foghraíochta agus litearthachta trí úsáid a bhaint as na cleachtais ilchéadfacha seo[23].

Sa phróiséas ilchéadfach seo dúirt na páistí fuaim na litreach, rinne siad geaitsíocht shimplí, cheangail siad an litir le fíorábhar, dúirt siad focail a thosaigh leis an litir agus faoi dheireadh scríobh siad an litir ina gcóipleabhair pheannaireachta.

[23] Leantar ar aghaidh le cur síos ar mhúineadh na bhfónaicí i Scoil Áine in Aguisín L

Tábla 5.2:
Obair Fhónach don tSeachtain i Scoil Áine

	Dé Luain	**Dé Máirt**	**Dé Céadaoin**	**Déardaoin**
Fónach Nua	**c**	**a**, **c** agus **t** le béim ar **c**	**t**	**t, a, c** agus **m** le béim ar **m**
Focail bheaga	é, sí, go, is, sé, i, le, a, ar, agus, in, tá, ag	mac, ag, ar, rud, rug, cam, cur		
Geáitsíocht don fhónac nua	lámh amháin a chiorclú timpeall bharr do chloiginn	m: lámh a chuimilt ar do bholg	t: ceann a chasadh thaobh go taobh	óa: lámh a chur thar do bhéal
Fíor-ábhar don fhonac nua	castanat (uirlis cheoil ón Spáinn)		teidí	
Tascanna eile bunaithe ar fhónaic	Peannaireacht	Peannaireacht	Peannaireacht	Peannaireacht
Méid ama	10 nóiméad	38 nóiméad	20 nóiméad	24 nóiméad

Mar a léiríonn an tábla thuas cuirtear an-bhéim ar shealbhú na bhfónaicí agus ar léirmhúineadh cuimsitheach, leanúnach ar na scileanna litearthachta.

5.2.6 An stíl oideolaíochta.

An ghné is suntasaí maidir leis an stíl oideolaíochta ná an cineál idirghníomhú 'traidisiúnta' a dhéantar leis na páistí le linn ceachta. Dírítear aird na ndaltaí ar chruinneas foclóra agus ar thascanna iarchumarsáide a chomhlíonadh i gceart. Déantar go leor ceistiú chun tuiscint a dhaingniú agus bhí ceadtadán an-ard de na idirghníomhaíochtaí ranga múinteoir-lárnach seachas páiste-lárnach. Stráitéis teagaisc amháin a tháinig chun cinn go minic ná Tionscain, Freagra, Aischothú (TFA)[24] (Sinclair &Coulthard, 1975) ina gcuireann an múinteoir ceist, freagraíonn an páiste an cheist sin agus tugann an múinteoir aiseolas de shaghas eicínt faoin bhfreagra céanna:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.7

[24] Initiate Response Feedback (IRF)

23	Múinteoir	Cén t-ainm atá ar an bhfear grinn? (ceist)
24	Dalta 6	Bóbó (freagra)
25	Múinteoir	Maith thú (aischothú). An bhfeiceann sibh Bóbó (ceist)? Céard atá á chaitheamh aige? (ceist) Céard atá ar siúl aige? (ceist) Cén dath atá ar a chuid gruaige? (ceist)
26	Dalta 1	Tá dath dearg air. (freagra)
27	Múinteoir	An bhfuil focal eile ar dhearg? (ceist)
28	Daltaí	Rua (freagra)
29	Múinteoir	Go maith a pháistí (aischothú), cén t-ainm atá ar do dhaideo a Phóil? (ceist)
30	Dalta 4	Aindí Rua (freagra)
31	Múinteoir	Cén fáth an bhfuil an t-ainm sin air? (ceist)
32	Dalta 4	Mar tá sé rua. (freagra)
33	Múinteoir	Mar tá céard Rua? (ceist)
34	Dalta 4	Tá a ghruaig rua.
35	Múinteoir	Sin é, tá a ghruaig rua (aischothú)

(NB, Lá3)

Tharla samplaí den cineál idirghníomhaíochta seo i ngach ceacht agus i ngach ábhar. Léiríonn an Curaclam Gaeilge (1999) go bhfuil 5 bhealach chun páistí a eagrú agus iad i mbun a gcuid oibre. D'fhéadfaí na páistí a eagrú mar aonad iomlán, i ndá leath, mar ghrúpaí beaga, i mbeirteanna nó ina n-aonar. Níor cuireadh na páistí ag obair i ndá leath, i ngrúpaí nó i mbeirteanna oiread agus uair amháin le linn na tréimhse breathnóireachta. D'oibrigh siad mar aonad iomlán nó ina n-aonar, rud a laghdaigh an chumarsáid nádúrtha eatarthu. Bhí sampla maith den eagrú ranga seo agus den TFA le feiceáil sna ceachtanna Matamaitice inar stiúirigh an múinteoir na páistí tríd an gceacht le ceistiú agus treoracha agus iad ar fad ag obair mar rang iomlán nó ina n-aonair. Chaith sé 138 nóiméad (18.22% den am teagaisc) ar mhúineadh na matamaitice agus is sampla ionadaíoch é seo den chineál oibre a bhí ar siúl:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.2.8

36	Múinteoir	M: Taispeán don méar amháin
37	Daltaí	*P: (Leanann na daltaí an treoir agus na treoracha ar fad ina dhiaidh sin gan aon chaint a dhéanamh.)*
38	Múinteoir	Go maith, taispeán dom 2 mhéar (3 mhéar, 4 mhéar agus ar aghaidh go dtí 10 méar). Taispeáin dom 2 mhéar ar lámh amháin agus 4 mhéar ar lámh eile.
39	Múinteoir	Taispeán dom slí eile chun 6 a fháil le do dhá lámh
40	Múinteoir	Anois tá mé chun cárta a thaispeáint agus caithfidh tú an uimhir a rá liom. Thaispeán an múinteoir cártaí éagsúla le spotaí orthu agus bhí ar na páistí méid na spotaí a rá os ard agus ansin licíní a úsáid chun an pátrún céanna a dhéanamh ar phíosa páipéir. Deineadh é seo le roinnt uimhreacha
41	Múinteoir	Anois cén uimhir atá ar an dílse seo (rud céanna a bhí ar siúl leis na cártaí thuas
42	Múinteoir	Anois lámha suad chun na sumaí seo a fhreagairt: 1+1, 2+2, 3+3 srl.

NB, Lá 4

Bhí an cur chuige TFA go mór chun cinn i ngach ábhar. Maidir le straitéisí oideolaíochta agus bhainistíocht ranga bheadh roinnt cleachtas aitheanta mar dhea-chleachtais idirnáisiúnta i gcomhair le polasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm go héifeachtach (Johnson agus Swain, 1997). Tá Gaeilge líofa, dhúchasach ag an múinteoir agus taithí aici a bheith ag obair i nGaelscoil Tumoideachais. Tógadh an múinteoir sa cheantar agus tuigeann sé an áit agus muintir na háite. Tá pacáiste luath-thumoideachais *Séideán Sí* in úsáid mar scéim Ghaeilge agus an-bhéim ar chur chun cinn na Gaeilge sa rang agus sa scoil. Tá scéim chuimsitheach fhónaicí in úsáid ina bhfuil gnéithe de *Séideán Sí* agus an scéim *Fónaic na Gaeilge* in úsáid le chéile, le gné ilchéadfach an mhúinteora féin meascaithe tríd. Ní bhaintear úsáid as scéim Bhéarla ar nós *Jollyphonics* nó *Letterland*. Ag baint úsáide as saothar Cook (2008) áitím go bhfuil stíl chloslabhartha oideolaíochta i bhfeidhm i Scoil Áine. Stíl thraidisiúnta oideolaíochta atá ina mbaintear úsáid as réimse cúng straitéisí chun forbairt a dhéanamh ar chumas cumarsáide na ndaltaí. Ní bhaintear úsáid rialta as obair ghrúpa nó obair bheirte mar straitéisí teagaisc sa suíomh seo.

5.2.7 Cleachtais leithleacha i dtaca leis an oideachas dátheangach

I scoil bheag tuaithe ina bhfuil ilranganna á múineadh sa seomra ranga céanna bíonn dúshláin bhreise le sárú maidir le soláthair an oideachais dhátheangaigh (NG, APO & AM). Sa chás-staidéar seo mar shampla, tá naíonáin shóisearacha agus shinsearacha á múineadh in aon seomra ranga amháin ag an múinteoir Antaine. Ar mhaithe le múineadh na Gaeilge a shimpliú sa rang, níl in úsáid ach pacáiste amháin (Leibhéal A nó B) den scéim *Séideán Sí* in aghaidh na bliana. Rothlaítear úsáid na bpacáistí gach dara bliain le cinntiú go mbíonn an dá phacáiste naíonáin déanta ag gach páiste sula mbogann siad ar aghaidh go dtí rang a h-aon. Don scoilbhliain 2012/2013 ba é Leibhéal A a bhí in úsáid ag na daltaí ar fad. Maidir le múineadh an Bhéarla fágtar é sin go dtí tar éis na Cásca sna naíonáin shinsearacha mar a aontaíodh ag leibhéal an bhoird bhainistíochta (APO). Ciallaíonn an nós seo go dtumtar na páistí sa Ghaeilge do scoilbhliain iomlán agus ceithre mhí. I rang ilrangach áfach bíonn gá le straitéis scarúna[25] le cinntiú nach mbíonn teagmháil ag na naíonáin shóisearacha leis an mBéarla tar éis na Cásca agus chun cloí go docht le 'spiorad an tumoideachais' (APO). Sa chéad phlean a dréachtaíodh cuireadh na naíonáin shinsearacha go dtí seomra ranga eile rang (an seomra tacaíochta foghlama le linn na seachtaine seo) chun rang foirmiúil Béarla a dhéanamh leis an gcúntóir teanga. Chiallódh cur chuige mar seo go mbeadh na naíonáin shóisearacha fágtha leo féin, leis an múinteoir ranga chun ceacht trí Ghaeilge a dhéanamh (APO). Toisc go bhfuil baol ann nach mbeidh an cúntóir teanga sin seo ar fáil sa todhchaí, tá feidearthachtaí agus straitéisí eile pléite ag an bhfoireann (NG, APO). D'fhéadfaí mar shampla na naíonáin shinsearacha a chur isteach le Ranganna 1 agus 2 don rang Béarla nó na naíonáin shinsearacha a fhágáil ina rang féin leis an múinteoir ranga agus na naíonáin shóisearacha a chur go dtí seomra eile i mbun rang trí Ghaeilge (AM). Aithnítear i measc na foirne go mbeidh gá le tuilleadh plé maidir leis na straitéisí scarúna seo sa todhchaí, go mbraitheann an cur chuige ar líon agus ar chumais na

[25] Separation strategy as part of differentiation

ndaltaí sna ranganna sin agus go mbeidh gá athbhreithnithe rialta, leanúnacha a dhéanamh ar an bpolasaí scarúna (NG).

Ní aithnítear sa pholasaí Gaeilge go bhfuil gánna éagsúla foghlama ag cainteoirí T1 agus T2 i suíomh oideachais mar seo. Ní dhéantar mórán idirdhealaithe idir cainteoirí T1 agus T2 sa chur chuige oideolaíochta ach an oiread. Chiallódh sé seo go ndéantar simpliú ar an ionchur teanga don chainteoir T2 agus go mbeadh tionchar diúltach aige seo ar shealbhú an chainteora T1 (Mougeon & Beniak, 1988; Valdes, 1997; Hickey 2001 & Hickey et al., 2013). Múintear chuile pháiste ar an gcaoi chéanna ach amháin go gcaitear tuilleadh ama leis na cainteoirí T2 chun tascanna a mhíniú (NB). Ní ghrúpáilítear na daltaí ar bhonn teangeolaíochta sa seomra ranga don ghnáthlá scoile. Is cosúil gur chleachtas traidisiúnta tumoideachais é seo go bunúsach (Johnson & Swain, 1997) ina leantar ar aghaidh le cur chuige atá feiliúnach don chainteoir T2 beag beann ar ghánna an chainteora T1. An t-aon ghrúpáil nó scarúint teangeolaíochta a tharla ná i dtréimhsí spraoi (Aistear, 2009) tar éis lóin mhóir. Sa tréimhse seo leagtar amach gníomhaíochtaí spraoi do na daltaí ag boird timpeall an halla. Tugtar deis do dhaltaí a bheith ag súgradh lena gcuid cairde don seisiún seo agus tarlaíonn sé uaireanta go mbíonn cainteoirí T1 ag spraoi le chéile trí Ghaeilge sa ghrúpa céanna (NB). Grúpáil fánach teangeolaíochta, de thaisme atá ann áfach, seachas grúpáil chórasach atá bunaithe ar ghánna ar leith na ndaltaí sa rang. Ní dhéantar aon réamh-fhorbairt ar fhoclóir nó ar eiseamláirí Gaeilge a theastódh chun seisiún súgartha mar seo a dhéanamh trí Ghaeilge agus ní thugtar aon aiseolas do dhaltaí maidir lena n-aschur teanga linn an tseisiúin súgartha. Deis caillte a bhí ann ó thaobh na hoibre cothabhála agus saibhriúcháin a bheadh ag teastáil ag daltaí T1.

5.2.8 Tátal ar mhúnla oideachais dhátheangaigh Scoil Áine

Tá cur síos déanta agam thuas ar na hiarrachtaí córasacha, leanúnacha ar siúl sa scoil an méid Béarla a laghdú sa scoil agus tús áite a thabhairt don Ghaeilge i gcónaí. Léiríodh seifteanna spéisiúla chun an teangmháil leis an mBéarla a laghdú ach go háirithe maidir le rang Béarla sa chomhthéacs ilranga a bhainistiú. Tá an polasaí tumoideachais atá ag feidhmiú sa scoil le cúpla

bliain, bunaithe go príomha ar thaithí Gaelscolaíochta an phríomhoide agus an mhúinteora. Ceapann an múinteoir naíonáin go bhfuil sé i bhfad níos éasca a bheith "ag déanamh an tumoideachais" mar nach gcaithfidh tú "a bheith buartha faoin mBéarla" go dtí deireadh Rang na Naíonán Sinsir (AM). Tá sé go láidir den tuairim go mbíonn níos mó Gaeilge le cloisteáil ó na páistí níos luaithe sa scoilbhliain, go mbíonn Gaeilge níos saibhre á labhairt acu agus bhí gach ball foirne gur labhair mise leo den tuairim go bhfuil éiteas Gaeilge na scoile láidrithe go mór ó tháinig an polasaí tumoideachais i bhfeidhm (NG). Creidtear go gcuireann sé seo le héiteas níos gaelaí a chothú sa scoil agus go gcuireann sé ar chumas na ndaltaí an dátheangachas a bhaint amach.Tá straitéis scarúna in úsáid don cheacht foirmiúil Béarla a fhaigheann na naíonáin shinsearacha sa tríú téarma den scoilbhliain. Cuirtear na naíonáin shóisearacha go dtí seomra ranga eile le díriú ar scileanna Gaeilge a fhorbairt agus múintear an curaclam Béarla do na naíonáin shinsearacha. Dea-chleachtais tumoideachais é seo mar go bhfuiltear ag iarraidh teagmháil leis an mBéarla a laghdú do na naíonáin shóisearacha. Tá an straitéis seo solúbtha agus athraíonn sé ó bhliain go bliain. Níl aon amhras ach go mbeadh straitéis mar seo cabhrach i scoileanna beaga eile sa Ghaeltacht ina bhfuil ilranganna á múineadh sa seomra ranga céanna agus déanfar tuilleadh plé faoin seo ar ball. Ar cheann de na dúshláin mhóra maidir le cleachtas mar seo a chur i bhfeidhm ná ceist na n-acmhainní daonna. Beidh le feiceáil an mbeidh an fhoireann ar fáil i scoileanna beaga na Gaeltachta chun an dá chineál scarúna thuasluaite a chur i bhfeidhm amach anseo.

In ainneoin na bpointí seo caithfear a admháil go bhfuil an polasaí tumoideachais á chur i bhfeidhm, beag beann ar ghánna na gcainteoirí T1 sa scoil. Cé go bhfuil imeascadh de chainteoirí T1 agus T2 sa seomra ranga, níl aon straitéis idirdhealaithe in úsáid ag an múinteoir ina mbeadh sé in ann díriú go sonrach ar ghánna teanga an chainteora dúchais. Múintear gach ábhar, ar an mbealach céanna ar mhaithe leis na spriocanna foghlama céanna a bhaint amach do gach dalta sa seomra ranga. Easnamh teangeolaíocha agus oideachais é seo mar go gcreidtear gur cheart an t-idirdhealú seo a chur i bhfeidhm (féach Ó Duibhir et al., 2015 mar shampla). Ní dhéantar aon obair bhreise chothabhála nó shaibhriúcháin leis na daltaí T1 (NB). Creidtear i gcleachtas mar seo go

sealbhóidh na cainteoirí T2 an Ghaeilge ach nach bhfaighidh na cainteoirí T1 deis a gcuid Gaeilge a shaibhriú agus bheadh an baol ann fiú, go dtiontódh siad ar an mBéarla chun cumarsáid a dhéanamh leis na cainteoirí T2 (Hickey, 2001; Hickey et al., 2013). Cé go bhfuil an-bhéim ar chur chun cinn na Gaeilge sa scoil bheadh an baol ann nach bhfeilfeadh polasaithe nó cleachtais ghaelscolaíochta don scoil Ghaeltachta seo mar nach ndírítear aird fheiliúnach ar na cainteoirí dúchais Ghaeilge.

Múinteoir áitiúil é Antaine atá líofa i nGaeilge an cheantair agus an tuiscint aige ar an gcanúint áitiúil. Cé go bhfuil roinnt straitéisí nua-aimseartha in úsáid ina chuid teagaisc, ach go háirithe maidir le cur chuige ilchéadfach sa chúrsa fónaice, tá stíl thraidisiúnta oideolaíochta i bhfeidhm ina mbaintear úsáid as TFA go minic. D'fhéadfaí a mhaíomh nár chruthaigh an stíl seo mórán fíordheiseanna cumarsáide do na daltaí ar scoil agus go raibh an teagasc an-mhúinteoir lárnach, seachas páiste-lárnach, uaireanta. Tuairiscítear gur cheart forbairt a dhéanamh ar scileanna ginchumais agus gabhchumais na ndaltaí mar chuid den forbairt intleachtach agus réamh-litearthachta na ndaltaí (French, 2007: 4) ach ní dhéantar mórán den obair ghinchumais sa seomra ranga seo. Ní chothaítear an chumarsáid trí Ghaeilge in measc na ndaltaí ar bhealach córasach agus dírítear go tréan ar dhruileanna agus thascanna fónaice sa Ghaeilge gach lá.

Ní dhéantar tagairt sa pholasaí Gaeilge ar fhad na tréimhse tumoideachais nó ar thús mhúineadh an Bhéarla. Maidir leis an múnla oideachais seo a ainmniú agus a rangú ar chontanam an oideachais dhátheangaigh, is cosúil gurb í an córas atá i bhfeidhm ná an tumoideachas gaelscolaíochta ina múintear na daltaí ar fad sa chur chuige céanna gan idirdhealú foghlama in aon ábhar.

Tábla 5.3
Saintréithe Mhúnla Oideachais Dhátheangaigh Scoil Áine

Téama	Tréithe a Bhaineann leis
Eolas faoin bhFoireann	Príomhoide: Áine. Taithí cuimsitheach Gaelscolaíochta (i mBÁC) agus taithí mar mhúinteoir i scoileanna Gaeltachta. Múinteoir: Antaine. Duine áitiúil le taithí Gaelscolaíochta i dTuaisceart na hÉireann.
Eolas Ginearálta faoi na Daltaí	100 Páiste ag freastail ar an scoil
Catagóir Gaeltachta	B
Iompar Teanga na nDaltaí	Claontacht i dtreo an Bhéarla ach go háirithe i measc na ndaltaí naíonán
Polasaí Gaeilge	Tá an tumoideachas luaite i bpolasaí na scoile
Tosaíochtaí Curaclaim sa Seomra Ranga	Múineadh na bhfónaicí sa Ghaeilge
Cuir Chuige Oideolaíochta	Obair ghrúpa agus bheirte in easnamh ón oideolaíocht Stíl chloslabhartha le béim ar TFA
Múineadh an Bhéarla	Tosaítear ar mhúineadh an Bhéarla sa dara téarma de Rang na Naíonán Sinsear
Aistear	Seisiún Súgartha i bhfeidhm go laethúil ach gan iad a bheith bunaithe ar phrionsabail *Aistear*.
Soláthar a dhéantar do dhaltaí T1&T2	Ní dhéantar aon idirdhealú idir na daltaí T1 nó T2
An Múnla Oideachais Dhátheangaigh atá i bhfeidhm	Tumoideachas traidisiúnta na Gaelscolaíochta atá feiliúnach do dhaltaí T2 amháin. Gan aon idirdhealú foghlama i bhfeidhm sa seomra ranga in aineoinn an imeascaidh de dhaltaí T1 agus T2 a fhaightear sa scoil.

5.3 Cás-Staidéar 2: Scoil Bhríde

5.3.1 Faisnéis chúlra agus comhthéacs teangeolaíochta Scoil Bhríde.

Bunscoil an-bheag atá suite i gceantar iargúlta tuaithe i nGaeltacht mhór atá mar ábhar staidéir i gcás-staidéar 2. Tá an scoil lonnaithe i gceantar láidir Gaeltachta atá aitheanta mar Chatagóir A agus ina bhfuil 90% den daonra ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (SCG, 2007: 18-23). Leagtar an-bhéim ar Ghaeilge leithleach an cheantair agus ar thraidisiúnta, nósanna agus bhuanna mhuintir an cheantair sa scoil seo (APO, NG & NB). Maíonn an príomhoide, go léirítear bród faoi leith sa scoil in oidhreacht na h-áite agus go leagtar béim ar thábhacht na gné áitiúla sa scoil (APO) agus go bhfuil an-bhród ag muintir na háite as a stádas Gaeltachta agus as "gaelachas" na scoile (NG & APO). Sa scoil seo múintear amhráin agus litríocht thraidisiúnta an cheantair, leagtar béim ar thíreolaíocht agus ar an stair áitiuil agus glacann na páistí páirt rialta i gcomórtais agus i bhféilte an cheantair (NB&NG). Tá thart ar 50 páiste ag freastal ar an scoil agus beirt mhúinteoirí ranga ag múineadh inti. Tá an bheirt mhúinteoirí ranga ag múineadh i seomraí ranga ilghráid agus tá múinteoir tacaíochta foghlama amháin atá roinnte le scoileanna eile. Dar leis an bpríomhoide go mbíonn sé níos éasca múinteoirí eile a mhealladh agus a ghríosadh chun polasaithe fábharacha i dtaobh na Gaeilge a chur i bhfeidhm (NG).

Toisc go raibh an múinteoir ranga ar a deineadh an bhreathnóireacht ina phríomhoide sa scoil, bhí dualgaisí riaracháin le comhlíonadh agus mar sin ba mhinic go raibh ar an bpríomhoide déileáil le gnó scoile agus an seomra ranga a fhágáil dá bharr.

5.3.2 Polasaí teanga agus cleachtais bhainistíochta.

D'oibrigh an príomhoide mar mhúinteoir gaelscoile i gcathair mhór agus tá Céim Mháistreachta sa Ghaeilge bainte amach aige. Fuair sé taithí ar fheidhmiú an tumoideachais le linn tréimhse a chaith sé ag múineadh an Bhéarla san Áis. Tá cur amach ag an bpríomhoide ar an gcur chuige cumarsáide mar mhodh múinte maidir le sealbhú teanga ón taithí oibre sin agus an-tuiscint aige ar theoiricí *TEFL* (NG). D'aithin sé an-luath go raibh gá a bheith gníomhach ar son na Gaeilge

sa scoil seachas ligint do rudaí leanacht ar aghaidh i dtreo an Bhéarla agus cé nár tharla athrú 'thar oíche' bhí sé i gcónaí ag iarraidh an Ghaelge a neartú sa scoil. Cónaíonn an bheirt mhúinteoirí sa cheantar, tá an-tuiscint acu ar an bpobal agus Gaeilge líofa, dhúchasach acu (APO, AM & NG). Ceann de na dúshláin mar a fheiceann sé é ná, meon mhuintir na Gaeltachta a athrú ar ais i dtreo na Gaeilge arís agus gan a bheith ag iarraidh Béarla a bhrú ar pháistí ró-óg:

> Caithfear daoine a chur ar an eolas i gcónaí toisc nach dtagann aon eolas ón Roinn Oideachais agus nach mbíonn treoracha cearta acu i leith an tumoideachais agus mhúineadh na dteangacha sa Ghaeltacht go ginearálta (APO).

Deireann sé go mbíonn gá meabhrú a thabhairt do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí faoi bhuntáistí an tumoideachais agus an dátheangachais agus faoin gcaoi nach mbíonn gá aon Bhéarla a mhúineadh go dtí pointe níos déanaí i saol an pháiste (NG). Ceann de na dualgaisí móra eile atá ag príomhoidí na Gaeltachta dar leis, ná tuismitheoirí agus múinteoirí eile a chur ar an eolas faoin taighde idirnáisiúnta atá amuigh ansin maidir le dea-chleachtais na múnlaí dátheangacha agus iad "a thabhairt leat ar an bpróiseas" (APO). Luaigh sé sampla amháin faoi mhúinteoir nua-cháilithe a d'oibrigh sa scoil anuraidh nach raibh 'an oiliúint cheart' faighte aici:

> Tháinig múinteoir nua isteach anseo anuraidh ag clúdú saoire mháithreachais mar shampla agus chuir sí tús leis an léitheoireacht sa Bhéarla leis na naíonáin shóisearacha. Tá sí díreach cáilithe anois ó cheann de na coláistí oiliúna móra agus níor thuig sí nár cheart aon Bhéarla a mhúineadh do na páistí go dtí go mbeidh siad i rang a haon. Níl aon oiliúint á fáil acu faoin tumoideachas ar chor a bith agus téann siad ar ais ar na sean-nósanna Gaeltachta a bhí acu féin, nuair a bhí siad féin ar scoil, sé sin go múineann tú an Béarla ón gcéad lá ar scoil agus sin sin" (APO).

Luaigh sé go bhfuil a mhac féin ag freastail ar scoil eile i gCatagóir A sa Ghaeltacht ina leagtar béim níos lú ar chur chun cinn na Gaeilge agus gur tubaisteach an rud é sin do stádas, caighdeán agus úsáid na Gaeilge sa scoil sin agus sa phobal i gcoitinn (APO). Cé go mbíonn an próiséas ghaelú scoile seo tiománta ag an bpríomhoide, chaithfí neart tacaíochta a fháil ó phobal na scoile. Tacaíonn clubanna óige agus imeachtaí spóirt trí Ghaeilge sa cheantar le hiarrachtaí na scoile. Cosúil le Scoil Áine [CS1] déantar iarracht an méid teagmhála le Béarla a laghdú agus an méid teagmhála le Gaeilge a mhéadú. Leagtar béim níos mó ar shaibhriú teanga agus ar an

bhfeasacht teanga agus ar thuiscint na ndaltaí féin mar fhoghlaimeoirí a fhorbairt áfach (NB,NG,APO). Iarrtar ar na páistí comparáidí a dhéanamh idir a gcanúint áitiúil féin agus canúintí eile go minic agus dírítear aird ar an bhfeasacht teanga taobh istigh de thimpeallacht ghaelach ina bhfuil fógraí, comharthaí, póstaeir agus obair na ndaltaí i nGaeilge amháin. Cabhraíonn sé go bhfuil an scoil suite i nGaeltacht Chatagóir A mar go gciallaíonn sé go bhfuil páistí na scoile tumtha sa Ghaeilge agus ag breathnú ar an teanga mar ghnáth-theanga laethúil (NG & Agallamh neamhstruchtúrtha le Tuismitheoir). Ar ndóigh, labhair na daltaí an Ghaeilge go rialta eatarthu féin agus mar sin níor cuireadh an oiread sin béime ar dhuaiseanna nó ar chórais luaíochta chun cumarsáid trí Ghaeilge a spreagadh. Braitear nach bhfuil gá leis an oiread machnaimh a dhéanamh faoi straitéisí scarúna nó faoi idirdhealú foghlama do na cainteoirí T1 agus T2 i gcás mar seo ach an oiread (AM). Ní raibh fáil ar pholasaí Gaeilge nó polasaí oideachais dhátheangaigh le linn an chás-staidéir.

5.3.3 Iompar teanga na ndaltaí.

Cé go bhfuil meascán de chúlraí teangeolaíochta sa rang (APO, C & NG) is cosúil go bhfuil an Ghaeilge go mór in uachtar i measc daltaí na scoile (NB). I seomra ranga na naíonán bhí 4 pháiste le cúlra Gaeilge amháin (T1), seisear le cúlra measctha Gaeilge/Béarla (T1&T2), páiste amháin le teanga Eorpach eile á labhairt sa bhaile aige ach a bhí an-chumasach sa Ghaeilge (T3) agus páiste amháin eile le cúlra Béarla amháin (T2). Bhí fadhbanna fisiciúla, foghlama agus sóisialta ag an bpáiste sin agus cúntóir riachtanais speisialta lán-aimseartha aige dá bharr (NB & NG). Cé go raibh cúlraí teangeolaíocha na ndaltaí éagsúil lena, chéile tuairiscítear gurb é an gnás scoile ná an Ghaeilge a labhairt i gcónaí (APO). Fiú amháin sa rang Béarla nuair a cuireadh ceist ar na páistí as Béarla bhí an claonadh iontu freagra a thabhairt as Gaeilge (NB) agus bhí Gaeilge líofa, dhúchasach ag foireann uilig na scoile (NG).

5.3.4 Teanga teagaisc an tseomra ranga agus na cleachtais oideolaíochta.

Tosaíonn gach lá oibre le paidreacha a chanann na páistí agus glaoitear an rolla go gairid ina dhiaidh sin. Déantar comhrá neamhfhoirmiúil faoin bhféilire ina dhiaidh sin inar ceistíodh na páistí faoin lá, dáta, mí, séasúir, bliain agus faoi dheireadh maidir le cúrsaí aimsire (NB). Déantar go leor cainte faoi chúrsaí féilire agus aimsire agus toisc go bhfuil Gaeilge mhaith ag formhór na ndaltaí tá siad in ann freagraí cuimsitheacha a thabhairt. Tá ceithre rang-ghrúpa istigh in aon seomra ranga amháin. Tugtar cead do na daltaí a bheith ag caint le chéile le linn a bheith i mbun a gcuid oibre scoile. Tá an leabharlann ranga ag cúl an tseomra, ina bhfuil thart ar 80% de na leabhair as Gaeilge agus iad spreagtha go neamhfhoirmiúil chun na leabhair sin a athrú go rialta (NB). Níl spás speisialta léitheoireachta sa rang ach tá cead ag páistí leabhar a fháil agus é a léamh ina n-áit féin aon uair go raibh a gcuid oibre ranga críochnaithe agus ceartaithe acu. Baintear úsáid as clár bán idirghníomhach go rialta go háirithe mar ghníomhaíochtaí idir-ranga nó chun scéalta a insint agus as seinnteoir dlúthdhiocsaí don rang ceoil. Tá an stíl chumarsáideach i bhfeidhm i Scoil Bhríd ach tionchar na stíle tasc-bhunaithe le sonrú ar an teagasc chomh maith (Cook, 2008).

5.3.5 Teagasc na Gaeilge.

Caitheadh 33% den am teagaisc ar mhúineadh na Gaeilge sa rang agus an-úsáid bainte as iliomad straitéisí len é sin a dhéanamh (NB). Cé nár deineadh drámaíocht nó agallamh mar ionchur d'imirt i rólanna le linn na tréimhse breathnóireachta baineadh úsáid as cluichí teanga, tascanna agus fadhbanna, druileanna, físeáin, scéalaíocht agus filíocht. Leagtar an-bhéim an bhfilíocht mar straitéis le beagáinín os cionn 10% d'am teagaisc na seachtaine caite ar rannta agus ar amhráin. Ní leagtar an bhéim chéanna ar mhúineadh na bhfónaicí i Scoil Bhríde nuair a chuirtear i gcomparáid le Scoil Áine (CS 1) í agus déantar iarracht na réamhscileanna litearthachta seo a shníomh isteach le gnáthcheachtanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta na Gaeilge. Déantar roinnt staidéir ar fhuaimeanna agus litreacha éagsúla ón scéim fónach Mhuintearas ach ní múintear riamh mar cheacht ann féin é.

Tá an pacáiste *Séideán Sí* in úsáid agus cé nach bhfuil an oiread béime ar fhoghlaim fhoirmiúil na bhfónaicí Gaeilge cuirtear go leor deiseanna cumarsáide ar fáil do na páistí trí Ghaeilge. Úsáidtear go leor obair bheirte agus ghrúpa mar straitéisí foghlama agus bíonn deiseanna ag na páistí a bheith ag foghlaim go neamhspleách (Curaclam na Bunscoile, 1999) agus a bheith ag foghlaim tríd an spraoi (Aistear, 2009). Suntasach go leor, déantar iarracht rialta na ceithre scil teanga a chomhtháthú le chéile in aon cheacht amháin. Roimh an gcéad cheacht léitheoireachta a chonaic mé mar shampla tugadh deis do bheirt naíonán scéalta a chum siad iad féin sa bhaile a léamh amach os comhair an ranga. Tugadh bualadh bos mór dóibh agus chun aird na ndaltaí a dhíriú ar an gceacht a bhí le teacht thug an múinteoir ceist fócais dóibh; "Cén cineál duine a bhí i Luathríona?" Léigh an múinteoir an scéal *Luathríona* do na páistí agus rinne sí iarracht na páistí a tharraingt isteach sa phróiseas inste scéil trí cheistiú agus trí dheis a thabhairt do na páistí ráiteas a thabhairt agus tuar a dhéanamh ar na heachtraí a bhí le teacht. Léigh na páistí leis an múinteoir uaireanta agus lig siad di uaireanta eile. Ag an deireadh bhí tasc iarchumarsáide ag daltaí ina raibh orthu an scéal a athinsint arís ina bhfocail féin. Rangaíodh na páistí i ngrúpaí agus rinne siad iarracht an scéal a chur le chéile arís ina bhfocail féin sna grúpaí beaga sin. Tar éis 6 nóiméad chuir na páistí an scéal le chéile arís mar rang iomlán. D'inis Rang 2 tús an scéil, Rang 1 lár an scéil agus chríochnaigh na Naíonáin Shinsearacha agus Shóisearacha le deireadh an scéil. Tugadh moladh go minic, lorgaíodh an leagan cruinn de na focail i gcónaí agus cuireadh an-bhéim ar shaibhreas trí cheistiú agus mholadh. Deineadh plé ranga ansin ina raibh ar na páistí ceisteanna a fhreagairt faoi na pictiúir sa leabhar agus faoin scéal é féin. Labhair an múinteoir faoi chodanna an scéil le béim ar an tús, an lár agus an deireadh.

Tar éis an phlé seo bhí ar na páistí a bheith ag obair i mbeirteanna chun an scéal a scríobh amach ina bhfocail féin. D'oibrigh na páistí le chéile ar seo ag iarraidh ciall a bhaint as an scéal agus ag iarraidh an scéal a athscríobh ina bhfocail féin agus deineadh é seo ar fad as Gaeilge. Mhair an ceacht uair a chloig agus cé nach raibh ann ach ceacht amháin, ba shampla é seo den chineál

oibre a deineadh leis na daltaí i ngach ábahar. Próiseas casta, cuimsitheach a bhíonn ann maidir le saibhriú foclóra agus forbairt na feasachta teanga.

Sa cheacht staire léigh an múinteoir an scéal miotais ar dtús. Labhair na páistí le chéile i mbeirteanna faoin scéal ag iarraidh é a chur le chéile arís. D'athinis siad an scéal don mhúinteoir ina bhfocal féin i ngrúpaí agus tar éis é sin tharraing siad 3 phictiúr faoin scéal a dhéanfadh cur síos ar na heachtraí móra a tharla ann. Bhí ar na naíonáin pictiúr den scéal a tharraingt agus abairt amháin a scríobh faoi. Scríobh Rang 1 dhá abairt agus scríobh Rang 2 trí abairt faoi gach pictiúr. Le linn na scríbhneoireachta shiúil an múinteoir timpeall an ranga ag ceistiú na ndaltaí ina n-aonar faoi na heachtraí a bhí á dtarraingt acu agus ag iarraidh an scéal a chloisteáil ina bhfocail féin arís. Díríodh de shíor ar shaibhriú teanga sa chaoi agus gur lorg an múinteoir focail "níos deise" chun cur síos a dhéanamh ar rudaí éagsúla (NB), mar shampla:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.3.1

43	Múinteoir	Céard a tharla don chailín bocht?
44	Daltaí	Fuair sí bás.
45	Múinteoir	'sea ach cén chaoi an ndeirtear é sin thart anseo? c..c..c..(tugtha mar leid agus í ag iarraidh an leagan áitiúil a fháil)
46	Dalta 1	Cailleadh í.
47	Múinteoir	Sea, cailleadh í, abair é sin gach duine.
48	Daltaí	Cailleadh í.
49	Múinteoir	Cailleadh í ag deireadh an scéil.
50	Dalta 2	Cailleadh mo Dhaideo anuraidh
51	Daltaí	Cailleadh mo Mhamó freisin

(NB, Lá 1)

Tugadh moladh do dhaltaí as iarracht mhaith a dhéanamh agus bhí ar na páistí a n-abairtí féin a léamh amach. Deineadh obair foghraíochta ar an bhfuaim 'ó' i ndiaidh na hoibre sin. Scríobh an múinteoir an litir ar an gclár bán agus tosaíodh plé faoin litir agus faoi fhocail ina bhfuil an litir. Díríodh ar na daltaí naíonán go speisialta agus ligeadh do na daltaí i rang 1 agus 2 leanúint ar

aghaidh leis na pictiúir agus abairtí. Chaith an múinteoir an ceacht uilig ag tabhairt molaidh, ag ceartú, ag ceistiú agus ag gríosadh na ndaltaí chun a bheith rannpháirteach, chun smaoineamh faoin ábhar idir lámha acu agus chun dul i ngleic leis an ábhar ar bhealach níos doimhne ná rannpháirtithe éighníomhacha. Níor glacadh le botún litriú nó gramadaí agus ceartaíodh botúin na ndaltaí beagnach i gcónaí. Bhí na daltaí airdeallach maidir lena gcuid cainte agus fios acu go dtiocfadh ceartú dá mba rud é go raibh rud eicínt ráite mícheart:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.3.2

52	Dalta 3	Thit an Daidí isteach sa poll
53	Múinteoir	Thit an Daidí isteach sa ***bp***oll *(Ag ceartú na gramadaí le béim ar an bp)*[26]
54	Dalta 3	Thit an Daidí isteach sa bpoll *(le béim ar an bp)*

(NB, Lá 1)

Go minic nuair a thug na daltaí freagra, rinne an múinteoir iarracht a n-aird a dhíriú ar bhealach níos dúchasaí le rud a rá nó ar an gcaoi go raibh a leaganacha féin d'fhocail acu mar shampla nuair nach raibh an focal "féachaint" ar eolas acu i scéal:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.3.3

55	Múinteoir	Cad é seo? (Ag déanamh geáitsíochta de dhuine ag féachaint amach an fhuinneog)
56	Daltaí	Ag breathnú *(ag freagairt amach os ard le chéile)*
57	Múinteoir	Sin é an focal atá againne ar an ngníomh sin ach tá focal eile ar sin chomh maith…
58	Dalta ó Rang 2	Ag féachaint!
59	Daltaí eile	*Oh ya,* ag féachaint.

(NB, Lá 2)

Cuirtear an-bhéim ar fhorbairt na scileanna labhartha agus í mar dhlúthchuid de gach ceacht. Déantar plé i mbeirteanna, i ngrúpaí agus mar rang iomlán faoi go leor topaicí.

[26] Sa pholl a bheadh i nGaeilge chaighdeánach ach sa bpoll i nGaeilge Chonamara.

5.3.6 Múineadh na n-ábhar eile agus straitéisí teagaisc.

5.3.6.1 Réamhrá.

Tá beagnach gach ceacht sa seomra ranga seo ina dheis shaibhriúcháin. Don cheacht staire mar shampla a bhí ar fáil ar an gclár bán idirghníomhach d'fhéach na daltaí ar chartún den scéal *Setanta* as Gaeilge. Deineadh go leor cainte ag tús an cheachta faoin iomáint agus faoi na sean scéalta Fiannaíochta chun spéis na ndaltaí a chothú. Cé gur insíodh an scéal i gcanúint eile bhí an-suim acu san ábhar agus sna tascanna a dhear an múinteoir bunaithe air. Bhreathnaigh siad ar an bhfíseán tar éis na tréimhse réamhchumarsáide agus cuireadh i ngrúpaí de thriúr iad chun an scéal a athchruthú ina bhfocail féin. D'athinis duine amháin ó gach grúpa an scéal ansin ina bhfocail féin le cinntiú go raibh tuiscint acu. D'fhéach na daltaí ar an scannán céanna an lá dar gcionn agus an-spéis agus an-tuiscint acu ar an scéal. Líon na daltaí isteach ceistneoir a dhear an múinteoir mar mheasúnú ar an bhfoghlaim a tharla thar dhá lá agus arís tugadh deis dóibh aiseolas a thabhairt ó bhéal ar na freagraí a scríobh siad. Arís eile leag an múinteoir síorbhéim ar Ghaeilge chruinn, shaibhir, dhúchasach a chur chun cinn i measc na ndaltaí agus a lán deiseanna cumarsáide cruthaithe aige.

Leagtar an-bhéim ar an gceol agus ar an amhránaíocht le linn na tréimhse breathnóireachta agus na daltaí i mbun ullmhúcháin do chomórtas ceoil don stáisiún áitiúil raidió. Bhí ar na daltaí amhrán cáiliúil Béarla a aistriú go Gaeilge agus an-ríméid orthu toisc é a bheith buaite cheana sa scoil. Bhí go leor smaointe ag na daltaí maidir leis na h-amhráin gur theastaigh uathu a aistriú agus cé go raibh ualach na hoibre fós le déanamh, chaith siad 15 nóiméad ar an Aoine ag éisteacht le h-amhráin nua-chumtha a d'aistrigh daltaí eile go Gaeilge cheana sa scoil.

5.3.6.2 Múineadh na matamaitice.

Tá anailís ar mhúineadh na matamaitice tábhachtach sa chás-staidéar seo mar gur nochtadh léargas spéisiúil faoin stíl mhúinteoireachta sna ceachtanna sin. Tugadh deis do na daltaí dul i

ngleic le coincheapa matamaitice trí Ghaeilge le béim ar fhoghlaim na teanga riachtanaí agus ar fhorbairt na feasachta teanga. Díríodh ar chruthanna 2T don tseachtain agus tosaíodh amach leis an gcearnóg mar théama. Cheistigh an múinteoir na daltaí mar gheall ar ghnéithe éagsúla na cearnóige. Tugadh go leor deiseanna cainte do na daltaí, os ard sa rang, i ngrúpaí, i mbeirteanna agus go príobháideach leis an múinteoir. Díríodh aird na ndaltaí ar an gcruth, leithead, fad agus gnéithe éagsúla den chruth trí cheistiú mhúinteora. Bhí pictiúr aici mar thacaíocht closamhairc. Tar éis é sin bhí ar na daltaí carachtair chearnóige a tharraingt leis na baill bheatha i gcruth na gcearnóga. An tUasal Cearnóg an t-ainm a bhí ar na carachtair. Tharraing na daltaí na carachtair, crochadh ar an mballa iad go léir agus thosaigh an múinteoir á gceistiú futhú le béim ar an téarmaíocht mhatamaitice. Leanadh an próiseas céanna do Bean Uí Chiorcail ar an Máirt agus d'Iníon Ní Thriantán ar an gCéadaoin ach bhí béim níos mó ar obair ghrúpa agus obair bheirte don dá cheacht sin. Chabhraigh daltaí ó Rang 1 agus 2 leis na naíonáin maidir leis na cruthanna sin a tharraingt agus a ghearradh amach don taispeántas cruthanna ar an mballa. Arís bhí neart cumarsáide ar siúl eatarthu as Gaeilge chun na tascanna a chríochnú agus tugadh deis dóibh aiseolas ó bhéal a tabhairt faoin bpróiséas ag deireadh an cheachta.

5.3.6.3 Múineadh an Bhéarla.

Mhúin an múinteoir ceachtanna Béarla do na daltaí ar fad sa rang. Ceachtanna neamhfhoirmiúla a bhí iontu le béim ar thascanna éisteachta agus labhartha den chuid is mó. Léirigh na páistí a gclaonadh dúchais i dtreo na Gaeilge áfach agus ábhar an cheachta Bhéarla á phlé acu i nGaeilge. Rud suntasach faoin gcleachtas seo áfach is ea nach bhféadfaí a rá go bhfuil daltaí na naíonán sóisir nó sinsir tumtha go h-iomlán sa teanga oidhreachta mar nach raibh straitéis scarúna i bhfeidhm ag an múinteoir agus go mbíodh teagmháil ag na daltaí leis an mBéarla do 30 nóiméad gach lá rud nach mbeadh inmholta do mhúnlaí saibhriúcháin nó cothabhála (May, 2008).

Sa chéad cheacht Béarla ghlaoigh an múinteoir amach abairtí a bhí measctha suas agus bhí ar na daltaí iad a rá ar ais san ord ceart. Bhí cead acu nótaí a ghlacadh fad agus a bhí na focail á léamh amach acu agus nuair a bhí an leagan ceart ag páiste chuir se/sí a lámh suas.

Idirghníomhaíocht Ranga 5.3.4

60	Múinteoir	*Said-I-Was-I-Home-Going*
61	Dalta 1	*I said I was going home*
62	Múinteoir	*Here's another one but you have to be careful about where you put the capitals swimming-I-are-Tom-going-and*
63	Dalta 2	*Tom and I are going swimming.*
64	Múinteoir	*Good but where are the capitals?*
65	Daltaí	[ag rá amach os ard le chéile] *Tom and I*

NB, Lá 1
Ceacht Béarla eile a bhí acu na bearnaí a líonadh.

Idirghníomhaíocht Ranga 5.3.5

66	Múinteoir	*A dog's home in called a _____. (sty, kennel, nest)*
67	Daltaí	*Kennel*
68	Múinteoir	*A dog has two _____. (heads, paws, tails)*
69	Daltaí	*paws*

NB, Lá 3

Tá na ceachtanna Béarla seo tábhacht i gcomhthéacs meastóireachta a dhéanamh ar an múnla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm sa scoil. Ní shamhlófá go mbeadh aon cheacht Béarla ar siúl do naíonáin shóisearacha i gclár saibhriúcháin/oidhreachta do chainteoirí dúchais mar a phléifí i dtátal na roinne seo agus san anailís thrascháis níos moille.

5.4 Tátal ar Múnla Oideachais atá i bhFeidhm i Scoil Bhríd

Déanann an múinteoir ranga síor-iarracht deiseanna cumarsáide a chur ar fáil do dhaltaí. Gluaiseann sé ó pháiste go páiste agus ó bhord go bord ag iarraidh go gcuirfí tasc i gcrích i nGaeilge chruinn, shaibhir agus áitiúil. Úsáidtear chuile cheacht mar cheacht Gaeilge sa seomra

ranga seo ina ndéantar forbairt leanúnach ar shaibhreas foclóra, ar chruinneas gramadaí agus ar fhéinfheasacht an fhoghlaimeora féin a fhorbairt, i gcomhthéacsanna réalaíocha tríd an gcuraclam ar fad**.** Leagtar an-bhéim sa cheacht Gaeilge ar shaibhriú teanga agus ar fhairsingiú foclóra trí úsáid a bhaint as an bpacáiste luath-thumoideachais *Séideán Sí* agus tugtar deiseanna aischothaithe go minic.

Níl aon amhras ach go ndéantar cur i bhfeidhm an oideachais trí Ghaeilge níos éasca mar gheall ar thacaíocht an phobail don Ghaeilge ina mbíonn imeachtaí pobail agus imeachtaí iar-scoile ar siúl trí Ghaeilge agus ina bhfuil an pobal ag súil le hardchaighdeán oideachais go hiomlán trí Ghaeilge. Feiceann siad go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach, úsáideach, taitneamhach agus nua-aimseartha trí úsáid na teicneolaíochta agus go leor straitéisí teagaisc le béim i gcónaí ar an ngné dhúchasach, áitiúil. Ní úsáidtear an creatchuraclam luathóige *Aistear* don fhoghlaim sa chás-staidéar seo agus ní léir gur cuireadh deiseanna súgartha struchtúrtha ar fáil do dhaltaí le linn an lae.

Maidir leis an múnla oideachais seo a ainmniú agus a rangú ar chontanam an oideachais dhátheangaigh, is cosúil gurb í an córas atá i bhfeidhm ná an luath-oideachas saibhriúcháin Ghaeltachta. Cé go bhfuil go leor chur chuige saibhriúcháin (May, 2009) le fáil sa chleachtas oideolaíochta, ní fhéadfaí a mhaíomh gur oideachas iomlán saibhriúcháin atá anseo áfach, os rud é go múintear an Béarla do na daltaí ar fad. Braitheann an príomhoide sa scoil go bhfuil an Ghaeilge chomh láidir i measc na ndaltaí scoile agus sa phobal áitiúil i gcoitinne nach d'fhéadfadh luath-mhúineadh foirmiúil an Bhéarla aon dochar a dhéanamh do chumas na ndaltaí sa Ghaeilge go fadtréimhseach (APO, NG, NB). Caithfear a bheith airdeallach i datobh dearcaidh mar seo, áfach, i bhfianaise an taighde a léiríonn gurb é an dátheangachas dealaitheach atá á fháil ag daltaí ó chúlra Gaeilge sa Ghaeltacht (Péterváry et al., 2014 & Shiel et al., 2011) agus go bhfuil sleamhnú leanúnach i dtreo an Bhéarla ar bun i measc mhuintir na Gaeltachta, ach go háirithe i measc an ghlúin óig (Mac Donnacha et al., 2005; Ó Giollagáin et al., 2007 & Ní Shéaghdha, 2010). I seomra ranga na naíonán bhí 4 pháiste le cúlra Gaeilge amháin, seisear le cúlra measctha Gaeilge/Béarla,

páiste amháin le teanga Eorpach eile á labhairt sa bhaile aige ach a bhí an-chumasach sa Ghaeilge agus páiste amháin eile le cúlra Béarla amháin.

Tábla 5.4
Saintréithe Mhúnla Oideachais Dhátheangaigh Scoil Bhríd

Téama	Tréithe a Bhaineann leis
Eolas faoin bhFoireann	Tá an príomhoide Bríd ag múineadh na ranganna naíonán.
Eolas Ginearálta faoi na Daltaí	50 dalta sa scoil. I ranganna na naíoná tá 4 ó chúlra Gaeilge, 6 ó chúlra measctha Béarla/Gaeilge, dalta amháin ó chúrla teanga eile agus dalta amháin eile ó chúlra Béarla amháin.
Catagóir Gaeltachta	A
Iompar Teanga na nDaltaí	Claontacht láidir i dtreo na Gaeilge ach códmheascadh rialta i bhfeidhm
Polasaí Gaeilge	Ní fhacthas aon Pholasaí Gaeilge le linn an chás-staidéir
Tosaíochtaí Curaclaim sa Seomra Ranga	Séideán Sí in úsáid. Raon leathan de straitéisí in úsáid do mhúineadh na Gaeilge. Cluichí teanga, tascanna agus fadhbanna, druileanna, físeáin, scéalaíocht agus filíocht.
Cuir Chuige Oideolaíochta	An-bhéim ar chumarsáid trí Ghaeilge a chumasú i measc daltaí. Gach ceacht ina cheacht saibhriúcháin le síorbhéim ar Ghaeilge iomlán, cruinn agus áitiúil. Feasacht teanga á fhorbairt.
Múineadh an Bhéarla	Béarla múinte ón gcéad lá ar scoil. Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha i láthair agus páirteach i gceachtanna Béarla.
Aistear	Ní cosúil go mbaintear aon úsáid as Aistear
Soláthar a dhéantar do dhaltaí T1&T2	Gan aon idirdhealú i bhfeidhm idir dhaltaí T1 agus T2 ach go leor cúraim déanta don dalta T1 trí bhéim a leagan ar shaibhriú Ghaeilge an dalta T1.
An Múnla Oideachais Dhátheangaigh atá i bhfeidhm	Múnla saibhriúcháin go príomha (cé nach múintear an T2 i múnla mar seo go hiondúil). Níos cóngaraí den mhúnla cothabhala mar gheall ar sin.

5.4 Cás-staidéar 3: Scoil Cholmcille

5.4.1 Suíomh agus faisnéis chúlra Scoil Cholmcille.

Tá Scoil Cholmcille lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A, i gceantar atá aitheanta mar cheantar faoi míbhuntáiste. Tá beagnach 83% de dhaonra an cheantair ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (SCT, 2007: 18-23) agus as an 150-200 dalta a fhreastalaíonn ar an scoil tugann an príomhoide le fios gurb í an Ghaeilge "an chéad teanga agus an teanga baile atá ag breis is 90% de dhaltaí na scoile" (Litir ón bpríomhoide chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2012). Maidir le foireann lánaimseartha na scoile tá seachtar múinteoirí ranga, chomh maith le triúr múinteoirí tacaíochta foghlama agus cúntóir teanga amháin ag feidhmiú sa scoil agus tá an príomhoide Cáit í féin saor ó dhualgais teagaisc sa scoil, rud a bheadh eisceachtúil i mbunscoil Ghaeltachta (Mac Donnacha et al., 2005).

5.4.2 Cúlra an phríomhoide agus cleachtais bhainistíochta.

Tá os cionn 20 bliana de thaithí teagaisc ag an bpríomhoide i gcomhthéacsanna éagsúla dátheangacha ar fud na hÉireann. Tá an-chur amach aici ar an gcóras gaelscolaíochta lasmuigh den Ghaeltacht os rud é go bhfuair sí a cuid oideachais bunscoile agus meánscoile féin ar fad i scoileanna lán-ghaelacha i gCúige Laighean. Tar éis di cáilíocht a bhaint amach mar mhúinteoir bunscoile, d'oibrigh sí ar feadh roinnt blianta i nGaelscoil i mBaile Átha Cliath. Tar éis é sin bhog sí go dtí scoil i nGaeltacht bheag eile agus ansin go dtí gaelscoil mhór i gCúige Chonnacht sular bhog sí go dtí scoil Cholmcille os cionn deich mbliana ó shin. Mar a tharla i Scoil Áine [CS1] cheap an príomhoide go raibh "an iomarca Béarla" á labhairt i measc na ndaltaí scoile mar gheall ar mheon "beagáinín scaoilte" agus go raibh gá tuilleadh béime a chur ar an nósmhaireacht teanga seo a athrú i dtreo na Gaeilge arís (NG). Nuair a ghlac sí leis an bpost mar phríomhoide thosaigh sí ar phróiseas fadtréimhseach chun an Ghaeilge a láidriú sa scoil. Mar chuid den bhéim nua seo, braitheadh gur cheart múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí rang a haon ach bhí easaontú i measc na foirne ar dtús:

> Bhí mé i gcónaí go láidir den tuairim gur cheart go mbeadh múineadh an Bhéarla fágtha go dtí rang a h-aon ar a laghad chun dhá bhliain iomlán a thabhairt do chuile dhalta a bheith tumtha sa teanga 'Bhí mise ag iarraidh é [múineadh an Bhéarla] a fhágáil go dtí rang a haon agus bhí daoine eile ann freisin [a d'aontaigh liom] ach bhí duine amháin a bhí ag ceapadh gur cheart Béarla a mhúineadh sna naíonáin bheaga ... bhí formhór mór sásta é a chur siar chomh fada agus go bhféadfadh muid (APO).

Creideann Cáit sa chur chuige seo mar "go mbraitheann cumas agus caighdeán Gaeilge labhartha ghasúir na Gaeltachta go huile agus go hiomlán ar an méid Gaeilge agus ar an gcaighdeán Gaeilge a bhíonns cloiste acu sna blianta tosaigh" (litir ón bPríomhoide chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna). Níor deineadh aon ghníomh (maidir le múineadh an Bhéarla a chur siar) áfach go dtí gur scríobh tuismitheoirí áitiúla litir ghearáin, ag éileamh go gcuirfí múineadh an Bhéarla siar go dtí rang a h-aon agus iad ag maíomh "go bhfuil an Ghaeltacht i ngéarchéim teanga agus caithfidh tuismitheoirí an fód a sheasamh go láidir ar son na Gaeilge" (Litir ó Thuismitheoirí). Bhí an-mheas ag foireann na scoile ar na tuismitheoirí seo agus a gcuid tuairimí:

> bhí an Ghaeilge an-ghar dá gcroíthe agus thuig siad an tábhacht a bhí leis an tumoideachas, litir an-dearfach a bhí inti inar thuig siad an taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar fad a bhí taobh thiar de (AM).

agus is cosúil gur chuir an litir seo tuilleadh luais faoin bpróiseas:

> Shocraigh muid mar gheall ar litir a tháinig isteach ó thuismitheoirí ag iarraidh go gcuirfí múineadh an Bhéarla siar, go ndéanfadh muid é sin. Chuir sé beagáinín brú orm ach bhí mé sásta leis an mbrú ag an am céanna agus rinne muid an cinneadh gan aon Bhéarla a mhúineadh sna naíonáin bheaga, mar bhí a fhios againn gurb é sin a cinneadh ceart (APO).

Cé gur glacadh an cinneadh [gan aon Bhéarla a mhúineadh i Rang na Naíonán Sóisir ar a laghad] i gcomhpháirt le múinteoir na naíonán, bhí gá go mbeadh an fhoireann ar fad réasúnta compordach leis an gcinneadh "ach ag an am céanna chaithfeadh muid an fhoireann ar fad a thabhairt linn mar níl aon mhaith é seo a dhéanamh tríd an gcúldoras mar go mbíonn impleachtaí ag cleachtas mar seo ar mhúinteoirí eile" (APO). Aithnítear go bhfeidhmíonn príomhoidí i gcomhthéacsanna ina mbíonn srianta córasacha maidir le féidearthachtaí gníomhaireachta, ar a dtugtar "constrained agency" (Herndl & Licona, 2007) ach go bhfuil an-tábhacht ag baint lena meoin i staidéar mar seo toisc go mbíonn tionchar an-mhór acu ar mhúnlú chultúr, pholasaithe agus

chleachtais na scoile ina bhfuil siad ag feidhmiú (Shields, 2010). Thuig an príomhoide go domhain na himpleachtaí a bheadh ag polasaí luath-thumoideachais do mhúineadh an Bhéarla sna meánranganna anseo ach lena taithí gaelscolaíochta bhí sí muiníneach a leithéid a chur i bhfeidhm. Bhí roinnt éiginnteachta faoin gcinneadh i measc na foirne ar dtús áfach, "múinteoirí le gasúir ar scoil iad féin agus iad ag iarraidh go mbeadh an Béarla acu [ag na daltaí]" agus:

> bhí daoine ann a bhí ag iarraidh é [múineadh an Bhéarla] a fhágáil go dtí rang an h-aon mar a bhí luaite ag na tuismitheoirí [sa litir ghearáin], bhí daoine ag ceapadh gur cheart a gabháil ar ais ag an sean rud ar fad agus gur cheart go mbeadh Béarla agus Gaeilge á múineadh i naíonáin bheaga [ach] bhí formhór na ndaoine i ndáiríre ag iarraidh tús a chur leis an mBéarla i naíonáin mhóra'(APO).

Tar éis sraith chruinnithe don fhoireann, dírithe go speisialta ar an gcinneadh, d'fhaomh na múinteoirí leis an ngné den pholasaí Labhairt na Gaeilge ina bhfágfaí múineadh an Bhéarla go dtí na naíonáin shinsearacha ar mhaithe le bliain amháin den 'tumoideachas' a thabhairt do na daltaí (NG). 'Bhí mé á bhrú agus bhí Colm á bhrú, ghlac muid vóta ar deireadh agus glacadh an cinneadh gan aon Bhéarla a mhúineadh go dtí naíonáin mhóra' (APO). Bhí comhghéilleadh i gceist le cinneadh deireanach na foirne agus aontaíonn Colm le Cáit go bhfuil an comhréiteach seo an-tábhacht chun teannas a laghdú:

> Bhuel tháinig muid ar chomhréiteach, bhí mise ag iarraidh é a shíneadh amach go dtí rang a haon mar a dúirt mé agus bhí daoine eile ag iarraidh go múinfí an Béarla sna naíonáin bheaga, ach tá an rud aontaithe anois agus tá muid ar fad ar an leathanach céanna maidir leis [múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí an cúigiú téarma], rud atá fíor thábhachtach' (AM).

Próiseas dúshlánach, fadtréimhseach a bhí ann áfach. Nuair a thosaigh an múinteoir ranga Colm amach ag múineadh sna ranganna naíonáin sa scoil sa bhliain 1999 'bhíodh léitheoireacht ar siúl againn sa dá theanga [Béarla agus Gaeilge] agus bhíodh forbairt teanga i mBéarla agus i nGaeilge ar siúl againn' (AM). Lean an polasaí sin go dtí 2006 bhí sé socraithe nach ndíreofaí ach ar léitheoireacht i nGaeilge amháin agus go mbeadh "forbairt teanga i mBéarla ar siúl againn tar éis na Cásca i rang na naíonán sóisir" (AM). Cuireadh tús leis an tréimhse "tumoideachais" (Litir ón bPríomhoide, NG, APO & AM) sa bhliain 2010 nuair a chinn Colm agus Cáit "nach ndéanfaí aon

fhorbairt teanga sa mBéarla sa scoilbhliain 2010/2011" agus go mba thrí Ghaeilge ar fad a mhúineadh chuile cheacht (AM). Chabhraigh sé go raibh an príomhoide tiomanta don pholasaí seo a chur i bhfeidhm agus go raibh tuiscint aici ar mhúnlaí éagsúla ó chomhthéacsanna idirnáisiúnta "bhí mise in ann a 'speáint dóibh [an fhoireann scoile] an taighde ó Cheanada agus ó thíortha eile ina raibh an tumoideachas ag oibriú amach go maith' (APO). Díríodh san uair bhreise oibre atá le déanamh faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, ar chomhthéacsanna idirnáisiúnta an tumoideachais a phlé agus ar shaineolaithe acadúla i réimse an oideachais dhátheangaigh a thabhairt isteach ar mhaithe le ceisteanna a fhreagairt faoin tumoideachas Gaeltachta (APO). Thacaigh sé leis an bpróiseas gur aontaigh formhór na mball foirne le tuairimí an phríomhoide i dtaobh an oideachais dhátheangaigh, go raibh "an fhís chéanna acu i dtaobh na Gaeilge" (AM) agus go raibh athrú cleachtais (maidir le múineadh an Bhéarla) éilithe i litir ghearáin ó thuismitheoirí (NG).

5.4.3 An Polasaí scoile maidir leis an oideachas dátheangach:

5.4.3.1 Réamhrá.

Tá plean cuimsitheach Gaeilge réitithe agus aontaithe ag an mbord bainistíochta ina bhfuil an-bhéim ar chur chun cinn na Gaeilge i ngach gné den scoil. Réitíodh an plean uile scoile mar ullmhúcháin do mheastóireacht chigireachta uile scoile a tharla sa bhliain 2003, deineadh uasdhátú ar an bplean ag cruinniú foirne i Mí Mhárta 2004 agus cuireadh an plean i bhfeidhm go gairid ina dhiaidh sin (AD). Ba í príomhaidhm an phlean ná, ath-aibhsiú a dhéanamh ar an stádas speisialta Gaeltachta atá ag Scoil Cholmcille, ina dtugtar aitheantas agus tacaíocht don Ghaeilge mar theanga teagaisc agus chaidrimh sa scoil (NG). Bhí gá le polasaí a ath-dhréachtú mar go raibh "Béarla ar siúl sna naíonáin bheaga ag an am anseo" (APO), rud nach raibh inghlactha di mar oideachasóir 'ó chúlra Gaelscolaíochta' le meon láidir gur cheart go mbeadh 'tumoideachas' ar siúl (NG). Ní dhéantar aon tagairt don mhúnla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm sa scoil agus úsáidtear an téarma 'tumoideachas' mar chur síos ar an gcleachtas atá acu múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí an dara téarma i Rang na Naíonán Sóisir. Mínítear an imní atá ann faoi thodhchaí na Gaeilge

agus an plean atá ag an scoil dul i ngleic leis sin ina scoilcheantar féin. Léirítear go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le polasaí láidir oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, ná díreach múineadh an Bhéarla a chur siar ar feadh tréimhse áirithe (APO & AM).

Ní fhágtar aon éiginnteacht sa phlean maidir leis an teanga ar cheart a bheith in úsáid in imeachtaí scoile "bíonn cruinnithe foirne, cruinnithe Bhord Bainistíochta agus cruinnithe Choiste na dTuismitheoirí á reáchtáil ar fad trí Ghaeilge", "ag chuile ócáid phoiblí 'sí an Ghaeilge a bhíonn chun tosaigh" agus "aon chaint phoiblí nó cur i láthair a dhéanann múinteoir na scoile do ghrúpa tuismitheoirí is i nGaeilge a bhíonn sé" (Polasaí Labhairt na Gaeilge). Tugtar soiléiriú sa phlean céanna maidir leis na cúiseanna go mbíonn claontacht i dtaobh na Gaeilge de dhíth chomh maith "mura ndéanfaí é seo is maith an seans go n-iompódh an grúpa ar fad ar an mBéarla mar go bhfuil mórán chuile dhuine dhátheangach agus b'fhurasta leis an nGaeilge a bheith fágtha ar leath taobh" (AD). Léirítear anseo, an-tuiscint ar an tionchar a dhéantar don mhionteanga nuair a thagann sí i gcoimhlint le mórtheanga (Péterváry et al., 2014; Lenoach et al., 2012) agus táthar ag súil go labhróidh gach duine an Ghaeilge sa scoil. Iarrtar ar bhaill foirne, ar pháistí, ar thuismitheoirí agus ar chuairteoirí scoile an Ghaeilge a labhairt i gcónaí chun timpeallacht ghaelach a chur chun cinn (NG agus PG). Ní hamháin sin ach maítear go sonrach go ndéanfar gach comhfhreagras leis na daoine seo agus leis an Stát, trí Ghaeilge amháin agus go bhfuil sé "fíor-thábhachtach go gceartófaí Béarlóireacht amuigh sa chlós" i measc na ndaltaí scoile iad féin. Braitheadh go raibh gá an abairt sin a chur sa pholasaí mar gheall go mbíodh sé de nós ag formhór na múinteoirí scoile ligint do na daltaí pé teanga arbh mhian leo a labhairt, nós nár thacaigh le cur chun cinn na Gaeilge (NG). Maidir le tuismitheoirí na ndaltaí, "iarrtar ar thuismitheoirí gan Béarla a labhairt sa seomra ranga. Más gá labhairt i mBéarla le múinteoir nó le dalta is féidir a ghabháil taobh amuigh de dhoras an tseomra ranga len e sin a dhéanamh" mar "má fheiceann na gasúir muid ag athrú ar an mBéarla le labhairt le tuismitheoirí tá muid ag tabhairt an teachtaireacht nach féidir cumarsáid thábhachtach a dhéanamh trí Ghaeilge" (Polasaí Labhairt na Gaeilge).

Aithnítear tríd an doiciméad uilig go bhfuil "tábhacht ag baint le sealbhú na teanga" agus go bhfuil "dualgas reachtúil orainn [ar an scoil] í a chaomhnú" (Polasaí Labhairt na Gaeilge). Leagtar an-bhéim sa phlean ar Ghaeilge dhúchasach na háite a chur chun cinn agus tuiscint an ghasúir "a dhíriú ar shaibhreas na teanga, ar sheanfhocla, ar shamhlacha, ar thomhaiseanna, ar rabhlóga, ar oidhreacht na hÉireann, ar chluichí gaelacha, ar cheol, ar na hamhráin ar an sean-nós agus ar an traidisiún béil" le tagairtí rialta don amhránaíocht, agallaimh bheirte agus lúibíní (Polasaí Labhairt na Gaeilge). Ní chiallaíonn polasaí láidir go mbeidh na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta láidir ach i gcomhthéacs an oideachais dhátheangaigh sa scoil seo, leagan an polasaí amach treo shoiléir, aontaithe do phobal na scoile maidir le cur chun cinn na Gaeilge. Tá an polasaí fréamhaithe i dtaighde idirnáisiúnta faoi shealbhú na mionteanga agus aontaithe ag leibhéal an bhoird bhainistíochta rud a chiallaíonn go bhfuil seasamh láidir leis i measc phobal na scoile (NG, APO).

5.4.3.2 Polasaithe idirdhealaithe.

Aithnítear sa phlean go bhfuil imeascadh ar siúl idir chainteoirí T1 agus T2 sa cheantar agus iad á dteagasc sa suíomh céanna oideachais . Aithnítear chomh maith na dúshláin a bhaineann le bainistiú an imeasctha seo. Ar an gcontanam dátheangachais seo aithnítear go bhfuil 'gasúir againn ag teacht chun na scoile gan focal ar bith Gaeilge agus gasúir eile ag teacht chun na scoile gan mórán focal ar bith Béarla agus ar ndóigh go leor gasúir eile atá idir eatarthu' (Polasaí Labhairt na Gaeilge, 2014). Maidir leis na daltaí T2 "déanfar chuile iarracht tacaíocht a chur ar fáil' agus déanfar é seo sna ranganna naíonáin ar mhaithe len iad a 'thabhairt suas go caighdeán an ranga". Dréachtaíodh Plean Labhairt na Gaeilge sa bhliain 2004 ina raibh borradh faoi gheilleagar na hÉireann agus fonn ar go leor de mhuintir na Gaeltachta a d'imigh thar lear ar imirce filleadh ar a bhfód dúchais lena gclanna a thógáil ansin. Ba sa chomhthéacs seo a moladh go mbeadh múinteoir sealadach teanga fostaithe "le freastail a dhéanamh ar ghasúir a rugadh thar lear (i Meiriceá nó i Sasana go hiondúil)", go mbeadh an múinteoir sin fostaithe ag Eagraíochta na Scoileanna Gaeltachta (nach ann dó a thuilleadh) agus go mbeadh sé mar dhualgas ag an múinteoir sin an

Ghaeilge a mhúineadh do na daltaí sin ar mhaithe lena gcaighdeán Gaeilge a thabhairt suas chun leibhéal an ranga (PG agus NG). Déantar freastal freisin ar an dream atá "ar bheagán Gaeilge ach gur as an tír seo iad" (AD). Cé go bhfuil an ghné seo den pholasaí as-dáta i dtréimhse iar-bhorrtha na hÉireann, léirítear tuiscint chuimsitheach an phríomhoide agus an bhoird bhainistíochta gur mó an dúshlán a bhaineann le meascán teangeolaíochta i scoil Ghaeltachta ariamh agus go bhfuil géar-ghá le hinfheistíocht acmhainní agus daonchumhachta mar idirghabháil chun dul i ngleic leis na dúshláin sin. Maidir leis na daltaí T1 ar a bhfuil an Ghaeilge ar a dtoil acu nó ar a bhfuil "Gaeilge ó dhúchas nó ón teallach acu" maítear sa phlean Gaeilge go ndéantar chuile iarracht iad a spreagadh agus forbairt a dhéanamh ar a gcuid cainte agus cur lena gcuid saibhris sa Ghaeilge atá acu ó dhúchas' (PG, 2014).

5.4.4 Na Cleachtais oideolaíochta.

Tá cultúr oideolaíochta an tseomra ranga sa scoil seo an-chosúil le Scoil Bhríd [CS2] roimhe seo ina leagtar an-bhéim ar an gcultúr agus an oidhreacht áitiúil. Gach maidin agus na daltaí ag siúl isteach sa seomra ranga bíonn amhráin sean-nóis ghaelaigh á gcasadh ó sheinnteoir dlúthdhioscaí. Cothaíonn sé seo atmaisféar dearfach ina léirítear meas don Ghaeilge, don cheol agus do chultúr na háite (NG). Dhá mhana a bhí in úsáid sa rang chun féin-aitheantas a thabhairt do na daltaí agus mar straitéis bhainistíochta iompair "tá muid mór le chéile" agus "tá chuile dhuine speisialta" (NB). Rinne na daltaí athrá agus aithris ar na manaí seo ag tús an lae scoile agus go rialta ina dhiaidh sin. Tá leabharlann aonteangach Ghaeilge sa rang agus scéimeanna áirithe i bhfeidhm chun na daltaí a mhealladh le tuilleadh léitheoireachta a dhéanamh. Tugadh cuairteanna ar an leabharlann áitiúil i rith na bliana agus bhí trí sheift i bhfeidhm chun tuismitheoirí a mhealladh maidir le spéis a léiriú i léitheoireacht a gcuid bpáistí sa bhaile (Aistear, 2009). Ar dtús, bíonn leabhar amháin Gaeilge le léamh ag gach Dalta gach oíche. Seift amháin eile atá i bhfeidhm ná liosta focal a thabhairt do dhalta amháin gach tráthnóna agus mar obair bhaile na focail sin a rá lena dtuismitheoirí. Níl ach liosta amháin don rang ar fad agus bíonn na daltaí ar bís ag fanacht lena ndeis an liosta a thabhairt

abhaile. Tugtar póstaeir do pháiste eile gach oíche. Ar na póstaeir tá pictiúir de theidithe ag déanamh gníomhaíochtaí éagsúla le abairt scríofa faoi, ‘tá teidí ag rith’ agus ‘tá teidí ag léim’ mar shampla. Arís is í sprioc na seifte seo ná na daltaí a chur ag léamh as Gaeilge i gcomhpháirt lena dtuismitheoirí sa bhaile (NB).

Léirítear an bhéim a leagtar ar chultúr an cheantair agus ar an gcanúint dhúchasach, áitiúil a chur chun cinn chomh maith le samplaí den fhéincheartú sa sliocht seo ina ndéantar iarracht leagan nádúrtha, áitiúil a thabhairt d’aon Bhéarla nó Ghaeilge chaighdeánach a d’úsáid na daltaí (leagan caighdeánach i lúibíní):

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.1

70	Múinteoir Colm	Cuirfidh muid Máirtín Tom Sheáinín (amhránaí sean nóis as Conamara) ina chodladh anois a pháistí [múchann an múinteoir an seinnteoir dlúthdhioscaí].
71	Dalta 1	P: Cén fáth a mhúinteoir Colm, an bhfuil sé tuirseach?
72	Múinteoir Colm	M: Ó tá sé tugthaí (traochta)!
73	Dalta 1	P: Tá mise tuirseach a mhúinteoir Colm
74	Múinteoir Colm	M: Tá tú tugthaí, an bhfuil?
75	Dalta 1	P: Tá mé tugthaí
76	Dalta 2	Á, tá Máirtín bocht tugthaí agus tá Alison bocht [sic] tugthaí!
77	Dalta 3	Mise freisin, tá mise chomh tugthaí freisin! [Ag labhairt le dalta eile in aice leis] Féadfaí tusa mo chuid dathannaí a úsáid freisin, tá siad cosúil le babies, báibíní [féincheartú]
78	Dalta 2	An féidir liomsa dul amach?
79	Múinteoir Colm	An bhféadfainn (féidir liom) goil (dul) amach?
80	Dalta 2	Sea, an bhféadfainn goil amach?
81	Múinteoir Colm	Tuige (cén fáth)?
82	Dalta 2	Mar níl mé ag aireachtáil (ní bhraithim) ró-mhaith a mhúinteoir Colm

I línte 72 agus 74 tugann an múinteoir an focal ‘tugthaí’ do na daltaí atá ina leagan níos áitiúla den fhocal ‘traochta’ mar dhearbhú ar an gcanúint áitiúil. Déanann na daltaí aithris ar an bhfocal seo i línte 75-77 mar chuid den phróiseas sealbhaithe. Tá an leagan áitiúil (níl mé ag aireachtáil) den abairt ‘ní bhraithim’ sealbhaithe cheana ag Dalta 1 agus é in úsáid i líne 71. Tá

léiriú eile den síormhúnlú teanga atá ar siúl ag an múinteoir ar fáil i líne 79 nuair a mhúnlaíonn an múinteoir bealach níos dúchasaí don abairt ‘an féidir liomsa’. Arís, comharthaíonn an múinteoir don pháiste lena corp go bhfuil sí ag súil le athrá ón Dalta, mar a tharlaíonn i líne 80.

5.4.5 Iompar teanga na ndaltaí.

Is cosúil ón tseachtain bhreathnóireachta go bhfuil nós i measc fhormhór na ndaltaí a gcuid comhráite a dhéanamh le chéile agus le foireann na scoile trí Ghaeilge (NG). Fiú amháin sa chomhrá idir dhalta atá á thógáil trí Pholannais agus dalta atá á thógáil go dátheangach (le Béarla agus le Liotuáinis) feictear claontacht don Ghaeilge gus gurb í an teanga sin *lingua franca* an tseomra ranga:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.2

83	Dalta 1 [Polannais mar mháthairtheanga]	Tá mise chun dath gorm a chur ar an rud seo (crann)
84	Dalta 2 [Béarla agus Liotuáinis mar mháthairtheangacha]	Níl
85	Dalta 1	Tá sé gorm
86	Dalta 2	Níl, tá sé glas

Cé go bhfuil an comhrá seo gearr léiríonn sé an nós atá ann i measc na ndaltaí uilig go bhfuil siad toilteanach iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a labhairt le chéile. Ar ball labhraíonn Dalta 1 le cainteoir T1 sa Ghaeilge faoi am lóin:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.3

87	Dalta 1 [Polannais mar mháthairtheanga]	An bhfuil cead agamsa spraoi leatsa sa clós [sic]?
88	Dalta 3 [Cainteoir T]	Bheul beidh mise ag spraoi le rang a haon inniu.
89	Dalta 1	OK.
90	Dalta 3	Bheul, is féidir leatsa a bheith ag spraoi linn freisin.

Pléifear na grúpaí idirdhealaithe atá i bhfeidhm sa rang seo ar ball ach is fiú a lua go bhfuil Dalta 1 sa dá shampla thuas, lonnaithe sa tríú grúpa idirdhealaithe ina leagtar béim ar chumarsáid bhunúsach a fhorbairt. Léiríonn na comhráite gearra seo go bhfuil muinín ag teacht chuige maidir

leis an nGaeilge a labhairt lena chairde (NG agus AM). Cé go bhfuil nós teanga i bhfeidhm sa scoil ina labhraítear an Ghaeilge caithfear rian an Bhéarla ar a gcuid Gaeilge a aithint. Bhí samplaí den chódmheascadh le sonrú ar chaint na ndaltaí mar a léiríonn na comhráite seo a leanas:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.4

91	Múinteoir Colm	An bhfuil aon scéalta nó nuacht ag aon duine?
92	Dalta 1	[Lámh curtha suas] Bhí mise ag spraoi inné agus ag *watch*áil *television.*
93	Múinteoir Colm	Bhí tú ag spraoi agus ag breathnú ar an teilifís [ráite go mall agus ag súil go ndéanfaidh Dalta 1 aithris uirthi]
94	Dalta 1	*Yeah* bhí mé ag breathnú ar an teilifís.
95	Dalta 2	Nuair a chuaigh mise abhaile [sic] bhí Daid ag tógáil *shed* agus thit píosa adhmaid dhe.
96	Múinteoir Colm	Bhí sibh ag tógáil cró? [ráite go mall, ag súil go ndéanfaidh Dalta 1 aithris uirthi agus an-bhéim ar an bhfocal 'cró']
97	Dalta 2	Sea, bhí muid ag tógáil cró agus thit píosa adhmaid dhe
98	Dalta 3	Bhí Mam agus Daid imithe ag *wedding* don deireadh seachtaine
99	Múinteoir Colm	Bainis ab ea?
100	Dalta 3	Sea.
101	Múinteoir Colm	Agus cén chaoi ar ghléas siad iad féin?
102	Dalta 3	Éadaí bána!

Ba chosúil go raibh an múinteoir ag iarraidh deiseanna cainte a thabhairt do líon mór daltaí agus nár theastaigh uaithi an iomarca ama a chaitheamh i mbun comhrá le dalta amháin. Braithim gurb é seo an fáth nár cheistigh sí na daltaí faoina scéalta ar bhealach níos doimhne. Tá fianaise den chódmheascadh i línte 92, 95 agus 98 ina bhfuil na focail Bhéarla *watch, television, shed* agus *wedding* in úsáid in abairtí Gaeilge. Leis na samplaí ar fad seo, múnlaíonn an múinteoir an bealach 'ceart' leis na habairtí a rá leis an leagan Gaeilge den fhocal agus í ag súil go ndéanfaí aithris uirthi. Feictear samplaí den chódmheascadh i gcomhráite idir na daltaí iad féin chomh maith:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.5

103	Dalta 1	*Kisses kisses kisses*...(agus é ag iarraidh barróg a thabhairt don bhuachaill i aice leis)
104	Dalta 2	Stop, a mhúinteoir Colm bhí sé ag dul ag *kiss*eáil mise
105	Múinteoir	Bhí sé ag iarraidh póigín a thabhairt ab ea?

Arís anseo rinne an múinteoir múnlú ar chaint nádúrtha an cheantair agus é ag súil le hathrá ón dalta. Spéisiúil go leor, in ainneoin go bhfuil an scoil seo lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A tá rian an Bhéarla go mór le feiceáil i gcódmheascadh na ndaltaí.

5.4.7 Modhanna múinte agus stíl oideolaíochta an mhúinteora.

Níor labhair an múinteoir aon Bhéarla le linn na tréimhse breathnóireachta (NB). Tuairiscíodh roimhe seo go mbaineann simpliú teanga, níos mó athrá, níos lú ceartúchán agus béim ar an gcumarsáid sa sprioctheanga le cláir tumoideachais (sa chomhthéacs gaelscolaíochta) agus nár cosúil gurb é sin an clár is fearr do chainteoirí dúchais (Nic Cionnaith, 2012: 163) ach ní luífeadh breathnóireachtaí an chás-staidéir go hiomlán leis an ráitéas seo. Cé nach bhfaightear mórán simpliú teanga in ionchur an mhúinteora sa chomhthéacs oidhreachta seo, baintear go leor úsáide as athrá agus as ceartú na ndaltaí agus leagtar an-bhéim ar an gcumarsáid. Maidir leis an athrá ach go háirithe, is gné lárnach den chur chuige teagaisc atá ag an múinteoir agus feictear go mbaintear úsáid rialta as:

> Bíonn sé deacair ar mo ghlór mar bíonn go leor cainte ar siúl agus tá mé slóchtadh inniu, bíonn an t-uafás cainte ar siúl agus aisteoireacht agus athrá athrá athrá, tá an t-uafás athrá agus oibríonn sé mar tá siad ag éisteacht liomsa agus ag déanamh aithrise agus athrá ormsa. (AM)

Dírítear ar ghnéithe den saibhriú agus den fheasacht teanga i ranganna ar leith ach cosúil le Scoil Bhríd [CS2] roimhe, maítear go mbíonn “chuile cheacht ina cheacht Gaeilge” agus deis iontach chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar obair shaibhrithe agus fheasachta (AM & NG). Sa rang Matamaitice mar shampla, a bhí dírithe ar an téama ‘tacair’ deineadh forbairt ar thuiscint

mhatamaiticiúil comhthreomhar le forbairt ar chumas teangeolaíochta na ndaltaí. Baineadh úsáid as go leor athrá len é seo a dhéanamh:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.6

106	Múinteoir Colm	[ag siúl thart an tseomra ranga ag ceartú obair na ndaltaí] Caithfear ceithre rud a chur isteach sa tacair.
107	Múinteoir Colm	[ag labhairt le Dalta 1] Tá an iomarca rud sa tacair, cuir ceithre rud isteach sa tacair, tá an iomarca rud isteach sa tacair. [Ag labhairt leis an rang ar fad] Cuir ceithre rud isteach sa tacair.
108	Múinteoir Colm	[Ag labhairt le Dalta 2] Tá an iomarca rud sa tacair, cuir ceithre rud isteach sa tacair agus tiocfaidh mé ar ais chugat ar ball. [Ag labhairt leis an rang ar fad] Cuir ceithre rud isteach sa tacair.
109	Múinteoir Colm	[Ag caint le Dalta a] Níl a dhóthain sa tacair, níl a dhóthain sa tacair, cuir ceithre rud isteach sa tacair.[Ag labhairt leis an rang ar fad] Cuir ceithre rud isteach sa tacair.
110	Múinteoir Colm	[Ag caint le Dalta 4} Maith an cailín, tá ceithre rud sa tacair. [Ag labhairt leis an rang ar fad] Cuir ceithre rud isteach sa tacair.

Leanann an seisiún ceartúcháin seo ar aghaidh le béim mhór ar an téarmaíocht a bhaineann le cainníocht. Déantar athrá ar an bhfocal ‘tacair’ sna téarmaí “cuir ceithre rud isteach sa tacair (línte 106-110), “níl a dhóthain sa tacair” (líne 109) agus “tá an iomarca sa tacair” (línte 107 agus 108) (NB). Tugtar tosaíocht do labhairt na Gaeilge sa phróiseas sealbhú teanga sa rang. Tá samplaí den tosaíocht seo le feiceáil i gcur chuige oideolaíochta an mhúinteora ranga ina gcaitear go leor ama ar dheiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chothú (NB) agus é an-soiléir gur ghné lárnach de shealbhú na réamhscileanna litearthachta is ea forbairt ar chumas labhartha na ndaltaí i nGaeilge (NG). Bíonn am nuachta ar siúl chuile mhaidin mar shampla, ina n-iarrtar ar na daltaí a gcuid scéalta pearsanta a roinnt leis an rang. Éisteann an rang uilig leis na scéalta agus tacaíonn an múinteoir leis an bpróiseas trí aiseolas a thabhairt agus trí mhúnlú a dhéanamh ar Ghaeilge chruinn:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.7

111	Múinteoir Colm	Tá mé ag iarraidh scéalta a chloisteáil uaibh anois, an bhfuil aon scéal ag aon duine? [Ardaíonn roinnt daltaí a lámha san aer agus roghnaíonn an múinteoir dalta amháin] Pádraig mar sin inis dúinn do scéalsa.
112	Dalta 1	Bhí carr ar an mbóthar agus bhí cat ann agus beag [sic] gur mharaigh mo mhamaí é.
113	Múinteoir Colm	Ar rith an cat amach ar an mbóthar?
114	Dalta 1	*Yeah*
115	Dalta 2	Chonaic mise an cat sin, bhí sé maraithe cheana agus chuir Daidí go taobh an bhóthair é.
116	Dalta 3	[Lámh curtha san aer] Rinne mé mo chuid obair baile, rinne mé dearmad rud eicínt a dhéanamh agus bhí orm é a dhéanamh le mam ansin.
117	Múinteoir Colm	Ar thug Mam aire mhaith dhuit?
118	Dalta 3	Thug
119	Múinteoir Colm	[Ag déanamh athrá ar nath na seachtaine] Ar thug sí aire na huibhe dhuit?
120	Dalta 4	[Ag rá nath na seachtaine amach os ard] Aire na huibhe!
121	Dalta 5	Bhí mise agus Daid ag *dig*eáil in aice leis an *shed* [códmheascadh]
122	Múinteoir Colm	Bhí sibh ag cartadh in aice leis an gcró [leagan ceart tugtha] agus ar tháinig sibh ar aon cheo? P5: *No, just* bhí muid ag déanamh *swimming pool* [códmheascadh]
123	Múinteoir Colm	Agus an mbeidh linn snámha in aice le do theachsa mar sin?
124	Dalta 5	Beidh

Mar a léiríonn línte 122 agus 123 déanann an múinteoir múnlú ar chaint chruinn an cheantair agus é ag súil go ndéanfaidh na daltaí aithris uirthi, déantar nasc le nath na seachtaine (líne 119) agus tugtar deis do líon réasúnta mór daltaí labhairt amach i dtréimhse ama gearr. Moltar na daltaí as "dea-Ghaeilge a úsáid" (NG), "chuala mise Kayleigh ar maidin ag rá dhá cheann [le béim ar fhuaimniú ceart an dá shéimhiú dheireanacha sna focail 'dhá' agus 'cheann']". Chomh maith le sin spreagtar na daltaí go láidir a gcuid tuairimí, scéalta agus ceisteanna a roinnt leis an rang i rith ceachtanna, rud a tharlaíonn go minic "A Mhúinteoir Cholm, an bhfuil a fhios agatsa cé a

bhí liom ag an siopa, Daid agus Kevin, agus chonaic mise tusa ag ceannach díosail [le linn cheacht léitheoireachta]", "beidh lá speisialta ar an Déardaoin freisin mar gheall go mbeidh mise ag goil chuig *party* Ali [le linn cheacht tíreolaíochta agus sampla den chódmheascadh](NB, Lá 2) , "cén fáth nach bhfuil bróga reatha ort inniu a Choilm? b'fhéidir go seasfaidh duine eicínt ort" [le linn cheacht léitheoireachta] (NB, Lá 3) agus "tá rúitín ag mo mham agus thit sí san abhainn agus ghortaigh sí é" [ag deireadh rang mata] (NB, Lá 1).

Maíonn Múinteoir Colm an tábhacht a bhaineann leis an bhfeasacht fóineolaíochta sa rang (NG) agus clúdaítear fóinéim amháin ar a laghad gach lá. Chomh maith le sin, téitear siar ar fhóinéimeanna agus ar chumaisc litreacha a clúdaíodh cheana go rialta. Úsáidtear an scéim fónaice a bhaineann leis an gclár *Séidéan Sí* agus ní dhéantar aon obair ar fhónaic an Bhéarla nó aon ghné de scileanna teanga sa Bhéarla a forbairt. Caitheadh an tseachtain ag dul siar ar chuid de na fónaic a clúdaíodh cheana. Díríodh ar e,c,d,g agus i le linn na tréimhse breathnóireachta inar raibh ar na daltaí fónaicí a aithint agus focail a thosaíonn leis an bhfónac a rá.

5.4.8 Bainistiú imeascadh na ndaltaí agus an t-idirdhealú foghlama.

Tá castacht ag baint le comhdhéanamh teangeolaíochta na ndaltaí sa scoil seo (NG). Tugtar le fios go bhfuil 18 dalta le Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó sa bhaile. As an 11 eile tá triúr le meascán 50:50 [Béarla:Gaeilge] acu sa bhaile agus triúr eile le Béarla den chuid is mó (NG). Tá dalta amháin sa rang agus a bheirt thuismitheoirí ina gcainteoirí Polainnise agus é á thógáil tríd an teanga sin. Tá dalta eile atá á thógáil go dátheangach le Béarla agus Liotúánis. Cé go bhfaightear léargas sa pholasaí Labhairt na Gaeilge, ar mhianta na scoile i dtaobh bhainistiú an imeasctha, feictear go bhfuil níos mó doimhneachta agus castachta ag baint leis an bhfíorchleachtas oideolaíochta ná mar a léirítear sa pholasaí sin. Ní hamháin go ndéantar an-iarracht freastail ar riachtanaisí oideachais agus teangeolaíochta na gcainteoirí dúchais T1 ach freastalaítear ar ghánna an chainteora T2 agus T3 ar bhealach cruthaitheach, ceannródaíoch. Léiríonn sé seo ardleibhéal pleanála agus smaoinimh i dtaobh na ceiste seo (APO, AM, NG & NB).

> Bhíodh an nós i gcónaí ann go gcuirfí na daltaí 'is laige' amach chuig an múinteoir tacaíochta foghlama ach...braitheadh nach raibh an seanchóras sin ag freastail ar ghánna chuile pháiste ... tá an dream atá ag goil amach ag an múinteoir tacaíochta teanga, tá an dream atá iontach...ansin tá an dream sin atá sa lár, idir eatarthu, agus dá bhféadfadh muid trí ghrúpa a dhéanamh ansin go mbeadh muid ar muin na muice" (AM).

Thuig an múinteoir ranga go raibh an córas mar a bhí ag tacú go láidir le foghlaimeoirí Gaeilge (Daltaí T2) ach nach raibh freastail cheart á dhéanamh ar na cainteoirí dúchais (Daltaí T1) agus go raibh dochar á dhéanamh ag an gcóras bunscolaíochta sin ar a gcuid Gaeilge:

> Tá chuile ghasúir ag teacht isteach sa rang seo agus iad ar chéimeanna éagsúla ar an dréimire [maidir le cumas sa Ghaeilge], tá mise mar mhúinteoir ag iarraidh go mbeidh chuile ghasúr ag dreapadh an dréimire sin, bíonn muid ag caint faoi Vygotsky agus Brunner agus an *Zone of Proximal Development* go mbeidh dul chun cinn á dhéanamh ag chuile ghasúr (AM).

agus níos déanaí san agallamh céanna:

> An rud a bhíodh mise ag tabhairt faoi deara ná go raibh an dream ag an mbun ag dreapadh, ag dreapadh agus ag dreapadh (dul chun cinn maith á dhéanamh acu), bhí an dream sa lár ag déanamh togha freisin ach an dream sin a tháinig isteach sa scoil le togha na Gaeilge (na cainteoirí dúchais), ní raibh mórán dreapadóireachta ar siúl ag an dream sin ar chor ar bith, scaití thit siad anuas agus sin é an fáth go bhfuil trí ghrúpa ann anois (Agallamh leis an Múinteoir).

Is cosúil gur cuireadh in iúl do thuismitheoirí go mbeadh "beagáinín grúpála" ar siúl ach nár deineadh scéal mór de agus gur léiríodh an-tuiscint maidir leis na himnithe a bhíonn ag tuismitheoirí faoina bpáistí féin sa chóras oideachais:

> Dúirt muid go mbeadh muid [an triúr múinteoirí] ag díriú ar a gcaint [caint na ndaltaí], go dtiocfaidh feabhas ar chuile dhuine, go mbeidh trí ghrúpa déanta, go mbeadh muid ag babhtáil thart, níor dhúirt mé leo cá mbeadh siad, ní dhearna mé scéal chailleach an uafáis den rud! mar ghoilfheadh sé sin go mór ar thuismitheoirí a Chonchúir, tá a fhios agamsa mar mháthair go mbeadh daoine ag rá 'ó cá bhfuil sí [mo pháiste féin]?, an bhfuil sí sa chéad , nó sa dara nó sa tríú grúpa? (AM)

Labhraíodh faoin gcur chuige grúpála mar ghnáthsheift normálta le linn an chás-staidéir "ar nós a bheith ag múineadh peannaireachta, ag múineadh léitheoireachta, ag múineadh matamaitice pé áit ina bhfuil do pháiste, go bhfuil forbairt ag teacht ar do pháiste, caithfidh sé sin a bheith mar sprioc" (AM). I bhfianaise a bhfuil ag titim amach sna cás-staidéir eile áfach, is léir gur chleachtas

nuálach, ar leithligh é. Mar thoradh ar an bhféincheistiú gairmiúla agus anailís oideolaíochta seo bheartaigh foireann na scoile go mbrisfí an ranga naíonáin i dtrí ghrúpa mar chuid den straitéis idirdhealaithe foghlama.

5.4.9 Straitéis idirdhealaithe: grúpáil na dtríthe.

5.4.9.1 Réamhrá.

Do thrí thréimhse chuile sheachtain roinntear an rang i dtrí ghrúpa de réir cumais na ndaltaí sa Ghaeilge. Fanann Grúpa 1 [cainteoirí dúchais T1] ina seomra ranga féin leis an múinteoir ranga Colm. Téann Grúpa 2 [cainteoirí T2 atá ina bhfoghlaimeoirí maithe sa Ghaeilge] leis an bpríomhoide Cáit go dtí halla na scoile agus téann Grúpa 3 [cainteoirí T3, daltaí ar fhíorbheagán Gaeilge agus daltaí le deacrachtaí éagsúla foghlama] leis an gcúntóir teanga Cathal go dtí suímh eile ar champas na scoile chun ceacht Gaeilge a dhéanamh. Athraíonn na múinteoirí timpeall chuile théarma sa chaoi agus go mbíonn téarma iomlán amháin acu le gach grúpa i rith na bliana:

> bíonn muid ag babhtáil timpeall i rith na bliana chun aithne níos fearr a chur orthu [na daltaí] agus toisc go mbíonn sé an-deacair maidir le cúrsaí teanga, fios a bheith a'd cén chaoi a bhfuil ag éirí leis na gasúir " (AM).

Tá solúbthacht áirithe ag baint leis an gcur chuige chomh maith agus bogtar daltaí ó ghrúpa amháin go grúpa eile má cheaptar go bhfuil dul chun cinn déanta nó go bhfuil dalta curtha sa ghrúpa mícheart:

> Bhí beirt anois a chuir mé sa ngrúpa is laige (ag tús na bliana), mar shampla, mar gheall nár thuig mé (ag an tús) cé chomh maith agus a bhí siad [sa Ghaeilge], bhí buachaill amháin a bhí sa lár ansin agus níl sé chomh maith agus a cheap mé. (AM)

Is cosúil nach leantar aon chlár ar leith don ghrúpáil ach amháin go mbeartaítear ag tús na seachtaine cén t-ábhar an mbeidh ar siúl sna trí ghrúpaí don tseachtain sin (NG) agus ní fhéadfaí a mhaíomh go bhfacthas mórán gaoil idir ábhar foghlama na dtrí ghrúpa mar a léireofar ar ball. Ba chosúil gurb é an leibhéal Gaeilge agus cuir chuige na múinteoirí na rudaí ba shuntasaí, seachas ábhar an cheachta féin.

5.4.9.2 Grúpa 1: Na cainteoirí dúchais.

Is grúpa iad seo "nach raibh an scoil ag déanamh a ndóthain dóibh agus go raibh muid ag déanamh faillí orthu mar atá ar fud na Gaeltachta" (AM). Cruthaíodh an grúpa seo chun freastail a dhéanamh ar chainteoirí dúchais T1 "an dream gurb í an Ghaeilge amháin atá sa mbaile acu" (AM). Tá 14 pháiste sa ghrúpa seo agus toisc go nglactar leis go mbíonn Curaclam na Gaeilge ar eolas acu", díríonn an Múinteoir Colm isteach ar ghné eile den saibhriú teanga (AM). Maireann an ceacht do thréimhse 20 nóiméad thar thrí lá agus dírítear ar ghnéithe den teanga a bheidh úsáideach do na daltaí ina dtimpeallachta nádúrtha féin sa bhaile agus sa phobal. Leagtar síorbhéim ar Ghaeilge dhúchasach an cheantair le linn na gceachtanna. Don cheacht áirithe seo díríodh ar 'ghlantacháin an Earraigh':

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.8

125	Múinteoir	Bhí teach Chaoimhe ina chiseach, a chairde dúisigí agus gabhfaidh muid ag sciúradh. Céard atá ar siúl againn?
126	Daltaí	Tá muid ag sciúradh [Daltaí ar fad ag gníomhú ar nós go bhfuil siad ag scuabadh an urláir]
127	Múinteoir	M: 'Sea, tá muid ag sciúradh, abair é sin gach duine, tá muid ag sciúradh
128	Daltaí	Tá muid ag sciúradh!
129	Múinteoir	Céard atá ar siúl agatsa a Chathail?
130	Dalta 1	Tá mé ag sciúradh
131	Múinteoir	Maith an buachaill, tá tú ag sciúradh, agus a Khatie?
132	Dalta 2	Tá mé ag sciúradh
133	Múinteoir	[Ag ardú deannacháin agus scuab bheag os a comhair amach] Céard iad seo?
134	Dalta 3	scuab agus *dust pan* [códmheascadh]
135	Múinteoir	úsáidfidh muid an focal ceart anois a pháistí, scuab agus sluasaidín
136	Daltaí	Scuab agus sluasaidín.
137	Múinteoir	Sea agus fan go bhfeicfidh sibh céard atá agam anseo [faigheann an múinteoir folúsghlantóir ón gcófra]
138	Daltaí	[an-ríméadach faoin bhfolúsghlantóir] *Hoover, hoover, hoover!*

139	Múinteoir	Tá focal eile ar seo freisin ... folúsghlantóir, ach céard atá ag teastáil len é seo a chur ag oibriú?
140	Daltaí 4	Leictreachas
141	Múinteoir	Maith an buachaill, leictreachas agus céard a bhíonn ar siúl ag Múinteoir Colm sa mbaile ag an deireadh seachtaine nuair a bhí an teach ina chiseach?
142	Dalta 5	Bíonn tú ag sciúradh nuair a bhí an teach ina chiseach,
143	Múinteoir	Cén cineál oibre a dhéanann sibhse sa mbaile?
144	Dalta 6	Bímse ag sciúradh
145	Dalta 7	Bímse ag glanadh suas na bréagáin
146	Dalta 2	Bímse ag glanadh leis an bhfolúsghlantóir

Tugtar leaganacha áitiúla d'fhocail áirithe, ag sciúradh [ag glanadh], ina chiseach [ina phraiseach], gabhfaidh muid ag sciúradh [rachaimid ag glanadh] agus tugtar focal Gaeilge do ghnáthrudaí ar a mbeadh focal Béarla in úsáid ach cheana sluasaidín [*dustpan*], folúsghlantóir [*hoover*]. Tar éis na réamhoibre seo roinntear na daltaí i gceithre ghrúpa agus cuirtear chuig ceithre bhord éagsúla sa seomra ranga iad, chun tuilleadh cleachtaidh a dhéanamh ar an nGaeilge a mhúin Colm dóibh sa cheacht roimhe:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.9

147	Dalta 1	Céard a bhíonn tusa ag déanamh sa mbaile?
148	Dalta 2	Bímse ag sciúradh [úsáid bainte as an bhfocal áitiúil] agus céard a bhíonn tusa ag déanamh sa mbaile?
149	Dalta 3	Bímse ag cócaireacht
150	Dalta 1	Bímse i gcónaí ag imirt iománaíochta le Daide

Bogtar na daltaí timpeall chun grúpaí nua a chruthú agus arís eile spreagtar na daltaí chun cumarsáid a dhéanamh le chéile agus chun úsáid a bhaint as an bhfoclóir agus na heiseamláirí a bhaineann leis an téama idir lámha. Ceartaítear úsáid mhícheart na ndaltaí ag tagairt siar do réamhrá an cheachta inar tugadh leaganacha áitiúla de na focail (NG).

5.4.9.3 Grúpa 2: 'An grúpa idir eatarthu'.

Cainteoirí T2 nó foghlaimeoirí Gaeilge atá sa ghrúpa seo atá á múineadh ag an bpríomhoide Cáit. Tá siad in ann feidhmiú ar chumas ard sa seomra ranga agus iad in ann comhráite a dhéanamh trí Ghaeilge, ach braitear go bhfuil gá tuilleadh forbartha a dhéanamh maidir lena gcuid foghraíochta, comhréire agus foclóra toisc nár tógadh le Gaeilge sa bhaile iad (NG). Ceaptar amach anseo go mbeidh an grúpa seo in ann ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge agus nach bhfuil san obair ghrúpála seo ach céim amháin i dtreo sealbhú níos cuimsithí ar an nGaeilge (APO, AM agus NG). Cuirtear an-bhéim ar an bhfilíocht áitiúil (amhráin, lúibíní, agallaimh bheirte, dánta, seanachas, seanfhocail) sa ghrúpa seo mar go mbraitear gurb é seo an bealach is fearr chun Gaeilge nádúrtha an cheantair a chleachtadh agus a shealbhú (PG&NG). Le linn na tréimhse breathnóireachta ba ar amhráin "Cnoic Chonamara" le hamhránaí Chonamara Máirtín Tom Sheáinín a díríodh: "Nach álainn í an mhaidin, is nach ard iad na beanna is an loch i bhfolach in uaigneas na ngleann, níl smúit ann ná scamaill ar chnoic Chonamara ach an ghrian ag scalladh go deas ar an ngleann'.

Léiríonn an giota thíos an chaoi go múineann an múinteoir an eiseamláir 'i bhfolach' do na daltaí ag baint úsáide as aithris, athrá agus cluiche simplí:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.10

151	Múinteoir Cáit	's an loch i bhfolach in uaigneas an ghleann', céard is brí leis na focail sin 'i bhfolach'?
152	Daltaí	[gan aon fhreagra]
153	Múinteoir Cáit	Taispeánfaidh mise céard ata i gceist leis [ag cuir an leabhair Ghaeilge taobh thiar dá dhroim], anois tá an leabhar i bhfolach, abair sé sin 'ta sé i bhfolach'.
154	Dalta 1	Tá sé i bhfolach [ag athrá os ard le chéile]
155	Múinteoir Cáit	An bhfuil aon duine ag iarraidh an leabhar a chur i bhfolach áit eicínt sa seomra seo? {Síntear roinnt lámha san aer ag iarraidh an leabhar Gaeilge a chur i bhfolach, roghnaíonn an múinteoir duine amháin leis an leabhar a chur i bhfolach agus dúnann sí a súile. Cuireann an dalta an leabhar i bhfolach agus osclaíonn an múinteoir a súile arís}. Anois a pháistí cá bhfuil an leabhar? {ag breathnú timpeall an tseomra}

156	Dalta 2	*Yeah* tá sé i bhfolach a mhúinteoir Cáit!
157	Daltaí 3 agus 4	Ha, tá sé i bhfolach {ag gáire nach bhfuil a fhios ag Múinteoir Cáit cá bhfuil sé i bhfolach}
158	Dalta 5	Tá sé i bhfolach thall ansin {i gcogar leis an duine in aice leis}
159	Múinteoir Cáit	Tá sé i bhfolach, fan go bhfeice mé cá bhfuil an leabhar i bhfolach. {Faoi dheireadh aimsíonn Múinteoir Cáit an leabhar. Tugtar deis do dhaltaí eile an leabhar a chur i bhfolach le béim i gcónaí ar thuiscint a fhorbairt tríd an athrá, aithris agus an cluiche teanga}

Mar a fheictear thuas baintear feidhm mhór arís as aithris agus athrá chun focail thábhachtacha san amhrán a mhúineadh. Deineadh é seo leis an amhrán ina iomlán freisin agus faoin am go ndeachaigh na daltaí ar ais chuig an seomra ranga bhí an t-amhrán ráite ag na daltaí deich n-uaire ar a laghad (NB). Ba é príomhchuspóir an cheachta ná focail éagsúla an amhráin a mhíniú do na daltaí agus cur ar a gcumas an t-amhrán a chanadh. Tar éis do na daltaí an t-amhrán a rá ar bhealaí éagsúla (i nglór ard, i nglór íseal, i gcogar, ag luas tapaidh/mall, é a chanadh mar shampla) deineadh mionstaidéar ar thuiscint fhoclóra na ndaltaí trí dhíriú ar fhocal amháin tar éis gach rannaireacht. Dhírigh an múinteoir ach go háirithe ar na heiseamláirí teanga ‘i bhfolach’, ‘níl smúit ann ná scamaill’ agus ‘tá an ghrian ag scalladh’ (NB). Leanadh na céimeanna céanna don trí sheisiún i rith na seachtaine agus cuireadh na daltaí ar ais chun an ranga ag canadh an amhráin os ard.

5.4.9.4 Grúpa 3: An bonnleibhéal.

Tá 6 pháiste sa ghrúpa seo ina ndírítear ar ghnéithe níos bunúsaí den Ghaeilge ionas go mbeidh siad in ann cumarsáid bhunúsach trí Ghaeilge a dhéanamh sa ghnáthsheomra ranga agus leas a bhaint as an gcuraclam (NG&AM). Is cúntóir teanga na scoile é Cathal atá i bhfeighil an ghrúpa ina bhfuil cothú na cumarsáide bunúsaí i measc na ndaltaí mar phríomhsprioc. Déantar é seo ionas go mbeidh siad in ann feidhmiú go héifeachtach ina seomra ranga lena chuid cairde agus sa scoil trí chéile (AM). Sa ghrúpa seo bhí dalta amháin ó chúlra T1 le deacrachtaí foghlama, daltaí a

tógadh le teangacha iasachta (T3) agus daltaí ó chúlra Béarla (T2). Bhí ábhar an cheachta an-bhunúsach ach fós bhí deacrachtaí ag cuid de na daltaí leis:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.11

160	Múinteoir Cathal	Is mise Cathal, cén t-ainm atá ortsa?
161	Dalta 1	Is Iarla [sic]
162	Múinteoir Cathal	Is mise Iarla [ráite go mall ag súil le aithris uirthi]
163	Dalta 1	Is mise Iarla
164	Dalta 2	Is mise Ian
165	Dalta 3	Is mise Diana

Díríodh ansin ar inscne an duine agus an chaoi go gcuirtear é sin in iúl:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.12

166	Múinteoir Cathal	[Ag ceistiú dalta 1 agus ag síneadh a méar i dtreo dalta 2] Cé hí seo?
167	Dalta 1	Seo í Diane
168	Múinteoir Cathal	Agus cé hí seo?
169	Dalta 1	Seo í Ali
170	Múinteoir Cathal	[Ag roghnú cainteoir nua] Agus cé hé seo
171	Dalta 2	Seo í [sic] Iarla
172	Múinteoir Cathal	[Ag léiriú go bhfuil botún déanta] Seo?
173	Dalta 2	Ó, seo é Iarla [féincheartú le béim ar an ‘é’]
174	Daltaí	[Ag gáire faoin abairt dheireanach toisc nach cailín é Iarla]

Eagraíonn an múinteoir na daltaí i mbeirteanna chun iad a chur ag ceistiú a chéile ar an gcaoi seo. Cuireann na daltaí ceisteanna ar a chéile ar nós ‘cé tusa?, cé hé sin?’ agus ‘cé hí sin?’ agus bíonn comhráite bunúsacha mar sin ar siúl ar feadh ceithre nóiméad. Tar éis na gcomhráite seo, dírítear ar an litir ‘b’ mar chuid den fheasacht fhóineolaíochta:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.13

175	Múinteoir Cathal	Cén fuaim a dhéanann an litir seo [ag síneadh méar i dtreo na litreach ‘b’]
176	Dalta 1	b

177	Múinteoir Cathal	Abair amach focal a thosaíonn le ‘b’.
178	Dalta 1	Bád, banana, *baby* [focal Béarla]
179	Múinteoir Cathal	Bheul is páistín nó leanbh é sin tabhair dom ceann eile [le dalta eile]
180	Dalta 2	Bord

Feictear anseo nach nglacann an múinteoir le *baby* mar fhocal toisc gur i mBéarla atá sé (líne 178), cleachtas oideolaíochta atá i bhfeidhm sa trí ghrúpa. Tugann sí dhá leagan Ghaeilge den fhocal ‘páistín nó leanbh’ agus bogann sí ar aghaidh ag cuartú samplaí eile de fhocail a thosaíonn le ‘b’. Sa tríú cuid den cheacht leag an múinteoir 6 phictiúr ar an mbord agus d’iarr sí ar na daltaí a rá céard a bhí sa phictiúr. Aithníonn agus ainmníonn na daltaí an rud atá sa phictiúr, déanann siad aithris an an bhfocal mar a mhúnlaíonn an múinteoir é agus cuireann siad na focail in abairt:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.4.14

181	Múinteoir Cathal	[Ag síneadh a méar i dtreo pictiúr d’fhear an phoist] Céard é seo?
182	Dalta 1	*Postman*
183	Múinteoir Cathal	Fear an...? [Ag súil le freagra as Gaeilge]
184	Dalta 1	Fear an phosta
185	Múinteoir Cathal	Cuir in abairt é sin.
186	Dalta 1	Tá fear an phosta in aice liom

Níos mó ná rud ar bith eile léiríonn an difríocht idir an idirghníomhaíocht ranga 5.4.14 thuas 5.4.8 roimhe na bearnaí suntasacha atá idir na daltaí T1 atá á dtógáil le Gaeilge agus iad siúd ata ar fhíorbheagán Gaeilge.

5.4.10 Tátal Scoil Cholmcille.

Déantar iniúchadh agus anailís ar chur i bhfeidhm an oideachais dhátheangaigh i Scoil Cholmcille sa chuid seo. Chuir an scoil plean cuimsitheach Gaeilge i bhfeidhm chun a stádas speisialta Gaeltachta a aithint agus chun béim láidir a leagan ar úsáid na Gaeilge i ngach gné de

fheidhmiú na scoile. Tá ceithre phríomhghné i gcur i bhfeidhm an mhúnla oideachais dhátheangaigh sa scoil seo. Leagtar an-bhéim ar chur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de fheidhmiú na scoile, cuirtear múineadh an Bhéarla siar go dtí an dara téarma sna naíonáin shinsearacha, déantar freastail ar leith ar T1 agus T2 sna seisiúin ghrúpála agus déantar iarrachtaí an teanga a threisiú i measc an phobail i gcoitinne.

Maidir le cur chun cinn na Gaeilge, ní labhraíonn an múinteoir aon Bhéarla agus is cosúil go gceapann na daltaí nach bhfuil sí in ann Béarla a labhairt (NG). Tá sé seo tábhachtach mar go gcruthaíonn sé 'gá cumarsáide' do na daltaí trí Ghaeilge. Creideann na daltaí go gcaithfear cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge sa rang nó nach dtuigtear iad. Ní shímplíonn an múinteoir a chuid Gaeilge, dearbhaíonn sé an chanúint áitiúil go rialta agus baineann sé an-úsáid as athrá agus aithris i stíl oideolaíochta atá cumarsáideach (Cook, 2008). Baintear úsáid rialta as an bhfilíocht agus an amhránaíocht mar straitéisí foghlama, cuirtear go leor deiseanna cumarsáide ar fáil do dhaltaí i rith an lae agus ceartaítear 'droch-Ghaeilge' go rialta. Maidir leis na hábhair eile a múintear sa rang bíonn chuile cheann acu ina cheacht saibhrithe teanga ina nglacann an múinteoir an deis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chumas labhartha na ndaltaí sa Ghaeilge.

Cé nach luaitear múineadh an Bhéarla sa phlean ba shoiléir ón obair ghoirt gur gné lárnach, conspóideach uaireanta, de pholasaí na Gaeilge is ea múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí an dara téarma i rang na naíonán sóisir. D'eascair an ghné seo den phlean go príomha as comhráite idir an príomhoide agus an múinteoir naíonán, beirt le cúlra gaelscolaíochta, a bhí ag iarraidh "nós na gaelscoile" (APO) [gan Béarla a mhúineadh sna naíonáin shóisearacha] a chur i bhfeidhm sa scoil. D'eascair próiseas fada comhairliúcháin agus go leor díospóireachta ag leibhéal na foirne agus an bhoird bhainistíochta, as litir ghearáin a sheol tuismitheoir chuig an scoil a bhí cáinteach faoi mhúineadh an Bhéarla a bheith ar siúl i rang na naíonán sóisir. Faoi dheireadh thángthas ar chomhréiteach go gcuirfí múineadh an Bhéarla siar go dtí an dara téarma i Rang na Naíonán Sinsir ar mhaithe le 18 mí den 'tumoideachas' a thabhairt do na daltaí.

Cuirtear in iúl go mbíonn drogall ar roinnt scoileanna sa Ghaeltacht múineadh an Bhéarla a chur siar mar go gceaptar go dtarraingeoidh tuismitheoirí a gcuid daltaí amach as an scoil má fheiceann siad a leithéid de pholasaí i bhfeidhm. Léiríodh tuairimí láidre sa scoil, go bhfuil géar-ghá go gcuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna iachall ar scoileanna na Gaeltachta tréimhse tumtha a chur i bhfeidhm. Ceaptar dá mbeadh an polasaí céanna [dhá bhliain den tumoideachas] i bhfeidhm ar fud na Gaeltachta go laghdódh sé an iompairc idir scoileanna maidir le daltaí a mhealladh chuig an scoil agus nach mbeadh an bhuairt chéanna ar phríomhoide maidir le daltaí a chailliúint.

Aithnítear sa Phlean Labhairt na Gaeilge, go bhfuil dúshlán ag baint le bainistiú an mheascáin teangeolaíochta sa scoil ach go bhfuil gá iarracht a dhéanamh freastail choir, cheart a dhéanamh ar chainteoirí dúchais agus ar fhoghlaimeoirí agus go mbeidh siad ar fad ag forbairt ag a luas foghlama féin. Sa chomhthéacs seo chonacthas go bhfuil an cleachtas ranga níos cuimsithí ná mar atá léirithe sa phlean scríofa. Do thrí thréimhse gach seachtain roinntear an rang i dtrí ghrúpa de réir cumais na ndaltaí sa Ghaeilge. Sa churaclam ‘páiste lárnach’ ina bhfuil béim ar fhreastail chuimsitheach, chuí a dhéanamh ar riachtanais chuile dhalta, sonraítear an tábhacht a bhaineann le straitéis idirdhealaithe cosúil le grúpáil na dtríthe.

Léirítear an-tuiscint sa scoil maidir le soláthair oideachais dhátheangaigh do phobail áitiúil ina bhfuil an comhdhéanamh sochtheangeolaíochta casta agus ag athrú go minic (Ó Duibhir et al., 2015). Tuigtear go bhfuil bearna mhór chumais idir an cainteoir dúchais T1 is fearr i ranga na Naíonán Sinsir agus an dalta le cumas íseal sa Ghaeilge i Rang na Naíonán Sóisir. Sa mheon traidisiúnta dhéanfadh múinteoirí an-iarracht tacaíocht a thabhairt don chainteoir T2 (an dalta le Béarla mar mháthairtheanga sa chomhthéacs seo), le cuir ar a gcumas leas a bhaint as an gcuraclam sa rang. Déantar é sin sa scoil seo leis, ach comhthreomhar leis na hiarrachtaí sin leagtar an-bhéim ar shaibhriú Ghaeilge an chainteora dúchais. Aithnítear go bhféadfadh sé a bheith ina míbhuntáiste don chainteoir T1 anois a bheith ag fáil a gcuid oideachais i mbunscoil Ghaeltachta [ó thaobh

sealbhú iomlán a dhéanamh ar an nGaeilge] agus cuirtear idirghabhála oideolaíochta agus bainistíochta i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an míbhuntáiste sin.

Tá go leor de thréithe an mhúnla oidhreachta (May, 2005) le sonrú sa scoil seo. Dírítear ar shealbhú saibhir a dhéanamh ar Ghaeilge nádúrtha an cheantair. Maidir leis na daltaí T2 is múnla suimíoch an tumoideachais oidhreachta atá á fháil ag na daltaí ina bhfuil siad 'tumtha' do thréimhse 18 mí ag tús a gcuid scolaíochta. Táthar ag súil go mbeidh daltaí T1 agus T2 in ann ardchaighdeán a bhaint amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ag deireadh a dtréimhse bhunscolaíochta. Maidir leis na cainteoirí T3 déantar forbairt ar a gcuid scileanna cumarsáide sa Ghaeilge (T1) agus sa Bhéarla (T2) ach ní thugtar mórán tacaíochta dá máthairtheanga (T3: Polainnis agus Liotuáinis sa chás seo). Díríonn polasaí agus cleachtais na scoile ar na cainteoirí T1 agus T2 ach níl sé de chumas faoi láthair mórán freastal a dhéanamh ar chainteoirí T3 sa scoil go fóill is cosúil.

Tábla 5.5
Saintréithe Mhúnla Oideachais Dhátheangaigh Scoil Cholmcille

Téama	Tréithe a Bhaineann leis
Eolas faoin bhFoireann	Príomhoide ar siúl (saor ó chúraimí teagaisc sa seomra ranga). Taithí cuimsitheach Gaelscolaíochta aici agus ag an múinteoir ranga.
Eolas Ginearálta faoi na Daltaí	Cainteoirí T1, T2 agus T3 i seomra ranga na naíonán
Catagóir Gaeltachta	A
Iompar Teanga na nDaltaí	Claontacht i dtreo na Gaeilge ach go leor samplaí den chódmhalartú le sonrú ar a gcuid Gaeilge. Rian an Bhéarla an-láidir ar Ghaeilge na ndaltaí.
Polasaí Gaeilge	Plean Labhairt na Gaeilge An-tuiscint ar na difríochtaí idir riachtanaisí oideachais an dalta T1 agus T2
Tosaíochtaí Curaclaim sa Seomra Ranga	An Fhilíocht mar straitéis foghlama in úsáid go minic Gach ceacht ina cheacht saibhriúcháin
Cuir Chuige Oideolaíochta	An Stíl Chumarsáide go príomha
Múineadh an Bhéarla	Tosaítear ar mhúineadh an Bhéarla sa dara téarma de Rang na Naíonán Sinsir
Aistear	Níor baineadh úsáid as Aistear sa scoil le linn an chás-staidéir ach tauriscítear go "ndéantar Aistear uaireanta" (AM). Gaolta oideachais cothaithe le tuismitheoirí
Soláthar a dhéantar do dhaltaí T1&T2	An-chúram déanta do shaibhriúcháin Ghaeilge an chainteora dhúchais Straitéisí idirdhealaithe "grúpáil na dtríthe" i bhfeidhm. Tuiscint léirithe gur ag teip an chainteora dúchais atá an córas bunscolaíochta sa Ghaeltacht
An Múnla Oideachais Dhátheangaigh atá i bhfeidhm	Múnla Oidhreachta (May, 2005) Gnéithe den Oideachas Athchúrsach (García, 2010) agus den Oideachas Saibhriúcháin (May, 2005) chomh maith áfach

5.5 Cás-staidéar 4: Scoil Dara

5.5.1 Suíomh agus faisnéis chúlra Scoil Dara.

Tá Scoil Dara lonnaithe i nGaeltacht chatagóir A ina bhfuil beagnach 78% de dhaonra an cheantair ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (SCT, 2007: 18). Freastalaíonn 50-100 dalta ar an scoil agus tá triúr múinteoirí lánaimseartha ag obair sa scoil chomh maith le múinteoir tacaíochta foghlama amháin. Tá trí rang á múineadh ag an bpríomhoide Doireann, Naíonáin Shóisearacha, Naíonáin Shinsearacha agus Rang 1 in aon seomra ranga amháin. Maidir le comhdhéanamh teangeolaíochta na ndaltaí tá an-mheascán le sonrú agus athraíonn an meascán sin go rialta. Léiríodh sa scoilbhliain 2011/12 mar shampla, gur tógadh ceathrar dalta as deichniúr le Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó sa bhaile, tógadh cúigear dalta le meascán den Bhéarla agus den Ghaeilge agus tógadh dalta amháin le Béarla amháin sa bhaile [Cóimheas 40:50:10] (NG). Athraíonn an comhdhéanamh na scoile ó thaobh teanga gach bliain áfach. Le linn na tréimhse breathnóireachta, tugadh le fios go raibh cúigear dalta as 15 á dtógáil trí Bhéarla amháin, cúigear á dtógáil trí Ghaeilge agus cúigear eile atá á dtógáil i meascán den dá theanga [cóimheas 33:33:33] (APO, 2014). Léiríonn sé seo leibhéal castachta maidir le polasaithe oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm do phobal urlabhra atá ag éabhlú.

5.5.2 Cúlra an phríomhoide agus na cleachtais bhainistíochta.

Tá an príomhoide Doireann ag feidhmiú i Scoil Dara le cúig bliana anuas. Chaith sí cúpla bliain mar mhúinteoir i scoil eile sa Ghaeltacht agus mar mhúinteoir gaelscoile ar feadh os cionn deich mbliana (APO). Creideann Doireann go láidir nár cheart an Béarla a mhúineadh i rang na Naíonán Sóisear nó Sinsir mar chuid de phróiseas sealbhaithe na Gaeilge sa Ghaeltacht. Leagtar an-bhéim sa seomra ranga ar chur i bhfeidhm an chreatchuraclaim luath-óige *Aistear* le béim ar leith ar an bhfoghlaim ghníomhach, ar shúgradh agus ar chumarsáid (Aistear, 2009: 7). Múintear gach ábhar sa churaclam seachas an Béarla “trí Ghaeilge ar fad” (NG) agus fágtar múineadh an Bhéarla go dtí an dara téarma sna Naíonáin Shinsearacha cé go n-athraíonn an polasaí, maidir le múineadh

an Bhéarla, ó bhliain go bliain ag brath ar chúinsí áirithe (APO agus NG). Nuair a thosaigh an príomhoide seo amach sa scoil níor mhúin sí aon ghné den Churaclam Béarla go dtí go raibh Rang 1 bainte amach ag na daltaí. Sa mhúnla seo ina raibh ranganna na Naíonán Sóisir agus Sinsir chomh maith le Rang 1 in aon seomra ranga amháin "bhí muid in ann gach rud a dhéanamh trí Ghaeilge suas go dtí go ndeachaigh na naíonáin abhaile tar éis lóin agus ansin díriú ar an mBéarla le Rang 1 nuair nach raibh na naíonáin ann" (APO). Cleachtas sásúil a bhí ann dar léi ach moladh ón Roinn Oideachais agus Scileanna gur cheart tús a chur le múineadh an Bhéarla i dTéarma an Earraigh sna naíonáin shinsearacha bhí orthu athrú a dhéanamh. Ciallaíonn an treoir seo nach féidir múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí Rang 1, rud atá glan in aghaidh spriocanna an 'tumoideachais' (APO). Is cosúil go bhfuil drogall iarmharach ar an bpríomhoide aon Bhéarla a mhúineadh do dhaltaí go dtí go bhfuil Rang 1 bainte amach acu agus í go láidir den tuairim go bhfuil gá le tréimhse dhá bhliain den 'tumadh' sa Ghaeilge a chur ar bun, chun deis a thabhairt do dhaltaí foghraíocht, gramadach, comhréir agus fónaic na teanga sin a shealbhú i gceart (APO). É sin ráite braitheann Doireann brú maidir le ceist an Bhéarla sna ranganna naíonán ach go háirithe maidir le mianta tuismitheoirí i dtaobh an dátheangachais. Braitheann sí go bhfuil sé tábhachtach a chur ina luí orthu go mbaineann buntáistí fad-tréimhseacha le cleachtais oideolaíochta ina gcuirtear múineadh na mórtheanga siar go dtí go bhfuil sealbhú cuimsitheach déanta ar an mionteanga:

> ar cheann de na constaicí [a bhaineann le múineadh an Bhéarla a chur siar] ná tuismitheoirí a bhíonn ag iarraidh go mbeidh litearthacht sa Bhéarla ar siúl [go luath i rang na Naíonán Sóisir] agus easpa tuisceana ar go leor daoine gur féidir le leanaí cumas a bhaint amach sa dá theanga ag deireadh Rang 1 agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na scileanna sin i Rang 2 (APO)

Meastar go láidir go gcaithfear a bheith airdeallach maidir le comhairle teanga a thabhairt do thuismitheoirí chomh maith:

> Tá muid uilig ag iarraidh uimhreacha a fháil agus a choinneáil agus má dheireann tú le tuismitheoir gur cheart go mbeadh níos mó ar siúl [níos mó Gaeilge á úsáid sa bhaile] d'fhéadfadh pus teacht orthu an-sciopaithe agus na páistí a tharraingt amach. (APO).

Bíonn difríocht idir mhianta an phríomhoide agus mhianta na dtuismitheoirí i dtaobh an mhúnla is fearr oideachais dhátheangaigh uaireanta. Tuairiscíodh go bhféadfadh impleachtaí diúltacha a bheith i ndán don scoil dá gcuirtí múineadh an Bhéarla siar (AM). Téama a tháinig aníos go rialta le linn an chás-staidéir seo ab ea an bhuairt leanúnach, go laghdófar líon na ndaltaí sa scoil agus go gcaillfear múinteoir dá bharr dá gcinnfeadh tuismitheoirí a gcuid daltaí a bhogadh go dtí scoil eile (APO & NG).

Ar an taobh eile den speictream, léirigh tuismitheoir amháin go raibh sí an-bhuartha faoi chaighdeán a páistí sa Ghaeilge agus í ag éilimh ón scoil nach múinfí aon Bhéarla dóibh go dtí Rang 1. Dá mba rud é go raibh Béarla á mhúineadh sa seomra ranga, theastaigh uaithi go mbogfaí a bpáistí siúd go dtí seomra eile don cheacht iomlán sin (Agallamh neamhstruchtúrtha le Tuismitheoir). Léiríonn sé seo go bhféadfadh tuairimí an-éagsúla a bheith ag tuismitheoirí sa phobal céanna maidir leis an oideachas dátheangach agus go gcruthaítear teannas timpeall an ábhair seo uaireanta. Braithtear sa chás seo agus i Scoil Cholmcille [CS3], go bhfuil an iomarca solúbthachta ag baint le treoracha na Roinne Oideachais agus Scileanna agus gur cheart go mbeadh treoir níos láidre tugtha do scoileanna na Gaeltachta, maidir le múineadh an Bhéarla a chur siar do thréimhse ar leith (APO). Thógfadh treoir mar seo an cinneadh ‘as lámha na bpríomhoidí’ agus thabharfadh sé spás dóibh polasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm ina iomlán (AM). Ar cheann de na brúnna eile a luadh is ea na scrúduithe caighdeánaithe Dhroim Conrach [scrúdú caighdeánach i léitheoireacht an Bhéarla] a bheith ar siúl ag daltaí naíonán:

> Is fadhb iad na *Drumcondras* [scrúdaithe caighdeánaithe Dhroim Conrach] mar go bhfuil chuile dhuine ag iarraidh *end product* ró-luath [caighdeán ard léitheoireachta sa Bhéarla]. Tá múinteoir [le tuiscint ar na scrúdaithe caighdeánaithe seo] lena cuid gasúir sa scoil seo agus ní chreideann sise sa tumoideachas, tá sí ag iarraidh go mbeidh Béarla ar siúl ón gcéad lá ar scoil, so caithfear *PR [Public Relations]* eicínt a dhéanamh, níl a fhios agam, b’fhéidir go raibh muid ró-chiúin [maidir le tábhacht an tumoideachais sa Ghaeltacht] (APO).

Moltar go gcuirfí na scrúdaithe caighdeánaithe siar go dtí Rang 3 agus go ndéanfaí grúpáil idirdhealaithe ar dhaltaí T1 & T2 le freastail fheiliúnach, chuimsitheach a dhéanamh ar a ngánna teanga (APO). Thabharfadh na moltaí seo, spás do scoileanna na Gaeltachta díriú ar na cumais

éagsúla teanga atá ag na cainteoirí T1 agus T2 gan a bheith buartha faoi thorthaí na scrúdaithe caighdeánaithe nó tuismitheoirí a tharraingeodh daltaí amach as scoil (APO). In ainneoin an bhrú oifigiúla agus tuismitheora, ní mhúintear aon Bhéarla sa scoil go dtí Rang 1 rud a chothaíonn teannas [le tuismitheoirí] uaireanta (APO).

5.5.3 Iompar teanga na ndaltaí.

Spreagtar na daltaí go láidir as an nGaeilge a labhairt le chéile agus le foireann na scoile nuair atá siad i dtimpeallacht na scoile ach tuairiscítear go labhraíonn na daltaí an Béarla le chéile "uaireanta" (NG). Le linn na tréimhse breathnóireachta bhí roinnt Béarla le cloisteáil ach nós ag formhór na ndaltaí a gcuid comhráite a dhéanamh le chéile agus le foireann na scoile trí Ghaeilge ach gur Ghaeilge laghdaithe, iarthraidisiúnta a bhí inti go minic ina raibh foclóir, comhréir, fóineolaíocht agus struchtúir eile na teanga lochtach (Lenoach et al, 2012: 19-21). Maidir le Rang na Naíonán Sinsir mar shampla, a bhí suite díreach os mo chomhair le linn Lá 1 den tréimhse bhreathnóireachta chualathas neart samplaí den Bhéarla agus den Ghaeilge laghdaithe/iarthraidisiúnta á labhairt go luath ar maidin sna seisiúin súgartha:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.1

187	Dalta 1 (N. Shin.)	[Ag spraoi le bréagáin] An bhfuil cead agamsa *triangles* agus *squares* chomh maith? *Look at that for a big shed!*
188	Dalta 2 (N. Shin.)	*Look at all the animals, they want to go out.*
189	Dalta 1	*This animal is crazy.*
190	Dalta 2	*Who's going to drive it? The rabbit?*
191	Dalta 1	Tá sé sin *really* go deas, cuir ceann (bríce) glas air.
192	Múinteoir	[Ag siúl i dtreo Dalta 1 agus 2] A chairde táim ag éisteacht agus ní chloisim aon Ghaeilge ansin.
193	Dalta 2	[ag labhairt le Dalta 1] Tá cúpla *animals* agam.
194	Múinteoir	Tá an bothán sin go hálainn
195	Dalta 2	Tá mé chun na *animals* a chur ann.
196	Múinteoir	Tá tú chun na hainmhithe a chur ann? Agus cad ina thaobh an bhfuil tú ag tógáint botháin mhóir mar sin do na hainmhithe?

197	Dalta 2	Chun bia a chur isteach ann.
198	Dalta 3 (N. Shin.)	Féach ar seo [bábóg bheag ina lámh aige agus é ag déanamh geáitsíochta eitilte leis] Is féidir liom *fly*
199	Múinteoir	Is féidir liom eitilt, abair é sin.
200	Dalta 3	[Ag déanamh aithrise ar abairt an mhúinteora] Is féidir liom eitilt.

I línte 188-190 nuair nach raibh an múinteoir i láthair d'úsáid na daltaí abairtí iomlána as Béarla. Thug an múinteoir é seo faoi deara i líne 6 agus chuir sí in iúl do na daltaí go raibh sí ag iarraidh go ndéanfadh na daltaí tuilleadh iarrachta leis an nGaeilge agus cé gur iompaigh siad ar an nGaeilge ina dhiaidh sin bhí foclóir an Bhéarla le sonrú i línte 193, 195 agus 198. Feictear rian foclóra agus comhréire an Bhéarla i líne 1 "an bhfuil cead agam *triangles* agus *squares* chomh maith" ina ndéantar aistriú díreach ón mBéarla *"Can I have triangles and squares as well?"* gné den chumaráid a bheadh le sonrú i nGaeilge Ghaelscoile taobh amuigh den Ghaeltacht (Ó Duibhir, 2009). De réir mar a lean an seisiún súgartha ar aghaidh laghdaigh úsáid an Bhéarla go mór agus fiú nuair nach raibh an múinteoir i láthair an ghrúpa bhí imeachtaí an tseisiúin súgartha á bplé trí Ghaeilge ach rian an Bhéarla fós ar a gcuid cainte:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.2

201	Dalta 4 (N. Shóis)	Ní theastaíonn na rudaí sin [sopanna] uaimse.
202	Múinteoir	Bheul cad a bheidh ar siúl agat mar sin?
203	Dalta 4	Cairt.
204	Múinteoir	Agus an mbeidh ceithre roth ag an gcairt seo?
205	Dalta 4	*No*, ní bheidh, is cairt speisialta é
206	Múinteoir	[Ag bogadh timpeall an tseomra ranga uilig ag ceartú obair bhaile Rang 1 agus ag treorú an tseisiúin súgartha do na Naíonáin Shóiseareacha agus Shinsearacha] Beidh orainn glanadh suas i gceann cúpla nóiméad.
207	Dalta 4	[ag síneadh méar i dtreo bréagáin amháin] Tabhair dom an ceann sin
208	Dalta 1	Tá mise á fhágaint [sic] sin
209	Dalta 4	Tabhair dom ceann amháin
210	Dalta 1	[Múinteoir imithe go dtí an taobh eile den seomra ag cabhrú le Rang 1] Sin na *bumpers*, is féidir leatsa déan sin freisin (na cairteanna a thiomáint ar an urlár)

211	Dalta 4	[Tosaíonn an dalta seo ag bualadh an dá charr in aghaidh a chéile ar an urlár]
212	Dalta 1	Fan, fan, fan, ná déan fós é beidh sé [an carr] dul go dtí *space* agus beidh tine mór [sic] ann
213	Dalta 4	Beidh muid ábalta imirt é ansin
214	Múinteoir	[Ag iarraidh go nglanfaidh na daltaí suas na bréagáin] Cá mbeidh gach rud ag dul anois a pháistí?
215	Daltaí	Isteach sa bhosca

Feiceann muid go bhfuil roinnt focal Béarla in úsáid (línte 205, 210, 212) agus i línte 210 agus 213 go bhfuil samplaí den deacracht a bhíonn ag foghlaimeoirí Gaeilge maidir leis an ainm briathartha a úsáid i gceart (Henry, Andrews & Cainín, 2002). É sin ráite tá an Ghaeilge in uachtar sa chomhrá seo mar atá sa chomhrá thíos, idir dhaltaí na Naíonán Sóisir. Ní fhaightear ach corrfhocal Béarla sa sampla seo, go háirithe mar chomharthaí dioscúrsa:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.3

216	Dalta 1	[Ag taispeáint bréagáin a rinne sí as brící plaisteacha] Dhein mise é seo mé féinig
217	Dalta 2	*No*, ní dhein *actually*.
218	Dalta 3	*Actually*, an féidir liomsa é sin a thógaint? [síneadh a lámh i dtreo bréagáin eile]
219	Dalta 1	*Yeah...oh my God*, sin airgead ansin, ceapaim [ag síneadh méar i dtreo rud ar an úrlár] *oh no*, ní hea.
220	Dalta 4	Tá mé ag féachaint ar mo cheannsa [an dalta ag féachaint ar an rud atá tógtha aige/aici]
221	Dalta 2	An bhfuil tú críochnaithe leis?
222	Dalta 4	Tá, agus tá Cormac críochnaithe freisin
223	Múinteoir	Cad é seo?
224	Dalta 1	*Fire engine!*
225	Múinteoir	Conas a ndeireann muid é sin as Gaeilge?
226	Dalta 2	Inneall Dóiteáin
227	Múinteoir	Ana-gharsúin [ag tabhairt ard-mholadh as an bhfocal sin a bheith ar eolas] agus cad é seo? [ag labhairt le Dalta 2 faoin mbréagán atá cruthaithe as lego]
228	Dalta 2	Seo gunna
229	Múinteoir	Agus an bhfuil tú chun mé a mharú?

216	Dalta 1	[Ag taispeáint bréagáin a rinne sí as brící plaisteacha] Dhein mise é seo mé féinig
230	Dalta 2	Níl, tá sé *just* gunna [comhréir an Bhéarla]

Spéisiúil go leor tá na patrúin labhartha ag Rang 1 agus ag na Naíonáin Shóisearacha an-chosúil le chéile sa chaoi agus go bhfuil an Ghaeilge beagáinín in uachtar ach seasann an rang eatharthu amach (naíonáin shinsearacha), mar go sonraítear claontacht níos láidre don Bhéarla a labhairt ina measc siúd.

5.5.4 Teanga teagaisc an tseomra ranga agus na cleachtais oideolaíochta.

Leagadh an-bhéim ar chomhráití a dhéanamh leis na daltaí ar mhaithe le "(h)ionchur saibhir teanga a chur ar fáil dóibh" (NB & NG) (Krashen, 1985). Tugtar tosaíocht do labhairt na Gaeilge sa scoil agus an-bhéim ar an súgradh agus ar nuacht a insint os ard don rang ar fad. Caitear go leor ama ar dheiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chothú (NB) agus é an-soiléir gur ghné lárnach de shealbhú na réamhscileanna litearthachta is ea forbairt ar chumas labhartha na ndaltaí i nGaeilge (NG). Bíonn am nuachta ar siúl chuile mhaidin mar shampla, ina n-iarrtar ar na daltaí a gcuid scéalta pearsanta a roinnt leis an rang. Éisteann an rang uilig leis na scéalta agus tacaíonn an múinteoir leis an bproiséas trí aiseolas a thabhairt agus trí mhúnlú a dhéanamh ar Ghaeilge chruinn:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.4

231	Múinteoir	Bhí an aimsir uafásach inné, nach raibh a pháistí? [ag iarraidh abairtí a mhealladh ó na daltaí]
232	Dalta 1	*Yeah*, inné bhí mo mham amuigh agus bhí an ghaoth ag séideadh agus bhí sé an-láidir. Rith sí isteach sa tigh agus ní raibh a fhios agam cén bróga a bhí uirthi, bhí sé an-*weird.*
233	Múinteoir	Lámha suas na daoine a chuala an stoirm.
234	Dalta 2	Dheineas mo mham dul go Baile Mór agus d'fhág sí mise i mBaile Beag
235	Dalta 3	Tá mise ag dul go tigh Ódhrán?? inniu agus beidh muid ag imirt *Nintendo DS*
236	Dalta 4	Inné bhí mise agus Ódran ag imirt sacair agus bhí stoirm ann, bhí sé an-ghaofar agus bhí sé ag cur báisteach [sic]

237	Múinteoir	Ceart go leor scríobhfaidh muid cuid den nuacht sin síos. [tosaíonn an múinteoir ag scríobh na nuachta ar an gclár bán] Inniu an Chéadaoin.
238	Dalta 1	Cén fáth an bhfuil muid ag scríobh an lá?
239	Múinteoir	[ag déanamh neamhairde de dhalta 1] Inné Dé Máirt, amárach Déardaoin
240	Dalta 2	Ach tá na laethanta as Béarla ansin [ag síneadh méar i dtreo póstaer de na laethanta atá scríofa as Béarla]
241	Múinteoir	Ná bac le Béarla anois

Mar a léiríonn línte 232-236 tugtar deis do na daltaí a gcuid nuachta a insint sula scríobhtar síos ina gcóipleabhar nuachta é. Deintear iarracht deiseanna cumarsáide a chruthú agus a chothú le linn seisiún súgartha ag tús an lae freisin:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.5

242	Múinteoir	Cad é seo? [ag piocadh cuid de na bréagáin suas]
243	Dalta 1	bheul seo zú sa forest
244	Múinteoir	Zú sa choill ab ea?
245	Dalta 1	Sea, tá sé sa choill, seo an *tiger* agus seo an *crocodile*
246	Múinteoir	An tíogar agus an crogall, abair é sin [ag iarraidh go ndéanfaí aithris ar
247	Dalta 1	An tíogar agus an crogall [ag déanamh aithris ar an méid a dúradh]
248	Múinteoir	Agus an mbíonn siad ag troid?
249	Dalta 1	No, tá siad cairde [sic]
250	Múinteoir	Is cairde iad
251	Dalta 1	*Yeah*, is cairde iad

Tá suim ag na daltaí seo in ainmhithe (líne 245) agus úsáidtear an téama seo mar spreagadh labhartha agus scríofa:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.6

252	Múinteoir	Cén saghas ainmhí é sin? [ag labhairt le dalta 1]
253	Dalta 1	[gan freagra]
254	Múinteoir	Is coileán é.
255	Dalta 2	Ní coileán é sin, tá sé beagnach chomh mór leis an gcailín!
256	Múinteoir	Is coileán mór é is dócha. Cén peata ar mhaith libh?

257	Dalta 3	Ba mhaith liomsa bó.
258	Dalta 4	Ba mhaith liom coinín.
259	Dalta 5	Ceannóidh mise *skunk* [ag gáire]
260	Múinteoir	[iarrtar ar na daltaí a n-ainmhithe is fearr a tharraingt agus líne a scríobh fúthu agus siúlann an múinteoir timpeall an tseomra ag ceistiú na daltaí faoina bpictiúir] Cad atá sa phictiúr seo
261	Dalta 6	Tá *gold fish* sa phictiúr.
262	Múinteoir	Agus ar mhaith leat iasc órga?
263	Dalta 6	Ba mhaith liom iasc órga

Úsáidtear na seisiúin súgartha mar bhunchloch don fheasacht fóineolaíochta sa rang agus bunaítear roinnt den obair fónaice ar bhréagáin agus ar chluichí éagsúla a súgraíodh leo ag tús an lae. Le linn na tréimhse breathnóireachta díríodh ar na litreacha ‘r’ agus ‘o’. Leanann na ceachtanna fónach an patrún céanna ar an iomlán. Lorgaíonn an múinteoir focail atá ag tosnú leis an litir atá faoi chaibidil, tugann na daltaí an oiread samplaí agus gur féidir leo, scríobhtar liosta ar an gclár bán agus déantar athrá agus aithris ar na focail a thugtar. Dírítear aird na ndaltaí ar phóstaeir sa rang agus ar na bréagáin atá á stóráil timpeall imeall an ranga ar fad mar spreagadh cainte. Ar deireadh ar fad caithfidh na daltaí na focail sin a chur in abairtí agus abairtí a scríobh amach ina gcóipleabhair pheannaireachta:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.7

264	Múinteoir	[ag ceistiú an ranga iomlán] an bhfuil aon ainm sa scoil seo a thosaíonn leis an litir r?
265	Dalta 1	Rosie agus Róisín
266	Dalta 2	Ruadhán
267	Dalta 3	Rob
268	Múinteoir	Go maith, céard faoi rudaí eile a thosaíonn leis an litir r?
269	Dalta 3	Rothar
270	Dalta 4	Rón
271	Dalta 5	Rósanna

272	Múinteoir	Agus cén dath atá ar na rósanna?
273	Dalta 5	Dearg
274	Múinteoir	Céard faoi rudaí sa spás súgartha? [ag déanamh nasc leis an seisiún súgartha]
275	Dalta 6	Rí [ag síneadh méar i dtreo an Rí]
276	Dalta 3	*Rocket*
277	Múinteoir	Roicéad as Gaeilge, go maith

Clúdaíodh an litir ‘o’ mórán ar an gcaoi chéanna agus cuireadh na daltaí i mbun peannaireachta le habairtí cosúil le “tá rothar agam, tá rós agam” agus “is maith liom oráiste, is maith liom Oisín” (NG). Úsáidtear scéim fónaice *Séideán Sí* mar thacaíocht ar an obair seo agus níor deineadh aon obair ar fhónaic an Bhéarla nó, mar atá maíte cheana, aon ghné de scileanna teanga sa Bhéarla a forbairt le linn na tréimhse breathnóireachta.

Baineadh úsáid as na seisiúin scéalaíochta mar straitéis chun tuilleadh cainte a mhealladh ó dhaltaí. Ba mhinic a d’iarr an múinteoir ar pháiste amháin teacht os comhair an ranga, pictiúr [le habairt amháin scríofa faoi] a roghnú agus scéal a insint bunaithe ar an bpictiúr sin (NB):

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.8

278	Múinteoir	Tar aníos anseo agus pioc amach luaschárta [ag roghnú dalta 1]
279	Dalta 1	[piocann dalta 1 luaschárta agus léann sé os ard é] Bhí ocras air.
280	Múinteoir	Ceart go leor mar sin, inis dúinn an scéal.
281	Dalta 1	Bhí ocras ar Oisín, d’ith sé úll, d’ith sé oráiste agus d’ith sé seacláid.
282	Múinteoir	An bhfuil scéal agat faoi sheacláid?
283	Dalta 1	Bheul d’ith oisín seacláid agus is maith liomsa seacláid, is maith liom *chocolate brownies* chomh maith agus d’ith mé ciste seacláide do mo bhreithlá

Ceacht é seo a bhain le Rang na Naíonán Sóisir, Sinsir & Rang 1 agus tugadh deis do thriúr an tasc céanna a dhéanamh. Baintear úsáid as straitéisí mar seo go rialta, chomh maith leis na seisiúin súgartha, na seisiúin nuachta agus an comhrá leanúnach a dhéanann an múinteoir leo mar chuid de chur chun cinn na teanga labhartha sa seomra ranga. Breathnaítear ar an gcineál forbartha

seo mar bhunchloch de shealbhú na réamhscileanna foirmiúla litearthachta cosúil leis an léitheoireacht, an scríbhneoireacht agus an fheasacht fónaice (NG & NB).

5.5.5 Cleachtais leithleacha oideachais dhátheangaigh.

Creideann an príomhoide gur cheart aird ar leith a dhíriú ar an gcomhdhéanamh teangeolaíochta atá sa scoil, le cinntiú go ndéantar saibhriú ar Ghaeilge an chainteora dhúchais ach go háirithe (NG & APO). Léiríodh an-tuiscint, go bhfuil líon na ndaltaí bunscoile atá ina gcainteoirí dúchais sa Ghaeltacht ag laghdú (Ní Shéaghdha, 2010) agus braitear go láidir go bhfuil an córas bunscolaíochta sa Ghaeltacht mar atá, claonta go mór i bhfabhar an fhoghlaimeora Ghaeilge, do mhíbhuntáiste an chainteora dhúchais (Ó Giollagáin et al., 2007). Ceaptar go bhfuil fadhb mhór ann "mar gheall nach bhfuil an *contact time* ann [do na cainteoirí dúchais sa Ghaeilge] agus go bhfuil gach rud ag leibhéal an fhoghlaimeora" (APO). Rinne an príomhoide comparáid idir beirt dhaltaí atá á múineadh aici, chun a pointe a léiriú:

> Má bhreathnaíonn tú ar Dhónal [dalta T1 i ranga na Naíonán Sinsir] agus ar Debbie [dalta T2 i rang na naíonán sóisir] tá sé an-spéisiúil céard atá ag tarlú dóibh [maidir le cumas sa Ghaeilge ó thosaigh siad ar scoil]. Tógadh Dónal leis an nGaeilge ach tá sé anois ag spalpadh Béarla lena chairde agus tháinig Debbie isteach anseo gan oiread agus focal amháin Gaeilge aici agus í go breá in ann anois í féin a chur in iúl (APO).

Ábhar spéise atá i dtuairim an phríomhoide thuas go méadaíonn caighdeán Ghaeilge an fhoghlaimeora ach go laghdaíonn caighdeán Gaeilge an chainteora dhúchais sa bhunscoil (Harris et al., 2006; Giollagáin et al., 2007 agus Péterváry et al., 2014) agus tuairim atá aici nach bhfuil cuid de na háiseanna teagaisc feiliúnach do leibhéil éagsúla na ndaltaí faoina cúram (APO). Glactar leis chomh maith go bhféadfaí an iomarca ama a chaitheamh ar chruinneas na gcainteoirí dúchais agus baol a bheith ann nach ndéanfaí freastail chuí ar na foghlaimeoirí:

> Tá Séideán Sí go hiontach ach ní fheileann sí do na foghlaimeoirí uaireanta [daltaí T2], 'bhailigh sé suas a bhalcaisí' mar shampla [ag taispeáint dom an abairt i leabhar an mhúinteora], *no way* go dtuigfeadh an foghlaimeoir é sin, 'bhailigh sé a chuid éadaí' a bheadh ag an bhfoghlaimeoir (APO).

Léirítear mar shampla leagan dúchasach a bheadh ró-chasta d'fhoghlaimeoirí, "'ba dheas liom peata a bheith agam', atá sa leabhar ach bheadh 'ba mhaith liom peata' níos éasca don fhoglaimeoir" (APO). Is léir go bhfuil macnamh domhain déanta ag an bpríomhoide maidir le riachtanaisí oideachais na bhfoghlaimeoirí agus na gcainteoirí dúchais ach go mbraitheann sí nach bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar an dá ghrúpa sa chomhthéacs ina bhfuil sí ag múineadh. Léirítear ní hamháin go bhfuil idirdhealú teanga le déanamh mar shampla, ach sa suíomh ilranga seo, go mbíonn idirdhealú aoise/cumais ghinearálta le déanamh freisin. Ceaptar go gcuireann sé seo leis an mbrú atá ann déileáil leis an meascán cainteoirí taobh istigh de mhúnla ina gcuirtear múineadh an Bhéarla siar "níl sé éasca, tá an iomarca sa ghrúpa, tá sé deacair leis an meascán, dá mbeadh cainteoirí dúchais uilig ann b'fhéidir [go mbeadh sé níos éasca]" agus go mbeadh sé níos éasca "dá mbeadh na naíonáin shóiseareacha ar fad le chéile in aon rang amháin [gan daltaí ó Naíonáin shinsearacha nó Rang 1 a bheith in éindí leo] mar go bhfuil Rang 1 ró-shean dóibh agus tá siad imithe ar aghaidh leis an mBéarla". Is cosúil go dtuigtear go bhfuil riachtanais éagsúla teanga agus oideachais ag daltaí T1 agus T2 ach braitear deacrachtaí maidir leis an idirdhealú sin a fheidhmiú sa seomra ranga:

> dá mbeadh muid in ann an dá dhream [Daltaí T1 agus T2] a roinnt, bheadh sé sin go hiontach, ansin d'fhéadfaí am a chaitheamh leis na cainteoirí dúchais ar rannta, amhráin, Gaeilge nádúrach an cheantair agus an rud céanna a dhéanamh leis na foghlaimeoirí ach ag leibhéal eile, ach níl muid in ann, tá sé ró-dheacair (APO).

Aithnítear go bhfuil an-éagsúlacht idir an duine is laige maidir le labhairt na Gaeilge i rang na naíonán sóisir agus an duine in láidre i Rang 1, go dtagann athrú ar chumas na ndaltaí sa Ghaeilge ó bhliain go bliain agus go mbeadh impleachtaí aige seo ar na cleachtais i dtaobh an oideachais trí Ghaeilge (NG). Sampla amháin den éagsúlacht seo is ea an difríocht idir caint fhoghlaimeora i Rang na Naíonán Sóisir agus an chaint a bhí ar siúl ag grúpa de cheathrar buachaillí i Rang 1. I línte 284-288 thíos feictear an comhrá idir mé féin [taighdeoir] agus foghlaimeoir ó Rang na Naíonán Sóisir:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.9

284	Foghlaimeoir	[ag labhairt liomsa] *Who are you?*
285	Taighdeoir	Is mise Conchúr.
286	Foghlaimeoir	*I don't speak Irish.*
287	Taighdeoir	Ceart go leor.
288	Foghlaimeoir	Féach ar an *gold watch, that belongs to my* múinteoir, *she's called* Bean Uí Eadhra [ag síneadh méar i dtreo leabhair Ghaeilge] *that's* Gaeilge.

Ar an taobh eile den speictream cumais dhátheangaigh rinne daltaí Rang 1 comhrá le chéile maidir le peil Ghaelach, gan ionchur nó tacaíocht ón múinteoir ranga:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.10

289	Dalta1	An raibh tusa ag an gcluiche ag an deireadh seachtaine a Mhaidhc?
290	Dalta2	Bhí, bhí sé ana-mhaith ar fad, bhuaigh muidne [foireann an bhaile go mbeadh na buachaillí ag tacú leo]
291	Dalta1	An bhfaca tú an báide a fuaireadar?
292	Dalta 2	Chonaic, ach fuair siad cúpla báide.
293	Dalta 3	Bhí mo *cousin* ag imirt leo.

Lean an comhrá ar aghaidh agus cé go raibh sé deacair é ar fad a chloisteáil, ba léir gur i nGaeilge a deineadh go leor de. Sampla beag amháin é seo ar an speictream cumais i dtaobh na Gaeilge atá le sonrú ag micrileibhéal oideachais amháin. Is é nós reatha na mbuachaillí Rang 1 Gaeilge a labhairt le chéile, fiú más comhrá faoi eachtraí iar-scoile atá ann ach ní hamhlaidh atá le cuid de dhaltaí na Naíonán Sóisir nó Sinsir.

Le linn na tréimhse breathnóireachta deineadh iarracht freastal ar leith a dhéanamh ar na cainteoirí dúchais i Rang 1. Cuireadh amach leis an gcúntóir teanga do 30 nóiméad ar an Máirt iad, ar mhaithe le saibhriú teanga a dhéanamh bunaithe ar Naomh Bríd, tús an Earraigh agus traidisiúin an cheantair i dtaobh an dá théama sin (Agallamh Neamhstruchtúrtha leis an Múinteoir Tacaíochta Foghlama). Le linn am lóin agus do thréimhse ghearr ina dhiaidh sin, nuair a bhí na daltaí ón naíonra áitiúil imithe abhaile bhí sé de nós ag stiúrthóir na naíonraí [Deirdre], atá ina cainteoir

dúchais í féin, am a chaitheamh sa seomra ranga ag labhairt leis na daltaí trí Ghaeilge mar chuid de pholasaí na scoile 'ionchur saibhir' a chur ar fáil sa Ghaeilge:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.11

294	Dalta 1	[Ag labhairt le Deirdre agus ag taispeáint a fhiacail di] Thit mo fhiacail amach a Dheirdre
295	Deirdre	Thit sé amach? Agus cár chuir tú é? Ar chur tú isteach sa bhosca bruscair é?!
296	Dalta 1	No
297	Deirdre	Agus cár chuir tú é mar sin?
298	Dalta 1	Chuir mé é faoin b*pillow*
299	Deirdre	Faoin bpiliúr ab ea?
300	Dalta 1	'Sea
301	Deirdre	Agus ar tháinig síóg?
302	Dalta 1	Níor tháinig fós.
303	Deirdre	Ar thit anois?! Tá a fhios agamsa leaid amháin agus chuir sé an fhiacail faoin bpiliúr agus ní bhfuair sé faic ach oráiste, ní raibh aon airgead ag an síóg!
304	Dalta 1	B'fhéidir go raibh seisean dána.
305	Deirdre	B'fhéidir go raibh!
306	Dalta 2	B'fhéidir nach raibh sé deas lena mamaí (sic) nó nach raibh an obair bhaile déanta

Ceistíonn Deirdre daltaí éagsúla i línte 295, 297, 299 ag iarraidh abairtí a mhealladh uathu i gcomhrá nádúrtha trí Ghaeilge agus í ag iarraidh ionchur sothuigthe a sholáthar do dhaltaí (Krashen, 1985).

Tugann sí an leagan Gaeilge den fhocal *pillow* i gceist amháin (líne 298) agus insíonn sí scéal faoi shíóg i líne 303. Bhain na daltaí an-taitneamh as an scéilín agus d'eascair dhá abairtí iomlána trí Ghaeilge uaidh (línte 304 & 306). Tugann teagmháil le cainteoir dúchais mar seo deis iontach éisteachta agus labhartha do dhaltaí ina bhfuil foghlaim nó sealbhú idirbheartach ar siúl mar a leagadh amach sa Hipitéis Aschuir[27] (Swain, 1985). Mar gheall go ritear an bhliain réamhbhunscolaíochta sna naíonraí go hiomlán trí Ghaeilge amháin bheadh taithí ag formhór na

[27] Output Hypothesis

ndaltaí sa seomra ranga seo Gaeilge amháin a labhairt le Deirdre. Is cosúil go mbreathnaíonn na daltaí ar na comhráite seo mar rud leanúnach a thosaigh trí Ghaeilge sna Naíonraí agus a leanfaidh ar aghaidh trí Ghaeilge sa Bhunscoil. Deineann Deirdre an-iarracht go leor cumarsáide a chur chun cinn i measc na ndaltaí agus ní ghlacann sí le habairtí i mBéarla:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.5.12

307	Dalta 1	*I don't like my lunch!*
308	Deirdre	Abair é sin as Gaeilge a chailín.
309	Dalta 1	Ní maith liomsa an lón *(I don't like the lunch)*
310	Deirdre	Cén fáth? Cad atá mícheart leis? [Bhí dalta 1 ar tí freagra a thabhairt nuair a phléasc iógairt chailín eile amach ar a cuid gruaige, rud a tharraing aird Dheirdre] Cad a tharla anseo?
311	Dalta 2	Timpiste
312	Deirdre	Ach conas ar tharla sé?
313	Dalta 2	Phléasc sé amach orm.
314	Deirdre	Beidh boladh deas uaitse agus ó do chuid éadaí a chailín. An bhfuil inneall níocháin agatsa sa bhaile?
315	Dalta 2	Tá.

Níl anseo ach dhá mhír ghearra, a mhair níos lú ná cúig nóiméad ar an iomlán, léiriú atá iontu áfach ar an gcineál idirghníomhaíochtaí teanga atá á stiúradh ag Deirdre. Déantar é seo do thart ar 30 nóiméad roinnt laethanta in aghaidh na seachtaine, í ag siúl ó ghrúpa go grúpa ag múnlú Gaeilge dhúchasach an cheantair, ag ceistiú agus ag mealladh scéalta agus freagraí ó na daltaí gan glacadh le freagraí i mBéarla nó i ndroch-Ghaeilge ariamh. Tugann sé deis do na daltaí 'glór gaelach' eile a chloisteáil agus a gcuid Gaeilge a úsáid ar bhealach níos neamhfhoirmiúla le duine fásta eile (APO).

5.5.6 Tátal ar mhúnla oideachais dhátheangaigh Scoil Dara.

Go sochtheangeolaíochtúil tá Scoil Dara lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir A ach an-mheascán sa chomhdhéanamh teangeolaíochta le sonrú i measc na Naíonán Sóisir agus Sinsir. Tugadh le fios go raibh cóimheas [33:33:33] sa seomra ranga de dhaltaí atá á dtógáil trí Ghaeilge,

trí Bhéarla nó trí mheascán den dá theanga sin. Tá an-taithí ag an bpríomhoide Doireann as a bheith ag teagasc trí Ghaeilge i gcomhthéacsanna Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus tuiscint aici ar riachtanaisí teangeolaíochta an fhoghlaimeora agus an chainteora dúchais. Cuireadh in iúl dom ar dtús go gcuirtear tús le múineadh foirmiúil an Bhéarla sa dara téarma de Rang na Naíonán Sinsir. Le linn na tréimhse breathnóireachta sa scoil áfach, a deineadh sa dara téarma den scoilbhliain, ní raibh aon fhianaise go raibh múineadh an Bhéarla ar siúl ar chor ar bith. Tá an-bhaint ag tuairim an phríomhoide i dtaobh an chleachtais seo agus toil láidir léirithe aici ina dhiaidh sin, nach múinfí aon Bhéarla go dtí go mbeidh Rang 1 bainte amach ag na daltaí. Úsáidtear an cur chuige seo, chomh maith le béim ar sheisiúin súgartha agus ar fhorbairt na cumarsáide labhartha mar bhunchloch do na réamhscileanna litearthachta agus don fheasacht fhóineolaíochta. Arís eile stíl chumarsáideach oideolaíochta atá i bhfeidhm (Cook, 2008) ina mbaintear an-úsáid as gnéithe ar leith den chreatchuraclaim luath-óige *Aistear*. Tugtar deiseanna do dhaltaí naíonán súgradh neamhspleách ach struchtúrtha a dhéanamh chuile mhaidin ina gcothaítear deiseanna cumarsáide idir na daltaí agus idir dhaltaí agus an múinteoir. Le linn próiseas aiseolais ag deireadh na seisiún súgartha seo, déanann na daltaí cur síos os comhar ranga, ar na gníomhaíochtaí a rinne siad.

Maidir le labhairt na Gaeilge i measc na ndaltaí bhí nós ag formhór díobh a gcuid comhráite a dhéanamh le chéile agus le foireann na scoile trí Ghaeilge ach gur Ghaeilge laghdaithe, iarthraidisiúnta a bhí inti uaireanta. Ábhar spéise sa seomra ranga seo is ea an difríocht idir iompar teanga na Naíonán Sóisir, Sinsir agus Rang 1. Ba chosúil go raibh nós cothaithe i measc daltaí Rang 1 agus daltaí Naíonán Sóisir an Ghaeilge a labhairt le chéile fiú amháin nuair nach raibh an múinteoir i láthair ach go raibh an-mheascán den Bhéarla agus den Ghaeilge á labhairt i measc na naíonán sinsearach. Braitear go láidir go bhfeileann an córas bunscolaíochta mar atá go mór don fhoghlaimeoir Gaeilge seachas don chainteoir dúchais agus go bhfuil caighdeán Gaeilge an chainteora T1 ag laghdú dá bharr. Modh amháin a dhéantar freastal níos cuimsithí ar ghánna na gcainteoirí seo is ea seisiún teanga 30 nóiméad in aghaidh na seachtaine a chur ar fáil dóibh leis an gcúntóir teanga, ina ndírítear ar shaibhriú teanga. Chomh maith leis sin déanann Deirdre (stiúrthóir

na naíonraí), atá ina cainteoir dúchais í féin, feitheoireacht ghníomhach sa seomra ranga mar thacaíocht don mhúinteoir ranga, i rith na seachtaine. Déantar é seo gach lá agus leagann sí an-bhéim ar chumarsáid shaibhir, rialta a dhéanamh leis na daltaí don 30 nóiméad sin gach lá. Tá an-chur amach ag Deirdre ar leibhéil chumais na ndaltaí mar gur mhúin sí sna naíonraí iad agus tuiscint mhaith aici ar phrionsabail an oideachais ghaelaigh sa Ghaeltacht. Ceapann sí go bhfuil caighdeán na Gaeilge sa cheantar feabhsaithe le roinnt blianta anuas:

> Tá rudaí i bhfad níos fearr anois ná mar a bhí deich mbliana ó shin. Deich mbliana ó shin ní raibh aon chainteoirí dúchais sa ghrúpa [sa naíonra atá ceangailte leis an scoil] ach anois tá seachtar, sé sin beagnach aon leath den ghrúpa iomlán (NG bunaithe ar chomhrá leis le Stiúrthóir na Naíonraí).

Ar thaobh amháin, comhartha dóchais do thodhchaí na Gaeilge sa scoil agus sa Ghaeltacht seo is ea ráiteas mar seo ach ar an taobh eile luann an príomhoide go bhfuil roinnt bacanna ag cur in aghaidh a cuid iarrachtaí, oideachas trí Ghaeilge amháin a chur ar fáil dá daltaí. Luaitear mar shampla, go mbraitheann sí brú ó thuismitheoirí, ó chleachtais scoileanna eile agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le tús a chur leis an léitheoireacht sa Bhéarla 'ró-luath'. Bíonn scrúdaithe caighdeánaithe sa Bhéarla le déanamh ag daltaí i Rang 1 sa scoil agus braitear gur cheart iad seo a chur siar go dtí Rang 3 chun spás a thabhairt do dhaltaí agus do mhúinteoirí.

I 'gComórtas na nUimhreacha' ina mbíonn scoileanna ag iarraidh daltaí a mhealladh chun na scoile ar dtús agus iad a choinneáil sa scoil ina dhiaidh sin, feictear go bhfuil an-tábhacht ag baint le creidimh teanga na dtuismitheoirí. Baineann síorbhuairt leis an mbagairt go dtarraingeoidh tuismitheoirí ar leith a gcuid páistí amach as an scoil muna mbíonn an Béarla á mhúineadh. Chabhródh dhá chéim leis an iompairc idirscoile sin a laghdú dar leis an bpríomhoide. Ar dtús tá géar-ghá go ndéanfar feachtas náisiúnta poiblíochta faoi bhuntáistí an tumoideachais sa Ghaeltacht agus in dhiaidh sin go gcuirtear iachall reachtúil ar scoileanna Gaeltachta, tréimhse éigeantach oideachais iomláin Ghaelaigh a chur i bhfeidhm i ranganna na Naíonán Sóisir agus Sinsir. Bheadh solúbthacht áirithe ag baint le Rang 1 ina dhiaidh sin, ina mbeadh saoirse ag scoileanna Gaeltachta síneadh a chur leis an tréimhse tumoideachais sin le cead ón mbord bainistíochta i gcomhpháirt le

tuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile dá mba mhian leo é agus dá bhfeilfeadh sé do chomthéacs na scoile sin.

Maidir le cleachtais oideachais dhátheangaigh a mheas agus a leagan ar chontanam an oideachais dhátheangaigh, braithim go bhfuil go leor de thréithe an oideachais chothabhála nó saibhriúcháin (May, 2005) le feiceáil sa scoil. Tá freastal éigin á dhéanamh ar riachtanaisí teanga na gcainteoirí T1 agus na gcainteoirí T2 agus an-tuiscint ag oideachasóirí na scoile go gcaithfí é sin a dhéanamh. Léiríodh sna cleachtais oideolaíochta, an-tuiscint ar ghánna na gcainteoirí dúchais mar shampla cuirtear meascán den tumoideachas traidisiúnta agus den oideachas oidhreachta i bhfeidhm ar mhaithe leis an dátheangachas suimíoch a bhaint amach i múnla an Oideachais Dhátheangaigh Athchúrsaigh[28] (García, 2010). Bheadh an múnla seo an-chosúil leis an múnla saibhriúcháin (May, 2005) ach aitheantas níos suntasaí tugtha do stádas neamhsheasmhach na mionteanga ina mbíonn an-tionchar ar chomhdhéanamh an phobail ar an soláthar oideachais sa phobal sin. Sa mhúnla solúbtha seo d'fhéadfadh na cleachtais oideolaíochta athrú ó bhliain go bliain bunaithe ar riachtannais teanga agus oideachais na ndaltaí sa scoil.

[28] Recursive Bilingual Education

Tábla 5.6
Saintréithe Mhúnla Oideachais Dhátheangaigh Scoil Dara

Téama	Tréithe a Bhaineann leis
Eolas faoin bhFoireann	3 Mhúinteoir Ranga Príomhoide ón nGaeltacht le taithí Gaelscolaíochta agus í ina múinteoir naíonáin
Eolas Ginearálta faoi na Daltaí	Naíonáin agus Rang 1 le chéile sa seomra ranga céanna
Catagóir Gaeltachta	A
Iompar Teanga na nDaltaí	Claontacht i dtreo na Gaeilge go ginearálta ach cóimheas níos ísle chainteoirí dúchais i measc na Naíonán Sóisir agus arís rian an Bhéarla le sonrú ar Ghaeilge na ndaltaí i gcoitinne
Polasaí Gaeilge	Plean Labhairt na Gaeilge An-tuiscint léirithe ag an bpríomhoide ar na difríochtaí idir riachtanaisí oideachais an dalta T1 agus T2
Tosaíochtaí Curaclaim sa Seomra Ranga	Úsáid bainte as an súgradh struchtúrtha mar a mholtar in *Aistear*.
Cuir Chuige Oideolaíochta	Stíl Chumarsáideach
Múineadh an Bhéarla	Tosaítear ar mhúineadh an Bhéarla sa dara téarma de Rang na Naíonán Sinsir
Aistear	An súgradh struchtúrtha ina ghné lárnach den soláthar oideachas dhátheangaigh sa scoil
Soláthar a dhéantar do dhaltaí T1&T2	Aithnítear go bhfuil riachtanais éagsúla ag an dá ghrúpa daltaí seo agus cuirtear grúpáil idirdhealaithe seachtainiúil i bhfeidhm.
An Múnla Oideachais Dhátheangaigh atá i bhfeidhm	Múnla Saibhriúcháin (May, 2005) le gnéithe den Múnla an Oideachais Dhátheangaigh Athchúrsaigh

5.6 Cás-staidéar 5: Scoil Éanna

5.6.1 Faisnéis chúlra, comhthéacs teangeolaíochta agus polasaithe teanga Scoil Éanna

Tá Scoil Éanna lonnaithe i nGaeltacht Catagóir C ina bhfuil beagnach 25% de dhaonra an cheantair ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (SCT, 2007: 18). Tá an céatadáin na ndaltaí i rang na naíonán sóisear a thagann ó chúlra ina bhfuil an Ghaeilge mar mháthairtheanga níos ísle áfach (NG), rud atá aitheanta ag an mbord bainistíochta:

> cé go dtagann go leor páiste chugainn gan Gaeilge ón mbaile, úsáideann chuile dhalta an méid Gaeilge is atá acu i rith an scoil-lae, agus chomh minic agus is féidir taobh amuigh de sin. (Polasaí Gaeilge).

D'fhéadfaí a mhaíomh gur ráiteas an-uaillmhianach atá ansin agus nach bhféadfadh le haon scoil mórán tionchair a bheith acu ar shaolta pearsanta na ndaltaí taobh amuigh den scoil ach taispeánann sé go bhfuil foireann bhainistíochta ag iarraidh go mbeidh ardstádas oifigiúil ag an nGaeilge sa scoil agus aithnítear sa doiciméid chéanna, gur scoil Ghaeltachta atá inti, "toisc gur scoil Ghaeltachta muid, tá sé mar fhís againn go mbeidh ard-mheas ag pobal na scoile ar an nGaeilge" (Polasaí Gaeilge).

Nuair a fostaíodh an príomhoide reatha ina post d'airigh sí go raibh bearnaí móra idir mhianta bhainistíocht na scoile i dtaobh na Gaeilge agus mianta na dtuismitheoirí agus bhraith sí gur cheart iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar mhianta na dtuismitheoirí i dtaobh na Gaeilge sa scoil (APO). Nuair a deineadh é sin léiríodh go raibh tuismitheoirí "sásta go leor" go mbeidh ábhair múinte trí Ghaeilge (APO bunaithe ar shuirbhé idirlín a deineadh ar thuismitheoirí) ach nuair a eagraíodh maidin chaifé trí Ghaeilge sa bhliain 2012, chun ceist na Gaeilge sa scoil seo a phlé, níor tháinig 8 dtuismitheoirí san iomlán (APO & AM). Neamhshuim nó meon neodrach i leith na Gaeilge, seachas meon frithghaelach ba chúis leis uimhir íseal seo agus braitear nach dtuigeann tuismitheoirí an ról atá acu féin maidir le meas a chothú i dtaobh an chultúir ghaelaigh sa bhaile:

> tháinig tuismitheoir amháin isteach, atá ina cainteoir dúchais [sa Ghaeilge] agus í ag rá go raibh sé go hálainn na daltaí a chloisteáil ag labhairt Gaeilge sa chlós ach gan aon Ghaeilge a bheith á labhairt aici lena bpáistí féin sa Bhaile (APO).

Is cosúil uaireanta go mbraitheann roinnt tuismitheoirí go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach, ach go mbaineann sí leis an gcóras oideachais seachas le gnáthshaol na clainne (NB). Freastalaíonn os cionn 250 dalta ar an scoil agus tá naonúr múinteoirí lánaimseartha ranga ag obair sa scoil chomh maith le múinteoir tacaíochta foghlama agus múinteoir acmhainní. De bharr go bhfuil líon na ndaltaí sa scoil ag méadú tá dhá rang naíonán sóisear sa scoil agus deineadh an cás-staidéar i gceann amháin dóibh siúd. Tá leibhéil chumais éagsúla sa Ghaeilge ag an mbeirt mhúinteoirí (AM, APO & NB) agus mar sin bheifí ag súil le cleachtais éagsúla oideolaíochta sa dá rang naíonán Sóisir, i dtaobh chur i bhfeidhm an oideachais dhátheangaigh ach go háirithe.

5.6.2 Iompar teanga na foirne.

Ábhar suntais maidir le teanga chumarsáide na scoile is ea iompar teanga na múinteoirí. Is é an Béarla máthairtheanga formhór díobh cé go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge acu siúd (NB). Cainteoirí dúchais atá i dtriúr múinteoirí ach tá líon íseal díobh áfach ina bhfuil an Béarla mar theanga cheannasach agus a labhraíonn an Béarla den chuid is mó. Sa seomra foirne ag amanna sosa agus lóin cloistear meascán den dá theanga. Cloíonn an príomhoide agus leas-phríomhoide de shíor leis an nGaeilge ach freagraítear iad uaireanta trí Bhéarla agus déantar comhráite trí Bhéarla go rialta. Eascraíonn teannas as an iompar teanga seo (AM), ach go háirithe nuair a thagann cuairteoir chun na scoile nach dtuigeann na castachtaí teanga seo. Léirigh an príomhoide a mhíshástacht faoin mBéarla a bheith á labhairt i measc múinteoirí na scoile, ag cruinnithe foirne agus i gcomhráití pearsanta leis na múinteoirí sin ach leantar ar aghaidh leis (AM, NG). Tá an príomhoide ag iarraidh múinteoirí agus foireann eile le hard-chaighdeán Gaeilge, agus atá toilteanach í a úsáid, a fhostú de réir a chéile (NG) agus ó thosaigh sí sa scoil tá cainteoirí dúchais fostaithe aici ar fhoireann teagaisc agus riaracháin na scoile (NG). Fógraítear gach post i nGaeilge agus ritear na hagallaimh do na poist sin ar fad trí Ghaeilge (NG, APO). Cruthaíonn an painéal forlíontach múinteoirí, dúshlán breise don scoil sa phróiseas earcú foirne, toisc go mbeadh an príomhoide ag iarraidh múinteoir le hardchaighdeán Gaeilge a fhostú agus nach mbeifí ag iarraidh

glacadh le múinteoir ar chaighdeán íseal Gaeilge. I gcás nach mbeadh caighdeán sásúil Gaeilge ag múinteoir moltar go mbeadh cead ag bainistíocht na scoile diúltú don iarrthóir poist sin (APO).

5.6.3 Iompar teanga na ndaltaí.

An Polasaí atá faofa ag leibhéal an bhoird bhainistíochta ná go múinfí "chuile ábhar, ach an Béarla, trí mheán na Gaeilge" (Polasaí Gaeilge) ach is cosúil ón tréimhse bhreathnóireachta go bhfuil bearnaí le feiceáil idir an polasaí sin agus na cleachtais oideolaíochta i seomraí ranga na scoile (NB, NG, AM, APO). Cé go bhfuil béim oifigiúil ar mhúineadh na n-ábhar scoile trí Ghaeilge (AD), is cosúil go bhfuil roinnt solúbthachta ag baint leis an ngné seo de fheidhmiú an churaclaim (NB) agus ar ndóigh go bhfuil roinnt ranganna sinsearacha sa scoil á múineadh trí Bhéarla den chuid is mó (AM). Spreagtar na daltaí as an nGaeilge a labhairt le chéile agus le foireann na scoile nuair atá siad i dtimpeallacht na scoile ach ní leagtar mórán béime ar idirghabhálacha chun úsáid an Bhéarla a laghdú agus tuairiscítear go labhraíonn na daltaí an Béarla le chéile go minic (NG & AM). Le linn na tréimhse breathnóireachta bhí nós ag na daltaí uilig a gcuid comhráite a dhéanamh le chéile trí Bhéarla i gcónaí agus le foireann na scoile go minic:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.6.1

316	Múinteoir	Níl aon idirlíon, níl aon *internet* againn, breathnaígí amach an fhuinneog, céard atá ag titim? Céard atá ag titim?
317	Dalta 1	Sneachta
318	Daltaí	Sneachta!
319	Dalta 2	Fear sneachta
320	Dalta 3	*One time me and Rory were having a snow fight*
321	Dalta 4	*One time me and Isobel were throwing snowballs at a window cos it doesn't really snow in Ireland*

Sa chéad chomhrá eile faightear tuilleadh samplaí den chlaontacht i dtreo an Bhéarla:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.6.2

322	Múinteoir	Tóg an ceann dubh
323	Dalta 1	*What's* dubh?
324	Dalta 2	*Brown is it?*
325	Múinteoir	Ní hea, sin donn, céard é dubh?
326	Dalta 1	[Ag piocadh amach máircéir dubh] *This one?*
327	Múinteoir	Sin é

Ba léir le linn na tréimhse ar fad go raibh na daltaí uilig i bhfad níos compordaí ag déanamh cumarsáide trí Bhéarla ná trí Ghaeilge. An rud ba spéisiúla faoin ngné seo den chás-staidéar ab ea na roghanna oideolaíochta a deineadh síos tríd an scoil, ach go háirithe maidir leis an teanga teagaisc a úsáideadh. Tuairicítear mar shampla go múintear gach ábhar trí Ghaeilge sna hardranganna ach go múintear gach ábhar (seachas an Ghaeilge) trí Bhéarla i Rang 3. Cé go gcuireann an príomhoide a thosaíocht teanga in iúl don fhoireann (AM), is cosúil go mbaineann solúbthacht ag baint le rogha teanga an mhúinteora agus é/í i mbun teagaisc.

5.6.4 An múinteoir ranga agus na cleachtais oideolaíochta.

Tá an-spéis ag an múinteoir ranga sa Ghaeilge, rud nach bhfuil amhlaidh maidir le roinnt múinteoirí eile ar an bhfoireann (NG, APO agus AM) agus tá roinnt blianta caite aige i nGaelscoil tumoideachais i gcathair mhór. É sin ráite ní fhéadfaí a rá gur chur chuige tumoideachais atá á chur i bhfeidhm sa seomra ranga. Mhúin an múinteoir go minic i stíl chumarsáideach (Cook, 2008) ach é a bheith bunaithe ar mhúnla an aistriúcháin agus úsáid rialta an Bhéarla chun coincheapanna níos casta a mhíniú. Baineadh úsáid as an gcur chuige dátheangach seo le linn ceachtanna foirmeálta agus ar mhaithe le cumarsáid a dhéanamh le daltaí ar bhonn níos neamhfhoirmeálta. Dúradh rannta trí Bhéarla uaireanta:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.6.3

328	Múinteoir agus daltaí le chéile	[as Béarla ar fad] *Today is Tuesday, today is Tuesday, all day long, all day long, yesterday was Monday, tomorrow is Wednesday, oh what fun, oh what fun* [fonn: Frère Jacque]

(NB, lá 2)
agus go dátheangach uaireanta eile:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.6.4

329	Múinteoir agus daltaí le chéile	[as Béarla ar dtús]*Happy birthday to you, happy birthday to you, happy birthday dear Eimear, happy birthday to you.* [agus ansin as Gaeilge] Lá breithe shona dhuit, lá breithe shona dhuit, lá breith shon Eímear, lá breithe shona dhuit. Amen!

(NB, lá 4)

Ar ndóigh ba chosúil gur go dátheangach a deineadh rannta, dánta agus paidreacha sa rang formhór an ama:

Idirghníomhaíocht Ranga 5.6.5

330	Múinteoir agus daltaí le chéile	[as Béarla ar dtús] *Bless us, O Lord, as we sit together. Bless the food we eat today. Bless the hands that made this food. Bless us, O lord. Amen* [agus ansin as Gaeilge] Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile. Beannacht ar an mbia a ithimid inniu. Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é. Beannacht ó Dhia dílis orainn féin. Amen

(NB, lá 1-5)

I líne 329 feiceann muid go gcanann an múinteoir an rann faoi dhó, i nGaeilge ar dtús agus ansin i mBéarla. Níor chan ach cúpla dalta an leagan Gaeilge den rann ach bhí formhór na ndaltaí páirteach sa leagan Béarla a chanadh. Feictear sampla den chumarsáid dhátheangach seo le linn ghlaoch an rolla nuair a cheistíonn an múinteoir dalta i nGaeilge ar dtús agus i mBéarla ansin.

Idirghníomhaíocht Ranga 5.6.6

331	Múinteoir	[ag glaoch amach ainm chailín]
332	Dalta 1	Níl sé anseo [sic]
333	Múinteoir	Bhuel is cailín í *so* níl sí anseo
334	Daltaí	[os ard le chéile] níl sí anseo
335	Múinteoir	[nuair atá an rolla glaoite] ceart go leor tá ceathrar as láthair
336	Dalta 2	*That's only 3* múinteoir
337	Dalta 3	*It's my birthday Friday*
338	Múinteoir	Cathain an bhfuil an chóisir?
339	Dalta 3	[gan freagra]
340	Múinteoir	*When's the party?*
341	Dalta 4	*[ag canadh] Happy birthday to you, happy birthday...*
342	Múinteoir	fan, fan, fan, as Gaeilge, lá breithe shona dhuit!

Múintear ceachtanna fónach, réamhscileanna litearthachta agus ábhar curaclaim eile trí Bhéarla amháin sa scoil seo chomh maith.

5.6.5 Cleachtais leithleacha oideachais dhátheangaigh.

Ceann de na nithe is spéisiúla faoin scoil seo is ea an ceantar in bhfuil sí suite agus cleachtas dátheangach na scoile a chur i gcomparáid le cleachtais dhátheangacha na scoileanna eile atá cóngarach di. Toisc go bhfuil ceithre scoil eile lonnaithe i bhfoisceacht 10 gciliméadar de Scoil Éanna d'fhéadfaí a rá go bhfuil rogha de shaghas eicínt ag tuismitheoirí maidir le scolaíocht a gcuid páistí. Ní bheadh rogha mar sin i ngach scoil Ghaeltachta ar ndóigh, ach go háirithe iad siúd atá lonnaithe i gceantair an-iargúlta. Tá Gaelscoil lonnaithe gar de Scoil Dara mar shampla ina múintear an Béarla ón gcéad lá i rang na Naíonán Sóisir. Gaelscoil í seo atá ag fás an-sciobtha tagtha uirthi le deich mbliana anuas ach braitear nach bhfuil an scoil an-láidir maidir le cur chun

cinn na Gaeilge (AM & Comhráití le Tuismitheoirí). Scoil thraidisiúnta tumoideachais a bheadh anseo go príomha. Tá Scoil eile cóngarach de Scoil Éanna ina bhfuil comhartha crochta ag geataí na scoile ag cuir in iúl gur "Scoil Ghaeltachta" atá inti. Ní mhúintear aon Bhéarla sa scoil seo go dtí go mbíonn an ceathrú téarma i Rang na Naíonán Sinsir bainte amach ag na daltaí agus leagtar an-bhéim ar chur chun cinn gach gné den chultúr Gaelach agus ina mbíonn béim ar leith ar labhairt na Gaeilge (Réamh-agallamh neamhstruchtúrtha le Príomhoide na Scoile seo). Freastalaíonn an scoil seo go príomha ar chainteoirí T2 sa Ghaeilge ach go mbeadh líon beagáinín níos airde díobh ina gcainteoirí T1 (mar gheall go bhfuil an scoil lonnaithe go fisiciúil níos cóngaraí do Ghaeltacht Chatagóir B). Tá sé deacair a rá cén múnla go díreach a bheadh i bhfeidhm sa scoil seo, cheal cás-staidéar a dhéanamh uirthi, ach shamhlóinn ón agallamh neamhstruchtúrtha céanna, go mbeadh siad ag iarraidh meascán den tumoideachas agus den oideachas cothabhála a chur i bhfeidhm sa scoil. Tá an tríú scoil lonnaithe níos cóngaraí de Scoil Éanna agus cé go bhfuil sí laistigh den Ghaeltacht oifigiúil níl aon ábhar scoile (seachas an Ghaeilge) á múineadh trí Ghaeilge (Agallamh le tuismitheoir). Ní hamháin sin ach tar éis meastóireacht scoile uile le cigirí na Roinne Oideachais agus Scileanna, tugadh trí mholadh i dtuairisc oifigiúil cigireachta (An Roinn Oideachais agus Scileanna) gur cheart béim níos mó a leagan ar chur chun cinn na Gaeilge sa scoil (Anailís ar Dhoiciméid). D'fhéadfaí a rá gur scoil í seo atá díreach cosúil le gnáthbhunscoil lasmuigh den Ghaeltacht a fheidhmíonn trí Bhéarla ach í a bheith lonnaithe laistigh de theorainneacha stairiúla na Gaeltachta oifigiúla. Tá na ceithre scoil seo ag feidhmiú an-ghar dá chéile go tíreolaíochtúil ach ar chontanam an oideachais dhátheangaigh Ghaeltachta, bheadh an-éagsúlacht cleachtas le fáil iontu (Agallaimh Neamhstruchtúrtha le Príomhoidí, AM, NG & Anailís ar Dhoiciméid). Ar lámh amháin, ciallaíonn sé go bhfuil rogha ag tuismitheoirí maidir le fad agus déine an chláir tumoideachais atá uathu dá bpáistí ach léiríonn sé ar an lámh eile an easpa beartais nó pleanála i dtaobh an oideachais ghaelaigh sa cheantar Gaeltachta seo.

5.6.6 Tátal ar mhúnla oideachais dhátheangaigh Scoil Éanna.

Maidir leis na tosca sochtheangeolaíochta taobh thiar de na cleachtais oideachais, is scoil an-chasta í Scoil Éanna ina bhfuil meascán de mhúnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm tríd an scoil. Ó na hagallaimh le múinteoirí agus an príomhoide chomh maith le hanailís ar an bPolasaí Gaeilge sa scoil, bhéifí ag súil le cleachtas dian-thumoideachais ina leagtar an-bhéim ar chur chun cinn na Gaeilge. Ón tréimhse bhreathnóireachta, áfach, léiríodh go bhfuil múnlaí níos laige i bhfeidhm lena n-áirítear: CLIL, an pháirt-thumoideachas agus an t-oideachas trí Bhéarla fiú (NB). Bheadh an tumoideachas iomlán, déanach ar siúl sna ranganna Sinsearacha (APO, Agallaimh neamhfhoirmiúla le Múinteoirí agus NG) ach an t-oideachas iomlán trí Bhéarla i roinnt meánranganna (NG). Is sa scoil seo mar sin, a fhaightear an bhearna is mó idir pholasaí oifigiúil agus cleachtais reatha oideolaíochta sa scoil. Tuairiscítear go bhfuil formhór na dtuismitheoirí neodrach faoi cheist na Gaeilge sa scoil (APO & AM), cé go mbraitear anois go bhfuil an scoil tar éis éirí "an-ghaelach ó d'fhág an sean-phríomhoide" (AM). Léirigh an príomhoide bá don Ghaeilge sa chás-staidéar seo agus é ag iarraidh í a chur chun cinn tríd an scoil ar mhaith le hardchaighhdeán oideachais dhátheangaigh a chur chun cinn (APO). É sin maíte, cuirtear brú air uaireanta ó thuismitheoirí agus ó mhúinteoirí maidir leis 'an iomarca Gaeilge' a bheith ar siúl i gceantar ina bhfuil an Béarla go mór chun cinn mar theanga labhartha an phobail (AM & APO).

Tábla 5.7
Saintréithe Mhúnla Oideachais Dhátheangaigh Scoil Éanna

Téama	Tréithe a Bhaineann leis
Eolas faoin bhFoireann	Teannas maidir leis an teanga chumarsáide, meascán den dá theanga á labhairt sa scoil. Bearna idir na cleachtais oideolaíochta, mianta an phríomhoide agus an polasaí scríofa.
Eolas Ginearálta faoi na Daltaí	Beagnach 100% ó chúlra Béarla, fiú sa chás ina bhfuil Gaeilge líofa ag tuismitheoir.
Catagóir Gaeltachta	C
Iompar Teanga na nDaltaí	An Béarla go hiomlán in uachtar i measc na ndaltaí scoile
Polasaí Gaeilge	Polasaí Gaeilge deartha ina bhfuil aidhmeanna uaillmhianacha leagtha amach don Ghaeilge sa scoil. Difríochtaí sutasacha idir an polasaí agus an cleachtas.
Tosaíochtaí Curaclaim sa Seomra Ranga	an-bhéim ar úsáid na teicneolaíochta (clár bán idirghníomhach) agus cumarsáid a chur ar siúl (cé go mbíonn sé sin i mBéarla den chuid is mó)
Cuir Chuige Oideolaíochta	Múineadh dátheangach le béim ar an aistriúcháin. Stíl Chumarsáideach.
Múineadh an Bhéarla	Múinte ón gcéad lá i rang na naíonán sóisir. Scileanna réamh-litearthachta lena n-áirítear feasacht fónaice sealbhaithe go príomha trí Bhéarla *(Jollyphonics).*
Aistear	Gan mórán d'fhianaise dá chur i bhfeidhm
Soláthar a dhéantar do dhaltaí T1&T2	Níl aon chainteoir dúchais Ghaeilge sa rang. Tá na múnlaí thíosluaite i bhfeidhm do dhaltaí ó chúlra an Bhéarla
An Múnla Oideachais Dhátheangaigh atá i bhfeidhm	Foghlaim Chomhtháite Ábar agus Teanga, An pháirt-thumoideachas sna ranganna naíonán agus réimse múnlaí I bhfeidhm sna ranganna eile

5.7 Tátal Iomlán ar Cás-staidéir 1-5.

Bheartaigh mé ar chás-staidéar feiniméaneolaíochta a dhéanamh i gcúig bhunscoil Ghaeltachta. mar chuid den chur chuige seo, deineadh breathnóireacht ar mhúinteoirí i mbun teagaisc, agallaimh ar na múinteoirí seo agus a bpríomhoidí chomh maith le hanailís ar dhoiciméid ábhartha. Toisc go gcuirtear i leith taighde mar seo uaireanta, nach mbaineann doichte modheolaíochta leis mar chur chuige (Yin, 2009) theastaigh uaim iarracht mhór a dhéanamh a bheith tuairisciúil agus léirmhínitheach i mbun na hoibre (Denscombe, 2010). Baineann iontaofacht an chás-staidéir leis an mbealach tuairisciúil inar ghlac mé nótaí goirt agus breathnóireachta, agus an chaoi go ndearna mé cur síos neamhchlaonta ar na nótaí sin ina dhiaidh. Ghlac mé céimeanna áirithe chun inchreidteacht, inaistritheacht, iontaofacht agus dearbhaíocht an staidéir a chinntiú.

Tugann na cás-staidéir seo léargas cuimsitheach, taiscéalaíoch, uathúil ar na cleachtais oideolaíochta agus bhainistíochta atá i bhfeidhm chun polasaithe luath-oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh i mbunscoileanna Gaeltachta. Léirítear i dTábla 5.1 thíos gnéithe áirithe den éagsúlacht chleachtas.

Ar an gcéad dul síos, feicimid go bhfuil múnla éagsúil oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm i ngach scoil. Beidh na múnlaí seo á rangú agam ar ball, ar chontanam an oideachais dhátheangaigh (Hornberger, 1989 agus García, 2011) ach cuimsíonn siad raon leathan chuir chuige, lena n-áirítear: múnlaí saibhriúcháin, cothabhála, páirt-thumoideachais agus FCÁT. Tá an stíl chumarsáideach (Cook, 2008) in uachtar san oideolaíocht ar an iomlán cé go bhfuil gnéithe de stíleanna closlabhartha agus aistriúcháin le sonrú uaireanta. Tá béimeanna éagsúla le sonrú i dtaobh na n-ábhar a chlúdaítear chomh maith. Leagtar an-bhéim ar mhúineadh na bhfónaicí Gaeilge i Scoil Áine. Tá dúchas áitiúil agus forbairt na feasachta teanga an-tábhachtach i Scoil Bhríd. Déantar cúram ar leith den chainteoir dúchais i Scoil Cholmcille ina bhfuil ranganna saibhriúcháin á chur ar fáil dóibh. Cuireann Scoil Dara an creatchuraclam luath-óige *Aistear* i bhfeidhm ar bhealach níos cuimsithí ná mar a dhéantar i scoileanna eile an staidéir agus cé go bhfuil an Béarla in uachtar i Scoil Éanna, faightear léargas spéisiúil ar an teannas a chothaíonn úsáid na teanga sin sa seomra

foirne. Braitheann na múnlaí seo ar chomhdhéanamh teanga na scoile chomh maith leis na cleachtais oideolaíocaht agus bhainistíochta atá i bhfeidhm agus aithnítear go bhfhéadfadh eispéiris éagsúla oideachais dhátheangaigh a bheith á fháil ag páistí éagsúla sa rang céanna ar scoil (Gorter & Cenoz, 2011; Cummins, 1998; Gathercole & Thomas, 2009; Mayr & Davies, 2011).

Tábla 5.8
Achoimre ar Mhúnlaí Oideachais Dhátheangaigh i bhFeidhm sna Cúig Scoil

Uimh.	Ainm na Scoile	Stíl Oideolaíochta	Éispéaras don Ghaeilgeoir	Éispéaras don Bhéarlóir	Tús an Bhéarla
1	Scoil Áine (Cat. B)	Closlabhartha le béim ar TFA agus Múineadh na bhFónaicí	Bá-oideachas	Tumoideachas Iomlán	Téarma 3, Naíonáin Shinsearacha
2	Scoil Bhríde (Cat. A)	Cumarsáideach le béim ar an bhfeasacht teanga agus an Ghaeilge áitiúil.	Cothabháil go príomha ach le gnéithe den Saibhriúcháin	Tumoideachas (Thart ar 90:10 mar gheall ar mhúineadh an Bhéarla)	Téarma 1, Naíonáin Shóisearacha
3	Scoil Chaitríona (Cat. A)	Cumarsáideach. idirdhealú idir dhaltaí T1 agus T2.	Saibhriúcháin, Athchúrsach	Tumoideachas Iomlán	Téarma 3, Naíonáin Shinsearacha
4	Scoil Dara (Cat. A)	Cumarsáideach. Aistear i bhFeidhm.	Saibhriúcháin,	Tumoideachas Iomlán	Téarma 3, Naíonáin Shinsearacha
5	Scoil Éanna (Cat. C)	Cumarsáideach le hAistriú ón mBéarla go minc	Bá-oideachas	Páirt-thumoideachas nó FCÁT	Téarma 1, Naíonáin Shóisearacha

Maíonn Stake (1978, 2000) go dtugann an cás-staidéar léargas dúinn faoin suíomh ‘mar atá’ agus go dtugann sé deis don taighdeoir mionchuntas saibhir, tuairisciúil a thabhairt faoi ábhar agus rannpháirtithe an staidéir. Braithim gur deineadh é seo le linn an taighde seo agus go bhfuil léargas spéisiúil, úr ar fáil iontu dá bharr. Sa chéad chaibidil eile den tráchtas déanfar anailís níos doimhne ar na léargais seo, i bhfianaise na léirbhreithniú litríochta a deineadh roimhe seo.

Caibidil 6: Torthaí agus Anailís

6.1 Réamhrá

Déantar anailís trascháis ar na mórthéamaí oideachais dhátheangaigh a nochtaíodh le linn na gcás-staidéar sa chaibidil seo. Breathnaítear ar na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta a thacaíonn le soláthar oideachais dhátheangaigh do dhaltaí T1 agus T2 sa Ghaeltacht. Déantar an anailís seo, ó pheirspictíocht na n-oideachasóirí gairmiúla atá i mbun na hoibre sa ghort, comhthreomhar le hamharc siarghabhalách, ar na teoiricí náisiúnta agus idirnáisiúnta a imscrúdaíodh sa léirbhreithniú litríochta. Oideachasóirí iad seo le taithí cuimsitheach múinteoireachta i nGaelscoileanna [CS1-5] agus tuiscint dá bharr ar theoiricí an tumoideachais 'thraidisiúnta' do chainteoirí T2 lasmuigh den Ghaeltacht. Tá difríochtaí idir an Ghaelscolaíocht agus an t-oideachas Gaeltachta, áfach, agus beidh sé rí-thábhachtach súil chriticiúil, ghéarchúiseach a chaitheamh ar chleachtais nach dtacódh le soláthar feiliúnach oideachais do dhaltaí Gaeltachta.

Is díol suntais é an réimse leathan cleachtas bainistíochta agus oideolaíochta a bhaintear leas astu, chun cláir éagsúla oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú i mbunscoileanna na Gaeltachta faoi láthair. Bíonn na cleachtais seo, chomh maith le cúlra teanga na ndaltaí reatha, ina gcomhpháirtithe lárnacha d'aon mhúnla oideachais dhátheangaigh. Baineann castacht ar leith le stádas teangeolaíochta phobal na scoileanna ar fad maidir le líon agus caighdeán na gcainteoirí Gaeilge atá fágtha iontu. Is léir go mbaineann dúshlán suntasach leis na hiarrachtaí atá ar bun dul i ngleic le castachtaí sochtheangeolaíochta agus oideachais a eascraíonn as an gcomhdhéanamh measctha seo agus go mbíonn sé deacair na múnlaí éagsúla a rangú ar an gcontanam oideachais dhátheangaigh dá bharr.

Maidir leis na scoileanna sin atá lonnaithe i gCatagóir A, taispeántar go bhfuil saintréithe an mhúnla chothabhála á léiriú i Scoil Bhríd [CS2] ina bhfuil an dátheangachas agus an délitearthacht mar sprioc fhoghlama, gan fhorbairt bhreise Ghaeilge an dalta T1 (May, 2008). Áitím go bhfuil an múnla saibhriúcháin, atá níos láidre mar thacaíocht ar shealbhú níos cuimsithí a dhéanamh sa mhionteanga, á chur i bhfeidhm i Scoil Dara [CS4] agus i Scoil Cholmcille [CS3]. Sa mhúnla seo

déantar obair bhreise shaibhriúcháin i nGaeilge le daltaí T1 agus déantar iarrachtaí an teanga a threisiú i measc an phobail (May, 2008). Ar ndóigh, d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil tréithe an mhúnla oidhreachta (May, 2008) nó athchúrsach (García, 2010) le sonrú i gcur chuige Scoil Cholmcille [CS3], ina bhfuil athnuachan na Gaeilge sa phobal mar aidhm acu chomh maith [CS3, APO]. Ní fhéadfaí a dheimhniú go gcuirtear ar chumas na ndaltaí, sealbhú iomlán a dhéanamh ar an nGaeilge áfach, mar nach bhfuil an teanga sin ina norm sóisialta ag go leor díobh agus agus iad ag teacht ar scoil. Is anseo arís a aithnítear ról fíorthábhachtach an phobail agus na clainne i sealbhú na mionteanga.

Is i Scoil Áine [CS1], atá lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir B, atá gnéithe den tumoideachas i bhfeidhm (Johnson & Swain, 1997). Cur chuige leathan, aonfhoirmeach atá ann ina múintear na daltaí uilig mar dhaltaí ardchumas T2, seachas mar mheascán de dhaltaí T1 agus T2 le raon leathan cumais agus le riachtanais éagsúla oideachais agus teanga. I bhfianaise na léirbhreithniú litríochta atá déanta roimhe seo braitear go mbeadh an múnla tumoideachais seo ró-lag don chomhthéacs sochtheangeolaíochta ina bhfuil an scoil suite agus é á chur i bhfeidhm beag beann ar ghánna oideachais an dalta T1. Ní léir go bhfuil iarrachtaí córasacha ar siúl sa scoil déileáil le himeascadh na ndaltaí T1 agus T2. Ní léir ach an oiread, go bhfuil na prionsabail churaclaim maidir le huathúlacht an pháiste (ach go háirithe maidir lena máthairtheanga) á gcur chun cinn sa seomra ranga.

I Scoil Éanna [CS5], atá lonnaithe i gCatagóir C, feictear múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm tríd an scoil uilig. Fuarthas amach go bhfuil an pháirt-thumoideachas, FCÁT agus tumoideachas iomlán ar siúl sna trí rang éagsúla ina bhfuil naíonáin ag foghlaim agus iad ag freastail beagnach go hiomlán ar dhaltaí arb é an Béarla a gcéad teanga. Arís eile braitear go mbeadh an pháirt-thumoideachas agus an FCÁT ach go háirithe ró-lag sa chomhthéacs sochtheangeolaíochta seo, le cuir ar chumas na ndaltaí an dátheangachas suimíoch a bhaint amach. Níl bheadh tacaíocht sách láidir don Ghaeilge ag teacht ón bpobal nó ó chlanna na ndaltaí seo i

gcoitinne, chun bunús láidir a thabhairt don mhionteanga sa scoil agus géarghá le cleachtais níos déine ar nós an luath-thumoideachais iomláin chun fís an dátheangachais a fhíorú.

Cé go bhfuil na cúig chomhthéacs oideachais éagsúil lena chéile in iliomad bealaí, tagann roinnt téamaí comónta chun solais, ar a dhéantar anailís agus sintéis anois orthu. Is fiú ag an bpointe seo filleadh ar an trí phríomhcheist taighde mar fhrámú ar an anailís tras-cháis seo agus iad a leathnú amach tríd na téamaí móra a tháinig chun cinn le linn na gcás-staidéar.

1. Céard iad na cleachtais reatha a bhaineann le bainistíocht scoile-uile, atá i bhfeidhm chun polasaithe oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a stiúradh go laethúil? Díreofar go speisialta ar 3 théama ar leith sa chuid seo: Dréachtú agus ábhar an pholasaí oideachais dhátheangaigh, acmhainní daonna agus idirghníomhaíochtaí le tuismitheoirí.

2. Céard iad na cleachtais reatha oideolaíochta atá in úsáid i ranganna naíonán chun na polasaithe oideachais dhátheangaigh seo a chur i bhfeidhm? Díreoidh freagairt na ceiste seo ar 5 théama ar leith: Atmaisféar ranga, cleachtais ghinearálta oideolaíochta agus cothú deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge, múineadh an Bhéarla, múineadh na Gaeilge, ag múineadh i gcomhthéacs ilghráid, bainistiú imeascadh daltaí agus cur i bhFeidhm chreathchuraclam na luath-óige *Aistear*.

3. Céard iad na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá tagtha chun cinn i mbunscoileanna na Gaeltachta agus cén coincheapú a dhéanann na hoideachasóirí féin ar na múnlaí sin?

Breathnófar tríd an anailís chomh maith, ar an gcoincheapú a dhéanann na hoideachasóirí seo ar an gcineál oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm ina gcuid scoileanna féin. An tusicint atá acu ar na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta i dtaca le múnlaí éagsúla oideachais dátheangaigh a chur i bhfeidhm agus an chúis go gcuirtí na cleachtais sin i bhfeidhm.

6.2 Na Cleachtais Reatha Bhainistíochta Scoile Uile.

6.2.1 Réamhrá.

Is ríléir ón obair ghoirt, an tábhacht a bhaineann le príomhoidí na Gaeltachta mar ghníomhaithe cumhachtacha, atá in ann nósmhaireachtaí, cleachtais agus cultúr a gcuid scoileanna a mhúnlú agus a athrú. Aithnítear ach go háirithe, an tionchar mór atá acu maidir le sainspiorad Gaeilge a chur chun cinn ina scoil féin, mar gurb iadsan a ghlacann tromlach na gcinntí oifigiúla faoi theanga na scoile. Bíonn príomhoidí freagrach den chuid is mó as dréachtú polasaithe, comhfhreagras foirmiúil agus neamhfhoirmiúil ar son na scoile agus fiú as comharthaí éagsúla fisiciúla i dtimpeallacht na scoile a chrochadh ar taispeáint. Cuireadh chleachtais dhifirúla bhainistíochta agus oideolaíochta i bhfeidhm i dtaca leis an oideachas dátheangaigh i gceithre scoil de barr cheapadh na bpríomhoide reatha [CS1,3,4,5]. Príomhoidí iad seo a chuardaigh tacaíocht ón bhfoireann teagaisc agus léirchead ón mBord Bainistíochta [CS1&3] chun polasaithe “níos Gaelaí” a chur i bhfeidhm. Maidir le bainistiú an pholasaithe oideachais dhátheangaigh léirítear tríd an taighde ar fad gur cuireadh go leor deiseanna saibhriúcháin amú i gcuir chuige na scoileanna. Maítear roimhe seo go bhfuil gá mórán deiseanna cumarsáide agus saibhriúcháin a thabhairt do pháistí na Gaeltachta lasmuigh den seomra ranga i gclubanna iarscoile, campaí samhraidh, naisc scoileanna Gaeltachta eile, cúrsaí oiliúna spóirt i gcomhar leis na cumainn áitiúla agus comórtais amhránaíochta agus díospóireachta (Ní Shéaghdha, 2010). Ní raibh ach dornán samplaí ó na cás-staidéir ar fad inar cothaíodh naisc láidre le tuismitheoirí agus/nó baill eile den phobal urlabhra Gaeilge. Má tá pobail Ghaeltachta ag iarraidh a chur ar chumas a bpáistí, sealbhí níos iomláine a dhéanamh ar an nGaeilge beidh gá tuilleadh imeachtaí mar seo a chur ar fáil dóibh sa teanga sin agus naisc níos láidre a chothú idir an scoil, an chlann agus an pobal.

6.2.2 Ábhar agus cur i bhfeidhm an pholasaí oideachais dhátheangaigh.

Maidir le polasaithe oideachais dhátheangaigh a dhréachtú is próiseas é sin atá stiúrtha go príomha ag an bpríomhoide le leibhéil éagsúla tacaíochta ón bpobal agus ón bhfoireann

mhúinteoireachta [CS1-5]. Ní léir nach bhfuil plean réalaíoch tumoideachais oidhreachta dréachtaithe ag aon scoil sa staidéar seo, ina dtagraítear do chomhthéacs sochtheangeolaíochta agus thosaíochtaí oideachais dhátheangaigh na scoile. Shamhlófaí go mbeadh polasaí mar seo ag gach scoil sa Ghaeltacht, ina soiléirítear ábhar, cleachtais agus cur chuige na scoile i dtaca leis an nGaeilge a chur chun cinn chomh maith leis na bealaí ina ndéantar monatóireacht ar spriocanna an phlean sin. Ní hamhlaidh atá áfach agus ní ann do pholasaí oideachais dhátheangaigh ar chor ar bith i ndá scoil [CS2&4] (cé gur scoileanna éifeachtacha iad maidir le cur chun cinn na mionteanga ina gcuid cleachtas). Tugtar faoi deara sa trí scoil eile go bhfuil bearnaí móra le sonrú idir an polasaí oifigiúil scríofa, cleachtais reatha bhainistíochta agus oideolaíochta agus coincheapú na n-oideachasóirí féin ar a bhfuil ag tarlú sa scoil [CS1,3,5]. Uaireanta mar shampla, fágadh sonraí tábhachtacha go hiomlán ar lár ón bpolasaí scríofa. Ní thagraítear do fhad nó déine na tréimhse tumoideachais in aon pholasaí agus i Scoil Chaitríona [CS3] ní luaitear an t-idirdhealú foghlama atá i bhfeidhm (*Grúpáil na dTríthe*) in ainneoin gur chleachtas tábhachtach, nuálach é, ina ndéantar cúram ar leith don chainteoir dúchais. Maidir le polasaí Scoil Áine [CS1], ní luaitear na focail "fónach" nó "fónaic" oiread agus uair amháin, ach é an-soiléir ón mbreathnóireacht ranga gur ghné lárnach de fheidhmiú an churaclaim Ghaeilge sa rang sin, is ea forbairt ar an bhfeasacht fhóineolaíochta [CS1]. Uaireanta eile cuirtear fís uaillmhianach os comhair an léitheora, ina maítear go bhfuil iarrachtaí treise ar siúl tríd an scoil uilig an Ghaeilge a chur chun cinn [CS5]. Caithfí a admháil áfach, go mbeadh sé an-deacair an fhís sin a fhíorú i suíomh ina labhraítear Béarla i measc múinteoirí, ina múintear tromlach na ranganna trí Bhéarla agus ina ndéantar formhór na cumarsáide sa scoil trí Bhéarla.

Bunchloch na ndea-chleachtas is ea dea-pholasaí agus le saincheist íogaireach mar seo, bheadh sé rí-thábhachtach polasaí soiléir, éifeachtach, infheidhmithe a chur i bhfeidhm, ina gcuirtear an Ghaeilge agus riachtanais teanga na ndaltaí uilig chun tosaigh. Caithfidh múinteoirí agus tuismitheoirí príomhtheachtaireachtaí an pholasaí a thuiscint agus bronntar stádas níos údarásaí air, má phléitear agus faoftar ag leibhéal an bhoird bhainistíochta é [CS3]. Tá sé mí-shásúil

go bhfuil an cur chuige comhoibríoch seo in easnamh ó scoileanna eile sa taighde [CS1,2,4,5] ach ní féidir an milleán iomlán a chur ar fhoireann na scoileanna sin nuair a thuigtear an comhthéacs náisiúnta. Tugtar faoi deara mar shampla go bhfuil na scoileanna ar fad ag feidhmiú i gcóras atá mífheiliúnach don chainteoir dúchais agus ina bhfuil treoir chinnte mar aon le polasaí soiléir oideachais mhionteanga in easnamh orthu. É sin ráite, shamhlófaí gur cheart d'fhoirne na scoileanna sin, plean tumoideachais a chur le chéile ag an micrileibhéal, ina leagfaí amach treoirlínte, spriocanna, freagrachtaí agus réasúnaíocht an bheartais oideachais árithe sin.

Dúshlán mór a bhaineann le polasaí a chur i bhfeidhm ná go mbíonn cur chuige éagsúil ag gach scoil sa Ghaeltacht:

> Tá polasaí amháin ag Scoil X, polasaí eile ag Scoil Y, polasaí éagsúil ar fad ag Scoil Z agus ár bpolasaí féin againn féin (CS3, APO).

Ceaptar gur cheart don Roinn Oideachais agus Scileanna treoir níos cuimsithí agus dolúbtha a thabhairt maidir le múineadh agus cur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht, a bheadh bunaithe ar dhea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Chabhródh beart mar seo deireadh a chur le "comórtas na n-uimhreacha" [CS4] in gcuireann tuismitheoirí scoileanna i gcomporáid le chéile maidir leis an méid ama a chaitear ar mhúineadh an Bhéarla.

6.2.3 Acmhainní daonna.

Mar a luadh thuas éacsaíonn agus stiúrann an príomhoide na dea-chleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta sa scoil, le síor-bhéim ar láidriú an tsainspioraid Ghaeilge. Caithfidh foireann teagaisc na scoile a bheith fábhrach don fhís seo áfach, agus toilteanach í a chur i bhfeidhm ina hiomlán sa seomra ranga. Is cosúil ón staidéar go bhfuil bearna idir chleachtais reatha oideolaíochta an tseomra ranga agus an coincheapú a dhéanann an príomhoide ar na cleachtais sin. I Scoil Éanna [CS5] mar shampla bhí ard-mholadh ag an bpríomhoide don chaoi ina ndéantar 'gach rud trí Ghaeilge' i Rang na Naíonán Sóisear (CS5, APO) ach ba léir le linn na tréimhse breathnóireachta go raibh teagasc dátheangach i bhfeidhm go minic agus múnla a bhí congarach do CLIL i bhfeidhm

uaireanta eile (CS5, NB). Ní réitíonn cur chuige reatha an mhúinteora le fís idéalaíoch an phríomhoide sa chás seo. I Scoil Áine [CS1], chuir an príomhoide in iúl gur ghné lárnach de fhealsúnacht an oideachais Ghaeltachta sa scoil sin, ná deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge a chothú do dhaltaí na scoile (CS1, NG,PG&APO) ach arís ba shuntasach a laghad cumarsáide trí Ghaeilge a chothaíodh sa seomra ranga, inar leagadh béim an-mhór ar scileanna gabhchumais agus feasacht fhóineolaíochta a fhorbairt, i stíl teagaisc a bhí múinteoir lárnach (CS1, NB). Maidir le Scoil Bhríd [CS2], áit ina raibh an príomhoide é féin ina mhúinteoir naíonán, léirítear difríocht idir an cur síos faoin luath-oideachas dátheangach sa scoil agus an cleachtas reatha atá i bhfeidhm. Léirigh sé go raibh an 'luath-thumoideachas iomlán' ar siúl ina rang féin (APO&NG) ach le linn na tréimhse breathnóireachta ba léir go raibh gnéithe den churaclam Béarla á múineadh do na naíonáin shóisearacha agus shinsearacha, a bheadh go hiomlán in aghaidh éiteas an mhúnla sin.

Maidir le foireann scoile a spreagadh chun critéir na múnlaí oideachais sin a chomhlíonadh ina n-iomlán, d'fhéadfadh an príomhoide le tacaíocht ón mBord Bainistíochta na próisis oifigiúla chigireachta a úsáid, (meastóireachtaí scoile-uile nó féinmheastóireacht scoile mar shamplaí) chun an fhís oideachais dhátheangaigh sa scoil a phlé agus spriocanna concréideacha i leith na Gaeilge a leagan síos [CS3]. Caithfear aird na múinteoirí a dhíriú ar an ngéarchéim teangeolaíochta atá ar bun sa Ghaeltacht (Mac Donnacha et al., 2005; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin et al., 2007; Péterváry et al., 2015) ag cruinnithe foirne [CS 1,3,4] agus fiú trí chuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí le saineolas san ábhar, labhairt ag cruinnithe 'Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh' [CS3]. Bíonn comhréiteach i measc na rannpháirtithe leasmhara uilig sa scoil inmhianaithe nuair atá cleachtais nuálacha le cur i bhfeidhm [CS 1,3,4,5]. Nuair nach gcloínn múinteoirí le mianta an phríomhoide maidir le húsáid na Gaeilge sa scoil, cruthaítear teannas agus éiginnteacht faoin teanga oifigiúil chumarsáide agus teagaisc [CS5 mar shampla]. Is minic go mbíonn cumas áitithe de dhíth ag an bpríomhoide chun amhrais agus buarthaí éagsúla a mhaolú i measc na múinteoirí sna hidirbheartaíochtaí comhréitithe seo [CS2&5] i bpróiseas stuama agus céimnithe.

Níor aontaigh múinteoir amháin i Scoil Cholmcille [CS3] le beartas oideachais ina gcuirtear múineadh an Bhéarla siar go dtí deireadh na Naíonán Sinsear agus é ag maíomh nach raibh 'aon stádas oifigiúil' lena leithéid (CS3, APO). Dá mba rud é go raibh an múinteoir sin i bhfeighil ar dhaltaí na naíonán sóisear sa scoil, bheadh sé do-dhéanta an luath-tumoideachas iomlán a chur i bhfeidhm mar chuid de mhúnla oidhreachta. Réiteach níos fadtréimhsí ar dúshlán mar sin ná múinteoirí a fhostú atá an-chumasach sa Ghaeilge, le taithí i múnlaí ar nós an tumoideachais, le traenáil chuí i múnlaí dátheangacha, agus/nó atá fábhrach a leithéid a chur i bhfeidhm [CS5]. Aithnítear le linn an staidéir go mbíonn sé deacair múinteoirí atá ag obair sa scoil le fada an lá, a ghríosadh chun cleachtais nua a chur i bhfeidhm (múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí Rang na Naíonán Sinsear mar shampla) [CS 1,4,5]. Tá dualgas ar phríomhoidí tabhairt faoin athrú meoin seo áfach agus chuile dheis a thapú maidir le heolas a scaipeadh i measc phobal na scoile ar fad. D'fhéadfaí seiminéair shaineolais [CS3] agus cúrsaí traenála i múnlaí an tumoideachais Ghaeltachta [CS1] a eagrú agus an oiliúint ghairmiúil leanúnach i múnlaí an tumoideachais agus an oideachais tríd an teanga oidhreachta/dhúchais, a chur chun cinn go láidir [CS3].

6.2.4 Idirghníomhaíochtaí le tuismiteoirí.

Is cosúil go bhfuil an Roinn Oideachais agus Eolaíochta tríd an gcigireacht ag iarraidh go mbeidh rogha ag tuismitheoirí Gaeltachta maidir leis na múnlaí oideachais dhátheangaigh atá uathu dá bpáistí (ROS, 2015). D'fhéadfaí a rá go deimhin go bhfuil rogha *de facto* ag tuismitheoirí cheana féin agus go bhféadfadh tuismitheoirí a gcuid páistí a chur chuig scoil nach bhfuil ina scoilcheantar féin, mar gheall ar a gcuid idé-eolaíochtaí teanga féin [CS3,4&5]. Sa chomhthéacs seo, caithfidh scoileanna cuid mhór eolais a roinnt le tuismitheoirí maidir leis na dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta i dtaobh oideachais dhátheangaigh d'ardchaighdeán a chur ar fáil dá bpáistí [CS3]. Nuair a dhéantar teagmháil le tuismitheoirí agus plé ar na cleachtais scoile i bpróiseas comhairliúcháin, is rathúla iad na torthaí sa suíomh tumoideachais (Johnstone, 2002 agus Baker, 2006). Má bhrúitear polasaithe láidre oideachais Ghaeilge ar phobal nach bhfuil a leithéid uathu,

d’fhéadfaí teannas a chruthú idir an scoil agus an pobal [CS4]. B’fhéidir go mbraithfeadh tuismitheoirí áirithe i gcás mar sin, gurb é an rud is fearr dá bpáistí, ná iad a aistriú go scoil eile agus go ndéanfaí scoilt sa phobal dá bharr [CS3&4]. É sin, nó go n-athródh tuismitheoirí a gcuid iompar teanga sa bhaile i dtreo an Bhéarla, mar chúiteamh ar pholasaí ró-Ghaelach na scoile, dar leo [CS1].

Is cosúil uaireanta go mbraitheann roinnt tuismitheoirí go bhfuil an Ghaeilge tábhachtach, ach go mbaineann sí leis an gcóras oideachais seachas le gnáthshaol na clainne [CS1&5]. Tá géarghá go ndéanfaí tuilleadh poiblíochta tríd na scoileanna faoin tábhacht a bhaineann le tuismitheoirí i dtaca le hionchur saibhir sa mháthairtheanga a fháil sa bhaile agus go mbeidh cumarsáid trí Ghaeilge amháin, chomh fada agus is féidir, mar thacaíocht ar iarrachtaí na scoile (Péterváry et al., 2014: 233). Ní cosúil go bhfuil cumarsáid leanúnach, éifeachtach ar siúl le tuismitheoirí/pobal na scoile faoi pholasaí Gaeilge na scoileanna nó faoina ról i gcaomhnú na Gaeltachta. Ní léir ach an oiread go dtuigtear tábhacht na dtuismitheoirí sa scoil agus go mbreathnaítear ar an scolaíocht fhoirmiúil mar phróiséas atá spleách ó thionchar tuismitheoirí uaireanta.

Léirigh tuismitheoirí áirithe go raibh siad an-bhuartha faoi thodhchaí na Gaeilge sa Ghaeltacht agus faoi chaighdeán Gaeilge a bpáistí féin [CS3&4]. I Scoil Dara [CS4] chuir tuismitheoirí áirithe in iúl nach raibh siad ag iarraidh go múinfí aon Bhéarla dá bpáistí na ranganna naíonáin agus go ndéanfaí socruithe ar leith dóibh le linn an cheachta Bhéarla. I Scoil Cholmcille [CS3] bhí tuismitheoirí áirithe ag iarraidh go n-athrófaí polasaí na scoile ina iomlán agus go gcuirfí múineadh an Bhéarla siar go dtí Rang a hAon mar gur cheap siad go ndéanfadh múineadh luath an Bhéarla dochar do chaighdeán Gaeilge a gcuid páistí [CS3]. Cuireann iarratais mar seo brú ar phríomhoidí, cé gur ‘brú dearfach’ atá ann uaireanta (APO, CS3).

Ar deireadh thiar thall caithfidh bainisteoirí na scoile an cinneadh ceart a ghlacadh chun leasa na ndaltaí ar fad sa scoil, bunaithe ar a saineolas féin agus an taighde idirnáisiúnta faoin oideachas dátheangach. D’oibreodh an córas tumoideachais/oideachais tríd an teanga oidhreachta i

gcomhthéacsanna éagsúla (Ó Duibhir et al., 2015 agus Tedick et al., 2011) ach caithfear mianta agus buarthaí na dtuismitheoirí a chur go croí-lár na díospóireachta faoin teagasc aonteangach trí Ghaeilge i ranganna naíonáin. Maidir le múnla tumoideachais iomlán a chur i bhfeidhm i gCatagóir C ba cheart go mbeadh rogha ag tuismitheoirí páirt a ghlacadh ann agus ról lárnach i mbunú agus i mbuanú an chláir má tá rath le bheith air (Lapkin, 1982).

6.3 Na cleachtais reatha oideolaíochta

6.3.1 Réamhrá.

Nuair atá an polasaí aontaithe ag leibhéal bainistíochta fágtar faoin múinteoir é a chur i bhfeidhm ina s(h)eomra ranga féin. I ndá scoil [CS2&4] ba iad na príomhoidí a bhí ina múinteoirí naíonáin. Cainteoirí líofa Gaeilge le taithí Gaelscolaíochta a bhí i ngach múinteoir [CS1,2,3,4,5]. Cainteoir dúchais amháin [CS4] agus ceathrar comhchainteoirí (Ó Giollagáin et al., 2005) ar chaighdeán ard [CS1,2,3&5] agus tuiscint acu ar an tumoideachas agus an t-oideachas tríd an teanga dhúchais mar ba cheart (Skerret agus Gunn, 2011). Chomh maith leis sin is múinteoirí iad seo atá ag cur fúthu sa Ghaeltacht agus iad ag tógáil clainne trí Ghaeilge den chuid is mó [CS1-4].

6.3.2 Atmaisféar ranga.

Braitheann formhór múinteoirí sna cás-staidéir gur ceart tearmann Ghaeilge a dhéanamh den scoil Ghaeltachta, ina leagtar béim eisiach ar an nGaeilge sna hidirghníomhaíochtaí sóisialta, proifisiúnta, teagaisc agus foghlama [CS 1,2,3,4]. Cinntítear, chomh fada agus is féidir, go gcuirtear ar chumas na ndaltaí Gaeltachta faoina chúram, cumarsáid aonteangach, fheidhmeach trí Ghaeilge a dhéanamh in iliomad comhthéacsanna [CS 1,2,3,4] (Péterváry et al., 2015) chun bunphrionsabail na múnlaí saibhriúcháin/oidhreachta a chomhlíonadh (May, 2008). Cuimsíonn an fhealsúnacht seo réimse cleachtas oideolaíochta agus atreisíonn timpeallacht fhisiciúil an tseomra ranga (póstaeir, comharthaí, lipéid, srl) na mianta seo.

D'úsáid na múinteoirí i gceithre scoil [CS1-4] Gaeilge iomlán agus chruinn, seachas laghdaithe agus chódmheasctha (Péterváry et al., 2014). Bhraith siad ar fad go gcuirfeadh múineadh luath an Bhéarla agus cumarsáid trí Bhéarla i measc na ndaltaí go mór le meath na Gaeilge sa bhunscoil Ghaeltachta [CS1-5]. Ní chuirtear múineadh an Bhéarla siar ach i dtrí scoil áfach [CS1,3,4] agus ní chuirtear riail Ghaeilge i bhfeidhm ach i dtrí scoil chun daltaí a spreagadh go láidir an teanga a úsáid ar scoil [CS2,3,4]. Ní labhraítear aon Bhéarla le daltaí, seachas i gcás éigeandála [CS1], tugtar leagan Gaeilge d'fhocail agus abairtí i gcás go n-úsáidfí an Béarla tugtar an leagan Gaeilge den fhocal [CS1-5]. Cuirtear córais luach saothair agus smachtbhannaí i bhfeidhm chun úsáid na Gaeilge a mhealladh ó dhaltaí i ngach scoil. Cothaítear deiseanna rialta cumarsáide sna ranganna foirmiúla, trí obair phéire agus ghrúpa [CS2,3,4] agus déantar iarrachtaí áirithe, deiseanna cainte a chothú le daltaí níos sine agus le daoine fásta eile ag amanna éagsúla le linn an lae [CS1,3,4]. Cuirtear daltaí ar ardchaighdeán Gaeilge i bhfeighil na naíonán ag am lóin na laethanta báistí [CS1] mar shampla, agus caitheann stiúrthóir na naíonraí am ag labhairt leis na daltaí trí Ghaeilge mar chuid de pholasaí na scoile 'ionchur saibhir' a chur ar fáil sa Ghaeilge [CS4] (Krashen, 1985). Tacaíonn straitéisí mar seo leis an bhfís go mbeadh oiread feidhme agus leasa agus is féidir le baint as an saol i nGaeilge do dhaltaí (Péterváry et al., 2014) ach ní fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil úsáid leordhóthaineach á bhaint as an bpobal don saibhriú teanga. Léirítear sa teagasc, an-bhród i ndúchas an cheantair ina bhfuil saibhreas oidhreachta agus bá do thraidisiúin agus chultúr an phobail áitiúil [CS2,3,4] ach d'fhéadfadh scoileanna i bhfad níos mó a dhéanamh chun naisc a chruthú le tuismitheoirí agus leis an bpobal i gcoitinne.

6.3.3 Múineadh an Bhéarla.

Ar cheann de na cleachtais oideachais is conspóidí i dtaobh an oideachais dhátheangaigh i scoileanna na Gaeltachta go minic, is ea múineadh an Bhéarla a chur siar. Go deimhin braitear i ndá scoil nach bhféadfadh a leithéid de pholasaí a chur i bhfeidhm sa gharthodhchaí mar gheall ar an teannas a chothódh sé i measc an phobail [CS 2&5]. In ainneoin an bhrú a bhraitheann príomhoidí ó

thuismitheoirí agus ó thorthaí na scrúdaithe caighdeánaithe i léitheoireacht an Bhéarla, cuirtear múineadh an Bhéarla siar go dtí an dara téarma i Rang na Naíonán Sinsear i dtrí scoil [CS 1,3,4]. Tá nós an-éagsúil i bhfeidhm sa dá scoil eile. Múintear ceacht amháin Béarla gach lá i Scoil Bhríd [CS2] agus tá meascán de mhúnlaí ar siúl i Scoil Éanna [CS5] ina bhfuil tromlach an ama teagaisc caite trí Bhéarla nó i mbun aistriúcháin ón mBéarla. Ní fhéadfaí cur chuige mar seo a mholadh in aon mhúnla oideachais dhátheangaigh shuimithigh áfach. Atáirgítear sa seomra ranga na neamhchothromaíochtaí frithghaelacha céanna atá le sonrú i sochaí Chatagóir C, ina gcuirtear tábhacht, feidhm agus leas na mórtheanga chun tosaigh go tréan mar gheall ar neamhshiméadracht sa teagasc, sna hacmhainní agus i measc na ndaltaí iad féin (Amrein & Peña, 2000) .

Léirigh roinnt príomhoidí buairt maidir leis na scrúdaithe caighdeánaithe sa Bhéarla (MIRCA T agus Drumcondra Reading Test) a bheith ar siúl ag aois ró-luath [CS 3&4]. D'eascair an bhuairt seo as na scóranna ísle a fhaigheann daltaí tumoideachais (mar nach raibh aon fhoghlaim fhoirmiúil sa Bhéarla déanta) agus an chomparáid a dhéanann tuismitheoirí idir na scóranna seo agus scóranna daltaí a thosaíonn ar fhoghlaim an Bhéarla sa chéad téarma de rang na naíonán sóisir. Réiteach anseo is ea cead a thabhairt do scoileanna Gaeltachta na scrúdaithe caighdeánaithe Béarla a chur siar go dtí Rang 3 nó níos faide chun spás forbartha sa Ghaeilge a thabhairt do dhaltaí na Gaeltachta (APO, CS4). Braitear go gcabhródh tréimhse éigeantach tumoideachais i scoileanna Gaeltachta chun cuid den bhrú ó thuismitheoirí a laghdú [CS4] agus go mbeadh tréimhse dhá bhliain i gceist chun tús cuimsitheach a thabhairt do dhaltaí sa mhionteanga oidhreachta [CS 1,3,4]. Sa chomthéacs sin fáiltítear go láidir le Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta (ROS, 2015) ina mbeidh cead ag bunscoileanna, atá aitheanta mar scoileanna Gaeltachta, luath-thumoideachas iomlán trí Ghaeilge a chleachtadh ar feadh tréimhse suas le dhá bhliain sa tsraith naíonán (2015: 16).

6.3.4 Múineadh na Gaeilge.

Maítear go mbraitheann múinteoirí i suímh oideachais dátheangaigh ar a n-idé-eolaíochta agus a dtaithí phearsanta féin chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le bheith ag teagasc i suímh mar seo (Lemberger, 1997) agus is spéisiúil iad na tosaíochtaí oideolaíochta a nochtadh sa tréimhse bhreathnóireachta ar mhúinteoirí maidir le múineadh na Gaeilge. Leagtar múineadh na bhfónaicí Gaeilge ag croílár an chúrsa Ghaeilge i Scoil Áine [CS1] mar shampla. Tá stíl thraidisiúnta, múinteoir lárnach i bhfeidhm sa seomra ranga seo, atá bunaithe ar chur chuige TFA ina dtugtar fíor-bheagán deise do dhaltaí aon chumarsáid a dhéanamh le chéile nó a bheith gníomhach ina c(h)uid foghlama féin (Cummins, 1998). Tá stíl éagsúil i bhfeidhm i dtrí scoil eile [CS 2,3,4] atá bunaithe ar chumarsáid éifeachtach a éascú agus ar an spraoi foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a chothú i measc daltaí mar chuid den chreatchuraclam luath-óige *Aistear*. I Scoil Bhríd [CS2], leagtar an-bhéim ar shaibhreas teanga agus ar fheasacht chultúir na ndaltaí a fhorbairt trí chomhtháthú sna scileanna teanga ar fad. Is anseo chomh maith a forbraíodh tuiscint na ndaltaí féin mar chainteoirí dúchais i mbun foghlama. Iarrtar ar dhaltaí a bheith níos feasaí faoi ghnéithe leithleacha dá gcanúint féin agus faoi chanúintí eile agus leagan níos dúchasaí a thabhairt ar fhocail agus eiseamláirí a bhí sna hacmhainní Gaeilge caighdeánaí. Bhí an t-ábhar taitneamhach, spreagthach agus ábhartha sna trí scoil seo (Baker, 2001: 324-5) agus baintear úsáid as obair ghrúpa agus obair bheirte uaireanta sna tascanna peannaireachta agus scríbhneoireachta. Tugtar deis do dhaltaí aiseolas a thabhairt faoina gcuid oibre ag deireadh ceachtanna ar leith, ceartaítear botúin ghramadaí, foghraíochta agus foclóra [CS 2,3,4] agus leagtar béim rialta ar ghnéithe de Ghaeilge dhúchasach an cheantair (eiseamláirí, foclóir, tuin chainte mar shamplaí) [CS 2&3]. Déanann an múinteoir ranga athrá ar eocharfhocail agus eiseamláirí tábhachtacha an cheachta go rialta, ní shimplítear an Ghaeilge an iomarca, ceartaítear ‘droch Ghaeilge’ agus ní ghlactar le Béarla [CS 1&3].

Tá Séideán Sí in úsáid i gceithre scoil [CS 1,2,3,4] le béim ar an bhfilíocht agus an scéalaíocht mar straitéisí ach d’fhéadfadh scoileanna réimse níos leithne de straitéisí an churaclaim

a chur i bhfeidhm sna ceachtanna Gaeilge. Díríonn formhór na gceachtanna Gaeilge ar fhoghlaimeoirí seachas ar chainteoirí dúchais chomh maith, agus braitear gur gá athchothromú a dhéanamh ansin (Ó Duibhir et al., 2015). Maidir leis an scríbhneoireacht d'fhéadfaí béim níos mó a leagan ar chumadóireacht neamhspleách ina mbainfí úsáid as dréachtú, athdhréachtú agus comhscríobh (Curaclam na Bunscoile, 1999) san aschur teanga (Swain, 1985, 1993, 1995, 2000b, 2005). Moltar cúram faoi leith a thabhairt don ghramadach, litriú, comhréir agus foghraíocht sna ranganna Gaeilge ar fad agus go mbeadh sprioc saibhriúcháin i ngach ceacht Gaeilge . Tá géar-ghá le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar straitéisí measúnaithe chun díriú ar riachtanais an uile dhalta agus chun cur le héifeacht na pleanála (Aistear, 2009). D'fhéadfaí dul chun cinn daltaí aonair a chlárú trí úsáid a bhaint as punann na Gaeilge mar shampla (bunaithe ar ELP: *European Language Portfolio* in Harris & Ó Duibhir, 2011: 68). Maidir leis na scileanna réamh-léitheoireachta múintear cúrsaí fónach go hiomlán trí Ghaeilge sna scoileanna i gCatagóir A agus B [CS 1,2,3,4] ach ní léir in aon aon scoil, gur leagadh béim shásúil ar léitheoireacht bheirte nó ghrúpa nó ar sheisiúin chomhléitheoireachta agus chomhscríbhneoireachta le tuismitheoirí mar straitéisí foghlama. Is cosúil nach bhfuil formhór leabharlanna ranga an staidéir ar chaighdeán sách ard i dtaca le spéis sa léitheoireacht a chothú i measc daltaí ach an oiread. D'fhéadfaí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ábhar leabharlainne atá feiliúnach, comhaimseartha agus taitneamhach, bíodh siad i bhfoirm dhigiteach nó i bhfoirm chlóite.

6.3.5. Ag Múineadh sa chomhthéacs ilghráid.

Faightear idir 1-4 múinteoir ar an bhfoireann teagaisc i 79% de bhunscoileanna na Gaeltachta (ROS, 2013) agus mar sin is fiú súil a chaitheamh ar an oideachas dátheangach i gcomhthéacs na scoile bige. Is dúshlán ar leith é a bheith ag teagasc i rang ilghráid mar go gcaithfí idirdhealú foghlama a dhéanamh i ngach ábhar chun soláthair chuí a dhéanamh ar riachtanais oideachais na ndaltaí uilig. Tá sé seo fíor in aon chomhthéacs ilghráid ach níos práinní sa Ghaeltacht ina bhfuil an múinteoir ranga ag plé le dhá nó fiú trí mháthairtheanga sa seomra ranga.

Tá dlúth-bhaint ag an gceist seo le tús mhúineadh an Bhéarla, mar go nglactar leis i bpolasaithe luath-thumoideachais iomláin, gur cheart an méid teagmhála leis an mórtheanga a laghdú i luathbhlianta an pháiste. Chaithfí mar sin, straitéisí idirdhealaithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm le cinntiú go gcoinnítear na naíonáin shóisearacha agus shinsearacha scartha amach ó dhaltaí níos sine don cheacht Béarla. Réiteach amháin sa chomhthéacs ilghráid, is ea múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí Rang a hAon mar pholasaí scoile-uile. Múintear an ceacht laethúil Béarla le daltaí Rang 1 (agus Rang 2 más ann dóibh) tar éis lá laghdaithe na naíonán, nuair atá siad ar fad imithe abhaile [CS4]. Bunaithe ar an taighde idirnáisiúnta (Tedick et al., 2011 mar shampla) bheadh córas mar seo inmhianaithe i Scoil Cholmcille agus Scoil Dara i bhfianaise na tacaíochta atá tugtha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna dá leithéid faoi láthair (ROS, 2015: 16) .

Nuair a mhúintear an Béarla níos luaithe ná sin áfach, caithfear straitéisí scarúna eile a chur i bhfeidhm mar chosaint ar éiteas an tumoideachais Ghaeltachta. Dá mbeadh an fhoireann teagaisc ar fáil, d'fhéadfaí na naíonáin shinsearacha (agus Rang 1 & 2 más ann dóibh) a fhágáil ina rang féin leis an múinteoir ranga don cheacht Béarla agus na naíonáin shóisearacha a chur go dtí seomra eile chun ábhar eile a dhéanamh trí Ghaeilge [CS1]. Sa chomhthéacs seo chaithfi a bheith criticiúil ar chleachtas Scoil Bhríd [CS2] maidir leis na naíonáin shóisearacha a fhágáil sa seomra ranga don rang Béarla. Luaigh mé roinnt samplaí den dea-chleachtas oideolaíochta i dtaobh an oideachais dhátheangaigh sa scoil, ach loiteann an luath-mhúineadh Béarla seo, atmaisféar Gaeilge an ranga. Chomh maith leis sin cothaíonn sé tuiscint agus nós i measc na ndaltaí óga, go labhraítear Béarla leo uaireanta. I bhfianaise na léirbhreithnithe a deineadh sna caibidlí tosaigh, braithim gur cheart díriú go hiomlán ar shealbhú níos cuimsithí ar an nGaeilge, sula mbogtar ar aghaidh go dtí an Béarla.

6.3.6 Stráitéisí idirdhealaithe: Fíor-bheagán machnaimh, níos lú gnímh.

Baineann an dá straitéis idirdhealaithe thuas leis an idirdhealú idiranga ach tá idirdhealú níos práinní le cur i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta maidir le himeascadh daltaí T1 agus T2

dar liom. Cuireadh argóintí diongbháilte chun cinn sa léirbhreithniú litríochta go gcaithfí na riachtanais éagsúla teanga atá ag chuile dhalta a aithint agus idirdhealú teagaisc a dhéanamh eatarthu mar eochairthosaíocht (Ó Duibhir et al., 2015; Hickey et al., 2013; Péterváry et al., 2014). Nósmhaireacht shuntasach oideolaíochta a nochtaíodh sna cás-staidéir seo ab ea an laghad machnaimh a dhéantar i dtaobh na ceiste seo [CS1,2,4,5] agus an easpa gnímh ina leith. Is minic nach ndéantar aon idirdhealú foghlama sa seomra ranga agus tuar doirbhíochais atá i dtuairim trí mhúinteoirí gur beag forbartha sa bhreis atá de dhíth ó chainteoirí T1 ina dteanga dhúchais féin [CS 1,2,5]. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag a meon siúd ar fhorbairt teanga na ndaltaí T1, mar nach bhfuil freastal sásúil á dhéanamh ar a ngánna teanga nó oideachais. Léiriú é seo ar an easpa oiliúna a fhaightear i measc bhainisteoirí an imeasctha (múinteoirí naíonáin sa chás seo) (Hickey et al., 2013).

I scoil Áine mar shampla, tá scéim amháin de *Séideán Sí*[29]in úsáid do gach dalta sa rang(Scéim A atá feiliúnach do na naíonáin shóisearacha). Déantar é seo in ainneoin go bhfuil naíonáin shóisearacha agus shinsearacha sa seomra ranga agus chomh maith le sin go bhfuil imeascadh daltaí T1 agus T2 ar siúl. Beidh Scéim B in úsáid don bhliain seo chugainn ach faoi láthair tá grád iomlán níos ísle ar siúl ag daltaí na naíonán Sinsear, ainneoin riachtanas teanga níos airde a bheith acu. Bheadh an leibhéal teanga i bhfad ró-íseal do dhaltaí T1 sa chomhthéacs seo agus níl saibhriú leordhóthaineach ar siúl ina dteanga dhúchais. Creideann an múinteoir ranga go n-éascaíonn an nósmhaireacht seo cur i bhfeidhm an tumoideachais sa seomra ranga ach ní fhéadfaí a bheith muiníneach go dtiocfadh forbairt shásúil, leordhóthain ar chumas na ndaltaí T1 sa Ghaeilge dá bharr. Arís eile, is iad na cainteoirí T1 seachas na foghlaimeoirí atá thíos leis sa chóras oideachais Ghaeltachta agus braitear anois go gcaithfí cearta teanga na ngasúr seo a chur chun

[29] Scéim Mhúineadh na Gaeilge atá i Séideán Sí a fhreastlaíonn ar dhaltaí Gaeltachta agus Gaelscoile. Ba cheart don dalta sna naíonáin shóisearacha Scéim A a dhéanamh sa chéad bhliain scoile. Nuair atá sé ina naíonán sinsear, baineann sé úsáid as Scéim B. Bogtar ar aghaidh go dtí Scéim 1 i Rang 1 agus suas tríd an scoil ar fad go dtí go bhfuil Rang 6 bainte amach ina ndéantar Scéim 6.

tosaigh ar chearta na bhfoghlaimeoirí mar chúis phráinne (Ó Duibhir et al., 2015 agus Péterváry et al., 2014).

Sa chomhthéacs sin is dearfaí na seisiúin chothabhála do chainteoirí T1 i Scoil Chaitríona [CS3] agus na hiarrachtaí laghdaithe cothabhála atá ar bun i Scoil Dara [CS4]. Sa dá scoil seo léirítear tuiscint i measc oideachasóirí gur ghrúpa ar leith iad na daltaí T1. Tuigtear go bhfuil obair bhreise shaibhriúcháin, i ngrúpaí de dhaltaí T1 de dhíth, chun deis a thabhairt dóibh lánshealbhú a dhéanamh ar a máthairtheanga. Glactar leis go mbíonn tionchar ag grúpáil ar an teanga labhartha agus gurbh fearr an seans go labhróidh dalta T1 an Ghaeilge más i ngrúpa le cainteoirí eile T1 atá sé/sí (Hickey, 1999: 141). Chaithfí a bheith criticiúil anseo, áfach, agus ceist a ardú faoin easpa gnímh sna trí scoil eile. In ainneoin an taighde uilig faoin staid leochaileach ina bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht agus na moltaí uilig a d'eascair astu, tá scoileanna na Gaeltachta nach bhfuil straitéisí idirdhealaithe i bhfeidhm acu agus sealbhú iomlán an dalta T1 sa Ghaeilge i mbaol dá bharr.

6.3.7 Aistear.

Chonacthas éagsúlachtaí móra maidir le tosaíochtaí agus béimeanna scoileanna na gcás-staidéar i dtaca leis an gcreatchuraclam luath-óige *Aistear* a chur i bhfeidhm agus ar an iomlán ba chúis díomá a laghad úsáide a bhaintear as. Leagan ceithre scoil béim ar fhoghlaim agus ar fhorbairt an pháiste trí idirghníomhaíochtaí [CS2,3,4,5], (Aistear, 2006: 52-70). Déanann Scoil Cholmcille [CS3] iarracht ar chomhpháirtíochtaí a fhorbairt idir thuismitheoirí agus chleachtóirí (Aistear, 2006: 6–25). Maítear go "(m)braitheann iarrachtaí an chuir chuige oideachais (dhátheangaigh) ar iarrachtaí tacaíochta an phobail" (Péterváry et.al, 2014) agus tá géar-ghá go mbeidh na scoileanna eile ag iarraidh gaol níos láidre a chothú leis an bpobal i gcoitinn agus nach mbreathnófaí ar an scoil mar institiúid aonarach atá neamhspleách ó mhuintir an cheantair. Cuirtear an fhoghlaim agus forbairt an pháiste chun cinn tríd an súgradh i ndá scoil [CS1&4], (Aistear, 2006: 52-70) agus ní bhaintear ach úsáid fíor-theoranta as an méasúnú mar thacacíocht ar an bhfoghlaim i ngach scoil (Aistear, 2006: 71–102). Bunaítear obair fheasachta teanga agus fónaice ar seisiúin súgartha i Scoil

Dara agus is sa scoil seo chomh maith a leagtar an bhéim is leithne ar phrionsabail *Aistear*, go háirithe maidir leis an bhfoghlaim ghníomhach agus cur chun cinn na cumarsáide (Aistear, 2009: 7). Bealach tábhachtach forbartha agus foghlama don pháiste is ea an súgradh (Kernan, 2007) agus ba cheart go mbeadh sé ag croí lár an luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht. B'fhiú go mór do na scoileanna eile [CS1,2,4,5] tuilleadh machnaimh a dhéanamh faoi bhunphrionsabail *Aistear* agus faoi bhealaí ina bhféadfadh siad an creatchuraclam a chur i bhfeidhm ar bhealach níos cuimsithí. D'fhéadfadh Aistear a bheith ina thacaíocht do scoileanna Gaeltachta maidir leis na múnlaí suimíocha saibhriúcháin, oidhreachta nó tumoideachais a chur i bhfeidhm mar shampla. Chruthódh sé deiseanna cumarsáide trí Ghaeilge do dhaltaí T1, tríd na cineálacha éagsúla súgraidh fhoirmiúil[30] agus trí úsáid éifeachtach a bhaint as an timpeallacht foghlama. D'fhéadfaí obair shaibhriúcháin a bhunú ar na tréimhsí súgartha sin agus caidrimh dhearfacha a chothú le tuismitheoirí chun an mhionteanga a láidriú sa phobal, i múnla oidhreachta (May, 2008). Chuirfeadh ról níos cuimsithí don mheasúnú, mar a leagtar amach in Aistear é, go mór leis an eispéaras foghlama i measc dhaltaí T1 agus T2 sa Ghaeltacht.

6.4 Tátal

Deineadh iniúchadh agus anailís sa chaibidil seo ar roinnt múnlaí oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i ranganna naíonán i mbunscoileanna na Gaeltachta. Breathnaíodh ar chleachtais bhainistíochta scoile ó pheirspeictíocht an phríomhoide agus ar ghnéithe den oideolaíocht ranga ó pheirspeictíochtaí na múinteoirí. Gné lárnach den staidéar ab ea iniúchadh ar fheidhmiú an churaclaim i gceantair leochaileacha, teangeolaíochta ina bhfuil mionteanga oidhreachta á creimeadh ag mórtheanga domhanda. Tá an taighde seo tábhachtach mar nochtaíodh ann, cuid de na dúshláin a bhaineann le polasaithe tumoideachais a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a bhainistiú mar a fheiceann na hoideachasóirí gairmiúla féin iad. Níl aon amhras ach go bhfuil deacrachtaí ag

[30] Súgradh chun Teanga a Fhorbairt, Súgradh Fisiceach agus Súgradh Samhlaíoch (Aistear, 2008: 108-112)

gach scoil sa Ghaeltacht dul i ngleic leis na castachtaí reatha sochtheangeolaíochta ina bhfuil siad ag feidhmiú agus léiríodh go bhfuil réimse leathan cleachtas bainistíochta agus oideolaíochta i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta tagtha chun cinn, mar chuid de mhúnlaí cothabhála, saibhriúcháin, oidhreachta agus tumoideachais (lena n-áirítear tumoideachas iomlán agus páirt-thumoideachas).

I gcásanna áirithe tá cleachtais nuálacha, cruthaitheacha oideolaíochta le sonrú. Tuairiscíodh mar shampla, go bhfuil straitéisí spéisiúla i bhfeidhm ag múinteoirí ilghráid chun sainspiorad an tumoideachais a chosaint agus ag múinteoirí áirithe chun soláthar sásúil a sholáthar do dhaltaí T1 i straitéisí idirdhealaithe. Ábhar mór imní áfach, is ea an laghad idirghabhála a dhéantar ar son daltaí T1 sa Ghaeltacht ar an iomlán agus an bealach ilroinnte, neamhsheicheamhach ina dtugtar faoi mhúineadh na Gaeilge agus an Bhéarla.

Is léir chomh maith, nach bhfuil plean cuimsitheach, réalaíoch dréachtaithe ag aon scoil i dtaca le hardchaighdeán oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm dá ndaltaí. Léiríodh bearnaí móra idir phleananna teanga na scoileanna, na cleachtais oideolaíochta atá i bhfeidhm agus an coincheapú a dhéantar ar an tumoideachas agus na múnlaí eile oideachais dhátheangaigh sin. Níl an creatchuraclam luath-óige Aistear á chur i bhfeidhm ar bhealach cuimsitheach in aon scoil seachas ceann amháin. Chomh maith leis sin cúis díomá is ea tuairimí roinnt príomhoide [CS3&4], gur fhoinse imní seachas foinse tacaíochta iad na cigirí ROS. Bíonn tionchar ag an imní seo ar chur i bhfeidhm mhúnlaí níos déine tumoideachais/oideachais oidhreachta mar go gceaptar go meallfadh sé aird dhiúltach ó chigirí agus tuismitheoirí. Cuireadh in iúl gur bhain dúshlán suntasach le ‘comórtas na n-uimhreacha’ ina ndéanann tuismitheoirí comparáid idir scoileanna an cheantair, bunaithe ar thorthaí na ndaltaí i scrúdaithe caighdeánaithe agus ar mhúineadh an Bhéarla a bheith ar siúl sna scoileanna sin. Úsáidfear an anailís seo mar bhonn plé sa chéad chaibidil eile ina mbreathnófar ar na himpleachtaí don oideachas dátheangach sa Ghaeltacht amach anseo.

Caibidil 7: Conclúidí

7.1 Réamhrá

Tosaíonn Caibidil 7 le forbhreathnú ar an taighde, ina ndéantar cur síos ar na céimeanna áirithe a glacadh chun an staidéar a thabhairt chun críche. Ina dhiaidh sin meabhraítear don léitheoir, na ceisteanna taighde a cuireadh ag tús an staidéir agus déantar plé ar na conclúidí a eascraíonn uathu. Ar deireadh ar fad, aithnítear srianta an taighde chomh maith leis na himpleachtaí níos leithne don soláthar oideachais sa Ghaeltacht agus do thaighde sa todhchaí. Críochnaíonn Caibidil 7 le moltaí agus focal scoir.

7.2 Forbhreathnú ar an Taighde

Ba í príomhaidhm an taighde seo, ná iniúchadh a dhéanamh ar na múnlaí éagsúla luath-oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i gcúig bhunscoil sa Ghaeltacht. I gCaibidil 1 den tráchtas deineadh cur síos ar phríomhcheisteanna agus ar spriocanna an taighde. Míníodh an comhthéacs sochtheangeolaíochta agus oideachais don léitheoir, chomh maith le cur síos ar an téarmaíocht shainiúil a bhaineann leis an ábhar idir lámha.

I gCaibidil 2 lonnaíodh an Ghaeilge mar mhionteanga sa chomhtéacs idirnáisiúnta agus deineadh mionphlé ar staid reatha na Gaeltachta chomh maith le cur síos ar ról an chórais oideachais san aisiompú teanga in Éirinn. Is gá an ról seo a thuiscint mar gheall ar an staid leochaileach ina bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht (Mac Donnacha et al., 2005; Ó Flatharta, 2007; Ó Giollagáin et al., 2007) agus i bhfianaise na ndualgaisí a leagtar ar an gcóras oideachais Ghaeltachta maidir le caomhnú na Gaeilge sa reachtaíocht (An Acht Oideachais, 1998 agus Acht na Gaeltachta, 2012 mar shampla). Ag deireadh na caibidle sin, leagadh amach múnlaí oideachais dhátheangaigh a fheileann do chomhthéacsanna éagsúla sochtheangeolaíochta sa Ghaeltacht (Ó Duibhir et al., 2015 agus Péterváry et al., 2014).

Tá an léirbhreithniú litríochta ar fáil i gCaibidil 3 a thosaíonn amach le cur síos ginearálta ar an dátheangachas. Díríodh aird an léitheora ina dhiaidh sin ar mhúnlaí éagsúla oideachais

dhátheangaigh, lena n-áirítear: múnlaí tumoideachais (Johnson & Swain, 1997); múnlaí cothabhála, saibhriúcháin, oidhreachta agus idirthréimhseacha (May, 2008); an t-oideachas dátheangach athchúrsach (García, 2009); agus an tumoideachas déthreoch (Howard & Christian 2002). Tá na múnlaí oideachais dhátheangaigh ar fad seo ábhartha don taighde, mar gheall ar chastachtaí teangeolaíochta agus oideachais na Gaeltachta ina mbraitheann an éagsúlacht chleachtas ar chomhdhéanamh teanga an phobail (Ó Duibhir et al., 2015). Ina dhiaidh sin, deineadh plé ar theoiricí tábhachtacha sealbhaithe teanga cosúil leis an Oilteacht Chognaíoch Acadúil Teanga agus Scileanna Bunúsacha Cumarsáide Idirphearsanta (Cummins, 1984), chomh maith le hIonchur Sothuigthe (Krashen, 1985) agus an Hipitéis Aschuir (Swain, 1985). Deineadh é seo chun creat anailíse a sholáthar don bhreathnóireacht ar mhúinteoirí, ina bhféadfainn cur síos agus anailís a dhéanamh ar chuid de na straitéisí oideolaíochta a nochtadh sna cás-staidéir. Cuireadh Contanam an Oideachais Dhátheangaigh (bunaithe ar Hornberger, 1989 agus García, 2009) i láthair an léitheora ina dhiaidh sin. Cé go mbaintear úsáid as an gcontanam seo i gcomhthéacs mórtheangacha atá á labhairt níos forleithne (pobal spáinnise sna Stáit Aontaithe Mheirceá mar shampla), braithim gur uirlis fheiliúnach anailíse agus rangaithe do chomhthéacs na mionteanga sa Ghaeltachta atá ann. Ag deireadh na léirbhreithnithe, díríodh aird ar leith ar chleachtais, thosaíochtaí agus chuir chuige oideolaíochta i dtaca le Curaclam na Bunscoile (1999) agus creat-churaclam na luathóige *Aistear* (2009), a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna Gaeltachta. Cé gur thug roinnt údar faoi rangú na stíleanna oideolaíochta ar bhealaí éagsúla (Entwistle, 1998; Cingell & Winch, 2008; Marton, 1988 agus Clark, 1984), bhraith mé go raibh luach áirithe ag baint le saothar Cook (2008) i dtaobh chleachtas oideolaíochta a rangú. Theastaigh an córas catagóire seo uaim agus mé i mbun anailíse ar na stíleanna oideolaíochta a bhí in uachtar sa tréimhse bhreathnóireachta.

Sholáthraigh an léirbhreithniú cuimsitheach litríochta creatlach teoiriciúl agus foinse tagartha dom chun an obair ghoirt a dhéanamh ina mbeinn ag déanamh iniúchaidh ar chur i bhfeidhm an churaclaim do dhaltaí T1 agus T2 sa suíomh céanna oideachais.

Baineann Caibidil 4 leis na modheolaíochtaí taighde inar baineadh úsáid as modhanna measctha i bpairidím phragmatach. Bhraith mé gurb é an bealach ab'fhearr tabhairt faoin taighde seo ná i gcás-staidéir fheiniméaneolaíochta ina lorgaíodh tuiscint níos doimhne ar mhúnlaí éagsúla an luath-oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht. Deineah é seo trí bhreathnú a dhéanamh ar shuímh aonaracha taobh istigh den fheiminéan iomlán sin (Simmons, 1996). Maítear gur cheart dhá chás-staidéar ar a laghad a dhéanamh in aon staidéar mar seo, agus go láidrítear na torthaí taighde nuair a bhaintear leas as líon níos mó ná sin (Yin 2009). Bheartaigh mé ar chúig chás-staidéar san iomlán a dhéanamh, trí chinn i gCatagóir A sa Ghaeltacht agus ceann amháin sa dá Chatagóir eile (B agus C). Deineadh breathnóireacht ar mhúinteoirí thar tréimhse seachtaine, i ngach cás-staidéar, chomh maith le hagallaimh leathstruchtúrtha agus anailís ar dhoiciméid ábhartha. Sa chaoi seo bhí léargas saibhir le fáil ar na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta a bhí i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta maidir le polasaí luath-oideachais a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh.

Insíodh "scéal na gcás-staidéar" féin i gCaibidil 5 inar deineadh cur síos ar chur i bhfeidhm an oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna an staidéir. Cuirtear i leith taighde chás-staidéir go minic, nach mbaineann doichte modheolaíochta leis mar chur chuige taighde (Yin, 2009 agus Denscombe, 2007) agus bhí orm sonraí na gcás-staidéar a chosaint sa phróiseas tuairisciú (Stake, 2005). Theastaigh uaim cur síos saibhir seachas achoimre, a dhéanamh ar gach cás-staidéar (Angrosino, 2007). Tar éis cúlra na scoile a chur i láthair an léitheora, deineadh cur síos ar na cleachtais bhainistíochta agus oideolaíochta a úsáidtear i dtaca le múnlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh sa scoil áirithe sin. Deineadh scagadh ar na cleachtais sin comhthreomhar le súil siarghabhálach ar theoiricí sealbhaithe teanga agus ar shaintréithe mhúlaí éagsúla oideachais dhátheangaigh a nochtadh sa léirbhreithniú litríochta. Chaith mé súil chriticiúil ar chleachtais na scoileanna sin agus deineadh iarracht an múnla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i ngach scoil a lonnú ar chontanam an oideachais dhátheangaigh Ghaeltachta. Ag deireadh Chaibidil 5 leagadh amach céimeanna maidir le hinchreidteacht,

inaistritheacht, iontaofacht agus dearbhaíocht an taighde a chosaint, chomh maith le tiomantas pearsanta an taighdeora, taighde eiticiúil a chur i gcrích.

I gCaibidil 6 deineadh anailís níos doimhne ar na cleachtais a nochtadh le linn na gcás-staidéar agus leagadh torthaí an taighde os comhar an léitheora. Bhain an anailís seo le múineadh teangacha, sealbhú na scileanna litearthachta, an úsáid a bhaintear as an gcreatchuraclam luathóige Aistear agus straitéisí oideolaíochta le dul i ngleic go sásúil le himeascadh na ndaltaí T1 agus T2. Tugann taighde mar seo deis luachmhar d'oideachasóirí Gaeltachta, tuilleadh machnaimh a dhéanamh faoi ról na scoile i gcaomhnú agus i gcothú na Gaeilge agus a ról sa phróiseas beartas teanga a bheidh ar siúl i nGaeltachtaí amach anseo (Acht na Gaeltachta, 2012).

7.3 Na Ceisteanna Taighde

Cuirim i láthair anseo na torthaí a d'eascair as an taighde, bunaithe ar na trí cheist taighde a cuireadh:

1. Céard iad na cleachtais reatha, bhainistíochta scoile uile, atá i bhfeidhm chun polasaithe oideachais dhátheangaigh a dhréachtú, a chur i bhfeidhm agus a riaradh go laethúil?
2. Céard iad na cleachtais reatha oideolaíochta atá in úsáid i ranganna na Naíonán Sóisir agus Sinsir chun na polasaithe oideachais dhátheangaigh seo a chur i bhfeidhm?
3. Bunaithe ar fhreagairt na gceisteanna thuas, céard iad na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá tagtha chun cinn i mbunscoileanna na Gaeltachta agus cén coincheapú a dhéanann na hoideachasóirí féin ar na múnlaí sin?

Tugaim cuntas thíos ar an léargas a thugann an taighde seo ar na ceisteanna sin.

7.4 Conclúidí

7.4.1 Cleachtais bhainistíochta scoile uile.

Is gníomhairí teanga iad príomhoidí uilig na gcás-staidéar seo a léiríonn tiomantas díograiseach do chur chun cinn na Gaeilge ina scoileanna féin. Sonraítear bród i leith an chultúir ghaelaigh sa Ghaeltacht ach imní mhór maidir le todhchaí na Gaeilge. Chuige sin, tá seasamh

prionsabálta glactha acu, an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcomhthéacsanna pearsanta agus oibre féin. Mar chuid den seasamh seo creidtear gur cheart ceannsú áirithe a dhéanamh ar an mBéarla i gcomharsanacht na scoile. Diúltaítear don chumarsáid trí Bhéarla chomh fada agus is féidir, cé is moite de chomhráití riachtanacha le tuismitheoirí T2. Déantar diúltú 'bog', nó diúltú intuigthe, don Bhéarla i dtaobh na n-ionchas úsáide teanga, sna scoileanna seo. Sa diúltú seo bíonn ionchas ann, nach labhrófaí Béarla ar an scoilchampas agus téitear i ngleic le daltaí nó múinteoirí a bhriseann an t-ionchas seo. Déantar léir-dhiúltú, nó diúltú ar bhealach níos 'crua' don Bhéarla, maidir le comhfhreagras oifigiúil na scoile (leis an ROS nó le tuismitheoirí mar shampla), earcú múinteoirí agus feidhmiú an tumoideachais iomláin ina gcuirtear múineadh an Bhéarla siar. Léiriú éigin iad na samplaí seo, de chleachtais láidre in aghaidh an Bhéarla agus dá dtiomantas do chur chun cinn na Gaeilge ina scoileanna féin. Go deimhin d'fhéadfaí an argóint a dhéanamh go mbraitheann cur i bhfeidhm na bpolasaithe láidre oideachais mhionteanga sa Ghaeltacht, ar thiomantas an phríomhoide do chur chun cinn na Gaeilge ina scoil féin seachas ar aon rud eile.

7.4.2 Cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí.

Léiríonn an staidéar seo go bhfuil an-tábhacht ag baint le príomhoide a bheith in ann cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le tuismitheoirí. Pléifear impleachtaí don phleanáil scoile thíos ach i gcomhthéacs an oideachais dhátheangaigh go ginearálta caithfidh tuismitheoirí a bheith muiníneach agus compordach go bhfuil an rud ceart ar siúl sa scoil. Tuigtear go bhfuil an-tábhacht ag baint le dearcthaí agus idé-eolaíochtaí teanga na dtuismitheoirí (Gonzalez, 2003) agus go mbraitheann rath an chláir oideachais dhátheangaigh sa chomhthéacs oidhreachta go mór orthu (King, 1993). É sin maíte, níor nochtadh mórán fianaise go roinntear eolas le tuismitheoirí maidir le cleachtais oideolaíochta nó múnlaí oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm sa scoil.

Níl aon léiriú ar fáil sna cás-staidéir ach an oiread go roghnaíonn tuismitheoir scoil dá bpáistí bunaithe ar idé-eolaíochtaí teanga. Tá roinnt príomhoidí agus múinteoir den tuairim áfach, go n-aistreodh tuismitheoirí áirithe a gcuid páistí ó scoil amháin go dtí scoil eile, dá mba rud é nár

réitigh cleachtais oideachais dhátheangaigh na scoile leis na hidé-eolaíochtaí teanga céanna. Cé nár chuir aon phríomhoide in iúl gur caitheadh go leor ama ag machnamh faoi chleachtais tumoideachais i scoileanna eile sa chóngaracht, léiríodh tuiscint go raibh an-éagsúlacht cleachtas i bhfeidhm iontu agus imní orthu go gcothódh sé sin iompairc idir scoileanna. Braitear ina measc go bhféadfadh an iompairc seo brú a chur ar phríomhoidí maidir le múineadh an Bhéarla a thosnú níos luaithe sa chóras oideachais. Dá mba rud é go raibh scoil an-ghar don líon daltaí atá ag teastáil, chun múinteoir a choinneáil mar shampla, agus tuismitheoir ag bagairt go n-aistreofaí a c(h)lann go dtí scoil eile sa chóngaracht mar gheall ar 'easpa Béarla' sna ranganna naíonáin. Thiocfadh brú ar an scoil, múineadh an Bhéarla a thosnú níos luaithe, chun an chailliúint mhúinteora sin a sheachaint.

7.4.3 Bainistiú na n-acmhainní daonna.

Léiríodh dúshlán suntasach roimh phríomhoide amháin (Scoil Éanna), maidir le hiompar teanga na múinteoirí a bhainistiú. Labhair múinteoirí áirithe Béarla le chéile agus leis an bpríomhoide go minic, in ainneoin gur léiríodh míshástacht faoin nós sin ag cruinnithe foirne agus go n-iarrtar go rialta ar mhúinteoirí an Ghaeilge a labhairt ar shuíomh na scoile. Bhí múinteoir amháin sa scoil chéanna, a dhiúltaigh aon chumarsáid nó teagasc a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá impleachtaí tromchúiseacha do chur i bhfeidhm an tumoideachais iomláin ag eascairt ón iompar teanga seo mar go maítear gur cheart an sprioctheanga a úsáid mar mheán cumarsáide i scoil tumoideachais (Johnstone, 2002). Ardaíonn an cás seo ceist níos leithne maidir le socruithe ath-imlonnaithe tríd an bpainéal forlíontach, atá i bhfeidhm faoi láthair, os rud é gur fostaíodh an múinteoir céanna ón bpainéal sin. Faoi láthair caithfidh scoileanna Gaeltachta glacadh le múinteoir ón bpainéal forlíontach, beag beann ar a c(h)umas feidhmiú go héifeachtach i scoil Ghaeltachta (An Coimisinéir Teanga, 2015). Téann cleachtas mar seo in aghaidh na tuisceana, gur cheart don mhúinteoir oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacs oidhreachta a bheith feasach faoi stair agus oidhreacht an chultúir ina bhfuil siad ag teagasc agus níos faide ná sin fiú, go mbeadh siad ag

maireachtáil tríd an teanga dhúchais lena dteaghlaigh féin (Skerret & Gunn, 2011). Chuir príomhoidí an staidéir seo in iúl gur fhostaigh siad daoine ar ardchaighdeán Gaeilge le tuiscint ar na castachtaí teanga sa Ghaeltacht, chom maith le cur amach ar theoiricí an oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacs na mionteanga.

7.4.4 Pleanáil scoile don tumoideachas.

Maítear go bhféadfadh próiseas fada a bheith i gceist le polasaí oideachais dhátheangaigh a dhréachtú don bhunscoil Ghaeltachta agus gur phróiseas é a bhraitheann ar dhea-thoil na bpáirtithe leasmhara. Ba cheart tabhairt faoin bpróiseas pleanála seo ar bhealach céimnithe, córasach i gcomhairle le tuismitheoirí agus múinteoirí. Braitheann rath an mhúnla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm ar thacaíocht ón bpobal ina bhfuil an scoil lonnaithe (Paciotto, 2009; Tedick,et al., 2011 agus King 1993 mar shampla). Leagtar béim sa phróiseas pleanála. ar sheachaint na coimhlinte, ar chomhthuiscint, ar chomhoibriú agus ar scaipeadh eolais i measc na bpáirtithe leasmhara chun an polasaí is láidre agus is feiliúnaí a dhearadh do leas na ndaltaí ar fad. Fáiltítear roimh ráiteas na ROS go gcuirfí cúnamh ar fáil do scoileanna atá ag fheidhmiú trí Bhéarla, nó a chleachtann an pháirt-thumoideachas nó an t-oideachas dátheangach, bogadh go dtí cur chuige an tumoideachais iomláin mar chuid de phróiseas aitheantais mar scoil Ghaeltachta (ROS, 2015: 16).

7.4.5 Ról chigirí na ROS

Bhí formhór phríomhoidí an staidéir neodrach i leith obair chigirí na ROS ach léiríodh beagáinín míshástachta i dtaobh mhúineadh an Bhéarla. Bhraith príomhoidí áirithe, go raibh cigirí ag leagan béim mhíchothrom ar thábhacht mhúineadh an Bhéarla i luathbhlianta an pháiste agus nach raibh tuiscint iomlánaíoch acu ar chastachtaí na Gaeltachta nó ar an bpróiseas sealbhaithe teanga. I scoileanna Chatagóir A (Scoil Bhríd, Scoil Cholmcille agus Scoil Dara), braitear nach mbaineann aon chiall le scrúdaithe caighdeánaithe a bheith ar siúl sa Bhéarla agus ar ndóigh, go bhfuil sé éagórach agus éigiallta a leithéid a dhéanamh. Léiríonn torthaí taighde ó na Stáit Aontaithe

Mheirceá go mbíonn impleachtaí tromchúiseacha don mhionteanga i gcláir oideachais dhátheangaigh, má leagtar an iomarca béime ar scrúdaithe caighdeánaithe seo:

> as multiple communities are witnessing emerging signs of a language shift to English, high stakes testing practices accompanying No Child Left Behind (NCLB) legislation are simultaneously weakening support for bilingual programs in village schools. (Wyman et al., 2010: 701)

Sa *Straitéis Náisiúnta chun an Litearthacht agus an Uimhearthacht a Fheabhsú i measc Leanaí agus Daoine Óga 2011-2020* (ROS, 2011) leagtar amach spriocanna inmhianaithe litearthachta don dalta Gaeltachta, ina bhfuil scrúdaithe caighdeánacha mar chuid de. Cé go n-aithnítear riachtanais éagsúla na **bhfoghlaimeoirí** (mo bhéim) i scoileanna Gaeilge, maítear go mbeidh siad ag forbairt a gcumais chun labhairt, léamh agus scríobh i nGaeilge **agus i mBéarla** (mo bhéim). Ar an gcéad dul síos ní luaitear 'cainteoir dúchais' oiread agus uair amháin sa cháipéis ar fad. Níos cuí don phlé seo áfach, má tá an roinn ag súil le forbairt i nGaeilge agus i mBéarla, agus dualgas ar scoileanna tuairisciú a dhéanamh ar thorthaí na scrúdaithe caighdeánaithe Béarla ó Rang 2 ar aghaidh, braitheann príomhoidí gur cheart do chigirí a bheith tuisceannach faoin gcomhthéacs casta teanga agus oideachais ina bhfuil siad ag feidhmiú. Sonraítear beagán de mheon an léigir, i measc príomhoidí áirithe maidir leis an gceist seo chomh maith le mian go n-oibreoidh cigirí na ROS i gcomhpháirt le príomhoidí do leas na ndaltaí ar fad.

7.4.6 Tionchar na Gaelscolaíochta ar an mbunscoil Ghaeltachta.

D'oibrigh príomhoidí agus múinteoirí uilig an staidéir, i nGaelscoil sula bhfuair siad post sa scoil Ghaeltachta. Bhí nós na Gaelscolaíochta, maidir le cur i bhfeidhm an tumoideachais iomláin agus 'riail labhairt na Gaeilge', ina dhlúthchuid d'fhéiniúlacht oideachais formhór na bpríomhoidí. Léiríodh an-tuiscint ar theoiricí shealbhaithe teanga agus iad ag maíomh gur fheil gnéithe den chóras gaelscolaíochta don chomhthéacs Gaeltachta. Níor léiríodh drogall inmheánach ar bith ina measc maidir le polasaí luath-thumoideachais iomláin a chur i bhfeidhm. Luaigh siad ar fad cúinsí seachtracha (scrúdaithe caighdeánaithe, brú ó thuismitheoirí/mhúinteoirí/chigirí) áfach, go mbeadh

drogall ar phríomhoide a leithéid de pholasaithe a chur i bhfeidhm. Beidh le feiceáil an gcothóidh an nasc foirmiúil a rinneadh idir Gaelscoileanna Teo. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta le crostoirchiú smaointí agus cleachtas i measc múinteoirí agus príomhoidí ó chúlraí na gaelscolaíochta agus na Gaeltachta.

7.4.7 Cleachtais oideolaíochta na múinteoirí naíonáin.

Bunaithe ar shaothar Cook (2008) is féidir rangú a dhéanamh ar na stíleanna oideolaíochta a bhí i bhfeidhm sna cúig bhunscoil. Áitím go bhfuil stíl chumarsáideach i Scoil Cholmcille, Scoil Dara agus Scoil Éanna. Léiríonn sé seo, lárnacht an chur chuige cumarsáideach i gCuraclam na Bunscoile (1999) agus ar ndóigh in oiliúint na múinteoirí sin. Tá an stíl chumarsáideach i bhfeidhm i Scoil Bhríd chomh maith ach tionchar mór ón stíl tasc-bhunaithe le sonrú ar theagasc an mhúinteora sin. Tá taithí ag an múinteoir i Scoil Bhríd a bheith ag múineadh an Bhéarla do fhoghlaimeoirí Béarla (ESL). Ní fhéadfaí ceangal cinnte a dhéanamh idir an t-eispéireas gairmiúil seo agus an cur chuige reatha atá i bhfeidhm aige. Ar deireadh áitím gurb é an stíl chloslabhartha atá go príomha i bhfeidhm i Scoil Áine. Ábhar suntais gurb i dTuaisceart na hÉireann a chaith an múinteoir sin a shaol gairmiúil, sula bhfuair sé post i mbunscoil Ghaeltachta. Arís eile ní fhéadfaí ceangail chinnte a dhéanamh idir an tréimhse ghaelscolaíochta seo i dTuaisceart na hÉireann agus an stíl reatha atá in úsáid ach amháin gur phointe spéisiúil é i bhfianaise cheannas na stíle cumarsáidí i measc na múinteoirí eile.

7.4.8 Bainistiú an imeascaidh: Straitéisí idirdhealaithe sa bhunscoil Ghaeltachta.

Tá dhá scoil as cúig sa staidéar seo, ina bhfuil sé léirithe go ndéantar machnamh rialta faoi riachtanais na ndaltaí T1 (Scoil Cholmcille agus Scoil Dara) agus scoil amháin ina bhfuil straitéis chórasach i bhfeidhm chun dul i ngleic le dúshlán an imeascaidh ar bhonn rialta (Scoil Cholmcille). Nochtadh samplaí den chleachtas nuálach den ghrúpáil idirdhealaithe sa chás seo (CS3). Ní fhéadfadh an ghrúpáil seo tarlú gan tacaíocht iomlán ón bpríomhoide agus tiomantas dá chur i

bhfeidhm. Ba é an príomhoide a tháinig aníos leis an bplean idirdhealaithe ar dtús agus ghlac sí freagracht as grúpa amháin (an grúpa meánchumais) sna seisiúin shaibhriúcháin don tseachtain bhreathnóireachta. Léiríonn sé seo leibhéal ar leith ceannaireachta, ina bhfuil an príomhoide í féin ag glacadh freagrachta as caighdeán na foghlama a ardú do na daltaí ar fad. Sampla den cheannaireacht chun feabhais nó "transformative leadership" é seo, ina ndéantar anailís chriticiúil ar struchtúir, phróisis agus pholasaithe na scoile le cinntiú go gcuireann sé ar chumas na ndaltaí ar fad torthaí córa a bhaint amach (Shields, 2010). Tá an cleachtas bainsitíochta seo bunaithe ar an tuiscint go gcaithfí aird na scoileanna a dhíriú anois ar an gcainteoir dúchais sa chóras oideachais Ghaeltachta (Hickey, 2001; Ní Shéaghdha , 2010; Ó Duibhir et al., 2015). Tá idirghabhálacha áirithe á gcur i bhfeidhm don chainteoir dúchais i Scoil Dara (CS4), maidir le hionchur sothuigthe a chur ar fáil do dhaltaí (Krashen, 1985) agus maidir le obair shaibhriúcháin a dhéanamh leis na cainteoirí dúchais uair sa tseachtain. Tá idirdhealú de chineál eile i bhfeidhm i Scoil Áine (CS1) maidir le daltaí na Naíonán Sóisir a scarúint amach ó dhaltaí níos sine don cheacht laethúil Béarla. Sonraítear áfach go bhfuil an cleachtas seo fréamhaithe go daingean i bhfealsúnacht an tumoideachais (Johnson & Swain, 1997) ina bhfágtar múineadh na mórtheanga siar do thréimhse áirithe, seachas mar idirghabháil do leas an chainteora dhúchais.

7.4.9 Múineadh na Gaeilge.

Maidir le tosaíochtaí na múinteoirí leagtar béim rialta ar shaibhreas teanga agus ar fheasacht chultúr na ndaltaí a fhorbairt ag cinntiú chomhtháthú sna scileanna teanga ar fad. Is anseo chomh maith a forbraíodh tuiscint na ndaltaí féin mar chainteoirí dúchais i mbun foghlama. Iarrtar ar dhaltaí a bheith níos feasaí faoi ghnéithe leithleacha dá gcanúint féin agus faoi chanúintí eile agus leagan níos dúchasaí a thabhairt ar fhocail agus eiseamláirí a bhí sna hacmhainní Gaeilge caighdeánaí. Tugtar deiseanna do dhaltaí a gcuid oibre a chur i láthair an ranga, ina dtugann siad faoi deara a gcuid botúin agus ceartaítear botúin i seisiúin aiseolais. Leag tromlach na múinteoirí béim rialta ar an nGaeilge áitiúil chun bród a chothú ina ndúchas féin. Ní dhearna múinteoirí

Chatagóir A aon shimpliú suntasach ar a gcuid Gaeilge labhartha cé gur deineadh go leor athrá ar eiseamláirí agus eocharfhocail le linn ceachtanna. Baineadh úsáid as obair ghrúpa agus obair bheirte chun deiseanna fíorchumarsáide a chur ar siúl. Straitéis spéisiúil amháin chun ionchur sothuigthe a chur ar fáil ná an stiúrthóir naíonraí a bheith in ann feitheoireacht a dhéanamh sa seomra ranga d'am lóin (CS4). Tá an cur chuige seo le moladh mar gur cheart deiseanna rialta cumarsáide a chur ar fáil do dhaltaí T1 i scoileanna Gaeltachta (Ní Shéaghdha, 2010) agus go bhfuil sé léirithe ag DeKeyser (2010) go bhfuil go leor ionchuir ag teastáil ó pháiste chun sealbhú intuigthe a dhéanamh ar theanga. Taispeánann staidéir éagsúla nádúraíocha ar chumarsáid pháistí ar ndóigh "that the more frequently children hear a particular word or construction, all things being equal, the earlier they acquire it" (luaite in Lieven, 2010). Tá *Séideán Sí* in úsáid i gceithre scoil le béim ar an bhfilíocht agus múintear cúrsaí fónach go hiomlán trí Ghaeilge sna scoileanna céanna. Tá buntáistí ag baint le húsáid an chláir seo mar acmhainn teagaisc agus foghlama mar go bhfuil sé deartha do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna agus rogha de thrí chanúint ar fáil ann.

7.4.10 Ag Múineadh sa chomhthéacs ilghráid.

Sonraítear dúshlán suntasach don mhúinteoir ilghrád i gcomhthéacs na bunscoile Gaeltachta mar gheall ar an diminsean teanga a bheith chomh casta. Tá sé seo fíor in aon chomhthéacs ilghráid ach níos práinní sa Ghaeltacht ina bhfuil an múinteoir ranga ag plé le dhá nó fiú trí mháthairtheanga sa seomra ranga. D'fhéadfaí leas a bhaint as micrea-chontanam oideachais dhátheangaigh anseo, is é sin an contanam ón gcainteoir is laige Gaeilge i rang na Naíonán Sóisir go dtí an cainteoir is láidre Gaeilge i Rang a dó. Sa chomhthéacs seo déantar idirdhealú sa bhfoghlaim do na hábhair ar fad, ach bheadh sé dodhéanta díriú isteach ar gach leibhéal cumas i ngach ábhar ach go háirithe nuair is príomhoide teagaisc atá i mbun an ranga.

7.4.11 Tátal.

Léiríonn an staidéar seo roinnt saintréithe a bhaineann leis an dea-chleachtas oideolaíochta i dtaca le múnla láidir oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht. Bunaithe ar na cleachtais a nochtadh le linn na dtréimhsí breathnóireachta, chomh maith leis an scagadh a deineadh sa léirbhreithniú litríochta, ar theoiricí tábhachtacha sa phróiseas sealbhaithe teanga, is féidir dea-chleachtais oideolaíochta a mholadh.

Bíonn ardchaighdeán Gaeilge ag an múinteoir agus tuiscint acu ar an tumoideachas agus múnlaí eile oideachais dhátheangaigh. Leagtar béim sa seomra ranga ar chumarsáid labhartha trí Ghaeilge, gan neamhaird a dhéanamh don chruinneas. Cothaítear cumarsáid rialta sna ceachtanna foirmiúla trí obair bheirte, obair ghrúpa gus trí sheisiún aiseolais sa tréimhse iar-chumarsáide den cheacht Gaeilge. Tugtar deiseanna do dhaltaí cuir i láthair ranga a dhéanamh mar chleachtadh ar an nGaeilge a shealbhaíonn siad. Déantar idirdhealú sa bhfoghlaim chun soláthar cuí, iomlán agus feiliúnach a dhéanamh ar dhaltaí T1 agus T2. Cuirtear seisiún rialta idirdhealaithe i bhfeidhm le linn na seachtaine (3 chinn ar a laghad) ina ndéantar iarracht Gaeilge dhúchasach an cheantair a mhúineadh ar bhealach struchtúrtha, do dhaltaí T1 i gcur chuige saibhriúcháin. Dá mbeadh na hacmhainní cuí ar fáil roinntear na daltaí i dtrí ghrúpa, cainteoirí maithe dúchais, foghlaimeoirí ar ardchaighdeán Gaeilge agus foghlaimeoirí ar chaighdeán níos ísle. Baintear úsáid as Aistear ina leagtar an-bhéim ar an bhfoghlaim tríd an súgradh struchtúrtha, measúnú leanúnach agus ionchur ó thuismitheoirí a chur chun cinn sa phróiseas foghlama.

Cé go bhfuil an fhilíocht agus an scéalaíocht an-úsáideach mar straitéis foghlama sa seomra ranga, baintear úsáid as raon níos leithne straitéisí lena n-áirítear: físeáin, cluichí teanga, drámaíocht, druileanna agus agallaimh mar ionchur (Curaclam na Bunscoile, 1999: 67). Bheadh tábhacht ar leith ag baint leis an straitéis dheireanach seo, chun cleachtadh a dhéanamh ar an ionchur teanga sa tréimhse iar-chumarsáide.

Foghlaimíonn na daltaí giotaí filíochta[31] de ghlan mheabhair. Leagtar béim sa bhfoghlaim seo ar chruinneas, ar mhuinín a fhorbairt agus ar shoiléireacht labhartha. Déantar forbairt ar na ceithre shnáithe teanga sa cheacht foirmiúil Gaeilge agus aithnítear na deiseanna sealbhaithe atá ar fáil i ngach ceacht eile. Taobh amuigh den cheacht foirmiúil cuirtear ionchur so-thuigthe ar fáil go rialta ó dhaltaí níos sinsearaí agus ó dhaoine fásta eile (Krashen, 1989). Leagtar béim ar fhorbairt fheasacht teanga na ndaltaí, lena n-áirítear feasacht ar bhéarlagair, chanúint agus bhlas (Ó Laoire, 2009). Leagtar béim chomh maith ar an bhféincheartú botún, ar leagan áitiúil d'eiseamláir a thabhairt agus ar chruinneas gramadaí, foghraíochta, comhréire agus litriú sna gníomhaíochtaí scoile. Baintear úsáid as an leibhéal feiliúnach den chlár teagaisc ranga, sealbhaítear na scileanna litearthachta trí Ghaeilge agus ní mhúintear aon Bhéarla go dtí Rang a hAon ar a laghad. Aithnítear tábhacht na teicneolaíochta sa bpróiseas foghlama agus cuirtear deiseanna ar fáil do dhaltaí an fhoghlaim seo a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.

7.5 Na múnlaí luath-oideachais dhátheangaigh atá i bhFeidhm

Léirítear sa staidéar seo go bhfuil raon múnlaí oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta. Braitheann na múnlaí seo ar chomhdhéanamh an phobail, ar thiomantas an phríomhoide agus ar shainchleachtais múinteoirí ar leith, seachas ar mhúnla aontaithe oifigiúil an chórais. Léirítear chomh maith go bhféadfadh an múnla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i scoil, athrú ó bhliain go bliain. D'fhéadfadh athrú múnla tarlú le fostú múinteora nó príomhoide nua sa scoil. B'fhéidir go n-athrófar an múnla atá i bhfeidhm d'aon ghnó, bunaithe ar athruithe i gcomhdhéanamh na ndaltaí mar shampla nó de bharr treorach ar leith ón ROS.

Maidir leis na múnlaí reatha a rangú ar chontanam an oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacs na Gaeltachta, braithim gurb s é an múnla is láidre maidir le cur chun cinn an dátheangachais shuimithigh don dalta T1 agus T2 ná Múnla Saibhriúcháin Scoil Cholmcille [CS3]

[31] Is scáth-théarma í an fhilíocht, a chuimsíonn rainn, dánta, amhráin, rabhlóga, tomhais, seanfhocail agus tréanna (Curaclam na Bunscoile, 1999: 67)

ina bhfuil gnéithe den mhúnla oidhreachta (May, 2008) agus athchúrsach (García, 2010) i bhfeidhm. Áitím go bhfuil múnla cothabhála (May, 2008) i bhfeidhm i Scoil Bhríd [CS2] ina leagtar an-bhéim ar chumarsáid éifeachtach a dhéanamh ach gan aon fhorbairt bhreise i nGaeilge a bheith ar fáil don dalta T1 agus múineadh an Bhéarla á mhúineadh do dhaltaí naíonáin. Áitím go bhfuil an múnla saibhriúcháin (May, 2008), múnla a thugann tacaíocht láidir do shealbhú iomlán na mionteanga, á chur i bhfeidhm i Scoil Dara [CS4]. I Scoil Áine [CS1], atá lonnaithe i nGaeltacht Chatagóir B, tá saintréithe an mhúnla tumoideachais (Johnson & Swain, 1997) á gcur i bhfeidhm beag beann ar chúlra teanga na ndaltaí. Ar deireadh ar fad tá Scoil Éanna [CS5], atá lonnaithe i gCatagóir C. Tá dhá rang naíonán sa scoil seo agus is cosúil go bhfuil dhá mhúnla oideachais dhátheangaigh i bhfeidhm sa dá rang sin. Faightear an pháirt-thumoideachas i rang amháin agus an fhoghlaim chomhtháite ábhar agus teangacha sa rang eile. Aithním ar ball nach bhfuil i sampla an staidéir ach líon beag scoileanna ach tugann an staidéar léargas cuimsitheach faoin éagsúlacht chleachtas atá ar fáil i ranganna naíonán sa Ghaeltacht. Dá leathnófaí amach an staidéar go dtí líon níos mó scoileanna, gach seans go n-aimseofaí tuilleadh múnlaí oideachais dhátheangaigh chomh maith le raon níos leithne fós, de chuir chuige oideolaíochta agus bainistíochta.

7.5.1 An coincheapú a dhéantar ar na Múnlaí sin.

Sonraítear bearnaí suntasacha idir chleachtais reatha oideolaíochta an tseomra ranga agus an coincheapú a dhéanann an príomhoide ar na cleachtais sin. Maidir le riachtanais an chainteora dhúchais sa Ghaeltacht is minic nach gcuirtear straitéis idirdhealaithe i bhfeidhm don cheacht Gaeilge. Léirigh beirt mhúinteoirí [CS3&4] tuiscint ar na difríochtaí idir dhaltaí T1 agus T2 ach triúr nach raibh tuairimí láidre acu ina leith. Sonraítear braistint ina measc gur cheart tearmann Ghaeilge a dhéanamh den scoil Ghaeltachta mar chosaint ar uileláithreacht an Bhéarla agus iad den tuairim go gcuireann luath-mhúineadh an Bhéarla le meath na Gaeilge sa bhunscoil Ghaeltachta.

Cuirtear múineadh an Bhéarla siar i dtrí bhunscoil. É sin maíte, tá dúshláin shuntasacha ag baint le polasaí tumoideachais iomláin a chur i bhfeidhm, ach go háirithe maidir le hidé-eolaíochtaí

agus mianta teanga na dtuismitheoirí a shásamh. Cuireann an measúnú caighdeánach léitheoireachta na ndaltaí i mBéarla, go mór leis an mbrú sin. Tuigtear nach bhféadfaí a bheith ag súil go mbeidh torthaí níos airde sa Bhéarla ag tumdhaltaí ná mar a bheadh ag a gcuid bpiaraí i scoileanna eile ina bhfuil an léitheoireacht sa Bhéarla á mhúineadh agus an-imní ann i measc oideachasóirí nach mbeadh tuismitheoirí sásta dá bharr.

7.6 Moltaí

7.5.1 Réamhrá

Taighde mionscála atá anseo, ina ndéantar iarracht sonraí a bhailiú maidir le cur i bhfeidhm an luath-oideachais dhátheangaigh i gcúig bhunscoil Ghaeltachta. Eascraíonn moltaí ag dhá leibhéal ón taighde, moltaí ginearálta maidir le coincheapú an oideachais Ghaeltachta ag leibhéal na n-institiúidí oideachais náisiúnta lena n-áirítear an Roinn Oideachais agus Scileanna (an chigireacht bhunscolaícohta), agus moltaí ag leibhéal na scoile lena n-áirítear moltaí do phríomhoidí agus mhúinteoirí atá ag obair i mbunscoileanna na Gaeltachta.

7.5.2 Ath-choincheapú ar an Oideachas Gaeltachta

Molaim go ndéanfaí sainiú ar an luath-oideachas Gaeltachta mar chóras aonteangach ina gcuirtear múineadh an Bhéarla siar i dtréimhse tumoideachais agus ina gcuirtear caomhnú agus leathnú na Ghaeilge ag croí-lár chuile ghníomh oideachais, riaracháin agus cumarsáide sa scoil. Mar chuid den athchoincheapú seo moltar go gcuirfí an-bhéim ar riachtanais teanga agus oideachais an chainteora dhúchais, mar chúis phráinne. Tá féiniúlacht na scoile Gaeltachta chomh maith le féiniúlacht an mhúinteora Ghaeltachta fite fuaite leis an gceist seo. Ní léir ó na cás-staidéir go ndéanann bunmhúinteoirí na Gaeltachta mórán machnaimh ar a ról féin i gcaomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht. Tá sé seo ag teacht le torthaí Ní Thuairisg (2014) maidir le múinteoirí iar-bhunscoile. Caithfear tuiscint níos doimhne a fhorbairt i measc múinteoirí iad féin gur gníomhaire rí-thábhachtacha i gcaomhnú na Gaeilge iad, ar a bhfuil dualgaisí tromchúiseacha leagtha orthu i

dtaobh chur chun cinn na teanga sa chóras oideachais. Caithfear pleanáil níos cuimsithí scoile agus ranga a chinntiú don tumoideachas Gaeltachta agus gaol níos láidre idir an próiseas féinmheastóireachta scoile agus an phleanáil seo a chothú. Sa phleanáil seo leagfaí amach spriocanna, dualgaisí, freagrachtaí agus próiseas monatóireachta don scoil i dtaca leis an múnla is láidre agus is feiliúnaí a roghnú agus a fheidhmiú.

Maidir leis an gcur chuige ranga caithfear obair dhúshlánach bhreise a dhéanamh le cainteoirí dúchais atá bunaithe ar dhea-chleachtais shaibhriúcháin. Chuige seo ba cheart deiseanna saibhriúcháin i gcomhthéacsanna fíorchumarsáide a chumasú a chur ar fáil ina leagtar béim ar scileanna ghinchumas na Gaeilge dúchasaí, iomláine, cruinne. Déanfar é seo ar dtús tríd an bhfoghlaim idirdhealaitheach ranga agus trí sheisiúin bhreise saibhriúcháin scoile agus iar-scoile do dhaltaí T1 ach ina dhiaidh sin i ngach ceacht ranga le linn an lae uilig. Aithním nach sealbhaíonn daltaí Gaeltachta an Ghaeilge ar scoil amháin agus go bhfuil an-tábhacht ag baint le nósmhaireachtaí teanga sa bhaile agus sa phobal, ach, is cuid lárnach de fhorbairt teanga na ndaltaí í an scolaíocht fhoirmiúil.

Aithnítear go mbaineann féidearthachtaí áirithe le húsáid na teicneolaíochta cumarsáide chun na fíordheiseanna cumarsáide seo a chothú le daltaí eile ina scoil féin chomh maith le daltaí i nGaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta trí úsáid a bhaint as fóraim chumarsáide, suímh chumarsáide fhíschomhdhála agus modhanna traidisiúnta eile. Moltar go láidir úsáid a bhaint as uirlisí measúnaithe ar bhonn níos rialta d’fhonn tacú leis an bhfoghlaim. Molaim gur fiú measúnú leanúnach, caighdeánach ar chaighdeán na Gaeilge labhartha a chur i bhfeidhm ar bhonn córasach i mbunscoileanna Gaeltachta. Measúnú ar scil ghinchumas labhartha na ndaltaí Gaeltachta a bheadh ann, le béim ar fhoclóir, chomhréir, líofacht, fhoghraíocht i labhairt na Gaeilge do dhaltaí T1 agus T2.

7.5.3 Liúntas na Múinteoirí Gaeltachta

Faoi láthair íoctar liúntas bliantúil do mhúinteoirí bunscoile, atá ag múineadh taobh istigh den teorainn oifigiúil Ghaeltachta. Molaim nár cheart an liúntas seo a íoc bunaithe ar chúinsí tíreolaíochta ach go n-íocfaí é, ar chúinsí teanga agus oideachais, is é sin go n-íocfar é le múinteoirí atá ag múineadh i scoileanna a chomhlíonann na coinníollacha sainithe thuas luaite. Áitím nach ndéanann an cleachtas reatha aon chiall, mar go bhféadfadh múinteoir gan líofacht sa Ghaeilge a bheith ag teagasc i scoil tá lonnaithe laistigh den teorann oifigiúil Gaeltachta ach ina bhfuil an Béarla mar mheán teagaisc inti, agus é/í i dteideal an liúntais iomláin a shaothrú. Chuirfeadh athrú polasaí mar seo 'brú dearfach' ar oideachasóirí, cinneadh a ghlacadh faoin gcineál oideachais atá á soláthar acu agus athruithe cuí a chur i bhfeidhm más gá, chun coinníollacha an liúntais a chomhlíonadh.

7.5.4 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Maidir le moltaí níos leithne don chóras oideachais agus i bhfianaise na géarchéime teangeolaíochta ina bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht molaim go dtugtar tosaíocht iomlán do neartú na Gaeilge sa chóras luath-oideachais Ghaeltachta ina gcuirfí tréimhse tumoideachais i bhfeidhm. Sa tréimhse seo chuirfí múineadh an Bhéarla siar go dtí Rang 1, chun deis a thabhairt don dalta Gaeltachta sealbhú níos iomláine a dhéanamh ar an nGaeilge. Thabharfaí cead i ndiaidh na dá bliana sin, an tréimhse tumoideachais a shíneadh níos faide nó rogha de mhúnla eile (90:10 nó 80:20) a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an gcatagóir ina bhfuil an scoil lonnaithe. Laghdódh treoir chinnte mar seo, an iompairc idir scoileanna. Bheartaigh an ROS a leithéid a dhéanamh i réimsí éagsúla oideachais, Straitéis Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta (2011-2020) mar shampla ina dtógtar an cinneadh, tosaíocht a thabhairt do réimse áirithe oideolaíochta sa chóras bunscolaíochta. Tá gá le beartas mar sin anois don tumoideachas Gaeltachta.

Faoi láthair bíonn polasaithe éigeantacha le réiteach ag bunscoileanna na hÉireann: Polasaithe Iontrála, Polasaí Sláinte agus Sábháilteachta, Polasaí Chosaint Leanaí, Polasaí

Frithbhulaíochta agus Polasaí Tinrimh mar shampla. I bhfianaise na géarchéime teangeolaíochta ina bhfuil scoileanna Gaeltachta ag feidhmiú faoi láthair moltar gur gcuirfí Polasaí Teanga leis an liosta sin ina leagfaí amach an múnla oideachais dhátheangaigh is feiliúnaí don comhthéacs ina bhfuil an scoil ag feidhmiú, chomh maith le cuir chuige bainistíochta agus oideolaíochta atá beartaithe don chur i bhfeidhm sin. Sonraí eile a bheadh tábhachtach dá leithéid de pholasaí ná tosaíochtaí scoile i múineadh na Gaeilge agus an Bhéarla, cur chun cinn na Gaeilge tríd an scoil uile, modheolaíochtaí saibhriúcháin don chainteoir dúchais, straitéisí idirdhealaithe ranga, spriocanna gearr, meán agus fadtéarmacha don Ghaeilge sa scoil chomh maith le ráiteas sa ghnáthchaint ina leagfaí amach príomhghnéithe an pholasaí do phobal na scoile. Moltar go dtabharfaí deis do scoileanna Gaeltachta feabhais oideachais dhátheangaigh a chur i bhfeidhm faoi chreat an phróisis fhéinmheastóireachta scoile (mar a dhéantar leis an uimhríocht agus an litearthacht faoi láthair mar shampla)[32]. Molaim gur ceart don ROS cead a thabhairt do scoileanna Gaeltachta na scrúdaithe caighdeánaithe Béarla (Scrúdaithe MICRA agus SIGMA mar shampla) a chur siar go dtí Rang 3 nó níos faide chun spás forbartha sa Ghaeilge a thabhairt do dhaltaí na Gaeltachta. D'fhéadfaí dul chun cinn na ndaltaí sna scileanna litearthachta a mheas trí scrúdú caighdeánach i nGaeilge agus moltar go ndéanfaí forbairt ar scrúdú caighdeánaithe sa Bhéarla do dhaltaí arb í an Ghaeilge a máthairtheanga.[33] Tá roinnt fianaise léirithe sa tráchtas seo go mbraitheann cur i bhfeidhm na múnlaí láidre oideachais mhionteanga ar thiomantas an phríomhoide, ar shainchleachtais an mhúinteora agus ar idé-eolaíocht oideolaíochta seachas ar threoir chórasaithe. Tá sé thar am go mbeidh córas ar leith oideachais don Ghaeltacht atá in ann castachtaí sochtheangeolaíochta agus riachtanais ar leith na ndaltaí a thógáil san áireamh in aon soláthar oideachais a chuirfear ar fáil.

[32] Féach Ciorcláin 0056/2011 agus 0045/2014 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna
[33] Tháinig an moladh seo chun cinn le déanaí ins an *Primary Language Curriculum: English and Gaeilge Junior Infants to Second Class Report on Consultation and Engagement* (NCCA, 2014: 35)

7.5.5 Moltaí don phríomhoide: leibhéal na Scoile.

Chaithfí tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas maidir leis na cleachtais oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm sa scoil, do thréimhse scolaíochta uilig an pháiste. Maidir le rogha a thabhairt do thuismitheoirí moltar do scoileanna Gaeltachta teacht le chéile agus cinneadh a thógáil faoi dhéine an chláir tumoideachais atá i bhfeidhm acu agus sonraí an chláir sin a bheith ar fáil do thuismitheoirí. Ba cheart seisiúin rialta eolais a eagrú do thuismitheoirí agus múinteoirí chun an córas tumoideachais a mhíniú, aidhmeanna an pholasaí a leagan amach agus impleachtaí eile a phlé. Chaithfí spriocanna soiléire a leagan amach agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge go ginearálta agus caighdeán na ndaltaí T1 ach go háirithe. Moltar go gcuirfear Aistear i bhfeidhm mar gheall ar thábhacht an tsúgraidh struchtúrtha, rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus feidhm a bhaint as raon níos leithne d'uirlisí measúnaithe. Maidir leis an gceist dheireanach seo moltar gur cheart don scoil breathnuithe a bhreacadh síos, agus úsáid a bhaint as punanna foghlama (Gilleece et al., 2012). D'féadfaí na punanna seo a chur in oiriúint don pháiste aonair agus spriocanna foghlama/saibhriúchin a bheith á dtaifead iontu. Chuirfead sé go mór le leanúnachas an tsóláthair oideachais atá á chur ar fáil don dalta. Dá gcuirfí na punanna i bhfeidhm ag leibhéal na réamhscolaíochta (i Naíonraí na Gaeltachta), chabhródh sé leis an bproiséas aistrithé ón Naíonra go dtí an bhunscoil.

7.6 Srianta an Taighde agus Féidearthachtaí Taighde don Todhchaí

Braithim go bhfuil saothar iontaofa taighde curtha i gcrích a chuireann leis an tuiscint reatha ar sholáthar an oideachais dhátheangaigh i mbunscoileanna na Gaeltachta ach glacaim leis go bhfuil srianta áirithe ag baint le staidéar mar seo. Chaithfí a bheith airdeallach maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar thorthaí an taighde agus ar mholtaí a d'eascair ón taighde i bhfianaise scóip teoranta an staidéir, na modheolaíochtaí a úsáideadh agus an sampla réasúnta beag a úsáideadh. Táthar ag súil, áfach, go gcuirfí leis an tuiscint ghinearálta maidir le soláthair luath-oideachais dhátheangaigh

sa Ghaeltacht, go ndéanfaí plé i measc oideachasóirí na Gaeltachta maidir le himpleachtaí an staidéir agus go spreagfar tuilleadh plé agus taighde faoin ábhar seo sa todhchaí.

Aithnítear go bhfuil srianta ag baint leis an méid eolais a d'fhéadfaí bailiú i gcur-chuige micri-fheiniméineolaíochta bunaithe ar chúig bhunscoil. Cé gur deineadh cás-staidéar i dtrí chontae agus i gCatagóir A (3), Catagóir B (1) agus Catagóir C (1) sa Ghaeltacht, admhaím nach bhfuil anseo ach sampla an-bheag ionadaíoch de bhunscoileanna na Gaeltachta san iomlán agus mar sin nach féidir tuartha nó ginearálaithe níos leithne a bhunú ar thorthaí an staidéir. Is fiú a aithint chomh maith go bhfuil teorainn leis an méid eolais gur féidir le taighdeoir aonair a bhailiú sa ghort agus a phróiseáil ina dhiaidh sin. Cé gur caitheadh seachtain iomlán i mbun na gcás-staidéar uilig, chuirfeadh tréimhse níos faide sa ghort, chomh maith le hagallaimh níos doimhne ar na cleachtais a nochtadh, leis an taighde.

Tháinig sé chun solais an-luath le linn na tréimhse breathnóireachta, go mbeadh ró-ualach eolais bailithe agam agus go mbeadh cinneadh le glacadh maidir leis an eolas a n-úsáidfí sa tráchtas. D'fhéadfainn díriú go sonrach ar mhionghnéithe den oideolaíocht ranga, cosúil le húsáid na teicneolaíochta sa seomra ranga Gaeltachta, múineadh na léitheoireachta Gaeilge sa chomhthéacs ilghráid nó caighdeán Gaeilge na ndaltaí, mar shamplaí, ach d'fhonn léargas níos ginearálta a thabhairt ar fheidhmiú an oideachais dhátheangaigh sa Ghaeltacht níor theorannaigh mé an anailís go dtí topaicí cúnga mar sin.

Aithním tríd an tráchtas uilig go bhfuil ról rí-thábhachtach ag tuismitheoirí in oideachas a gcuid páistí féin. D'fhéadfaí argóint a dhéanamh go gcuirfeadh tuilleadh ionchuir óna bpeirspictíochtaí siúd, go mór le saibhreas an eolais a nochtadh agus mholfainn go ndéanfaí tuilleadh iniúchta ar a bpeirspictíochtaí siúd i dtaobh an tumoideachais Ghaeltachta.

Maidir leis an bpróiseas bailiú eolais, bíonn baol ann i gcónaí go bhféadfadh tionchar a bheith ag taighdeoir ar an taighde idir lámha agus braithim go mór é sin maidir leis an mbreathnóireacht ar mhúinteoirí i mbun teagaisc. Mar mhúinteoir bunscoile mé féin, tuigim go mbíonn tionchar ag cuairteoirí ranga ar do chuid iompair agus ar do chuid teagaisc agus braithim

gurb amhlaidh a bhí sna cás-staidéir seo. Ní fhéadfaí a mhaíomh go raibh iompar na rannpháirtithe faoi bhreathnóireacht díreach mar an gcéanna lena gcuid iompair i gcomhthéacs saor ón mbreathnóireacht. Caithfear an dinimic sin a thógáil san áireamh in aon anailís ar na sonraí a bailoíodh. É sin ráite, tugann an ghné bhreathnóireachta deis iontach don taighdeoir eispéireas atá an-ghar don fhírinne a bhlaiseadh. Chomh maith leis sin, bhí a fhios ag múinteoirí agus príomhoidí sa taighde gur spéis liom an t-oideachas dátheangach sa Ghaeltacht agus baol ann dá bharr go ndeiridís an "rud a bhí an taighdeoir ag iarraidh a chloisteáil" seachas an fhírinne. Bhraith mé uaireanta go raibh cuid de na hoideachasóirí ag iarraidh a chur ina luí go láidir orm cé chomh gníomhach ar son na Gaeilge a bhí siad, seachas leanacht ar aghaidh mar ba ghnách. Na pointí ar fad seo san áireamh, braithim gur deineadh saothar taighde anseo atá inchreidte, iontaofa, inaistrithe, indearbhaithe agus eiticiúil.

Agus an léirbhreithniú litríochta ar siúl agam ba dhíol suntais an laghad taighde a bhí ar fáil maidir le taithí ghairmiúil an mhúinteora bhunscoile ach go háirithe i dtaobh an oideachais dhátheangaigh/mhionteanga sa Ghaeltacht. Bheadh spéis ar leith agus na tuairimí pearsanta a bhí ag múinteoirí i dtaobh an oideachais dhátheangaigh. B'fhiú uirlis na gcás-staidéar a úsáid chun iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin chomónta ghairmiúla a bhíonn ag múinteoir agus iad i mbun teagaisc i mbunscoil Ghaeltachta. Tá iniúchadh mar seo déanta ag leibhéal na hiar-bhunscoile le déanaí (Ní Thuairisg, 2014). Léirím sa taighde seo go bhfuil gá go ndéanfaidh scoileanna Gaeltachta an phleanáil chuí don mhúnla is feiliúnaí dá gcomhthéacs scoile féin. Is cinnte go gcuirfeadh tuilleadh taighde faoin bpróiseas pleanála scoile agus féin-mheastóireacht scoile maidir le polasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm, go mór leis an ábhar seo. Cé go raibh samplaí inar úsáideadh an súgradh struchtúrtha ba chosúil nach raibh gnéithe eile den chreatchuraclam Aistear i bhfeidhm mbunscoileanna an staidéir. Bheadh sé spéisiúil iniúchadh a dhéanamh ar na cúiseanna nach mbaintear úsáid níos leithne as. Mar a tharlaíonn go minic i bpíosa taighde mar seo faightear níos mó ceisteanna ná freagraí. I bhfianaise na hanailíse ar chaint na bpáistí i ngach cás-staidéar, aithnítear arís eile an tionchar diúltach atá ag uileláithreacht an Bhéarla ar an nGaeilge agus curim

an cheist: céard is cainteoir dúchais ann agus an bhfuil a leithéid fágtha fiú? Molaim go gcíorfar na ceisteanna seo ar bhealach níos cuimsithí i dtaighde amach anseo. Maidir le hoiliúint mhúinteoirí is cosúil go mbeidh ceisteanna le freagairt ag coláistí oiliúna na hÉireann. Ní léir go bhfuil freastal leordhóthaineach á chur ar fáil don mhúinteoir Gaeltachta, ina ndéantar forbairt chuimsitheach ar thuiscintí maidir le solathar an oideachais dhátheangaigh i gcomhthéacs na mionteanga.

7.7 Focal Scoir

Níl aon amhras ach gur cheist chasta í an luath-oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Is dúshlán mhór é, gurb iad riachtanais na mBéarlóirí a thiomáineann an córas oideachais in Éirinn, fiú sna ceantair oidhreachta is láidre don Ghaeilge. Dúshlán eile is ea imeascadh na ndaltaí T1 agus T2 sa seomra ranga. Caithfear riachtanais teanga agus oideachais an dá ghrúpa sin a aithint agus is gá idirdhealú foghlama a chur ar bun mar chuid den soláthar oideachais sa Ghaeltacht. Tuigtear go gcaithfí ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí Gaeilge sa Ghaeltacht. Tuigtear leis, go gcaithfí freastal iomlán éagsúil a chur ar fáil don chainteoir dúchais sa Ghaeltacht. Chuige sin is ceart múineadh an Bhéarla a chur siar, cúram ar leith a dhéanamh don chainteoir dúchais trí obair speisialta shaibhriúcháin agus sainspiorad láidir Gaeilge a chothú ina dtimpeallacht fhoghlama. Dá mbeadh leibhéil éagsúla chumais in aon ábhar eile sa churaclam, dhéanfadh múinteoir gairmiúil, lán-cháilithe, cumasach, idirghabhálacha oideolaíochta mar fhreagairt chuí ar an éagsúlacht chumas sin. Dhéanfaí é seo trí theagasc idirdhealaithe, trí thacaíocht fheiliúnach teanga agus oideachais agus trí phlean oideachais don dalta aonair a dhearadh. Baineann an cheist seo le féiniúlacht ghairmiúil, oiliúint chuí, pleanáil scoile chomh maith le cumas agus gairmiúlacht na n-oideachasóirí Gaeltachta. Caithfear tuiscint níos leithne a fhorbairt ina measc nach gcothaítear an dátheangaí cothrom trí chur chuige teagaisc dhátheangaigh, ach go háirithe i gcomhthéacs mionteanga leochailí atá in iomaíocht le mórtheanga chumhachtach. Eascraíonn ceannas sa Bhéarla ón gcur chuige traidisiúnta sin.

Liosta Tagairtí

Alanís, I., & Rodríguez, M. A. (2008). S*ustaining a Dual Language Immersion Program: Features of Success.* Journal of Latinos and Education, *7*(4), 305-319.

Allen, P., Swain, M., Harley, B., & Cummins, J. (1990). Aspects of classroom treatment: Toward a more comprehensive view of second language education. *The Development of Second Language Proficiency*, , 57-81.

Altheide, D. L., & Johnson, J. M. (1994). Criteria for assessing interpretive validity in qualitative research.

Angrosino, M. (2007). *Doing ethnographic and observational research* Sage.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015a) Soláthar Scoile i Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta – Soláthar Reatha agus Éileamh Amach Anseo www.education.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015b) Athbhreithniú ar an Oideachas sa Ghaeltacht: Athbhreithniú ar an Litríocht Náisiúnta www.education.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015c) Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta www.education.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015d) Tuarascáil ar an Soláthar Oideachais trí mheán na Gaeilge i Scoileanna Gaeltachta: Cás-Staidéir Bunscoile agus Iarbhunscoile www.education.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna (2015e) 'Moltaí Polasaí don Soláthar Oideachais i Limistéir Ghaeltachta' www.education.ie

An Roinn Oideachais agus Scileanna. (1998). *Acht Oideachais, 1998*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta. (1999) *Curaclam na Bunscoile: Gaeilge ag:http://www.ncca.ie/uploadedfiles/Curriculum/Primary_Gaeilge_Curriculum.pdf*

Amissah, P., Andoh-Kumi, K., Amoah, S. A., Awedoba, A., Mensah, F., Wilmot, E., & Miske, S. (2001). IEQ2/Ghana Final report: The implementation of Ghana's school language policy. *Improving Education Quality Project*.

Amrein, A., & Peña, R. A. (2000). Asymmetry in dual language practice. *Education Policy Analysis Archives, 8*, 8.

Association Canadienne des Professeurs d'immersion. (2012). ACPI. Ag: https://www.acpi.ca/

Baker, C. (2003). Education as a site of language contact. *Annual Review of Applied Linguistics, 23, 95-112.*

Baker, C. (2006). Foundation of bilingual education and bilingualism clevedon. *England: Multilingual Matters,*

Baker, C. (2007). *A parents' and teachers' guide to bilingualism* Multilingual Matters Limited.

Baker, C. (2011). *Foundations of bilingual education and bilingualism* Channel View Books.

Baker, C. R., & Jones, S. P. (1998). *Encyclopedia of bilingualism and bilingual education* Multilingual Matters.

Baker, C. (2007). A parents' and teachers' guide to bilingualism. Multilingual Matters.

Baker, C., & Jones, S. P. (1998). Encyclopaedia of bilingualism and bilingual education. Clevedon: Multilingual Matters. Baker, C. (2011). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (Vol. 79). Multilingual matters.

Baker, C., & Hornberger, N. H. (2001). *An introductory reader to the writings of Jim Cummins*. Clevedon: Multilingual Matters.

Bale, J. (2010). International Comparative Perspectives on Heritage Language Education Policy Research. *Annual Review of Applied Linguistics, 30, 42-65.*

Ball, S. J. (2009). Privatising education, privatising education policy, privatising educational research: Network governance and the ‘competition state’. *Journal of Education Policy, 24*(1), 83-99.
Bamgbose, A. (1991). Language and the Nation. The Language Question in Sub-Saharan Africa. Edinburgh: EUP.
Beardsmore, H. B., & Swain, M. (1985). Designing bilingual education: Aspects of immersion and ‘European School’models. *Journal of Multilingual & Multicultural Development, 6*(1),1-15.
Beck, R. N. (1979). *Handbook in social philosophy* Macmillan New York, NY.
Bell, J. (2014). *Doing your research project: A guide for first-time researchers* McGraw-Hill Education (UK).
Benally, A., & Viri, D. (2005). Diné Bizaad [Navajo Language] at a Crossroads: Extinction or Renewal?. *Bilingual Research Journal, 29(1), 85-108.*
Bialystok, E. (2009). Bilingualism: The good, the bad, and the indifferent. *Bilingualism: Language and Cognition, 12*(01), 3-11.
Bogdan, R., & Biklen, S. K. (1992). *Qualitative research: An introduction to theory and methods.* Needham Height: Allyn & Bacon.
Bloch, A. (2002). *Refugees' opportunities and barriers in employment and training (Vol. 179).* Leeds: Corporate Document Services
Bord na Ġaidhlig, B. (2007). *The national plan for Gaelic, 2007-2012* Bòrd na Gàidhlig Inverness.
Bournot-Trites, M. & Reeder, K. (2001). ‘Interdependence revisited: Mathematics achievement in an intensified French immersion program.’ The Canadian Modern Language Review, 58(1), pp. 27-43.
Bryman, A. (2012). *Social research methods* Oxford university press.
Bwrdd yr iaith Gymraeg. (2004). *Strategy for Welsh-Medium and Bilingual Education and Training.*
Bygate, M., Skehan, P., & Swain, M. (2001). Researching pedagogic tasks: Second language learning, teaching, and testing Pearson Education.
Cenoz, J. (2009). Towards multilingual education: Basque educational research from an international perspective (Vol. 72). Multilingual Matters.
Cenoz, J. (2008). Achievements and challenges in bilingual and multilingual education in the Basque country. *AILA Review*, 21(1), 13-13.
Cenoz, J. (2008). Learning through the minority: An introduction to the use of Basque in education in the Basque country. *Language, Culture & Curriculum, 21*(1), 1-4.
Center for applied linguistics. (2013). Aimsithe ó www.cal.org/twi/directory/growthtable.htm ar an 5.7.2013
Christian, D., & Genesee, F. (2001). *Bilingual education*. Alexandria, VA: Teachers of English to Speakers of Other Languages, Inc.
Christian, D., Howard, E. R., & Loeb, M. I. (2000). Bilingualism for all: Two-way immersion education in the united states. *Theory into Practice, 39*(4), 258-266.
Clark, M. M. & Waller, T. (2007) *Early Childhood Education and Care: Policy and Practice.* Londain: Sage Publications.
Close, S., Shiel, G., Millar, D., Clerkin, A., Gilleece, L., & Kiniry, J. (2010). *The 2009 national assessments of mathematics and English reading*. BÁC: Stationery Office.
Coady, M. (2001). Attitudes toward bilingualism in Ireland. *Bilingual Research Journal, 25*(1-2), 39-58.
Coady, M., & Ó Laoire, M. (2002). Mismatches in policy and practice: The case of Gaelscoileanna in the Republic of Ireland. *Language Policy: An International Journal, 1*(2), 143-158.
Cohen, A. D., & Swain, M. (1976). Bilingual education: The" immersion" model in the north american context. *Tesol Quarterly*, , 45-53.
Cohen, L. M., & Manion, L.L. & Morrison, K.(2011) *Research methods in education.* Routlegde
Comhairle na hEorpa, 2011. *The Common European Framework* aimsithe ag: http://ec.europa.eu/dgs/jrc/downloads/jobs_traineeships_cefr.pdf

Comunn na Gàidhlig.Parental advisory scheme. Aimsithe ag http://www.cnag.org/en/parental-advisory-scheme ar an 01/06/2015.
Comunn nam Pàrant. Léite 27/06/2014 ag http://www.parant.org.uk/foghlam/
Conteh, J. (2007). Opening doors to success in multilingual classrooms: Bilingualism, codeswitching and the professional identities of ethnic minority primary teachers. *Language and Education*, *21*(6), 457-472.
Cook, V. J. (2008). *Second language learning and language teaching* (4th Edition). London: Hodder Education.
Collier, V. P., & Thomas, W. P. (2004). The astounding effectiveness of dual language education for all. *NABE Journal of Research and practice, 2*(1), 1-20.
Coolahan, J. (1973). *A study of curricular policy for the primary and secondary schools of Ireland, 1900-1935, with special reference to the Irish language and Irish history* (Unpublished PhD Thesis). Trinity College Dublin.
Crawford, J. (2000). At war with diversity: US language policy in an age of anxiety. Clevedon: Multilingual matters.
Creswell, J. W. (2009). Editorial: Mapping the field of mixed methods research. *Journal of Mixed Methods Research, 3*(2), 95-108.
Creswell, J. W. (2013). *Research design: Qualitative, quantitative, and mixed methods approaches.* London: Sage publications.
Cummins, J. (1976). The influence of bilingualism on cognitive growth: A synthesis of research findings and explanatory hypotheses. *Working Papers on Bilingualism, 9*, 1-43.
Cummins, J. (1977). A comparison of reading skills in Irish and English-medium schools. In V. Greaney (Ed.), *Studies in reading* (128-134). Dublin: Educational Co. of Ireland.
Cummins, J. (1978). Bilingualism and the development of metalinguistic awareness. *Journal of Cross-Cultural Psychology, 9*, 131-149.
Cummins, J. (1979). Linguistic interdependence and the educational development of bilingual children. *Review of Educational Research, 49*(2), 222-251.
Cummins, J. (1981). Bilingualism and minority-language children: Language and literacy series. Toronto: Ontario Institute for Studies in Education.
Cummins, J. (1984). *Bilingualism and special education: Issues in assessment and pedagogy.* Clevedon, England: Multilingual Matters.
Cummins, J. (1984). Wanted: A theoretical framework for relating language proficiency to academic achievement among bilingual students. *Language Proficiency and Academic Achievement, 10*, 2-19
Cummins, J., & Swain, M. (1986). *Bilingualism in education: Aspects of theory, research and practice*. London: Longman.
Cummins, J. (1986). Empowering minority students: A framework for intervention. *Harvard Educational Review, 56*(1), 18-37.
Cummins, J. (1993). Bilingualism and second language learning. *Annual Review of Applied Linguistics, 13*, 51-70.
Cummins, J. (1996). *Negotiating identities: Education for empowerment in a diverse society.* Ontario: California Association for Bilingual.
Cummins, J. (1998). B*eyond adversarial discourse: Searching for common ground in the education of bilingual students.* Presentation to the California State Board of Education. Retrieved on December 3rd 2007, from http://ourworld.compuserve.com/homepages/jwcrawford/cummins.htm
Cummins, J. (1998). Immersion education for the millennium: What have we learned from 30 years of research on second language immersion? In M. R. Childs & R. M. Bostwick (Eds.), *Learning through two languages: Research and practice. Second Katoh Gakuen International Symposium on Immersion and Bilingual Education.* (34-47). Katoh Gakuen: Japan.

Cummins, J. (2000). *Language, power and pedagogy: Bilingual children in the crossfire.* Clevedon: Multilingual Matters.
Cummins, J. (2000). *Language, power, and pedagogy: Bilingual children in the crossfire.* Clevedon: Multilingual Matters.
Cummins, J. (2001). Bilingual children's mother tongue: Why is it important for education? *Sprogforum, 7*(19), 15-20.
Cummins, J. (2001). Assessment and intervention with culturally and linguistically diverse learners. In S. R. Hurley & J. V. Tinajero (Eds.), *Literacy assessment of second language learners* (115-126). Boston: Allyn and Bacon.
Cummins, J. (2003). Bilingual education: Basic principles. In J. Daelewe, A. Housen & L. Wei (Eds.), *Bilingualism: Beyond basic principles (*56-66). Clevedon: Multilingual Matters.
Cummins, J. (2003). BICS and CALP: Origins and rationale for the distinction. In C.B. Paulston & G.R. Tucker (Eds.), *Sociolinguistics:The essential readings* (322-328). London: Blackwell.
Cummins, J. (2005). A proposal for action: Strategies for recognizing heritage language competence as a learning resource within the mainstream classroom. *Modern Language Journal,89(4)*, 585-592.
Cummins, J., & Hornberger, N. (2007). *Encyclopedia of language and education* (2nd Edition). New York: Springer.
Cummins, J. (2008). BICS and CALP: Empirical and theoretical status of the distinction. *Encyclopedia of Language and Education, 2*, 71-83.
Cummins, J. (2011b). Diverse futures. I P. Ó Duibhir, R. Mc Daid & A. O'Shea (Eds.), *All changed? Culture and identity in contemporary Ireland* (49-70). Baile Átha Cliath: Cló Duras.
Cummins, J., & Swain, M. (1986). Linguistic interdependence: A central principle of bilingual education. *Bilingualism in education, Aspects of theory, research and practice.* 80-95. Longman: London.
Dastgoshadeh, A., & Jalilzadeh, K. (2011). Language loss, identity, and english as an international language. *European Journal of Social Sciences, 21*(4), 659-665.
Denscombe, M. (2003). *The good research guide: For small scale social projects.* Maidenhead, PA: Open University,
Denscombe, M. (2008). Communities of practice a research paradigm for the mixed methods approach. *Journal of Mixed Methods Research, 2*(3), 270-283.
Denscombe, M. (2012). *Research proposals: A practical guide:* A practical guide McGraw-Hill Education (UK).
Depalma, R. (2010). Toward a practice of polyphonic dialogue in multicultural teacher education. *Curriculum Inquiry, 40*(3), 436-453.
Dixon-Woods, M., & Fitzpatrick, R. (2001). Qualitative research in systematic reviews. has established a place for itself. *BMJ (Clinical Research Ed.), 323*(7316), 765-766.
Duff, P. A., & Li, D. (2009). Indigenous, minority, and heritage language education in Canada: Policies, contexts, and issues. *Canadian Modern Language Review/La Revue canadienne des langues vivantes, 66*(1), 1-8.
Durán, L. K., Roseth, C. J., & Hoffman, P. (2010). An experimental study comparing English-only and transitional bilingual education on Spanish-speaking preschoolers' early literacy development. *Early Childhood Research Quarterly, 25*(2), 207-217.
Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta (2013) Teimpléad do Pholasaí Gaeilge do Bhunscoil Ghaeltachta ar fáil ag: http://www.gaelport.com/ uploads/documents/Bileog%20ESG.pdf
Eivers, E., Shiel, G., Perkins, R., & Cosgrove, J. (2005). *Succeeding in reading.* Reading Standards in Irish Primary Schools. BÁC: Stationery Office.
Extra, G., & Gorter, D. (2001). The other languages of europe: Demographic, sociolinguistic, and educational perspectives Multilingual Matters.

Ferguson, G. R. (1988). Language Planning in Education: An Analysis of Theory and Practice.Edinburgh: Edinburgh University Press.
Ferguson, G. (2006). *Language planning and education.* Edinburgh: Edinburgh University Press.
Fishman, J. A. (1991). Reversing language shift: Theoretical and empirical foundations of assistance to threatened language Multilingual Matters Ltd.
Fosnot, C. T. (1996). Teachers construct constructivism: The center for constructivist teaching/ teacher preparation project. *Constructivism: Theory, perspectives, and practice*, 205-216.
Freeman, D. (1996). 16 The" unstudied problem": Research on teacher learning in language teaching. *Teacher learning in language teaching*, 351.
French, G. (2007). Children's early learning and development, Aistear: the Early Childhood Curriculum Framework, Research paper. BÁC: NCCA.
Garcia, O. (2009). Education, multilingualism and translanguaging in the 21st century. *Social justice through multilingual education*, 140-158.
García, O. (2011). Bilingual education in the 21st century: A global perspective John Wiley & Sons.
Garcia, O., & Baker, C. (2007). Bilingual education: An introductory reader Multilingual Matters Limited.
García, E. E. (2005). Teaching and learning in two languages: Bilingualism & schooling in the United States. Teachers College Press.
Genesee, F. (1985). Second language learning through immersion: A review of U.S. programs. Review of Educational Research, 55(4), 541-561.
Genesee, F. (1986). The baby and the bathwater: Or what immersion has to say about bilingual education NABE Journal, 10, 227-254.
Genesee, F. (1987). *Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education.* Cambridge, Mass: Newbury House Publishers.
Genesee, F. (1998). *French immersion in Canada. In J. Edwards (Ed.), Language in Canada (pp. 305-325).* Cambridge: Cambridge University Press.
Genesee, F. (2001). Bilingual first language acquisition: Exploring the limits of the language faculty. Annual Review of Applied Linguistics, 21, 153-168.
285
Genesee, F. (2008). Dual language in the global village. In T. W. Fortune & D. J. Tedick (Eds.), Pathways to multilingualism: Evolving perspectives on immersion education (pp. 22-45). Clevedon: Multilingual Matters.
Genesee, F. (1978). A longitudinal evaluation of an early immersion program. *Canadian Journal of Education, 3 , 31-50.*
Genesee, F. (1987). Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education . Cambridge, MA: Newbury House.
Gerring, J. (2007). *The case study: What it is and what it does*.
Glaser, B. S., & Strauss, A. (1971). A. 1967, the discovery of grounded theory. *New York,*
Gordon, R. G., & Grimes, B. F. (2005). *Ethnologue: Languages of the world* Sil international Dallas, TX.
Grenfell, M. (2000). Modern languages—beyond Nuffield and into the 21st Century. *Language Learning Journal*, *22*(1), 23-29.
Grimes, B. F. (2001). *Global language viability. Endangered Languages of the Pacific Rim,* Lectures on Endangered Languages, 2, 45-61.
Gordon, R. G. (2005). *Ethnologue: Languages of the world* (Vol. 15). Dallas, TX: Sil international.
Guth na Gaeltachta. Tumoideachas san Iar-thuaisceart. Preas Ráitis Aimsithe ag http://www.gaelscoileanna.ie/news/school-stories/tumoideachas-san-iar-thuaisceart/ ar an 1.9.2011
Gorter, D., & van der Meer, C. (2008). Developments in bilingual Frisian-Dutch education

in Friesland. *Aila Review, 21*(1), 87-103.
Cenoz, J., & Gorter, D. (2011). A holistic approach to multilingual education: Introduction. *The Modern Language Journal*, *95*(3), 339-343.
Heugh, K. (2000). The case against bilingual and multilingual education in South Africa (Vol. 3). Cape Town: PRAESA.
Hammersley, M., & Atkinson, P. (1995). Insider accounts: Listening and asking questions. *Ethnography: Principles in Practice,* , 124-156.
Hancock, D. R., & Algozzine, B. (2006). Doing case study research: A practical guide for beginning researchers Teachers College Press.
Harley, B., Cummins, J., Swain, M., & Allen, P. (1990). The nature of language proficiency. *The Development of Second Language Proficiency,* , 7-25.
Harley, B., & Swain, M. (1984). The interlanguage of immersion students and its implications for second language teaching. *Interlanguage, 291*, 311.
Harris, J., & Duibhir, P. Ó.Effective language teaching: A synthesis of research.
Harris, J. (2008). The declining role of primary schools in the revitalisation of Irish. *Aila Review*, *21*(1), 49-68.
Harris, J., & Murtagh, L. (1987). Irish and English in Gaeltacht primary schools. In G. Mac Eoin, A. Ahlqvist & D. Ó hAodha (Eds.), *Third international conference on minority languages: Celtic papers*. Multilingual Matters 32 (pp. 104-124). Clevedon: Multilingual Matters
Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S., & O'Gorman, M. (2006). *Irish in primary schools: Long-term national trends in achievement.* BÁC: Department of Education and Science.
Harris, J., & Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh éifeachtach teanga: Sintéis ar an bhfianaise is fearr.* Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.
Hickey, T. (1992). The acquisition of irish as first language: What do we know. Insealbhú Na Gaeilge Mar Chéad Teanga= Acquisition of Irish as a First Language, , 1-25.
Hickey, T. (1997). An luath-thumadhin Éirinn, Na Naíonraí: Early Immersion Education in Ireland, na naíonraí: Institiúid Teangeolaâiochta Éireann (Baile âAtha Cliath).
Hickey, T. (1999). Parents and early immersion: Reciprocity between home and immersion pre-school. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 2*(2), 94-113.
Hickey, T. (2001). Mixing beginners and native speakers in minority language immersion: Who is immersing whom? *Canadian Modern Language Review/La Revue Canadienne Des Langues Vivantes, 57*(3), 443-474.
Hickey, T. (2011). Reading in an endangered language in primary schools in ireland. Arend, B.and Weber, JJ (Eds.).Educating for Today's Multilingual Society/Penser l'Éducation De Demain.Etudes En l'Honneur De Dominique Portante,
Hickey, T. (2013). Early bilingual education. *The Encyclopedia of Applied Linguistics,*
Hickey, T. M., Lewis, G., & Baker, C. (2014). How deep is your immersion? policy and practice in welsh-medium preschools with children from different language backgrounds. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 17*(2), 215-234.
Hickey, T; (1999) *Luathoideacheas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht (Early Education through Irish in the Gaeltacht).* BÁC: Údarás na Gaeltachta & Institiúid Teangeolaíochta Éireann.
Hickey, T. (2001). Mixing beginners and native speakers in minority language immersion: Who is immersing whom? *The Canadian Modern Language Review, 57*(3), 443-474.
Hickey, T., Lewis, G. & Baker, C. (2013). How deep is your immersion? Policy an practice in Welsh-medium preschools with children from different language backgrounds. *International Journal if Bilingual Education and Bilingualism, 17* (2), 1 – 20.
Hikitia, K.Managing for success (2009). *Maori Education Strategy,*
Hill, R. (2014) Transitioning from Māori-medium to English-medium education: Emerging findings of a pilot study (neamhfhoilsithe)
Hill, R. & May, S. (2013). Non-indigenous researchers in indigenous language education:

ethical implications. *International Journal of the Sociology of Language* (219) (47 – 65).
Hindley, R. (1990). *The death of the Irish language: A qualified obituary.* London: Routledge.
Hopkins, D. (2014). *A teacher's guide to classroom research*. McGraw-Hill Education (UK).
Hornberger, N. H. (2003). *Continua of biliteracy: An ecological framework for educational policy, research, and practice in multilingual settings.* Multilingual Matters.
Hornberger, N. H., & Link, H. (2012). Translanguaging and transnational literacies in multilingual classrooms: A biliteracy lens. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 15*(3), 261-278.
Howard, E. R., & Christian, D. (2002). *Two-way immersion 101: Designing and implementing a two-way immersion education program at the elementary level.*
Johnson, R. B., & Onwuegbuzie, A. J. (2004). Mixed methods research: A research paradigm whose time has come. *Educational Researcher, 33*(7), 14-26.
Johnson, R. B., Onwuegbuzie, A. J., & Turner, L. A. (2007). Toward a definition of mixed methods research. *Journal of Mixed Methods Research, 1*(2), 112-133.
Johnson, R. K., & Swain, M. (1997). *Immersion education: International perspectives* Cambridge University Press.
Johnstone, R. (2002). *Immersion in a second or additional language at school: A review of international research*. Stirling: Scottish CILT.
Johnson & M. Swain (Eds.), *Immersion education: International perspectives*. Cambridge: Cambridge University Press.
Jones, D.V.& Martin-Jones, M. (2004). Bilingual education and language revitalization in Wales: past achievements and current issues. I Tollefson, W. and Tsui, A. (eag.) *Medium of instruction policies : Which agenda? Whose agenda?* New Jersey : Lawrence Erlbaum Associates (43-70).
Jones, G.E. (1991) Aspects of the linguistic competence of Welsh immersion program pupils. In K. Herberts and C. Lauren (eds.) Multilingualism in the Nordic Countries and Beyond (pp. 204–12). Turku: Abo Akademi.
Jones, M. (1998) Language Obsolescence and Revitalisation: Linguistic Change in Two SociolinguisticallyContrasting Welsh Communities. Oxford: Oxford University Press.
Jones, H. (2002*). A statistical overview of the Welsh language*. Cardiff: Bwrdd Yr Iaith Gymraeg.
Jones, M. (2001). *Welsh: The Welsh language in education in the UK*. Ljouwert/Leeuwarden: Mercator Education.
Kazmierczak-Murray S. (2011). Enhancing hearing in the classroom. Update. Irish Association of Speech and Language Therapists' Newsletter.
Kane, R. (2005). *Initial Teacher Education Policy and Practice: Final Report*. New Zealand: Ministry of Education.
Kazdin, A. E. (1982). *Single-case experimental designs:* Strategies for studying behavior change.
Kelly, A. (2002). Compulsory Irish : Language and education in Ireland, 1870s-1970s. BÁC ; Portland, OR: Irish Academic Press.
Kemmis, S., McTaggart, R., & Nixon, R. (2013). *The action research planner: Doing critical participatory action research* Springer Science & Business Media.
Kenner, C., & Gregory, E. (2003). Becoming biliterate. *Handbook of Early Childhood Literacy.London: Sage,* , 178-188.
Krashen, S. D. (1982). *Principles and practice in second language acquisition.* Oxford: Pergamon.
Krashen, S. D. (1984). *Immersion: Why it works and what it has taught us.* Language and Society, 12, 61-68.
Krashen, S. (1998). Comprehensible output? *System, 26*(2), 175-182.
Krashen, S. D. (1985). *The input hypothesis: Issues and implications.* London: Longman.

Krashen, S. D., & Biber, D. (1988). *On Course: Bilingual Educationś Success in California.* California Association for Bilingual Education.
Lambert, W. E., & Tucker, G. R. (1972). Bilingual education of children: The St. Lambert experiment.
Lambert W. E., Genesee, F., Holobow, N., & Chartrand, L. (1993). Bilingual education for majority English-speaking children. European Journal of Psychology of Education, 8 , 3-22.
Landry, R., Allard, R., & Deveau, K. (2007). Bilingual schooling of the Canadian francophone minority: A cultural autonomy model. *International journal of the sociology of language, 185*, 133-162.
Lapkin, S., & Swain, M. (2004). What underlies immersion students' production: The case of avoir besoin de. Foreign Language Annals, 37(3), 349-355.
Lapkin, S., & Swain, M. (2004). What underlies immersion students' production: The case of avoir besoin de. *Foreign Language Annals, 37*(3), 349-355.
Lau-Smith, J. (2008) Family involvement in a Hawaiian language immersion program. *School Community Journal*, 18(1).
Lasagabaster, D. (2001). Bilingualism, immersion programmes and language learning in the Basque country. *Journal of Multilingual and Multicultural Development, 22*(5), 401-425.
Laugharne, J. (2006). Attitudes to Welsh, English and Modern Foreign Languages amongst First Year students in Education. I Lewis W. G., Williams, S. R. & Laugharne, J. (Eag.) (2006). *Welsh-Medium and Blingual Education*. (61 – 81).Bangor: School of Education, University of Wales.
Lemberger, N. (1997) Bilingaul Education: Teachers Narratives, NJ: Lawrence Erlbaum Associates.
Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (Eag.) (2012). *An chonair chaoch: An mionteangachas sa dátheangachas*, 269-283. Gaillimh: LeabharBreac.
Lewis W. G., Williams, S. R. & Laugharne, J. (Eag.) (2006). *Welsh-Medium and Bilingual Education*. Bangor: School of Education, University of Wales
Lewis, W. G. (2006). Welsh-medium primary education: the challenges and opportunities of the twenty-first century.
Lewis, H.G. (2007). Current initiatives in furthering the development of Welsh-medium education and the linguistic aims of the Welsh Assembly Government. Baile Átha Cliath: an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta: Aimsithe ar http://www.cogg.ie/pdf/Dr_Hewyl_Glynn_Lewis.pdf ar an 1.9.2013
Lewis, W. G. (2008). Current Challenges in bilingual education in Wales. I *AILA Review, Multilingualism and Minority Languages: Achievements and challenges in education*. *AILA Review, 21*(18) (69 – 86)
Lieven, E. (2010). Input and first language acquisition: Evaluating the role of frequency. *Lingua, 120*(11), 2546-2556.
Lincoln, Y. S., & Denzin, N. K. (1994). The fifth moment. *Handbook of Qualitative Research, 1*, 575-586.
Lincoln, Y. S., & Guba, E. G. (1985). *Naturalistic inquiry* Sage.
Lindholm-Leary, K. J. (2001). *Dual language education* Multilingual Matters.
Little, D. (2003). Learner autonomy and second/foreign language learning.Subject Center for Languages, Linguistics and Area Studies, Guide to good practice. Aimsithe 6.6.2012
Lofland, J. (1971). Analysing social settings. Wadsworth Pub.
Lyons, N. (2010). Handbook of Reflection and Reflective Inquiry.
Mac Cárthaigh, M. (2006). Literacy and L1 speakers of Irish. In T. Hickey (Ed.*), Literacy and language learning: Reading in a first or second language* (pp. 52-64). BÁC: Reading Association of Ireland.
Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & Ní Mhainín, T. (2005). *Staid reatha na scoileanna Gaeltachta: A study of Gaeltacht schools 2004*. BÁC: COGG

Mac Donnacha, S. (2005) *Staid reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004: Léargas ó na Príomhoidí na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí*. BÁC: COGG

Macnamara, J. (1966). *Bilingualism and primary education : A study of Irish experience.* Edinburgh: Edinburgh U.P.

Mac Nia, S. (2002). Irish-medium assessment and examinations. Language Planning and Education: *Linguistic Issues in Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland (pp. 100Á110). BSLCP, 6.*

Marton, F. (1988). Phenomenography: Exploring different conceptions of reality.*Qualitative approaches to evaluation in education: The silent revolution*, 176-205.

Matras, Y. (2009). *Language contact*. Cambridge University Press.

Maxcy, S. J. (2003). Pragmatic threads in mixed methods research in the social sciences: The search for multiple modes of inquiry and the end of the philosophy of formalism. *Handbook of Mixed Methods in Social and Behavioral Research,* , 51-89.

May, S. (2000). Accommodating and Resisting Minority Language Policy: The case of Wales. I *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 3*(2), 101 – 128.

May, S., Hill, R., & Tiakiwai, S. (2004). Bilingual/immersion education: Indicators of good practice. *Final Report to the Ministry of Education, New,*

May, S. (2005). Bilingual/immersion education in Aotearoa/New zealand: Setting the context. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 8*(5), 365-376.

May, S., & Hill, R. (2005). Māori-medium education: Current issues and challenges. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 8*(5), 377-403.

May, S. (2006). Language policy and minority rights. An Introduction to Language Policy: Theory and Method, , 255-272.

May, S. (2005). Bilingual / Immersion Education in Aotearoa / New Zealand: Setting the Context. I *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 8*(5), 365 – 376.

May, S. (2012). *Language and minority rights: Ethnicity, nationalism and the politics of language.* Routledge.

May, S. & Hill. R. (2005). Māori -medium Education: Current Issues and Challenges. I *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 8*(5) (377-403).

May, S., Hill, R., & Tiakiwai, S. (2006) *Bilingual Education in Aotearoa / New Zealand: Key findings from Bilingual / Immersion Education: Indicators of Good Practice*. Ministry of Education, New Zealand.

May, S., Hill, R., & Tiakiwai, S. (2006). Bilingual education in Aotearoa/New zealand. *Wellington: Ministry of Education,*

May, S. (2008). *Bilingual/immersion education: What the research tells us.* Encyclopedia of language and education, 5, 19-34.

Mayr, R., & Davies, H. (2011). A cross-dialectal acoustic study of the monophthongs and diphthongs of Welsh. *Journal of the International Phonetic Association, 41*(01), 1-25.

McCarty, T. L. (2003). Revitalising indigenous languages in homogenising times. *Comparative Education, 39*(2), 147-163.

McCarty, T.L. (2013) Language Planning and Policy in Native America Clevedon: Multilingual Matters

McCarty, T. L., & Watahomigie, L. J. (1999). Indigenous community-based language education in the USA. *Indigenous Community-Based Education,* 79-94.

McCarty, T. L., Watahomigie, L. J., & Yamamoto, A. Y. (1999). Introduction: Reversing Language shift in indigenous America—Collaborations and views from the field. *Practicing Anthropology, 21*(2), 2-4.

McCarty, T. L., Romero-Little, M. E., & Zepeda, O. (2006). Native American youth

discourses on language shift and retention: Ideological cross-currents and their implications for language planning. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 9*(5), 659-677.
McCarty, T. L., Romero-Little, M. E., Warhol, L., & Zepeda, O. (2009). Indigenous youth as language policy makers. *Journal of Language, Identity, and Education, 8*(5), 291-306.
McCarty, T. L. (2008). Native American languages as heritage mother tongues.*Language, Culture and Curriculum, 21*(3), 201-225.
McCloskey, J. (2001). Guthanna in éag: An mairfidh an Ghaeilge beo? BÁC: Cois Life.
McLeod, W. (2001). Gaelic in the new Scotland: Politics, rhetoric and public discourse. *JEMIE*.
Merton, R. K., & Kendall, P. L. (1946). The focused interview. *American Journal of Sociology*, , 541-557.
Miller, T., & Boulton, M. (2007). Changing constructions of informed consent: Qualitative research and complex social worlds. *Social Science & Medicine, 65*(11), 2199-2211.
Minister of Public Works and Government Services Canada. (2006). Minority Language Educational Rights. Ag: http://charterofrights.ca/en/20_00_02
Ministry of Education, an Nua Shéalainn. (2009). Ka Hikitia: Managing for Success: Māori Education Strategy 2008 – 2012. Aimsithe ag: http://www.educationcounts.govt.nz/topics/31351 ar an 1.2.2013
Ministry of Education, an Nua Shéalainn. (2013). *Ka Hikitia: Accelerating Success 2013 – 2017:* Māori *Education Strategy*.
Ministry of Education Ontario. (2006). *The Ontario Curriculum, Grade 1– 8: Language, 2006*. Ar fáil ag http://www.edu.gov.on.ca.
Ministry of Education. (2007). *The New Zealand Curriculum*. Aimsithe ag http://nzcurriculum.tki.org.nz/ ar an 08/09/2011.
Mitchell, R., & Myles, F. (2004). *Second language learning theories* (2nd ed.). London: Hodder Arnold.
Muintearas. (2000). *Gnéithe den Oideachas Gaeltachta: Impleachtaí Polasaí*. Gaillimh: An tÚdar.
Morgan, D. L. (2007). Paradigms lost and pragmatism regained methodological implications of combining qualitative and quantitative methods. *Journal of Mixed Methods Research, 1*(1), 48-76.
Morgan, D. L. (1998). Practical strategies for combining qualitative and quantitative methods: A pplications to health research. *Qualitative Health Research, 8*(3), 362-376.
Mougeon, R. and Beniak, E. (1991) Linguistic Consequences of Language Contact and Restriction: The Case of French in Ontario, Canada. New York: Oxford University Press.
Mougeon, R. and Beniak, E. (1994) Bilingualism, language shift and institutional support for French: The case of the Franco-Ontarians. International Journal of the Sociology of Language 105–6, 99–126.
Murphy, E., & Dingwall, R. (2007). Informed consent, anticipatory regulation and ethnographic practice. *Social Science & Medicine, 65*(11), 2223-2234.
National Records of Scotland. (2001). *Statistical bulletin 2011 census: Key results on population, ethnicity, identity, language, religion, health, housing and accommodation in Scotland - release 2A*. Léite 07.01.2014 ag,
http://www.scotlandscensus.gov.uk/documents/censusresults/release2a/StatsBulletin2A.pdf
National Programme Conference. (1922). National programme of primary instruction. BÁC: Browne and Nolan.
National Programme Conference. (1926). Report and programme of the national conference. BÁC: Stationery Office.
NCCA. (2005). Primary Curriculum Review: Phase 1. BÁC: National Council for Curriculum and Assessment.
NCCA. (2006). Language and literacy in Irish-medium primary schools: Descriptions of

practice. BÁC:
NCCA. (2008). Primary Curriculum Review: Phase 2. BÁC: National Council for Curriculum and Assessment.
NCCA. (2009). Aistear: The early childhood curriculum framework.
Nee-Benham, A.MKP, and heck, RH (1998). *Culture and Educational Policy in Hawai'i: The Silencing of Native Voices.* Mahwah, NJ: Lawrence Erlbaum.
Ní Bhaoill, M., & Ó Duibhir, P. (2004). *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.* BÁC: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
Nic Cionnaith, P. (2008). *Léargas ar dhearcadh agus tuairimí i dtaobh an chórais oideachais Gaeltachta ag tuismitheoirí Gaeltachta atá ag tógaint a gcuid páistí le Gaeilge*. Tráchtas MA, OÉG: Neamhfhoilsithe.
Nic Craith, M. (2012). Tadhg Ó hIfearnáin and máire Ní neachtain (eds): An tSochtheangeolaíocht. *Language Policy,* , 1-3.
Nic Eoin, M. (2011). Cultúr na Gaeilge nópobal na Gaeilge? The Irish language and identity from Douglas Hyde to Des Bishop. In P. Ó Duibhir, R. Mc Daid & A. O'Shea (Eds.), *All changed? Culture and identity in contemporary Ireland* (105-144). BÁC: Duras Press.
Nic Eoin, M. (2005). Trén bhfearann breac: An díláithriú cultúir agus nualitríocht na Gaeilge. BÁC: Cois Life.
Ní Chuaig, MA (2015) Agallamh leis an taighdeoir don chlár Irish aniar, Raidió na Gaeltachta ar an 6.5.2015
Nic Pháidín, C. (2003). "Cán fáth nach?" - ó chanúint go criól In R. Ní Mhianáin (Ed.), Idir Lúibíní: Aistí ar an Léitheoireacht agus ar an Litearthacht. (pp. 113-130). BÁC: Cois Life.
Ní Fhearghusa , J. (1998). Gaelscoileanna: Stair na heagra.ochta 1973-1988. Unpublished Thesis. UCD.
Ní Fhearghusa , J. (2002). Struchtúir éagsúla an Ghaeloideachais. In J. M. Kirk & D. . Baoill (Eds.), Language planning and education: Linguistic issues in Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland (pp. 43-55). Belfast: Ollscoil na Banríona.
Ní Fhinneadha. (2012). Conair na nDriseacha-Cruachás na gCainteoirí Dúchais. *Comhar,72*(8) 8-10.
Nig Uidhir, G. (2001). Taithí an tumoideachais: Achar foghlama d'oideachasóirí. *Taighde Agus Teagasc, 1*, 194-209.
Ní Neachtain, M. (2009). An Spás Poiblí a Dheimhniú don Ghaeilge i bPobail Ghaeltachta. ed. Ó Catháin, B. Léachtaí Cholm Cille xxxix: Sochtheangeolaíocht na Gaeilge. Maynooth: An Sagart, 6-15.
Ní Shéaghadha, A. (2010). *Taighde ar dhea-chleachtais bhunscoile i dtaca le saibhriú/sealbhú agus sóisialú teanga do dhaltaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachais Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.
Ní Thiacháin, M. (1996). Bord Oideachais Don Ghaelscolaíocht: Tacaíocht ag Fás. *Comhar*, 6-6.
Ní Thuairisg, L. & Ó Giollagáin, C. (2008). *Tuarascáil Mhínitheach ar Ionaid Shealbhaithe Teanga na Breataine Bige: Impleachtaí don Chomhthéacs Éireannach*. (Neamhfhoilsithe)
Ní Thuairisg, L. (2012). Ionaid Sealbhaithe Teanga na Breataine Bige: Eiseamláir don Ghaeltacht. I C. Lenoach, C. Ó Giollagáin & B. Ó Curnáin (Eds.), *An bhail dhátheangach: an phleanáil teanga don Ghaeilge sa ré iomaíoch*. Gaillimh: An Leabhar Breac.
Montrul. S. (2008). Incomplete acquisition in bilingualism: Re-examining the age factor. Amsterdam: John Benjamins. DOI: 10.1075/sibil.39
Ó Baoill, D. (1999). Social cultural distance, intergrational orientation and the learning of Irish. In A. Chambers & D. Ó Baoill (Eds.), Intercultural communication and language learning (pp. viii, 298). BÁC: Irish Association for Applied Linguistics

in association with the Royal Irish Academy.
Ó Buachalla, S. (1984). Educational Policy and the Role of the Irish Language from 1831 to 1981. European Journal of Education, 19(1), 75-92.
Ó Catháin, B. (2001). Dearcadh an teangeolaí ar chomharthaí sóirt Ghaeilge an lae inniu. In R. Ó hUiginn (Ed.), Léachtaí Cholm Cille XXXI (pp. 128-149). Maigh Nuad: An Sagart.
Ó Cathalláin, S. (2011). Early literacy in all-Irish immersion primary schools: A micro-ethnographic case study of storybook reading events in Irish and English. Tráchtas PhD Neamhfhoilsithe. Coláiste Mhuire gan Smal, Luimneach.
O'Connell, T. J. (1969). History of the Irish National Teachers' Organisation, 1868-1968. BÁC: Irish National Teachers' Organisation.
Ó Curnáin, (2009). Mionteangú na Gaeilge [Minoritizing Irish). In Brian Ó Catháin (Ed.), Sochtheangeola.ocht na Gaeilge, L.achta. Cholmcille XXXIX, 90-152 [The sociolinguistics of Irish, Colmcille Lectures XXXIX). An Daingean: An Sagart.
Ó Curnáin, B (2012). An Ghaeilge iarthraidisiúnta agus an phragmataic chódmheasctha thiar agus theas [Post-traditional Irish and the pragmatics of code-mixing in Western and Southern Irish]. In C. Lenoach, C. . Giollag.in & B. . Curn.in (Eds.), An chonair chaoch: An mionteangachas sa d.theangachas (pp. 284-365). Indreabh.n: Leabhar Breac.
Ó Cuirreáin, S. (2014). 'Bíonn an fhírinne garbh'. *Comhar, 74*(2), 10-12.
Ó Duibhir, P. Ó. (2009). The spoken irish of sixth-class pupils in irish immersion schools. Tráchtas PhD, Trinity College.
Ó Duibhir, P. (2010) A Comparison of Irish Immersion Students' Attitudes and Motivation to Irish in the Republic of Ireland and Northern Ireland. In A. Harris & A. Brandt (Eds.) Language, learning and context: Proceedings of the 42nd Annual Meeting of the British Association for Applied Linguistics, 3-5 September, Newcastle University.
Ó Duibhir, P. (2011). 'I thought that we had good Irish': Irish immersion students' insights into their target language use. *Immersion Education: Practices, Policies, Possibilities, 83*, 145.
Ó Duibhir, P. (2012). Cúrsaí oideachais agus Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge. I C.
Ó Duibhir, P. & Cummins, J. (2012). *Towards an integrated language curriculum in early childhood and primary education (3-12 years)*. Baile Átha Cliath: CNCM.
Ó Duibhir, P., Ní Chuaig, N., Ní Thuairisg, L. & Ó Brolcháin, C. (2014) *Soláthar Oideachais trí Mhionteangacha: Athbhreithniú ar Thaighde Idirnáisiúnta.* Baile Átha Cliath: An Roinn Oideahais agus Scileanna. Ar fáil ag https://www.education.ie/en/Press-Events/Events/
Ó Flatharta, P. (2007). *Struchtúr Oideachais na Gaeltachta*. Baile Átha Cliath: COGG
Ó Giollagáin, C. (2006). Gnéithe de stair theorainn na Gaeltachta: Coimhlint idir dhá Riachtanas [Aspects of the history of the Gaeltacht boundary: A conflict of two requirements]. In A. Doyle & S. N. Laoire (Eds.), Aist. ar an Nua-Ghaeilge in .m.s do Bhreandán Ó Buachalla [Essays on Modern Irish in honour of Breandán Ó Buachalla] (pp. 95-116). BÁC: Cois Life.
Ó Giollagáin, C. (2011). Breac-chríocha na heitnitheangeolaíochta agus an forás oideachais sa mhionteanga [Hybridic ethnolinguistic districts and educational development in the minority language]. Comhar May 2011 71(5), 5–9.
Ó Giollagáin, C. (2014). Unfirm ground: A re-assessment of language policy in Ireland since Independence. *Language Problems & Language Planning*, *38*(1), 19-41.
Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Chualáin, F. N., Shéaghdha, A. N., & O'Brien, M. (2007). Comprehensive linguistic study of the use of irish in the gaeltacht: Principal findings and recommendations. *BÁC: DCRGA*,
Ó Giollagáin, C. (2008).& Mac Donnacha, S. 2008. the gaeltacht today. Nic Pháidın, C.& O Cearnaigh, S.(Eds.), A New View of the Irish Language, , 108-120.
Ó Giollagáin, C. (2008). Linguistic dimensions of the globalised frontier: Old and new minorities in contact and in context. *Inte j Ofan, 23*(3-4), 247.
Ó Giollagáin, C., Mac Donnacha, S., Ní Chualáin, F., Ní Shéaghdha, A., & O'Brien, M.

(2007). *Staidéar cuimsitheach teangeolaíoch ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: Príomhthátal agus moltaí*. BÁC: Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs.
Ó Háinle, C. (1996). 'Ó Chaint na nDaoine go dtí an Caighdeán Oifigiúil'. In McCone, K. et al. (eds.). Stair na Gaeilge. Maynooth: An Sagart: 745-793
O'Hanlon, F. (2010). *Gaelic in upper primary schools in Scotland: Policy and practice*.
O'Hanlon, F. *Lost in transition? Celtic language revitalization in Scotland and wales: The primary to secondary school stage*.
Aimsithe ó https://www.era.lib.ed.ac.uk/bitstream/1842/7548/4/O%27Hanlon2012.pdf ar an 01/08/2014.
O'Hanlon, F., McLeod, W., & Paterson, L. (2010). *Gaelic-Medium Education in Scotland: Choice and Attainment at the Primary and Early Secondary School Stages.*
Ó hAiniféin (2008) *An Tumoideachas in Éirinn: Léacht Chonradh na Gaeilge*, Baile Átha Cliath. Ar fáil: http://www.irishmediumeducation.ie/assets/leacht-dhonal-ui-hainifein.pdf
Ó hIfearnáin, T. (2007). Raising children to be bilingual in the Gaeltacht: Language preference and practice. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *10*(4), 510-528.
Ó hUallacháin, C. (1978). Languages of Instruction in Ireland 1904-1977. International Review of Education, 14(4), 501-510.
O'Keefe, M. (2001). *Francophone Minorities: Assimilation and Community Vitality. New Canadian Perspectives = Minorites francophones: assimilation et vitalite des communautes. Deuxieme edition. Nouvelles Perspectives Canadiennes*. Official Languages Support Programs, Department of Canadian Heritage, Ottawa, Ontario, K1A 0M5, Canada.
Ó Laoire, M., & Harris, J. (2006). *Language and literacy in Irish-medium primary schools: Review of literature.* BÁC: National Council for Curriculum and Assessment.
Ó Laoire, M. (2008). Educating for participation in a bilingual or a multilingual society? Challenging the power balance between English and Irish (Gaelic) and other minority languages in Ireland. In C. H.lot & A.-M. de Mej.a (Eds.), Forging multilingual spaces (pp. 256-264). Bristol: Multilingual Matters.
Ó Laoire, M. & Harris, J. (2006). Language and literacy in Irish-medium primary schools: Review of literature NCCA BÁC.
Ó Laoire, M. (2004). *Siollabais chumarsáide na Gaeilge* An Aimsir Óg.
Ó Laoire, M. (2005). The language planning situation in ireland. *Current Issues in Language Planning*, *6*(3), 251-314.
Ó Laoire, M. (2005b). An overview of bilingualism and immersion education in Ireland: Complexity and change. In X.P. Rodriguez-Yanez (Ed.).Bilingualism and Education: From Family to School (pp.275-282). Munich: Lincom Europa.
Ó Laoire, M.(2008). educating for participation in a bilingual or a multilingual society? challenging the power balance between english and irish (gaelic) and other minority languages in Ireland. *Forging Multilingual Spaces*, 256-264.
Ó Laoire, M. (2012). Language policy and minority language education in ireland: Re-exploring the issues. *Language, Culture and Curriculum*, *25*(1), 17-25.
Ó Laoire, M., & Harris, J. (2006). Language and Literacy in Irish-medium Primary Schools: Review of Literature. BÁC: National Council for Curriculum and Assessment.
Ó Muircheartaigh, J., & Hickey, T. (2008). Academic outcome, anxiety and attitudes in early and late immersion in ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *11*(5), 558-576.
Ó Murchú, H. (2001). *Irish: The Irish Language in education in the Republic of Ireland:* Mercator.
Ó Murchú, H. (2003). *Oideachas trí mheán na Gaeilge i bPoblacht na hÉireann Gaelic medium education in the Republic of Ireland.* In M. Scott & R. N. Bhaoill (Eds.), Language planning and education: Linguistic issues in Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland (pp. 61-103). Belfast: Cló Ollscoil na Banríona.

Ó Murchú, M., (2001). *Cumann buan-choimeádta na Gaeilge:* Tús an athréimnithe Cois Life Teo.
Ó Murchú, M., & Murphy, B. (1985). *The Irish language*
Ó Muircheartaigh, J., & Hickey, T. (2008). Academic outcome, anxiety and attitudes in early and late immersion in Ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*, *11*(5), 558-576.
Ó Murchú, H. (2001). Irish: The Irish language in education in the Republic of Ireland . Regional Dossier Mercator Education: Ljouwert/Leeuwarden.
Ó Riagáin, P. (1994). Language maintenance and language shift as strategies of social reproduction. *Journal of Multilingual & Multicultural Development*, *15*(2-3), 179-197.
Ó Riagáin, P. (1997). Language policy and social reproduction: Ireland 1893-1993. Oxford: Oxford University Press.
Ó Riagáin, P. (2001). Irish language production and reproduction 1981–1996. In J. A. Fishman (Ed.), Can threatened languages be saved? (pp. 195–215). Clevedon, UK: Multilingual Matters.
Ó Riagáin, P. (2008). Irish-language policy 1922-2007: Balancing Maintenance and Revival. In C. Nic Pháidín & S. Ó Cearnaigh (Eds.), *A new view of the Irish language* (55-65). BÁC: Cois Life.
Ó Riagáin, P. (2007). Relationships between attitudes to Irish, social class, religion and national identity in the Republic of Ireland and Northern Ireland. The International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 10(4), 369-393.
Ó Riagáin, P. & Gliasáin, M. Ó. (1994). *National survey on languages 1993* Inst. Teangeolaíochta Éireann.
Ó Riagáin, P. Ó., & Lüdi, G. (2003). Bilingual education: Some policy issues Council of Europe Strasbourg.
Ó Riain, S. Ó. (1994). *Pleanáil teanga in Éirinn, 1919-1985* Carbad i gcomhar le Bord na Gaeilge.
Ó Torna, C. (2005). Cruthú na Gaeltachta 1893–1922. *BÁC: Cois Life*.
Ó Tuathaigh, G. (2008) The State and the Irish Language: an Historical Perspective. In C. Nic Pháidín and S. Ó Cearnaigh (Eds) *A New View of the Irish Language*, (pp. 26-42). BÁC: Cois Life.
Palmer, D. (2007). A dual immersion strand programme in california: Carrying out the promise of dual language education in an English-dominant context. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 10(6), 752-768.*
Parsons, C., & Lyddy, F. (2009). The sequencing of formal reading instruction: Reading development in bilingual and English-medium schools in Ireland. *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism, 12(5), 493 - 512.*
Patton, M. Q. (1990). *Qualitative evaluation and research methods.* SAGE Publications.
Potowski, K. (2004). Student Spanish use and investment in a dual immersion classroom: Implications for second language acquisition and heritage language maintenance. *The Modern Language Journal*, *88*(1), 75-101.
Péterváry, T., Ó Curnáin, B., Ó Giollagáin, C., & Sheahan, J. (2014). *Iniúchadh ar an gcumas dátheangach: An sealbhú teanga i measc ghlúin óg na Gaeltachta.* Baile Átha Cliath: COGG.
Punana Leo.Hawaiian immersion progress report 2007-2011. Aimsithe ag http://www.ahapunanaleo.org/images/files/apl-ar2012-web-lowres.pdf ar an 20/1/15
Punch, K. F. (2009). Introduction to research methods in education Sage.
Quirke, P. (1996). Using unseen observations for an in-service teacher development programme. *The Teacher Trainer*, *10*(1), 18-20.
Rayner, S., & Riding, R. (1997). Towards a categorisation of cognitive styles and learning styles. *Educational psychology*, *17*(1-2), 5-27.
Reyhner, J. (2010). Indigenous language immersion schools for strong indigenous identities. *Heritage Language Journal*, *7*(2), 138-152.
Reynolds, P. D. (1979). Ethical dilemmas and social science research Jossey-Bass.

Rialtas na hÉireann. (2010). *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030: 20-year strategy for the Irish language 2010-2030*. Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthar.
Richards, L. (2005). Handling qualitative data: An introduction.
Richards, L. (2014). Handling qualitative data: A practical guide Sage.
Rogers, V., & McLeod, W. (2007). Autochthonous minority languages in public-sector primary education: Bilingual policies and politics in Brittany and Scotland.Linguistics and Education, 17(4), 347-373.
Romaine, S. (2007). Preserving endangered languages. *Language and Linguistics Compass, 1*(1- 2), 115-132.
Sasse, Hans-Jurgen (1990) Theory of Language Death. Cologne: Institur fur Sprachwissenschaft, Arbeitspapier 12.
Shiel, G., Gilleece, L., Clerkin, A., & Millar, D. (2011). The 2010 National Assessments of English Reading and Mathematics in Irish-Medium Schools BÁC: Educational Research Centre.
Sierra, J. (2008). Assessment of bilingual education in the Basque country. *Language, Culture & Curriculum, 21*(1), 39-47.
Shields, C. M. (2010). Transformative leadership: Working for equity in diverse contexts. *Educational Administration Quarterly, 46*(4), 558-589.
Simpson, M. and Tuson, J., (2003) *Using Observations in Small Scale Research* (Revised Edition) Edinburgh: SCRE.
Skerrett, M. & Gunn, A. (2011). *Literature Review: Quality in immersion in early years education for language acquisition.* University of Canterbury for Ministry of Education Strategy for the National Languages of Finland: Government Resolution. (2012) Prime Minister's Office Publications.
Spolsky, B. (2009). *Language management*. Cambridge University Press.
Stake, R. (2000). *Case study: Handbook of analitative research.* Sage
Stake, R. E. (1978). The case study method in social inquiry. *Educational Researcher,* , 5-8.
Stake, R. E. (2013). Multiple case study analysis Guilford Press.
Stake, R. E. (2005). *Qualitative case studies.* In N. K. Denzin, & Y. S. Lincoln (Eds.), The Sage handbook of qualitative research (3rd ed.) (pp. 443-466). London: Sage Publications.
Stern, H., & Swain, M. (1973). *Notes on language learning in bilingual kindergarten classes.* Some Aspects of Canadian Applied Linguistics, Montreal, Quebec, Centre Education Et Culturel Inc.
Swain, M. (1985). Communicative competence: Some roles of comprehensible input and comprehensible output in its development. *Input in Second Language Acquisition, 15, 165-179.*
Swain, M. (1993). The output hypothesis: Just speaking and writing aren't enough. The *Canadian Modern Language Review, 50, 158-164.*
Swain, M. (1997). French immersion programs in Canada. *Bilingual education* (pp. 261-269)
Swain, M. (2000). French immersion research in canada: Recent contributions to SLA and applied linguistics. *Annual Review of Applied Linguistics, 20,* 199-212.
Swain, M. (2005). The output hypothesis: Theory and research. Handbook of Research in Second Language Teaching and Learning, 1, 471-483.
Swain, M., & Cummins, J. (1979). Bilingualism, cognitive functioning and education. *Language Teaching, 12*(01), 4-18.
Swain, M., & Lapkin, S. (1982). Evaluating bilingual education: A canadian case study. multilingual matters 2. ERIC.
Swain, M., & Lapkin, S. (1991). Additive bilingualism and French immersion education: The roles of language proficiency and literacy. In *Bilingualism, multiculturalism, and second language learning: The McGill conference in honour of Wallace E. Lambert* (pp. 203-216). Lawrence Erlbaum Associates.

Swain, M., & Lapkin, S. (1995). Problems in output and the cognitive processes they generate: A step towards second language learning. *Applied Linguistics, 16*(3), 371-391.
Swain, M., & Lapkin, S. (2000). Task-based second language learning: The uses of the first language. *Language Teaching Research, 4*(3), 251-274.
Swain, M., & Lapkin, S. (2005). The evolving sociopolitical context of immersion education in canada: Some implications for program development1. *International Journal of Applied Linguistics,15*(2), 169-186.
Schwartz, M., Mor-Sommerfeld, A., & Leikin, M. (2010). Facing bilingual education: kindergarten teachers' attitudes, strategies and challenges. *Language Awareness, 19* (3), 187-203.
Tashakkori, A., & Teddlie, C. (1998). *Mixed methodology: Combining qualitative and quantitative approaches* Sage.
Tedick, D. J., Christian, D., & Fortune, T. W. (2011). *Immersion education: Practices, policies, possibilities* Multilingual Matters.
Turnbull, M., Lapkin, S., & Hart, D. (2001). Grade 3 immersion students' performance in literacy and mathematics: Province-wide results from Ontario (1998-99). The Canadian Modern Language Review, 58(1), 9-26.
UNESCO The Convention on the Protection and Promotion of the Diversity of Culture http://legal.un.org/avl/ha/cppdce/cppdce.html
United States Census Bureau. *Language use* 2005-2008. Aimsithe ó http://www.census.gov/hhes/socdemo/language/.
US Census Bureau. *Numbers of speakers of native North American languages 2006-2010*. Léite 01/22/2014, from http://www.census.gov/prod/2011pubs/acsbr10-10.pdf
United States Census Bureau.Language use 2005-2008. Aimsithe ó http://www.census.gov/hhes/socdemo/language/
Valdés, G. (2011). *Dual-language immersion programs: A cautionary note concerning the education of language minority students*. Research and Practice in Immersion Education.
Wang, W., & Day, C. (2002). *Issues and concerns about classroom observation: Teachers' perspectives.*
Wiley, T. G. (2005). The reemergence of heritage and community language policy in the US national spotlight. *Modern Language Journal*, 594-601.
Wilson, W. H., & Kamana, K. (2001). *Mai loko mai O ka 'I'ini: Proceeding from a dream.* The green book of language revitalization in practice, 147.
Wolff, H. E. (2005, June). The language factor in discourse on development and education in Africa. In *Symposium on Language for Development in Africa, held at Moi University, Eldoret, Kenya*.
Woolman, D. C. (2001). Educational reconstruction and post-colonial curriculum development: A comparative study of four African countries. *International Education Journal, 2*(5), 27-46.
Yin, R. (2009). *How to do better case studies.* The SAGE Handbook of Applied Social Research Methods, 2, 254-282.
Yin, R. (2013). *Case study research: Design and methods.* Sage publications.

Aguisín A: Litir Chlúdaigh Chuig Príomhoidí

Roinn an Oideachais,
Coláiste Phádraig,
Droim Conrach,
BÁC 9
20.Aibreán.2012

Staidéar faoin Tumoideachas i mBunscoileanna na Gaeltachta

Go mbeannaí Dia duit a phríomhoide,

Tá súil agam go bhfuil tú go maith agus go bhfuil tú ag baint taitnimh as an Earrach. Tá mé ag scríobh chugat toisc go bhfuil mé ag cuartú do chúnaimh maidir le taighde atá ar siúl agam i gColáiste Phádraig, Droim Conrach mar chuid de chéim PhD san Oideachas. Tá mé ag díriú go speisialta ar an luath-thumoideachas iomlán sna ranganna naíonán i mbunscoileanna na Gaeltachta le béim ar leith ar na cleachtais éagsúla, ar mhodhanna múinte, ar straitéisí bainistíochta agus ar dhearcadh phobal na scoile i leith an tumoideachais mar choincheap.

Mar chuid den taighde seo ba mhaith liom agallamh gearr a chur ar phríomhoidí agus/nó cás-staidéir a dhéanamh ar scoileanna éagsúla maidir leis an tumoideachas. Dá mbeifeá sásta ceachtar acu seo a dhéanamh ar mhiste leat é sin a chur in iúl ar an mbileog bhreise agus é a sheoladh ar ais. Tá cead eitice faighte agam ó choiste eitice Choláiste Phádraig agus **coinneofar aon eolas a bhaileofar le linn an taighde go hiomlán faoi rún.** Ní fhoilseofar d'ainm nó ainm na scoile agus is féidir leat a shocrú gan ceisteanna áirithe a fhreagairt. Má bhíonn ceisteanna agat faoi ghné ar bith den taighde is féidir teagmháil a dhéanamh liom ag an seoladh ríomhphoist conchur.obrolchain3@mail.dcu.ie nó le mo stiúrthóir an Dr. Pádraig Ó Duibhir ag padraig.oduibhir@spd.dcu.ie

Go raibh míle maith agat as an am a thógáil an litir seo a léamh.

Le dea-ghuí agus buíochas mór,

_____

Conchúr Ó Brolcháin

Aguisín B: Léiriú Spéise

Spéis a Léiriú a bheith Páirteach in Agallamh nó i gCás-staidéar

Mar chuid den taighde ba mhaith liom agallamh a chur ar phríomhoidí agus cás-staidéir a dhéanamh ar bhunscoileanna sa Ghaeltacht maidir leis an tumoideachas. An mbeifeá sásta páirt a ghlacadh i gceachtar acu sin?

Bheinn sásta agallamh a dhéanamh leis an taighdeoir:
Bheinn sásta dá ndéanfaí cás-staidéar ar an scoil:

Ainm an Phríomhoide: _____

Ainm na scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Seoladh ríomhphoist: _____

Uimhir ghutháin: _____

Ná dearmad an fhoirm seo a chur sa chlúdach litreach le "Foirm agus clúdach litreach má tá tú sásta páirt a ghlacadh in agallamh nó i gcás-staidéar" agus é a sheoladh ar ais ar do luath-chaoithiúlacht

Go raibh míle maith agat.

Aguisín C: Toiliú Feasach

Staidéar ar an Luath-thumoideachas Iomlán agus an tOideachas tríd an Teanga Dhúchais i mBunscoileanna na Gaeltachta.

Tráchtas le Conchúr Ó Brolcháin mar chuid de chéim PhD san Oideachas i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath.

Is í príomhaidhm an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais éagsúla luath-thumoideachais atá i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta. Teastaíonn uaim tuiscint níos fearr a fháil maidir leis na straitéisí múinteoireachta agus bainistíochta atá ann chun a leithéid de pholasaí a chur i bhfeidhm chomh maith le gnéithe sochtheangeolaíochta a bhaineann leis an ábhar a iniúchadh chomh maith.

Mar chuid den taighde seo is mian liom cás-staidéar a dhéanamh ar an scoil seo. Le linn an chás-staidéir reachtálfar agallaimh le múinteoirí agus le príomhoidí agus déanfar breathnóireacht ar mhúinteoir na naíonán ag múineadh. Tá súil agam go gcuirfidh an t-eolas a bhaileofar leis an tuiscint atá againn faoi chúrsaí oideachais sa Ghaeltacht.

Cinnteofar nach n-aithneofaí foinse na dtuairimí chun príobháideachas na rannpháirtithe uilig a chosaint. Ní fhoilseofar ainmneacha na rannpháirtithe agus ní hinseofar do dhuine ar bith eile iad. Coinneofar an t-eolas go léir a bhailítear faoi ghlas i dtaisceadán i gColáiste Phádraig go dtí 2015 agus scriosfar ina dhiaidh sin é.

Faoi mar is eol duit tá tú ag glacadh páirte sa staidéar seo ar bhonn deonach agus tá cead agat tarraingt amach am ar bith. Má ghlacann tú páirt sa staidéar is féidir leat socrú a dhéanamh gan ceisteanna áirithe a fhreagairt muna dteastaíonn uait. Má shocraíonn tú nó aon bhall fóirne eile, gan páirt a ghlacadh in aon chuid den chás-staidéar tuigfidh mé é sin.

Cuir tic sna boscaí seo a leanas má é do thoil é.
Léigh mé an fhoirm i ndáil le toiliú feasach.

Thuig mé gach rud a bhí ann.

Fuair mé deis ceisteanna a chur agus an staidéar a phlé.

Fuair mé freagraí sásúla ar mo chuid ceisteanna go léir.

Tuigimse agus an múinteoir naíonán go ndéanfar taifeadadh

fuaime ar na h-agallaimh agus go nglacfar nótaí le linn na

breathnóireachta.

Léigh mé an t-eolas ar an bhfoirm seo agus tuigim é. D'fhreagair an taighdeoir mo chuid ceisteanna agus tá cóip agam den fhoirm thoiliú. Toilím a bheith páirteach sa taighde seo.

_____

Síniú an rannpháirtí Ainm i mbloclitreacha:

Aguisín D: Ráitéas sa Ghnáthchaint (PO)

Go mbeannaí Dia duit a Chara,

Is mac léinn i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath mé. Tá taighde ar siúl agam faoi láthair mar chuid de chéim PhD. Is í príomhaidhm an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais éagsúla oideachais dhátheangaigh atá i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta. Is ag díriú ar straitéisí múinteoireachta, ar bhainistíocht scoile agus ar ghnéithe sochtheangeolaíochta de na modhanna oideachais seo atá mé.

Tá mé ag lorg cúnaimh maidir leis an taighde seo a chur i gcrích agus iarraim ort an cháipéis seo a léamh agus ceist ar bith a bhíonn agat a chur orm sula dtoilíonn tú páirt a ghlacadh ann. Má shocraíonn tú a bheith páirteach sa taighde iarrfaidh mé ort labhairt faoi do thaithí mar phríomhoide i scoil Ghaeltachta agus faoin luath-thumoideachas go h-áirithe. Eagrófar an comhrá seo in áit agus ag am a oireann duit féin. Níorbh chóir go mairfeadh sé níos mó ná 30 nóiméad.

Níl aon bhuntáiste ann duit féin go pearsanta as a bheith páirteach sa taighde seo. Beidh tú ag cur áfach, leis an tuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an tumoideachas i scoileanna Gaeltachta. D'fhéadfadh an tuiscint sin cabhrú le cleachtais i scoileanna eile sa todhchaí.Déanfaidh mise an t-agallamh leat. Déanfar taifeadadh fuaime ar an agallamh ionas gur féidir liom é a thrascríobh agus anailís a dhéanamh air ina dhiaidh. Ní roinnfear an cód fuaime nó nótaí agallaimh le duine ar bith eile.

Bainfear úsáid as samplaí ó na hagallaimh i dtuairisc dheireanach an taighde ach cosnófar do chuid príobháideachais i gcónaí. Ní fhoilseofar d'ainm agus ní inseofar é do dhuine ar bith eile. Coinneofar an t-eolas go léir a bhailítear faoi ghlas i gColáiste Phádraig go dtí 2015 agus scriosfar ina dhiaidh sin é. Geallaim duit nach mbainfear úsáid as an ábhar i dtaighde neamhghaolmhar amach anseo gan do chead a lorg roimh ré.

Faoi mar is eol duit tá rannpháirtíocht sa staidéar seo deonach agus tá cead agat tarraingt siar am ar bith. Má ghlacann tú páirt sa staidéar is féidir leat a shocrú gan ceisteanna áirithe a fhreagairt muna dteastaíonn uait. Má shocraíonn tú gan páirt a ghlacadh ann tuigfidh mé é sin má tá tú sásta a bheith páirteach ann caithfidh tú cead scríofa a thabhairt ar dtús.

Ná bíodh leisce ort ceist ar bith a chur orm nó aon ábhar imní atá ort a phlé liom. Is féidir teacht orm ag na sonraí teagmhála thíos. Má theastaíonn uait labhairt le duine neamhspleách faoi is féidir leat dul i dteagmháil le Sharon King, Rúnaí, Coiste an Choláiste um Eitic Taighde, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Le dea-ghuí agus beannachtaí,

_____

Conchúr Ó Brolcháin
conchur.obrolchain@spd.dcu.ie

Aguisín E: Ráitéas sa Ghnáthchaint (M)

Go mbeannaí Dia duit a Chara,

Is mac léinn i gColáiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath mé. Tá taighde ar siúl agam faoi láthair mar chuid de chéim PhD. Is í príomhaidhm an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na cleachtais éagsúla luath-thumoideachais agus oideachais tríd an teanga dhúchais atá i bhfeidhm i mbunscoileanna na Gaeltachta. Is ag díriú ar straitéisí múinteoireachta, ar bhainistíocht scoile agus ar ghnéithe sochtheangeolaíochta de na modhanna oideachais seo atá mé.

Tá mé ag lorg cúnaimh maidir leis an taighde seo a chur i gcrích agus iarraim ort an cháipéis seo a léamh agus ceist ar bith a bhíonn agat a chur orm sula dtoilíonn tú páirt a ghlacadh ann. Má shocraíonn tú a bheith páirteach sa taighde iarrfaidh mé ort labhairt faoi do thaithí mar mhúinteoir i scoil Ghaeltachta agus faoin luath-thumoideachas go h-áirithe. Eagrófar an comhrá seo in áit agus ag am a oireann duit féin. Níorbh chóir go mairfeadh sé níos mó ná 30 nóiméad.

Níl aon bhuntáiste ann duit féin go pearsanta as a bheith páirteach sa taighde seo. Beidh tú ag cur áfach, leis an tuiscint ar an gcaoi a bhfeidhmíonn an luath-thumoideachas i scoileanna Gaeltachta. D'fhéadfadh an tuiscint sin cabhrú le cleachtais i scoileanna eile sa todhchaí.

Ba mhaith liom breathnóireacht a dhéanamh ort ag múineadh agus agallamh a chur ort. Déanfaidh mise an t-agallamh leat. Déanfar taifeadadh fuaime ar an agallamh ionas gur féidir liom é a thrascríobh agus anailís a dhéanamh air ina dhiaidh agus glacfaidh mé nótaí le linn na BreathnóireachtaNí roinnfear an cód fuaime nó nótaí agallaimh le duine ar bith eile.

Bainfear úsáid as samplaí ó na hagallaimh i dtuairisc dheireanach an taighde ach cosnófar do chuid príobháideachais i gcónaí. Ní fhoilseofar d'ainm agus ní inseofar é do dhuine ar bith eile. Coinneofar an t-eolas go léir a bhailítear faoi ghlas i gColáiste Phádraig go dtí 2015 agus scriosfar ina dhiaidh sin é. Geallaim duit nach mbainfear úsáid as an ábhar i dtaighde neamhghaolmhar amach anseo gan do chead a lorg roimh ré.

Faoi mar is eol duit tá rannpháirtíocht sa staidéar seo deonach agus tá cead agat tarraingt siar am ar bith. Má ghlacann tú páirt sa staidéar is féidir leat a shocrú gan ceisteanna áirithe a fhreagairt muna dteastaíonn uait. Má shocraíonn tú gan páirt a ghlacadh ann tuigfidh mé é sin má tá tú sásta a bheith páirteach ann caithfidh tú cead scríofa a thabhairt ar dtús.

Ná bíodh leisce ort ceist ar bith a chur orm nó aon ábhar imní atá ort a phlé liom. Is féidir teacht orm ag na sonraí teagmhála thíos. Má theastaíonn uait labhairt le duine neamhspleách faoi is féidir leat dul i dteagmháil le Sharon King, Rúnaí, Coiste an Choláiste um Eitic Taighde, Coláiste Phádraig, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9.

Le dea-ghuí agus beannachtaí,

_____

Conchúr Ó Brolcháin

Aguisín F: Ceisteanna Samplacha (APO&AM)

Baineann na ceisteanna ar fad leis an luath-thumoideachas-sé sin go bhfuil muid ag caint go príomha faoi na ranganna naíonáin.

1. Cén tuiscint atá agatsa ar an tumoideachas?
2. Cá bhfuair tú an tuiscint sin?
3. An bhfuil polasaí tumoideachais sa scoil seo?
4. Cén fáth ar shocraigh sibh polasaí luath-thumoideachais a chur i bhfeidhm?
5. An bhfuair sibh comhairle nó aon chúnamh maidir le polasaí luath-thumoideachais a chur i bhfeidhm?
6. Céard a chiallaíonn an polasaí sin duitse mar mhúinteoir/phríomhoide?
7. Céard iad na buntáistí a bhaineann le polasaí luath-thumoideachais?
8. An mbíonn aon deacrachtaí maidir le cur i bhfeidhm pholasaí tumoideachais?
9. Céard é an rud is dúshlánaí maidir le polasaithe tumoideachais a chur i bhfeidhm?
10. An mbíonn tacaíocht don tumoideachas sa scoil seo ó thuismitheoirí, ó chigirí, ó mhúinteoirí eile srl?
11. An bhfuil straitéisí ar leith agat chun an tumoideachas iomlán a chur i bhfeidhm?
12. Dá mba rud é go raibh scoil eile sa Ghaeltacht ag iarraidh polasaí luath-thumoideachais a chur i bhfeidhm, cén comhairle a bheadh agat dóibh?
13. An bhfuil aon rud atá ag teastáil sa chóras oideachais chun cabhrú le scoileanna tumoideachas iomlán gaelach a chur i bhfeidhm ?

Aguisín G: Agallamh Samplach 1

Réamh-Agallamh Neamhstruchtúrtha Samplach le hIar-phríomhoide Gaeltachta

CÓB: Inis dom faoin tumoideachas sa scoil ina bhfuil tú ag múineadh.

PO: Bhí polasasí luath-thumoideachais ar siúl agam sa scoil ina raibh mé mar phríomhoide ach níl sé ar siúl sa scoil ina bhfuil mé anois. Níl a fhios agam cén chaoi ar láimhseáil mé an luath-thumoideachas le gach páiste sa scoil sa seomra ranga céannaNíl polasaí luath-thumoideachais ar siúl sa scoil ina bhfuil sí faoi láthair mar gheall ar easpa treoracha ón Roinn. Níl an roinn cinnte faoi agus athraíonn siad a bport go minic.Rinne Muireann Ní Mhóráin ó COGG fiosrú mar gheall ar an luath-thumoideachas agus eisíodh ciorclán 0044 ina mbeadh cead ag scoileanna múineadh an Bhéarla a chur siar go dtí an téarma deireanach sna naíonáin mhóra. Tháinig sé amach mar gheall ar ghaelscoileanna ach go mbaineann sé le scoileanna na Gaeltachta. Tá an Ghaeltacht difriúil ach muid ag leanacht treoracha maidir le gaelscoileanna.

CÓB: Agus céard atá ar siúl sna scoileanna thart anseo maidir leis an tumoideachas?

PO: Tharla sé ag an am go raibh tuismitheoirí ag fiosrú maidir leis na polasaithe a bhí ag scoileanna don Ghaeilge agus don Bhéarla agus i ndáiríre ní raibh cliú ag nascoileanna céard a bhí ar siúl acu. Bhí ar na scoileanna suigh síos agus a bpolasaithe a oibriú amach agus iad a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do chigirí na roinne. Ba ansin a thosaigh an plé mór seo faoi áit an Bhéarla sna naíonáin. Ansin d'eagraigh Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta cruinnithe ar fud na tíre agus cé nach raibh siad pacáilte le daoine bhí daoine ó na ceantair is láidre Gaeltachta ann. An rud a míníodh ansin ná go raibh cead tugtha ag Harold Heaslop, príomhchigire na roinne, an Béarla a fhágáil go dtí deireadh na naíonán mór ach go mbeadh sé faomhaithe ag an mbord bainistíochta i ngach rang. Ba é an rud a bhí ar siúl ag an Roinn Oideachais ná an fhreagracht ar fad a chur ar ghuaillí na mbord seachas ar an Roinn Oideachais iad féin.

CÓB: Céard é an phríomhghné den Tumoideachas?

PO: Nuair a bhí mé óg ní raibh aon fhonaic ar chor ar bith, phioc muid suas an teanga go nádúrtha. Ní raibh gá cúrsa fonaic a dhéanamh agus cinnte sa lá atá inniu ann níl aon ghá díriú ar chúrsaí fonaic sa Bhéarla cosúil le Jollyphonics nó Letterland. An chaoi go bhfuil rudaí imithe faoi láthair ná go bhfuil gach scoil ag déanamh a rud féin, jollyphonics, letterland, Muintearas nó an Ceann ón Tuaisceart.Tá Bun go Barr ar siúl ag go leor múinteoirí cé nach bhfuil sé deartha do pháistí na Gaeltachta, tá sé le haghaidh foghlaimeoirí na Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ach tá sé chomh tarraingteach agus chomh dathúil agus tá an teicneolaíocht a bhaineann leis chomh áisiúil go bhfuil sé éasca ar mhúinteoirí an rud a chrochadh ar an CBI agus an ceacht Gaeilge a mhúineadh gan aird a bhith a thabhairt ar an gceist "an bhfuil sé feiliúnach don rang?". I mo scoil féin bhí 'juggling' ar siúl maidir leis an luath-thumoideachas iomlán. Bhí an oiread sin páistí le riachtanaisí difriúla. Tá Séideán Sí go maith ach deacair láimhseáil go háirithe má tá rang mór agat. Tá caighdeáin éagsúla agus go leor leabhar le clúdú agus le bainistiú. B'fhéidir go bhfuil pacáistí eile cosúil le Bun go Barr níos éasca agus mar sin déantar é. Ba cheart go mbeadh seimineár eile chun daoine a chur ar an eolas maidir le fónaic mar chaithfidh tú daoine a thabhairt leat seachas a bheith ag iarraidh rud a bhrúigh orthu.

Aguisín H: Agallamh Samplach 2

ŔéamhAgallamh Neahstruchtúrtha Samplach le Príomhoide Reatha Gaeltachta

CÓB: Inis dom faoin Tumoideachas anseo.

PO: Bhuel bhí muid díreach ag caint faoin tumoideachas ag cruinniú fóirne inné agus ag iarraidh fonaic na Gaeilge a shocrú. Tá cúpla scéim ann, Muintearas agus an ceann ón tuaisceart atá go maith. Tá an ceann tuaisceartach beagáinín acadúil áfach. Tá sé an-mhaith ach cosúil le gach rud eile ar domhan tá na pacáistí Béarla i bhfad níos tarraingtí ná na cinn Ghaeilge. Tá Jollyphonics acu sa Bhéarla agus tá sé iontach, an-deas, leagtha amach go maith agus na acmhainní ar fad go h-álainn. Tá easpa teicneolaíochta sna pacáistí Gaeilge, tá CBI againn sa scoil seo agus tá géarghá a leithéid a fhorbairt sa Ghaeilge.Bhí mór-fhiosrú againn anuraidh agus rinne muid an-mhaith sa Ghaeilge, sa Mhata agus sa Bhéarla chomh maith leis na gnéithe eile den churaclam agus de saol na scoile rud a chiallaíonn domsa go bhfuil an tumoideachas ag oibriú go maith.

CÓB Agus céarg go díreach atá i gceist le polasaí tumoideachais dar leatsa?

PO: Tá páiste agamsa i scoil eile sa Ghaeltacht ina bhfuil siad ag rá go bhfuil an tumoideachas ar siúl acu ach níl an tumoideachas ar siúl agus tá mé tar éis mo pháiste féin a tharraingt amach as mar gheall ar sin. An rud atá ar siúl acu ná go bhfuil siad ag fágáil mhúineadh an Bhéarla go dtí rang na naíonán mór ach tá i bhfad níos mó i gceist leis an tumoieachas ná díreach Béarla a fhágail go dtí deireadh rang na naíonán mór. Caithfear díriú ar fhonaic na Gaeilge mar shampla. Tá fonaic thar a bheith tábhachtach agus caithfear na druileanna teanga sin a dhéanamh ionas go mbeidh na páistí in ann na scileanna litearthachta a úsáid nuair a thagann Béarla isteach ag pointe níos déanaí. Bhí díomá ormsa maidir le mo pháiste féin mar nach raibh an scoil ag cuir a dóthain béime ar na scileanna teanga, scríobh, peannaireacht, léamh, labhairt, fonaic agus gach rud eile. Ní raibh ach Séidéan Sí in úsáid acu agus cé go bhfuil Séideán Sí go maith ní leor é sin.

CÓB Cén fáth nach bhfuil an tumoideachas ar siúl i níos mó scoileanna?

PO: Tá eagla ar dhaoine faoin tumoideachas. Is míthuiscint é a théann siar na glúnta. Ní thuigeann tuismitheoirí nó cuid de na múinteoirí gur féidir an Béarla a fhágáil go dtí Rang 1 agus ta siad an-bhuartha nach mbeidh an caighdeán céanna acu agus a bheidh ag páistí eile ata ag déanamh Béarla. Agus tá an ceart ar fad acu, ní bheidh an caighdeán Béarla chomh h-ard i dtosach ach beidh sé níos fearr ag deireadh an phróisis tumoideachais. Caithfear an rud iomlán a dhíol i gceart agus gan é a bhrúigh ró-chrua ar dhaoine.

CÓB: Céard ar cheart dúinn a dhéanamh meas tú?

PO: Ba cheart dúinn comhlacht a fháil chun pacáiste eolais a chur le chéile chun rudaí bunúsacha a mhúineadh do thuismitheoirí. Tá go leor tuismitheoirí nach bhfuil mórán oideachais acu féin ach go bhfuil an-mheas acu ar oideachas anois agus iad ag iarraidh an rud is fearr dá bpáistí. Más féidir linn na tuismitheoirí a thabhairt linn, a rá leo go bhfuil an tumoideachas an-mhaith má choinníonn tú leis agus má dhéanann tú iarracht sa bhaile bheadh sé sin an-dearfach don Ghaeilge sa Ghaeltacht. Feiceann go leor tuismitheoirí go bhfuil buntáiste ag baint leis an nGaeilge agus le bheith dátheangach. Ach maidir leis an bpacáiste sin ba cheart ceann a chur le chéile ina mbeadh rannta, scéalta agus rudaí eile trí Ghaeilge curtha le chéile agus saor in aisce ionas go mbeidh tuismitheoirí in ann páirt níos lárnaí a ghlacadh in oideachas a bpáistí.

Bhí scéim phíolóiteach anuraidh inar chur muid tús leis na scrúdaithe caighdeánaithe sa Mhata, Bhéarla agus sa Gaeilge. Bhreathnaigh mise ar an scrúdú sa Gaeilge agus bhí mé ag ceapadh go mbeadh sé an deacair ar na páistí i rang 6 ach rinne siad an-jab ar fad. Bhí cuid

acu iontach agus rinne cuid eile níos fearr ná mar a bhí mé ag súil. Anois tá caighdeán ard Gaeilge sa scoil seo, níl mé díreach á rá toisc gur mise an príomhoide ach tá caighdeán an-ard sa scoil ach nuair a chonaic mé an scrúdú cheap mé go mbeadh sé ró-dheacair. Ba cheart go mbeadh na scrúdaithe caighdeánaithe á ndéanamh ar fud na tíre i ngach scoil. Ansin bheadh cothrom na féine don Ghaeilge agus do scoileanna Gaeltachta. Mar a sheasann sé faoi láthair caithfidh na scoileanna Gaeltachta tabhairt faoi na scrúdaithe sin agus tá siad faoi mhí-bhuntáiste, go háirithe má tá cúpla bliain den tumadh iomlán sa Ghaeilge déanta acu.
Tá mise cinnte go bhfuil páistí a fhaigheann a gcuid oideachais trí Ghaeilge ag déanamh i bhfad níos fearr ná páistí nach bhfuil, déanann sé forbairt mhór ar intinn an pháiste a bheith dátheanagch. Tá na torthaí mata sa scoil seo an-ard ar fad agus dar liomsa is mar gheall ar an nGaeilge é sin ach má thosaíonn tusa ag brú teanga ar dhaoine ní ghlacfaidh siad leis agus dúnfaidh tuismitheoirí síos go h-iomlán.
Tá gach scoil cosúil le gnó anois ina bhfuil muid ag iarraidh muid féin a dhíol agus uimhreacha a mhealladh chun na scoile. Má suím síos le tuismitheoirí páiste eicínt agus an rud ar fad a leagan amach dóibh, go mbeidh siad tumtha go h-iomlán sa Ghaeilge don chéad cúpla bliain, go dtosóidh siad ar an mBéarla foirmiúil i rang na naíonán mór agus nach mbeidh a torthaí caighdeánaithe sa Bhéarla ró mhaith sa rang sin nó i Rang 1 mar gheall ar seo, ach gur phróiséas atá ann agus faoin am go mbeidh na páistí críochnaithe le Rang 6 agus iad ag dul isteach sa mheánscoil beidh siad níos fearr ag an nGaeilge agus an Béarla agus fiú amháin sa mhata ná páistí nach bhfuair oideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Ansin beidh tuismitheoirí ag rá gur iontach an rud é an tumoideachas agus an t-oideachas trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
Mar feicim go bhfuil iomaíocht idir thuismitheoirí sa lá atá inniu ann. Is tuismitheoir mé féin agus samhlaidh dá mba rud é go raibh tú ag cóisir mór le go leor clanna ón gceantar tagaithe le chéile agus tá páiste amháin ó scoil X in ann leabhar Béarla a phiocadh suas agus é a léamh agus níl páiste Y in ann an rud céánna a dhéanamh, bhuel beidh tuismitheoir Y ag rá "Cén fáth nach bhfuil mo Johnny in ann an leabhar sin a léamh agus cén uair an mbeidh siad ag díriú ar an mBéarla sa diabhal scoil sin, nach bhfuil an Béarla an-tábhachtach?!"
Ní thuigeann tuismitheoirí gur phróiséas foghlama atá ann ina mbeidh a bpáistí níos fearr ná páistí eile má choinníonn siad leis an bpróiéas. Beidh siad thíos leis an mBéarla go luath sa phróiséas ach tiocfaidh feabhas orthu.

CÓB: Cén chaoi an ndéantar é sin sa scoil seo?

PO: Caithfidh tú a chur ina luí ar dhaoine go bhfuil siad sa Ghaeltacht agus go bhfuil an scoil ag feidhmiú mar scoil Ghaeltachta. Tá fadhbanna sna meánscoileanna mar tá Béarla á labhairt. Is fadhb iad na scrúdaithe caighdeánaithe mar chuireann sé an-bhrú ar phríomhoidí agus ar mhúinteoirí tús a chur le léitheoireacht sa Bhéarla. Tá fadhb scríbhneoireachta sa Ghaeltacht. Níl an caighdeán scríbhneoireachta ard. Tá droch-ghramadach ag go leor doaine agus ní litríonn daoine go maith. Níl aon ghramadach ar siúl agus níl béim ar chruinneas agus níl daoine ag díriú ar na scileanna teanga ar fad. Is mór an náire é sin.
Chomh maith le sin tá go leor míthuiscintí amuigh ansin maidir le múinteoirí. Tá múinteoirí Naíonán sna Gaeltachtaí is láidre ag déanamh Letterland *for God's sake*! Níl scéim fhonaic sa Ghaeilge in úsáid acu nó Jollyphonics fiú. Letterland, an gcreidfeá é sin?! Níl na múinteoirí ag iarraidh aon rud a athrú agus ní thuigeann siad an dochar a dhéanann úsáid Letterland i naíonáin bheaga. Tá siad breá sásta leanacht ar aghaidh ag déanamh an rud mícheart gan aon tuiscint acu faoina ról pearsanta féin i gcaomhnú na teanga nó faoin gcleachtas is fearr a úsáid lena gcuid páistí. Tá comórtas idir na scoileanna Gaeltachta anois chun uimhreacha a choinneáil. Tá Ruairí Quinn ag iarraidh na scoileanna Gaeltachta a dhúnadh síos chun airgead a shábháil ach déanfaidh sé seo dochar don Ghaeilge. Tá sé deacair díriú ar an tumoideachas agus ar an oideachas trí Ghaeilge má tá scoil mhór ann. Bhí taighde a déanadh i Sasana gur shábháíl siad na trilliúin punt as na scoileanna

beaga a dhúnadh, na trilliúin, ní na milliúin anois ach na trilliúin *so* tá an rud céanna ar siúl anseo. Cosúil le gach rud a dhéanann siad i Sasana tá muid dhá leanacht ach ní hé sin an rud ceart i gcónaí. Féach ar an méid páipéarachais atá le déanamh anois ag múinteoirí. Tá sé amaideach ach is nós Sasanach é sin.
B'fhéidir gur cheart dúinn scoil lán-Bhéarla a chur sa Ghaeltacht agus ansin ar a laghad bheadh cinneadh le tógáil ag an tuismitheoir, an bhfuil mise ag iarraidh mo pháistí achur go dtí scoil Ghaelach nó scoil Bhéarla??

Ach tá ábhar dóchais ann, tá caighdeán na Gaeilge níos fearr anois ná riamh. Tá meas ag daoine sa Ghaeilge agus tá go leor daoine ag iarraidh an teanga a bhrú chun cinn. Tá an-obair déanta ag TG4 mar go bhfeiceann siad go bhfuil an teanga amuigh ansin in áiteanna eile agus nach mbaineann sé leis an bpíosa beag seo de Dhún na nGall amháin. Tá sé sin tábhachtach ach tá go leor oibre le déanamh ag RnaG. Tá siad an sean-fhaiseanta ar fad agus níl suim dá laghad ag na páistí ann.
Bhí seisiúin eolais eagraithe ag COGG a bhí iontach maith ach chuir corr dhuine isteach ar an rud mar gheall ar a meon féin. Tar éis an chruinniú sheas fear amháin suas agus dúirt sé "anois gach duine, caithfidh sibh an tumoideachas a chur i bhfeidhm" agus ba rud uafásach é sin. Ní féidir rudaí a bhrúigh ar dhaoine agus a rá leo go gcaithfidh siad rudaí a dhéanamh nó ní dhéánfaidh siad é. Luadh an focal *apartheid* ansin nuair nach raibh na múinteoirí eile sásta glacadh leis an méid a dúirt an fear a sheas suas. Dúirt múinteoir go gcithfidh tú Béarla a thabhairt do phaistí agus nár cheart aon Ghaeilge a bhrú ar pháiste gurb é an Béarla a chéad theanga. Anois an freagra a bheadh agamsa ná cinnte tá sé deacair ar pháiste ag teachta isteach sa scoil gan aon Ghaeilge má ta an tumoideachas ar siúl agus is feidir an páiste a thabhairt leat agus a bheith dearfach i leith na Gaeilge ag an am céanna. Cinnte beidh páistí ann atá níos fearr ag an nGaeilge agus go mbeidh gá díriú isteach ar shaibhriú na teanga atá acu ach tá sé sin in-déanta.

Aguisín I: Agallamh Samplach 3

Sampla d'Agallamh Leath-struchtúrtha le Múinteoir Naíonáin (CS1)

CÓB: Cén tuiscint atá agatsa ar an tumoideachas mar choincheap?

M1: An tumoideachas mar choincheap, tchím gur oideachas trí mheán na Gaeilge atá ann...ah...creidim go bhfuil sé tábhachtach díriu isteach ar an gcaighdeán Gaeilge sa scoil.

CÓB: Agus cén chaoi ar thóg sibh an cinneadh an tumoideachas s chur i bhfeidhm anseo?

M1: Bheul sílim gur toisc gur cheantar gaeltachta ata ann agus..em.. bhí sé deacair b'fhéidir ó thaobh na fonaic de go raibh muid b'fhéidir ag díriú isteach ar fonaic an bhéarla anseo sa scoil agus gur mheas muid go raibh sé in am díriú go hiomlán ar an nGaeilge agus bhí tuismitheoirí ag iarraidh é seo fosta, agus thosaigh muid air

CÓB: Ar labhair sibh leis na tuismitheoirí faoi sular chuir sibh tús leis an tumoideachas nó ar thóg sibh an cinneadh é a chur i bhfeidhm sibh féin

M1: Rinneadh cinneadh mar foireann scoile agus leis an mbord bainistíochta agus ansin tugadh na tuismitheoirí isteach agus mhínigh muid daoifa go raibh sé seo le goil ar aghaidh ón mbliain 2012, go mbeadh an tumoideachas le bheith i bhfeidhm sa scoil agus bhí siad breá sásta glacadh le sin.

CÓB An aontaíonn tú leis an tumoideachas mar chur chuige?

M1: tchím go n-oibríonn sé, tá difir mór le feiceáil anois, fiú le cúpla seachtain sa rang anois mar tá sé go huile is go hiomlán trí ghaeilge anseo sa scoil, tá achan rud déanta trí Ghaeilge sa scoil agus tá difir mór le feiceáil go speisialta sna naíonáin bheaga, tá siad uilig ag déanamh iarrachta an Ghaeilge a labhairt liom, b'fhéidir blianta eile bheadh sé deireadh naíonán bheaga sula mbeadh cuid de na páistí ag caint as Gaeilge.

CÓB: Tarlaíonn sé níos scioptha?

M1: I bhfad níos gasta.

CÓB Má oibríonn sé mar sin, meas tú cén fáth nach bhfuil sé ar siúl i níos mó scoileanna mar sin?

M1: Sin ceist mhaith, níla fhios agam, sílim gur dearcadh atá ann ag cuid mhór scoilteacha agus b'fhéidir cuid mhór tuismitheoirí nach mbeidh an caighdeán Béarla go maith ag na páistí ag fágáil na scoile agus déarfainn go bhfuil eagla ar chuid de na scoileanna sin glacadh agus dul ar aghaidh leis an tumoideachas'Sea agus an bhfuil a fhios agat an chaoi go bhfuil gaelscoileanna ann agus tá na tuismitheoirí sna gaelscoileanna difriúil, cén fáth nach bhfuil muintir na gaeltachta mar sin?

CÓB: Tá difríocht idir scoil Ghaeltachta agus Ghaelscoil?

M1: Sílim i na nGaelscoileanna tá na tuismitheoirí ag cur na páistí sna scoileanna chun an ghaeilge a fhoghlaim, tá na tusmitheoirí tiománta don ghaeilge don chuid is mó agus b'féidir nach bhfuil na páistí ag fáil na gaeilge sa bhaile freisin agus b'fhéidir nach bhfuil eagla orthu maidir leis an gcaigheán béarla ag deireadh na scoile agus iad ag fágáil na scoile, go mbeidh an caighdeán ard béarla acu.

CÓB: Cén uair an mbeidh sibh ag cur tús le Béarla mar sin?

M1: An dara téarma. Bheidh sé ar siúl ón dara téarma ar aghaidh.

CÓB: An mbeidh gach páiste sa rang don rang Béarla?

M1: Bheul faoi láthair an plean atá againn ná, go bhfuil múinteoir tacaíocht foghlama againn agus beidh sí ag tógáil na naíonán mhóra amach as an rang agus beidh sí ag déanamh an Béarla leofa agus chomh maith le sin tá cúntóir teanga againn anseo agus beidh sise in ann na naíonain bheaga a thógáil amach as an rang agus ceachtanna gaeilge a dhéanamh leo nuair atá mise ag déanamh Béarla leo sa seomra ranga.

CÓB: Luaigh tú pointe liom amuigh sa chlós, go mbfhéidir go mbeidh rang a haon agat an bhliain seo chugainn, céard a dhéanamh tú ansin meas tú má bhíonn ort tosú ar ais ar an mBéarla tar éis na Nollag agus Rang a haon, naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra istigh sa seomra ranga céanna agat?

M1: Bheul beidh mé in ann díriú isteach ar an nGaeilge go dtí a 2 a chlog agus ansin nauir a théann na naíonáin bheaga abhaile beidh uair bhreise agam ansin ina mbeidh mé in ann an Béarla a dhéanamh.

CÓB: An dtacaíonn na cigirí leis an gcinneadh?

M1: Bhí an cigire i dteagmháil agus tá sí ar an eolas go bhfuil an tumoideachas ag goil ar aghaidh agus faoi agus tá sí go mór i bhfábhar an pholasaí.

CÓB: Tá sí sásta leis an gcinneadh.

M1: Tá

CÓB: Maidir leis na fonaicií, tá sé spéisiúil tá sé spéisiúil dhear tú féin cineál scéim fonaic nar dhear, inis dom beagáinín faoi sin.

M1: Le cúpla bliain anuas bhí mé ag obair le jollyphonics agus shíl mé gur chóras iontach maith a bhí ann, córas ilchéadfach atá ann, úsáidtear cuid mhór na céadfaí ar fad agus tá siad ag éisteacht agus ag labhairt, ar nós na ngníomhaíochtaí agus tá siad ag amharc agus ag éisteachta agus mheas mé gur chóras iontach maith a bhí ann, agus ansin chuir mé féin cineál scéim le chéile, bunaithe ar na jollyphonics, ach curtha in oiriúint do scoileanna Gaeilge a chur air, agus thosaigh mé ag úsáid cuid mhór áiseanna difriúla, póstarirí agus scéaltaí agus mar sin ach ag díriú isteach ar an gcóras

CÓB: Céard go díreach a chiallaíonn polasaí Tumoideachais duitse?

M1: Bhuel, ‘séard atá i gceist leis ná nach múineann tú aon Bhéarla sna ranganna naíonáin mar a bheadh ar siúl i neart Gaelscoileanna. Bhí an nós sin i bhfeidhm i gceann de na gaelscoileanna ina raibh mé féin ag obair ann, sa tuaisceart (Tuaiceart na hÉireann). Bhí siad an-láidir ansin mar gheall ar an mBéarla a choimead amach ó na naíonáin agus a bheith an-dáiríre faoi riail na Gaeilge. Tá Gaeilge dhifriúil acu (canúint, blas srl) ach oibríonn an tumoideachas mar go bhfuil buy in ó gach duine sa scoil, múinteoirí, tuismitheoirí gach duine agus tuigeann na páistí nach bhfuil cead Béarla a úsáid.

Aguisín J: Agallamh Samplach 4

Sampla d'Agallamh Leath-struchtúrtha le Príomhoide. (CS4)

CÓB: Inis dom faoin Tumoideachas sa Scoil seo.

PO: Tá muid ar fad ag iarraidh uimhreacha a choinneáil agus a fháil amach anseo agus ar bhealach tá muid in iomaíocht le chéile. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh tú a abheith an-chúramach ag plé le tuismitheoirí agus gan an chantail a chur orthu. Labhair mise le cuid acu mar gheall ar an iompar teanga agus an chaoi go raibh orthu tuilleadh iarrachta a dhéanamh sa mbaile ach d'fheicfeá pus ag teacht orthu agus iad gan a bheith ró-shásta go bhfuil a leithéid á rá agat leo. Dá mbeadh polasaí aontaithe amháin ag na scoileanna Gaeltachta uilig bheadh sé níos éasca mar go mbíonn tú ag breathnú thar do ghualainn ag polasaithe na scoileanna eile gan a bheith ag iarraidh go mbeadh páistí ag imeacht uait go dtí scoil eile.

CÓB: An bhfuil gá leis an Tumoideachas sa Ghaeltacht?

PO: *Like* níl ach 1,000 cainteoirí dúchais Gaeilge fágtha sa tír seo ag aois bhunscoile agus níl muid ag freastal ar na cainteoirí sin in aon chor. Ní fiú tada a bheith ag caint faoin straiteis 20 bliain (don Ghaeilge) nó aon phlean náisiúnta eile muna bhfuil na scoileanna Gaeltachta ag freastal ar na cainteoirí dúchais agus faoi láthair níl sé sin ar siúl. *Like* níl sé ag tarlú sa scoil seo agus cuireann sé strus orm mar tá a fhios agam go mbím ag freastal ar na foghlaimeoirí Gaeilge ach nach bhfuil sé féaráilte ar na cainteoirí dúchais ach níl aon mhúinteoir tacaíochta teanga againn anseo. Tá múinteoir amháin tacaíochta againn a roinneann muid le scoil eile síos an bóthar ach díríonn an múinteoir sin ar mhúineadh an Bhéarla amháin. Tá cara liomsa ag múineadh i ngaelscoil i mBaile Átha Cliath agus tá an múinteoir sin atá acu curtha sna ranganna naíonán le labhairt leo as Gaeilge chun caighdeán na bpáistí sa Ghaeilge a thabhairt suas go leibhéal sách ard. Ba bhreá liomsa dá mbeadh múinteoir mar sin anseo agus go mbeadh muid in ann tuilleadh ama a chaitheamh le saibhriú na teanga dúchais atá ag na cainteoirí dúchais Gaeilge.

CÓB: Céard iad na dúshláin is mó maidir le polasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm?

PO: Tá easpa foirne agus tá mé ag strachailt i ndáiríre maidir leis an meascán cainteoirí. Tóg an ceacht seo a rinne me inné mar shampla (leabhar an mhúinteora lch 159). Tá an scéim Séideán Sí go hiontach ar fad ach tá cuid den teanga ann ró-chasta do na foghlaimeoirí sa rang. Ní thuigfeadh ach duine amháin as seachtar i rang na naíonán mór an abairt seo mar shampla: ba dheas liom peata a bheith agam. Thuigfeadh an cainteoir dúchais é *alright* ach an rud a bheadh níos éasca do na foghlaimeoirí ná "ba mhaith liom peata", ba mhaith liom madra, ba mhaith liom cat, ba mhaith liom. Tá an teanga simplí sin á múineadh agam seachas an teanga nádúrtha na háite mar gheall ar na foghlaimeoirí. Féach anseo tá abairt álainn "bhailigh sé suas a bhalcaisí". Ní thuigfeadh na foghlaimeoirí an focal sin balcaisí agus bíonn orm é a shimpliú dóibh ach tá sé sin i bhfad ró-éasca ansin do na cainteoir dúchais.

CÓB: An bhfuil aon dúshláin eile seachas na cinn atá luaite?

PO: Tá easpa ama i gceist leis an rud chomh maith agus is ar éigeann go mbím in ann Béarla, Gaeilge agus Mata chomh maith le beagáinín den Teagasc Críostaí a dhéanamh i

gcaitheamh an lae. Tá sé chomh dúshlánach an trí rang ar fad a laimhseáil agus i ndáiríre ní cheart go mbeadh Rang 1 sa seomra céanna. Ba cheart really go mbeadh na naíonáin ar fad le chéile mar ta siad an-óg agus bheadh difríocht mhór chumais idir an duine is óige sna naíonáin bheaga agus an duine is sine i Rang 1. Dá mbeadh na Naíonáin ar fad le chéile bheinn in ann díriú níos mó ar an spraoi struchtúrtha mar atá molta sa scéim Aistear. Bhí mé ag cúrsa Aistear i rith an tSamhraidh agus ta siad ag ra gur cheart uair iomlán a chloig a chaitheamh ar an spraoi gach uile lá. *Sure* ní fhéadfá é sin a dhéanamh sa rang seo leis an nglór agus iad imithe fiáin. Agus fohghlaimíonn na gasúir go leor ón spraoi mar go míúineann tú an teanga dóibh agus úsáideann siad an teanga sin chun cluichí a imirt le chéile, bhí dochtúir agus banaltra ann mar shampla agus bhí receptionist ag an dorad agus bhí na hothair ag teacht isteach le fadhbanna éagsúla, pianta ina gcloigne, pianta ina mbolga rudaí den tsórt sin agus bhíodh siad ag cumarsaidiú le chéile ag aisteoireacht agus ag úsáid a gcuid samhlaíochta chun an cluiche a dhéanamh agus bhí cuma iontach ar an rud agus thaithin sé go mór liom ach mar a deirim no way go bhféadfainn rud mar sin a dhéanamh anseo seo le trí rang le chéile in aon sheomra amháin agus meascán mór milteach cumais maidir le príomhtheanga na scoile a bheith ag na gasúir.

CÓB: Céard faoi mhúineadh an Bhéarla?

PO: B'fhéidir dá bhféadfá múineadh an Bhéarla a chur siar níos mó go bhféadfaí díriú ar an nGaeilge níós mó agus bunús níos láidre a thabhairt dóibh sa teanga sin. Nuair a chiathfidh tú tús a chur leis an mBéarla ró-luath níl sé go maith doibh mar nach bhfuil an Ghaeilge sealbhaithe acu i gceart agus cuireann sé isteach ar an bhfoghlaim. Chomh maith le sin dá mbeadh muid in ann an dá dhream a roinnt bheadh sé sin go hiontach-am a chaitheamh leis na cainteoirí dúchais, obair a dhéanamh leis na foghlaimeoirí iad a tharraint suas chun caighdeán níos fearr ionas go mbeadh siad in ann feidhmiú sa scoil tríd an nGaeilge. Ba bhreá liom díriú ar Ghaeilge nádúrtha an cheatair a fhorbairt leis na cainteoirí dúchais, trí rannta, amhráin, dánta, scéalta agus an saibhreas iontach áitiúil sin ata acu a fhorbairt. *Like* tá lad amháin thall ansin agus é tógtha le Gaeilge ach go leor Béarl atgaithe istreach ina chuid cainte mar gheall ar am]n meid ama a chaitheann sé i measc na mbéarlóirí, rudaí ar nós *"look at me, I am flying"* á rá aige agus an Ghaeilge aige len é sin a rá ina dteanga dhúchais féin ach gan é á dhéanamh. Tá an córas lochtach agus braithim go mbíonn sé an-chrua mar bíonn tú ag iarraidh an rud ceart a dhéanamh ach ligeann tú síos dream amháin i gcónaí.

Aguisín K: Sceideal Samplach (CS2)

1. Eolas Ginearálta faoin Scoil

Scoil	**Contae**	**Catagóir**	**Deis?**
Scoil Bhríd	Gaillimh	A	Tá

Sonraí Teagmhála	**Príomhoide**	**Múinteoir Naíonán**	
Ainm:	XXXXXX	XXXXXX	
Guthán:	XXXXXX	XXXXXX	
Ríomhphost:	XXXXXX	XXXXXX	
Nótaí Eile:	XXXXXX	XXXXXX	

Dátaí sa scoil: Ón 8.10.12 go dtí an 12.10.2012

Cur síos ar an Scoil

Tá an scoil suite amuigh faoin tuath i gceantar iargualta. Níl aon fhoirngneamh in aice léi agus tagann formhór na bpáistí ar scoil ar shiúl nó i gcarr. Tá na páistí cairdiúil agus labhraíonn siad Gaeilge eatarthu féin sa chlós. Tá duine nó beirt sa scoil nach raibh mórán Gaeilge acu ag teacht ar scoil ach tumtar sa Ghaeilge iad agus labhraítear Gaeilge leo den chuid is mó. Tá ag éirigh go maith leo an teanga a shealbhú. Tá beirt mhúinteoirí ranga sa scoil le rang naíonán sóisir suas go stí rang 2 in aon seomra amháin agus rang 3 suas go dtí rang 6 sa seomra eile. Tagann daoine isteach sna ranganna ag cabhrú leis an múinteoir. Tá SNA fostaithe do pháiste amháin le fadhbanna foghlama, cainte agus fisiciúla agus múinteoir tacaíochta atá roinnte le scoileanna eile sa cheantar. Is scoil an-ghaelach i gceantar an-ghaelach í seo ina bhfuil formhór na bpáistí ina gcainteoirí dúchais sa Gaeilge. Dar leis an bpríomhoide tá páistí na scoile an-bhog agus séimh agus deas. Níl siad cosúil le páistí ó cheantair éagsúla thar timpeall orthu (Camus agus Ros Muc luaite!).

An Príomhoide: Tá céim mháistreachta sa Ghaeilge agus an-spéis aici sa dátheangachas agus san oideachas trí Ghaeilge. D'oibrigh sí i ngaelscoil i mBaile Átha Cliath agus i scoil Bhéarla sa tSín.

Teanga na Scoile	
Labhairt/Éisteacht	Scríobh/Léamh
Gaeilge uilig a labhraítear sa scoil. Labhraíonn na páistí Gaeilge le chéile ar fud na scoile agus fiú má bhíonn deacrachtaí tuisceana ag páiste, ní iompraítear ar an mBéarla mar shoiléiriú. Tá togha na Gaeilge gaeltachta ag go leor tuismitheoirí agus nuair a bhí maidin charthanachta ar siúl Dé hAoine, ba í an Ghaeilge an teanga chumarsáide eatarthu ar fad. Bhí seachtar i láthair ag an ócáid sin agus Gaeilge á labhairt acu lena ngasúir níos óige nach raibh sa scoil fós. Tá sé deacair conclúid a dheimhniú tar éis na gcomhráití gearra a bhí agam leo ach feictear dom go ndéanann tuismitheoirí an-iarracht an Ghaeilge a chur chun cinn ina gclanna féin agus go bhfuil an teanga tábhachtacht dóibh. Tá caighdeán an-ard Gaeilge ag páistí na scoile. Cuirtear an-bhéim ar thábhacht na teanga agus labhraíonn siad Gaeilge le chéile fiú amháin nuair nach bhfuil múinteoirí nó daoine fásta eile thart. Chuala mé páistí ó na hard-ranganna ag labhairt Gaeilge le chéile amuigh sa chlós cúpla uair.	Téann nótaí abhaile i nGaeilge amháin. Tá comharthaí agus fógraí as Gaeilge sa scoil ach amháin cúpla póstaer carthanachta. Bhuaigh iar-scoláirí de chuid na scoile an comórtas “Stéibh” nuair a bhí siad I rang 6 cúpla bliain ó shin. Is comórtas mór le rá é seo ina mbíonn ar na gasúir amhrán Béárla a aistriú go Gaeilge, a thaifeadadh agus a sheoladh isteach chuig údaras an chomórtais. Fuair siad deis an t-amhrán a chanadh ar Raidió na Gaeltachta mar chuid den bhua sin.

2. Eolas faoin Rang

An Seomra Ranga
Na Páistí: Líon, Dul chun cinn, Cúlraí Teangeolaíochta, Buachaillí/Cailíní Labhraíonn na páistí Gaeilge le chéile ón am go dtagann siad isteach sa rang ar maidin go at an t-am a fhágann siad um thrathnóna. Dar leis an múinteoir ranga tá 4/11 páiste le Gaeilge amháin sa bhaile, 1/11 le polannais den chuid is mó sa bhaile agus an seisear eile le cúlraí meascaithe (Gaeilge agus Béarla) teangeolaíochta sa bhaile. Tá beirt sa rang ag fáil tacaíochta speisialta. Buachaill amháin le fadhbanna foghlama, cainte agus fisiciúla agus buachaill eile le huathachas.

Nótaí Breise Goirt: An rud is tábhachtaí le tuiscint ná gur phróiséas atá sa tumoideachas. Ní féidir a bheith ag súil go mbeidh scóranna arda ag na páistí sna scrúdaithe caighdeánaithe (MICRA nó Drumcondra) mar nach bhfuil an t-am caite acu ar an teanga ach tiocfaidh feabhas orthu agus faoin am go mbeidh siad sna hardranganna beidh siad chomh maith nó níos fearr ná páiste nár tumadh sa Ghaeilge ón gcéád lá. Déanann na páistí SIGMAs ard sa scoil seo chomh maith. Tá siad go breá in ann an mata a dhéanamh as Gaeilge ach tá ceist agam ort. Cén fáth nach mbíonn na scrúdaithe SIGMA sin dátheangach agus go mbeadh na gasúir in ann tarraingt ar an dá theanga atá acu? B'shin ceann de na moltaí a bhí agamsa nuair a cuireadh ceist orm ag ceann de na comhdháileacha oideachais seo. B'fhéidir nach bhfuil siad ag iarraidh go ndéanfaidh páistí dátheangacha níos fearr ná páistí aonteangacha!! Mar bheadh buntáiste breise ag an duine dátheangach. Tá buntáistí ag baint le bheith dátheangach! (Ag caint faoi Scrúdaithe Caighdeánaithe)

Teanga sa Rang	
Comórtais, nósanna, seifteanna	Tá comórtas iompair I bhfeidhm sa rang ach gan an bhéim iomlán a bheith ar an nGaeilge. Faighdeann na páistí réalt as dea-rudaí a dhéanamh sa rang agus bronntar duias don bhuachaill agus don chailín is fearr ag deireadh na seachtaine.
Póstaeir, Comhtharthaí	Aibítear an Bhéarla ar an mballa (Imp?)
Leabhair: sa leabharlann,ag na páistí	Tá meascán leabhar Gaeilge agus Béarla (Imp?) sa leabharlann ach le tromlach dóibh as Gaeilge.
Scéimeanna Gaeilge in úsáid	Séideán Sí agus an scéim fhonaic Muintearas
Scéimeanna eile: Mata, Eolaíocht srl	
Béarla sa Timpeallacht.	Bhí na Míonna mar phóstaer dátheangach. Labhair an príomhoide Béarla le tuismitheoir nó dhó agus bhí uirthi Béarla a labhairt
Nótaí eile	Bhí rudaí beaga i mBéarla-corr chomhartha ar an mballa, fógra slándala

An Sceideal Breathnóireachta

Lá: Dé Luain Dáta: 8.10.2012

Béim ar mhodhanna múinte, ar straitéisí bainistíochta, ar theanga an ranga agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí luath-thumoideachais iomláin

Am/ábhar	Gníomhaíochtaí an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí na bPáistí	Nótaí faoin Eachtra
9.20 Páistí ag teacht ar scoil	Riarachán ar siúl aici agus í ag plé le tuimitheoirí ag an doras agus ar an teileafón.	Ag Spaoi le LEGO	Gaeilge á labhairt acu. Tuismitheoirí ag teacht agus ag imeacht agus Gaeilge á labhairt acu.
9.40 Paidreacha	D'úsáid sí giotár chun ceol a chasadh do na paidreacha.	Chan na páistí an chéad phaidir ar maidin. Bhí ar pháiste amháin na véarsaí a chanadh agus tháinig an rang ar fad le chéile don churfá	Thosaigh sí leis an duine is óige sa rang chun tús a chur leis an bpaidir chanta. Dara duine is óige amárach srl.
9.45 Comhrá neamh-fhoirmiúil	Ceisteanna: Cén lá inniu? Inné? Amárach?	Freagraí tugtha ag páistí timpeall an ranga gan lámh a chur suas.	
9.50 Comhrá neamh-fhoirmiúil	Ceisteanna: Cén dáta atá againn inniu?	Freagraí tugtha ag páistí timpeall an ranga gan lámh a chur suas	Cheartaigh an múinteoir Gaeilge na bpáistí. Mar shampla dúirt páiste amháin "an ochtú" agus ceartaíodh é sin do "an t-ochtú".
	Cén mhí atá againn?	Ní raibh an freagra ag na páistí.	Chan an múinteoir amhrán faoi mhíonna na bliana agus tháinig na páistí isteach léi. Chuimhnigh siad ar na míonna ar an gcoi sin.
9.52 Comhrá neamh-fhoirmiúil	Ceisteanna: Cé mhéad lá atá fágtha sa mhí?	Rinne na páistí iarracht an cheist a fhreagairt ach níór éirigh le haon duine.	Rinne an múinteoir an tsuim ar an gclár bán. 31-8=23 23 lá fágtha sa mhí!
9.52 Scéalta na bpáistí	D'iarr an múinteoir ar an rang an raibh aon scéal ag aon duine.	Shiúil beirt suas chuig barr an ranga chun scéalta a scríobh siad féin a thaispeáint don mhúinteoir.	Thug sí an-mholadh don bheirt as an obair neamhspleách a rinne siad thar an deireadh seachtaine.
9.53	D'iarr an múinteoir ar an mbeirt a gcuid scéalta a léamh don rang.	Léigh an bheirt na scéalta a scríobh siad.	Ghríosaidh an múinteoir páistí an ranga chun moladh a thabhairt don bheirt. Tugadh bualadh bos dóibh agus moladh go hard iad.

9.55 Léitheoireacht Ghaeilge	Léigh an múinteoir an leabhar mór Luathríona. Rinne sí iarracht, trí cheistiú, na páistí a tharraingt isteach sa phróiséas. “Bhí sé sach maith aici a Dhaithí, nach raibh?!”	D’éist na páistí leis an scéal agus an-suim acu ann.	Bhí tasc cuimhne ag an múinteoir ina raibh ar na páistí an scéal a athinsint. Moladh tugtha go minic
10.01	Peil Ghaelach do rang naíonán sóisir-Rang 1 lasmuigh le traenalaí áitiúil le Gaeilge líofa.	Rinne na páistí na druileanna peile ag labhairt Gaeilge i gcónaí.	D’imigh rang 2 leis an múinteoir feabhais. Saibhriú teanga (Gaeilge) a bhí sa rang sin.
10.30	Peil Ghaelach do Rang 2, Rang 1 leis an múinteoir feabhais agus na naíonáin sa rnag leis an múinteoir.	Bhí na ranganna naíonán ag caint le chéile ag iarraidh scéál luathríona a chur le cheile arís agus é a athinsint arís don mhúinteoir.	Chuaigh an múinteoir timpeall ó bheirt go beirt ag cuartú an scéil uathu ina bhfocail féin.
10.32 Léitheoireacht Athinsint ranga Naíonáin amháin	Bhí an múinteoir suite ag barr an ranga ag tabhairt leideanna do na páistí chun an scéal a insint. An-bhéim curtha aici ar shaibhreas agus ar chruinneas.	Deireann na páistí an scéal amach mar rang. Bhí an-iarracht ar siúl acu an scéal a insint i gceart agus thuig siad go raibh an múinteoir ag súil le Gaeilge cheart chruinn.	Is tasc ranga seo ina bhfuil na páistí ag cabhrú le chéile an scéál a athinsint os ard sa rang.
10.33 Léitheoireacht Ceistiú faoin scéal	Ceistíonn na múinteoir na páistí faain scéal. Ar dtús bhí ceisteanna faoin scéal féin agus ansin lorg sí tuairimí faoi.	Dúirt na páistí na freagraí amach.	
10.35 Míniú ón Múinteoir	Labhraíonn an múinteoir faoi leagan amach scéalta ag déanamh tagairt don tús, lár agus deireadh.	Coinníonn na páistí orthu ag caint faoin scéal sa chomhthéacs seo. Céard a tharla ag an tús? Lár? Deireadh?	Is caint ghrúpa é seo. Tá 3 nó 4 páiste ag caint faoi threimhsí an scéil agus na heachtraí a tharla ann.
10.40 Scríbhneoir eacht	Téann an múinteoir thart ag líniú chóipleabhair na bpáistí. Ciorclaíonn an múinteoir an bord don rang ar fad de shíor ag ceistiú agus ag cuartú eolais faoin scéal	Páistí fós ag caint faoin scéal agus ag iarraidh an bhrí a chur le chéile arís.	Tá an leabhar mór fágtha i lár an bhoird ag an múinteoir
10.45 Scríbhneoir eacht 11.00	Múinteoir ag cabhrú le páistí aonaracha	Páistí ag scríobh amach tús, lár agus deireadh an scéil ina bhfocail féin	Neart cainte agus díospóireachta ar siúl ag na páistí agus iad ag caint. Gach rud trí Ghaeilge. Páistí Rang 1 agus 2 ar ais ón bPil Ghaelach

11.15 Sos Beag	Treoiríonn an múinteoir na páistí i mbun na bpaidreacha a chanadh	Páistí ag canadh na bpaidreacha	
11.20 Sos Beag	Le linn do na páistí a bheith ag ithe a lóin deireann an múinteoir na litriú	Bíonn aithris agus athrá i gceist leis na litriú.	Cuirtear liosta litriú Béarla agus Gaeilge abhaile ag tús na seachtaine
11.30 Mata **MPM**	Cruthanna. Ceistíonn an múinteoir na páistí mar gheall ar na cruthanna. Coirnéil, fad, leithead agus gnéithe eile den chruth.	Freagraíonn na páistí na ceisteanna	Dírítear ar chruth amhain gach lá. Bíonn ar na páistí na cruthanna a tharraingt agus crochtar ar an mballa iad.
11.45 Mata agus Léitheoireacht	Déanann an múinteoir léitheoireacht le páiste amháin go bhfuil deacrachtaí léitheoirecahta aici.	Leanann na páistí ar aghaidh leis an mata ag tarraingt agus ag dathú.	Tá gach páiste sa seomra (seachas an cailín atá i mbun léitheoireachta) ag díriú ar an tasc céanna sa mhata.
11.50 Mata Rang roinnte **OG** **OB**		Naíonáin ag obair le chéile. Páiste amháin ag tabhair treoracha do pháistí eile maidir leis na cruthanna. Rang 1 agus 2 ag an gclár bán idirghníomhach ag	Tascanna ón leabhar Mata Draíochta le déanamh ansin.
12.13 Mata **MPM**	Puzal ranga: Cé mhéad triantán ata sa phictiúr?	Páistí ag obair leo féin ag iarraidh méid na dtriantán a chomhaireamh.	
12.25	Obair ón gclár bán idirghníomhach	Tagann abairt aníos ar an scáileán agus caithfidh na páistí an abairt a rá	Tá sé ar fad as Gaeilge agus go leor cumarsáide trí Ghaeilge déanta ag na páistí le linn na treimhse.
12.30 Am Lóin			
1.10 Béarla	Mixed up sentences, teacher reading out sentences E.g: “ said I was I home going”	Iompaíonn na páistí ar ais ar an nGaeilge an-éasca. Ta sé nádúrtha dóibh a bheith ag cumarsáidiú trí Ghaeilge.	An-iarracht déanta ag an múinteoir na naíonáin a tharraingt isteach sa cheacht. ***Tá impleachtaí ag an gcleachats seo ar an Luath-thumoideachas iomlán***

Nóta faoin saibhriú teanga le linn na Léitheoireachta: Próiséas casta, cuimsitheach a bhí anseo. Léigh an múinteoir an scéal ar dtús. Ansin labhair na páistí le chéile faoin scéal ag iarraidh é a athinsint arís ina bhfocail féin i mbeirteanna. D’inis na páistí an scéal don mhúinteoir ansin mar ghrúpa. Tharraing siad 3 phictiúr faoin scéal agus bhí orthu abairt a scríobh faoi gach pictiúr. Bhí

neart ceistiú agus moladh ag teacht ón múinteoir agus ag an deireadh ar fad léigh na páistí an scéal ar ais don mhúinteoir mar ghrúpa agus ina n-aonar uaireanta. Deineadh obair fhoghraíochta agus litriú ansin ar an bhfoghar "ó". Scríobh an múinteoir an litir ar an gclár bán agus thosaigh plé faoin bhfuaim a dhéanann sé. Deineadh é seo, ag díriú ar na ranganna naíonán go speisialta, leis na focail bó, dó agus mó (cé nach focal gaelach é mó).

An Sceideal Breathnóireachta

Lá: Dé Máirt Dáta: 9.10.2012

Béim ar mhodhanna múinte, ar straitéisí bainistíochta, ar theanga an ranga agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí luath-thumoideachais iomláin

Nóta: Déanadh gach rud sa seomra as Gaeilge ach amháin aon uair atá "as Béarla" luaite in aice leis

Am/ábhar	**Gníomhaíochtaí an Mhúinteora**	**Gníomhaíochtaí na bPáistí**	**Nótaí faoin Eachtra**
9.30 Spraoi	Fhad agus a bhí ceartúcháin ar siúl ag an múinteoir bhí tuismitheoirí ag teacht isteach ag caint léi	Páistí ag spraoi agus ag labhairt le chéile as Gaeilge faoi.	Bhí páiste amháin ag plé leis an CBI agus litreacha á mbogadh thart lena méar
9.45 Fonaic neamh fhoirmiúil	BBBanana	Bhí míreanna mearaí ar siúl ag na naíonáin agus bhí an múinteoir ag iarraidh eolas faoi fhonaic a mhealladh uathu	
9.47 Glanadh suas			
9.49 Paidreacha	Roghnaíonn an múinteoir páiste bunuaithe ar a n-aois agus casann sí an giotár	4 phaidir ráite agus an bheirt is óige á gcanadh.	Amhránaíocht é seo ina dtosaíonn páiste amháin ag canadh agus freagraíonn na páistí eile iad le canadh.
9.50 Comhrá neamh fhoirmiúil	Cén lá atá againn inniu? Na naíonáin ceistithe aici agus amhrán úsaidthe leis an eolas a chur i gcuimhne.	Go leor athrá agus aithrise ó na páistí	Cuimhníonn siad ar na laethanta le cúnamh ón amhrán
9.51	Cén dáta? (mpm)	D'fhreagair Rang 2 an cheist seo le chéile	

9.55 Gaeilge	Léigh an múinteoir dán os ard agus neart ceistiú faoi (mpm)	Tasc éisteachta le réamhcheisteanna agus ceistiú iarchumarsáide	
9.56	Dialann na síóige léite os ard.		P: Sin *diary* ab ea?! M: 'Sea dialann as Gaeilge
10.00 10.06	Scéal léite An Luchapall Dá mba rud é go raibh tusa id' phrionsa, céard iad na rialacha a bheadh agat don tír? (m.p.m, o.b., o.g.)	Plé réamhchumarsáide ranga faoin ainmhí aisteach seo.	Scéal grinn, neart gáire agus sparaoi
10.15 Fónaic	Ceistiú an mhúinteora: Cén litir ata againn an tseachtain seo? (mpm)	Freagraíonn na páistí: Ó	
	Deireann O "O" ar nós…	Déanann na páistí aithris ar an méid a dheireann an múinteoir. An bhfuil sé seo ró-bhunúsach do rang 2?!	Liosta focal ráite ag an múinteoir: ordóg, otharcharr, oscailte, oráiste.
10.17	Páistí ag ceistiú faoin litir "O" faoi threoir an mhúinteora (p.mar.m)		Fuair na páistí go leor mícheart.
10.18	Feicimse le mo shúilín rud eicínt ag tosú le "O".	Obair bheirte. Beirt oscailte ar dtús agus beirt dúnta ansin.	
10.20	Tá an litir "U" an-chosúil le "O" chomh maith. Cúpla sampla tugtha. Cé mhéad focal atá sa bhfocal báisteach? Múinteoir ag siúl timpeall an bhoird naíonán, cúnamh ag teastáil uaidh beirt.	Léitheoireacht sa leabhra Séideán Sí bunaithe ar an litir "O" Rang1 agus 2 (o.b.) Samplaí tugtha: teach, sa, tá, is.	Rang Roinnte: Naíonáin ag obair ar an litir "O" agus Rang 1 agus 2 ag obair ar an bhfocal "Báisteach"

10.37 Mata	Cruthannaí. Ceistiú faoin méid atá foghlama go dtí seo. Chuaigh an múinteoir timpeall an bhoird naíonán ag ceistiú faoin gciorcal. Cé mhéad cúinne, taobh, raon?	Liostaigh na páistí na cruthanna a bhí ar eolas acu go dtí seo. Cearnóg, triantán, ubhchruth. Rang 1 agus 2 ag leanacht le hobair sa leabhar mata tar éis dóibh an bhean chiorcail a tharraingt. Naíonáin ag obair leis an múinteoir. Obair ghrúpa ar siúl, go leor cainte idir na páistí ar fad faoina gcuid oibre agus faoin gciorcal.	Gníomh mata na maidine: Bean chiorcail a tharraingt ag úsáid ciorcal amháin. Is téama seachtaine é seo ag díriú ar chruth amháin gach lá. Páiste as rang 2 ag cabhrú le páiste eile i naíonáin mhóra chun an bhean chiorclach a tharaing t agus a ghearradh amach.
10.47 Meascán	Tá an múinteoir fós ag cabhrú le páiste amháin lena cuid Gaeilge.	Páistí ag obair ar ghníomhaíochtaí éagsúla, mata, Gaeilge, Litriú, fonaic agus obair bhaile san áireamh.	
11 Sos beag			
11.27 An Aibítear	Múinteoir lena lámh ar an litir	Páistí á rá	Aibítear an Bhéarla A-Z
11.40 English Story about boats	Teacher reads story. Plenty of questioning at intervals during reading	Children quicker to give responses, seem to be more comfortable with speaking out loud in English. Repition and answering questions	Tradition of boating in Conamara, children very interested in the lesson. Plenty of stories about boats and boating told.
11.57 Ceol Comórtas Amhrán-aíochta 12.04	Plé ranga agus cleachtadh ar na hamhráin atá ar eolas acu. Focail de “Bean Pháidín” ar an CBI.	Páistí ag canadh agus ag caint Páistí ag canadh “Bean Pháidín” agus iad ag léamh na bhfocal.	Ullmhúcháin don chomórtas amhránaíochta i gConamara SCLÉIP. Pacáiste Fios Feasa
12.13 Táblaí	(O.A.)	R1+2=Cleachtadh ar na táblaí agus tasc ón leabhar oibre do na táblaí.	Rang roinnte Naoináin/R1+R2
Forbairt Foclóra	Múinteoir ag cabhrú leis na naíonáin (O.G.)	Naíonáin=Scrabble as Gaeilge	

12.33 Am Lóin	Am Lóin		

1.11 Peannaireacht	Múinteoir ag a bord féin ag ceartú obair na bpáistí	Peannaireacht ar siúl.	Tost iomlán
1.19	Múinteoir ag ceartú táblaí a rinne R1 agus R2	SNA ag tabhairt amach na fíorleabhair ón scéim Séideán Sí.	
1.31 Stair	An Bradán Feasa léite ag an múinteoir. Neart ceistiú (mpm) i rith an scéil.	Plé faoin scéal a rinne siad cheana. Ceisteanna a fhreagairt faoin scéal seo ó béal.	Iad ag oibriú le chéile chun scéal a chur le chéile arís
1.35 Stair Cú Chulainn	Iarracht déanta ag an Múinteoir an scéal Chú Chulainn a chur ar siúl ach Teip ar an teicneolaíocht	An scéal meallta ó na páistí, R2 den chuid is mó, mar gheall go raibh an fhuaim go dona.	
1.40	An scéal a mhealladh uathu	R2 ag freagairt den chuid is mó	An fhuaim an-lag, teip ar an teicneolaíocht agus deireadh curtha leis an scannán dá bharr.
1.42	Léann an múinteoir an scéal agus ceistíonn sí na páistí	Éisteacht	Ceist chujnh fócas a thabhairt do na páistí: “cén chaoi an bhfuair Setanta a ainm eile?”
1.44pm	2ara scéal faoi Setanta léite	Tasc do Naíonáin: Pictiúr a tharraingt faoin scéal. R1+r2: Pictiúr a tharraingt agus cúpla líne a scríobh	
1.55pm	Múinteoir ag siúl ó bhord go bord (na naíonáin amháin) ag ceistiú na bpáistí maidir leis an scéal a chuala siad.	R2: Ag léamh an scéil le cheile Naíonáin + R1: Fós ag tarraingt agus ag déanamh peannaireachta.	
2pm	Naíonáin imithe abhaile		Paidreacha, glanadh suas, slán ráite acu leis an múinteoir agus leis na páistí eile

An Sceideal Breathnóireachta

Lá: Dé Céadaoin Dáta: 10.10.2012

Béim ar mhodhanna múinte, ar straitéisí bainistíochta, ar theanga an ranga agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí luath-thumoideachais iomláin

Am/ábhar	Gníomhaíochtaí an Mhúinteora	Gníomhaíochtaí na bPáistí	Nótaí faoin Eachtra
9.25am	Ag éisteacht le scéalta ó na páistí.	Naí+R1: Saor-spraoi, marla. R2: mata as Béárla ar an cglár bán idirghníomhach.	Comórtas mata d'fhoirne éagsúla, an cluiche/comórtas as Béárla ach iad ag labhairt i nGaeilge.
9.37 Obair bhaile	An SNA ag breathnú ar obair bhaile na bpáistí agus ag labhairt leo i nGaeilge. Múinteoir ar a ríomhaire pearsanta	SNA ag déanamh focla leis na páistí. Dul siar ar litriú na seachtaine	
9.40	Glanadh suas agus paidreacha ar an gcaoi chéanna le h-inné	3ú duine is óige ag canadh na bpaidreacha	
9.50 Ceistiú faoin lá,mí srl.	Cén lá atá againn inniu? Inné? Amárach? Caithfidh na páistí griangraif a thabhairt isteach dóibh féin nuair a bhí siad an-óg (do thionscnamh amach anseo is dóigh)		
9.51 Litriú Mpm, plp	Deireann an múinteoir gach focal agus ceistíonn sí na p áistí futhú.	Athrá, aithris, freagairt ceisteanna, focasil a chur in abairtí. Deacracht ag cuid acu an focal a chur in abairt uaireanta.	Deir an múinteoir nach bhfuil cead ag na páistí tús a chur le habairt leis an bhfocal "tá" (mar gheall go ndearna gach duine roimhe sin é ain!)
9.55 Gaeilge Mpm	Dán as Gaeilge ráite ag an múinteoir agus plé ranga faoi.	Athrá ar an dán agus geaitsíocht curtha leis an dán	Réalt mar dhuais do na páistí más féidir leo an dán a rá iad féin.
10. Gaeilge	Mé féin, ainm, seoladh, sloinne	Páistí ag caint futhú féin don mhúinteoir	Caint faoi nósanna Chonamara ainm d'athar agus do sheanathar a úsáid mar shampla: Iarla Mhairtín Phetie.

10.01	Leideanna tugtha ag an múinteoir agus í ag caint fuithi féin.	Páistí ag caint go haonarach futhú féin	Iad drogallach é sin a dhéanamh mar gheall go raibh siad cuthailleach faoi.
10.06 10.10 10.25	Abairtí simplí a chruthú bunaithe ar an téama "mé féin". Tá mé anseo agus Léim mé mar shampla	R1: Litriú a scríobh ina gcóipleabhar. R2: Imithe leis an múinteoir acmhainne. R2 ag obair leo féin	Litriú a chur in abairtí R2 ag obair as a stuaim féin ar phuzail I Séideán Sí. "Tá mé gáire" seachas "Tá mé ag gáire" scríofa ag páiste R1 agus é ceartaithe ag an múinteoir ag rá go bhfuil an focal beag sin "an-tábhachtach"
10.29 Mata	An tUasal Cearnóg MPM uilig, ag ceistiú faoin gcruth "an chearnóg"	Freagairt, plé ranga, plé grúpa agus tascanna.	An tUasal Cearnóg a tharraingt amach ina gcóipleabhair.
10.33	Múinteoir ag ciorclú	R2 ag déanamh tomhasanna: Tá sé istigh ort, tá sé amuigh ort agus ní trom leat é. R1: Séideán Sí, leabhar oibre Naíonáin: Mata	
10.47 Mata (mioncheacht eile) 10.50	Níos mó ná, níos lú ná, cothrom le	Grúpaí éagsúla ag plé leis an gCBI. Samplaí de bhotúin P: Tá 7 níos mó *than* 5 M: Tá 7 níos mó *ná* 5 P: Chuaigh mé le mo *mamaí* M: Chuaigh mé le mo *m**h**amaí*	"Team 1 wins, play again" Taitneamh bainte as an gcluiche ar an gCBI ach é mBéarla amháin.
11.10		R2 fós ag cuartú freagra í na dtomhasanna. Ranganna eile amuig ag spraoi	

11.25	Lón ite lasmuigh agus nóta tugtha ag an múinteoir dóibh mar gheall ar lá spóirt.	Jóc as Béarla ó pháiste amháin P1: Knock Knock P2: Who's there P1: cathal… P2: (níor chuala mé an píosa deireanach)	Lón gan a bheith ró-shláintiúil!
11.32 Glanadh suas tar éis lóin		R2 ag déanamh OISE as a stuaim féin nuair a thagann siad isteach. (Leabhair i nGaeilge) NM amuigh le Mary (tacaíocht foghlama)	Rang roinnte
11.33 English Phonics agus Corpoideachas		R1 agus 2: Sounds in Action, English phonics work book. Timpeall an Domhain ansin. NM agus NB: Amuigh ag déanamh corpoideachais	Sampla den dea-chleachas maidir kleis an LTI. Páistí na naíonán amuigh sa chlós nuair atá Béarla ar siúl.
12.05 English Reading	Scéal Béarla a léamh os ard	R1+2 ag dathú an phictiúir	Naíonáin ar ais ó chorpoideachas.
12.07 Tíreolaíocht	Suite leis na Naíonáin ag plé na bpictiúr	Neart cainte déanta faoi na pictiúir. Tá rusdaí in easnamh agus caithfidh siad cur síos a dhéanamh faoi agus an rud a tharraingt isteach.	Deiseanna cumarsáide ag na páistí, neart cainte meallta uathu ag an múinteoir. Neart athrá agus aithrise
12.13	Múinteoir ag obair le páiste amhain ar chruthanna.	R1 imithe amach leis an múinteoir tacaíochta	M: Céard é seo? P: Star! M: Ré..Ré..(ag iarraidh an leagan Gaelach a mhealladh uaidh) P: Réalt
12.16 Tíreolaíoch áitiúil (bunaithe ar an gceacht atá le teacht)	Múinteoir ag cuartú treoracha le dul abhaile		M: Tá lúb ar an mbóthar alright, ta an ceart agige ach níl a fhios a'm an bhfuil sé san áit cheart P1: Tá P2: yeah tá, tá an lúb like in aice leis an droichead
12.20 Léitheoireacht Ghaeilge	Ceistiú ón múinteoir faoin rud ata léite acu ag an deireadh	Gach páiste ag léamh go ciúin. R1: ag ceartú tíreolaíochta leis an múinteoir tacaíochta	Leabhair éagsúla ag gach páiste. Leabhair bheaga ag R2 (Séideán Sí) Eagar Ranga: Beirt, aonar, grúpaí

12.30 English Reading		Each child has the same same book and a round robin system is in place where each child reads a piece. The children seem to decide when it's time for the next person to read.	Gach duine sa Rang le chéile don Léitheoireacht Bhéarla
12.35 Glanadh suas agus paidreacha roimh lón		Lón ite sa rang agus amach leo tar éis na bpaidreacha	
12.45-1.15 Am lóin			
1.17 Stair	CBI-scéal Cúchulainn ach an fhuaim a bheith ag oibriú I gceart anois.	Breathnú agus éisteach, na sopilse múchta agus an scéal inste.	Canúint Thír Chonaill sa scéál.
1.27 Stair MPM	Ceistiú faoin scéal. D'inis sí an scéal arís dóibh i nGaeilge Chonnacht	M: Ní shin ár gcuid Gaeilge ab ea?! P1: Ní hea, Sean-Ghaeilge! M: Ní hea P2: Dún na nGall M: 'Sea, maith thú.	Níl me cinnte ar thuig siad an scéal.
1.31 Peannaireacht pppppp	Síos, suas, timpeall (cur síos ar an gcaoi a dhéanann tú an litir p.	Deacrachtaí ag R2 leis na litreacha éagsúla (p) san áireamh.	Tá gá le scéim pheannaireachta i nGaeilge
1.40	Ceartaíonn an múinteoir an pheannaireacht agus bíonn gá na habairtí a léamh amach mar chuid den cheartúchán sin.		Jacob loves jumping jacks
1.45 Spellings		All classes saying the spellings out loud	
1.50 Ceol Amhránaíocht	Dírithe ar Chomórtas Stéibh Chonamara	Éisteacht leis na hamhráin ón album "Ceol" mar chuid de sheachtain na Gaeilge	Cailín na Gauiillimhe (Mundy) Foirfe (Eddie Reader) ceapaim.
1.55	Déanann an múinteoir píosa cainte faoi gach amhrán agus díríonn sé na páistí ar iarracht a dhéanamh a n-amhráin féin a chumadh.	Amhráin a scríobhadh 3 bliana ó shin Peigí Leitir Mór le stíl nua-aimseartha,	Thaitin amhrán Taylor swift go mór leo Bhí an-speis ag na páistí san amhrán seo mar gheall go raibh baint ag daoine ón scoil len é a scríobh agus bhuaigh siad an comórtas anuraidh. Chuaigh an múinteoir isteach ar an gmail sa rang seo (ar fáil i mBéárla amháin)

1.57	Naíonáin: Ag baint an-taitnimh astu. R2: Beagainín ró-chool!

An Sceideal Breathnóireachta

Lá: Déardaoin Dáta: 10.10.2012

Béim ar mhodhanna múinte, ar straitéisí bainistíochta, ar theanga an ranga agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí luath-thumoideachais iomláin

Ní raibh mé sa rang don lá ar fad inniu mar gheall go raibh agallaimh ar siúl agam le múinteoirí eile sa scoil, cuairteoirí chun na scoile, tuismitheoirí agus príomhoidí eile sa cheantar

Lá: Dé hAoine Dáta: 11.10.2012

Béim ar mhodhanna múinte, ar straitéisí bainistíochta, ar theanga an ranga agus ar chur i bhfeidhm an pholasaí luath-thumoideachais iomláin

Am/ábhar	**Gníomhaíochtaí an Mhúinteora**	**Gníomhaíochtaí na bPáistí**	**Nótaí faoin Eachtra**
9-9.20 Maidin Charthanachta do Childline.	I gceannas ar na bricfeastaí ar fad a ullmhú	Ag ithe bricfeásta le chéile I rang amháin (Naíonáin-R6)	Tuismitheoirí istigh sa scoil ag tabhairt cúnaimh do na daoine eile.
10.05 Dul siar ar bna litriú, ceartú obair bhaile	Tangrams tugtha ar an gCBI	Ag obair le cheile chun an fhadhb mhata a réiteach	Comhrá ar siúl i mBéarla os comhair an ranga
10.09 Paidreacha	Paidreacha canta ag an rang	5ú duine is óige ag canadh na bpaidreacha	
10.10 Mata		Tascanna éagsúla ar siúl ag na páistí	
10.45	Ceist mata (egg timer in úsáid..suigh síos nuair a cheapann tú go bhfuil nóiméad caite)		Cluiche mata, an-speis ag na páistí agus comórtas

11.01 Mata	An tUasal Dronuilleog	Neart plé faoi ghnéithe xen dronuilleog agusé tarraingthe sa chóipleabhar acu.	
Sos Beag			
Scrúdú litriú/ mata/tábalí 11.30-12.30	Múinteoir ranga agus múinteoir tacaíochta foghlama ag obair le chéile chun na scrúdaiothe a thabhairt.		Litriú Béarla, Gaeilge, Tablaí éagsúla, ceisteanna mata.

Samplaí den obair dhearfach i leith na Gaeilge
Comórtas na Gaeilge, réalt a úsáid. Béim ar an leagan áitiúil d'fhocal nó d'abairt a thabhairt Gaeilge dhúchasach an cheantair in úsáid Forbairt ar fheasacht teanga an fhoghlaimeora Difríochtaí idir na canúintí pléite An Béarla múinte chuile lá, leis na naíonáin sa rang =Tumoideachas? x

Pointí Suntasacha Oideolaíochta
Bhí go leor canadh agus amhránaíochta sa rang mar bhí an-mheas ag an múinteoir ranga ar an gceol. Déanadh na paidreacha a chanadh gach maidir agus bhí na páistí I mbun tionscnaimh chun amhrán Béarla a aistriú go Gaeilge. Bhog an múinteoir thart go minic, bhí go leor deiseanna cumarsáide ag na páistí ní hamhain leis an múionteoir ach le páistí eile sa rang. Tharla sé seo ar bhealaí struchtúrtha le treoir ón múinteoir agus ar bhealaí neamhstruchtúrtha neamhfhoirimiúla nuar a bhí obait ghrúpa nó obair bheirte ar siúl.

Eachtraí Faoi Leith

M.Sh: Sagart ag teacht chun labairt leis an rang, druil dóiteáin gá le míniú a thabhairt do na páistí, cóisir sa rang, scannán sr siúl trí Bhéarla srl.

An rud a tharla	Peil Ghaelach	I lár an ranga Bhéarla labhair an múinteoir Gaeilge agus í ag tabhairt amach do pháiste.	Glaoch teileafóin faighte as Gaeilge sa seomra ranga	Glaoch teileafóin faighte as Béarla sa seomra ranga-impleachtaí den tumoideachas iomlán?
Am	9.20 Dé Luain	11.40 Dé Máirt		
Cúis				
Teanga	Gaeilge	Gaeilge I rang Béarla: "leag uait iad"	Gaeilge	Béarla

Impleachtaí don LTI	Sampla den dea-chleachtas, daoine ón taobh amuigh ag labhairt Gaeilge leis na páistí.	B'fhéidir go m beadh tionchar diúltach ag úsáid na Gaeilge ar mheon an pháiste.	Cuid den timpeallacht Ghaelach	Feiceann na páistí go bhfuil Béarla ag an múinteoir agus go bhfuil sí toillteanach é a labhairt.
Nótaí eile faoin eachtra				B'fhéidir i gceantar Gaeltachta nach bhfuil chomh gaelach go mbeadh tionchar diúltach ag an gcleachtas seo ar an teanga a úsáideann na páistí

Aguisín L: Múineadh na bhFónaicí (CS1)

Díríodh isteach ar 4 fhonac éagsúla le linn an chás-staidéir. Ar an gcéad lá breathnóireachta ba ar an litir ***c*** a díríodh. Múineadh an litir do na naíonáin shinsearacha anuraidh ach ghlac siad páirt iomlán sa rang. Iarradh ar na páistí suigh i gciorcal ar an úrlár don cheacht agus leanadh na modhanna a luaigh mé thuas le fónach na litreach a mhúineadh. Ar dtús chroch an múinteoir póstaer agus bhí ar na páistí rudaí a bhí sa phóstaer a thosaíonn le ***c*** a rá os ard. D'éirigh leo *caisleán, codladh, Ciarán, carr* agus *cat* a aimsiú. Bhí druileanna fónach ina dhiaidh sin ina raibh ar na páistí athrá agus aithris a dhéanamh ar fhocail éagsúla a thosaigh le ***c*** agus an gheaitsíocht chuí a dhéanamh aon uair gur fhuaimnigh siad an ***c***. Ba é an gheaitsíocht a bhí in úsáid don litir 'c' ná an lámh dheis a chiorclú os cionn a gcloigne. Ba é an fíorábhar a úsáideadh ná cnaguirlis cheoil de bhunús na Spáinne darbh ainm 'castanéid'. Chnag an múinteoir an chastanéid le chéile aon uair a fhuaimníodh an litir ***c***. Díríodh ar scríobh na litreach ansin. Mhúnlaigh sé cén chaoi ***c*** a scríobh lena "méar draíochta" os comhair an ranga agus lean na páistí í agus iad ag déanamh cruth ***c*** san aer lena méara draíochta. Ansin scríobh sé ***c*** ar an gclár bán ag míniú do na páistí an chaoi go scríobhann tú ***c***. Chuaigh na páistí ar ais go dtí a n-áiteanna agus thosaigh na naíonáin shóisearacha ar shamplaí den litir ***c*** a scríobh sna leabhair oibre agus thosaigh na naíonáin shinsearacha ar fhocail iomlána leis an litir ***c*** iontu a scríobh amach i gcóipleabhair speisialta d'fhonaic na Gaeilge. Bhí an múinteoir críochnúil agus córasach ina cuid múinteoireachta agus í ag leanacht an phróiséis chéanna sa rang fónach don tréimhse bhreathnóireachta uilig.

Ar an Máirt chuathas siar ar litreacha a deineadh go luath sa bhliain ***a, m*** agus ***t*** chomh maith leis an litir ***c*** a deineadh ar lá 1 roimhe sin. Baineadh úsáide as *Fonaic na Gaeilge* agus as an ngé ilchéadfach agus bhí tascanna éagsúla le déanamh ag na naíonáin shóisearacha agus shinsearacha. Dhírigh na naíonáin shóisearacha ar scríobh litir ***a*** ina gcóipleabhar fonaic agus díríodh aird na naíonán sóisir ar phatrúin litreacha. Scríobh an múinteoir 8 litir ar an gclár bán agus d'iarr sé ar na naíonáin shinsearacha focail bheaga a dhéanamh astu. ***Mac, ag, ar, rud, rug*** agus ***cam*** ab ea na cumaisc focal a d'aimsigh siad. Díríodh ar an litir ***t*** amháin ar an gCéadaoin agus ar

fhocail bheaga ar an Déardaoin. Ba ar aithint agus ar fhuaimniú na bhfocal beag seo a díríodh. Crochadh póstaer na bhfocal ar an mballa agus cuireadh béim ar athrá, aithris agus na focail a chur in abairtí. Samplaí de na focail a bhí ar an mballa aici ná ***as, ba, seo, tá, atá*** agus ***ar***. Shín an múinteoir slat i dtreo na bhfocal agus bhí ar an rang iad a rá os ard.

Ar an gCéadaoin tar éis dul siar a dhéanamh ar an litir ***c***, díríodh isteach ar an litir ***t***. Níor deineadh idirdhealú idir ***t*** leathan agus ***t*** caol. B'iad na cleachtais chéanna a d'úsáid an múinteoir leis an bhfuaim seo a mhúineadh. Cuireadh na páistí ina suigh i gciorcal ar an úrlár. Bhí póstaer ag an múinteoir ina raibh rudaí ann a thosaigh leis an litir ***t*** agus bhí ar na páistí na rudaí sin a phiocadh amach agus a rá os ard. ***Teidí, tarracóir, teilifís*** agus ***teileafón*** a bhí ach mar shamplaí agus tar éis é sin deineadh druileanna fónach. Rinne na páistí athrá agus aithris ar fhocail éagsúla a thosaigh le ***t*** agus an gheaitsíocht chuí a dhéanamh aon uair gur fhuaimnigh siad an litir sin. Ba í an gheaitsíocht a bhí i bhfeidhm don fhonac seo ná a gcloigne a chasadh go dtí an taobh aon uair gur chuala siad an fhuaim ***t***. D'úsáid sé teidí mar fhíorábhar don litir seo agus chroith sé é aon uair gur dúradh an fhuaim ***t***. Bhí sé spéisiúil níos déanaí sa lá gur scread cúpla páiste "te, te, te" nuair a phioc an múinteoir an teidí suas. Tar éis é sin thaispeán an múinteoir an bealach le ***t*** a scríobh lena "méar draíochta" san aer agus ansin ar an gclár bán. Rinne na páistí aithris uirthi don chéim sin. Scríobh sé ***t*** ar an gclár bán trí bhabhta eile agus í ag labhairt faoin bpróiseas agus scríobh na naíonáin shóisearacha an litir ***t*** amach ina leabhair oibre agus scríobh na naíonáin shinsearacha focail iomlána a thosaíonn le ***t*** ina gcóipleabhair fhonac. Leann an ghné pheannaireachta seo do 16 nóiméad.

Aguisín M: Sliocht as “Polasaí Labhairt na Gaeilge” (CS3)

Éagsúlacht Cumais: Le cúlra teanga baile, tá scoláirí de chuile chineál againn. Sé sin tá gasúir againn ag teacht chun na scoile sna Naíonáin gan focal ar bith Gaeilge agus gasúir eile ag teacht chun na scoile gan mórán focal ar bith Béarla. Agus ar ndóigh tá go leor gasúir eile atá idir eatarthu. Is dúshlán mór é déileáil le chuile leibhéal ag an am céanna, sna Naíonáin Bheaga go speisialta. Déantar freastal ar ghasúir de chuile chumas sa scoil. Tá múinteoir sealadach teanga againn sa scoil le déileáil le gasúir a thaganns chun na scoile ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge. Tá an múinteoir sealadach teanga fostaithe le freastal a dhéanamh ar ghasúir a rugadh thar lear (I Meiriceá nó i Sasana go hiondúil). íríonn an múinteoir seo isteach ar na gasúir is óige (Ó Rang na Naíonáin Bheaga go Rang a 2 is mó) cé go bhfuil aon ghasúr sa scoil a rugadh thar lear i dteideal freastal uirthi. éantar freastal freisin, ar an dream atá ar bheagán Gaeilge ach gur as an tír seo iad. Fostaíonn Eagras na Scoileanna Gaeltachta múinteoir Gaeilge don dream nach as an gceantar iad fhéin ná a muintir, le Gaeilge a mhúineadh dhóibh agus iad a thabhairt suas go caighdeán an ranga. íríonn na múinteoirí seo a n-aird ar na bunranganna don chuid is mó. Má dhéantar neart oibre ag an leibhéal seo ní bheidh fadhb sna meánranganna ná sna hardranganna.
éanfar freastal freisin ar na gasúir a bhfuil Gaeilge ón teallach acu. Déanfar chuile iarracht iad a spreagadh agus forbairt adhéanamh ar a gcuid cainte agus cur leis an saibhreas Gaeilge atá acu ó dhúchas tá réimse leathan straitéisí in úsáid: Agallaimh, Cluichí Teanga, Tascanna & Fadhbanna, Druileanna, Drámaíocht, Físeáin, Scéalaíocht, Filíocht. á bhrí sin déantar freastal ar stíleanna éagsúla foghlama agus éagsúlacht cumais.
Próiséas ciorclach é measúnú a thuganns eolas go rialta don mhúinteoir ar riachtanaisí foghlama na ngasúir. Is fiú measúnú leanúnach a dhéanamh ar scileanna teanga ionas go mbeidh an múinteoir in ann pleanáil a dhéanamh. á proifílí á gcur le chéile san am i láthair le measúnú a dhéanamh ar an nGaeilge agus bainfear úsáid astu seo nuair a bhéas siad ar fáil. Faoi láthair an Measúnú a bhíonns i gceist ná Breathnóireacht an Mhúinteorí ní bhíonn measúnú foirmitheach ar siúl. Bíonn deis idir-theanga na ngasúir a chloisteáil trí úsáid na straitéisí - mar shampla le linn ról-ghlacadh sa drámaíocht.

Aguisín N: Agallamh Samplach 5

Agallamh le Príomhoide CS2

CÓB: Inis dom faoin Tumoideachas sa Scoil seo.

PO: An rud is tábhachtaí le tuiscint ná gur phróiséas atá sa tumoideachas. Ní féidir a bheith súil go mbeidh scóranna arda ag na páistí sna scrúdaithe caighdeánaithe (MICRA nó Drumcondra) mar nach bhfuil an t-am caite acu ar an teanga ach tiocfaidh feabhas orthu agus faoin am go mbeidh siad sna hardranganna beidh siad chomh maith nó níos fearr ná páiste nár tumadh sa Ghaeilge ón gcéád lá. Déanann na páistí SIGMAs ard sa scoil seo chomh maith. Tá siad go breá in ann an mata a dhéanamh as Gaeilge ach tá ceist agam ort. Cén fáth nach mbíonn na scrúdaithe SIGMA sin dátheangach agus go mbeadh na gasúir in ann tarraingt ar an dá theanga atá acu? B'shin ceann de na moltaí a bhí agamsa nuair a cuireadh ceist orm ag ceann de na comhdháileacha oideachais seo. B'fhéidir nach bhfuil siad ag iarraidh go ndéanfaidh páistí dátheangacha níos fearr ná páistíaonteangacha!! Mar bheadh buntáiste breise ag an duine dátheangach. Tá buntáistí ag baint le bheith dátheangach!

CÓB: Céard iad na dúshlain ata ann maidir le polasaí luath-thu oideachais a chur i bhfeidhm?

PO: Caithfear daoine a chur ar an eolas i gcónaí toisc nach dtagann aon eolas ón roinn Oideachais agus nach mbíonn treoracha cearta acu i leith an tumoideachais agus mhúineadh na dteangacha sa Ghaeltacht go ginearálta. Bíonn tú ag rá le tuismitheoirí agus le múinteoirí faoi bhuntáistí an tumoideachais agus faoin gcoi nach gcaithfidh tú an Béárla a mhúineadh go dtí go mbeidh an páiste i Rang 1 ach tá míthuiscintí i gcónaí ann. Tháinig múinteoir nua isteach anseo anuraidh ag clúdú saoire mháthaireachais mar shampla agus chuir sí tús leis an léitheoireacht sa Bhéarla leis na naíonáin bheaga. Tá sí díreach cáilithe anois ó cheann de na coláistí oiliúna móra agus níor thuig sí nár cheart aon Bhéarla a mhúineadh do na páistí go dtí go mbeidh siad i rang a haon. Níl aon oiliúint á fáil acu faoin tumoideachas ar chor a bith agus téann siad ar ais ar na sean-nósanna a bhí acu féin, uair a bhí siad féin ar scoil, sé sin go múintear an Béarla ón gcéad lá ar scoil ar aghaidh agus sin sin.

CÓB: Cá leagtar an bhéim i dtumoideachas na Scoile seo?

PO: Bíonn go leor saibhriú teanga anseo agus déanaim iarracht i gcónaí na scileanna cumarsáide atá ag páistí a fhorbairt. Tá sé tábhachtach go mbeidh nn páistí ag sóisialú le chéile as Gaeilge agus go mbeidh an cumas acu rudaí lasmuigh den scoil a phlé as Gaeilge. Tá an tádh linn anseo mar go dtarlaíonn sé go nádúrtha go mbíonn na páistí ag labhairt Gaeilge le chéile sa scoil seo agus go mbíonntacaíocht ó thuismitheoirí i leith na teanga.

Aguisín O: Agallamh Samplach 6

Agallamh le Príomhoide CS5

CÓB: An mbeadh mórán de dhifríocht idir an scoil seo agus Gaelscoil?

PO: Bheul tá an-difríocht idir an dá rud mar gur scoil áitiúil é seo. I ngaelscoil déanann na tuismitheoirí an cinneadh a gcuid gasúir a chur chuig an scoil agus bíonn siad ag tacú leis an teanga ar an gcaoi sin nó ar a laghad bíonn siad dearfach ach sa scoil seo tá tuismitheoirí nach bhfuil chomh dearfach sin agus cuid acu ata glan in aghaidh na teanga

CÓB: An bhfuil mórán thart le Gaeilge nó atá báúil di ar a laghad?

PO: Clann amháin sa scoil ó inis Meáin an bheirt acu le togha na Gaeilge ach iad go hiomlán in aghaidh na teanga. Togha na Gaeilge acu, iad tógtha le Gaeilge ach gan aon Ghaeilge á labhairt acu leis an bpáiste. Tháinig an páiste isteach lá amháin agus dúirt sí '*oh my mummy doesn't speak any Irish to me at all'*.

Tuismitheoir eile go bhfuil togha na Gaeilge acu agus í ag ra go bhfuil sé go deas go bhfuil a páiste ag foghliam na teanga ar scoil agus a bheith in ann í a labhairt ar scoil ach gan aon Ghaeilge á labhairt aici féin lena páiste sa mbaile. Tá meon an-aisteach thart anseo really agus má bhreathnaíonn tú ar scoileanna eile atá sa mbád céanna linne, sé sin ar imeall na Gaeltachta (tá 50 scoil Ghaeltachta nach bhfuil ag teagasc trí Ghaeilge) tá an cinneadh éasca tógtha acu. Níl an cinneadh éasca sin tógtha anseo agus tá muid ag troid ar son na Gaeilge i gceantar nach bhfuil láidir (ó thaobh na Gaeilge de) agus uaireanta nach bhfuil báúil don teanga fiú.

Ach feiceann muid go mbíonn an-chaighdeán Gaeilge acu ag fágáil Rang 6 agus ta an-bhuntáiste ag baint leis sin nuair a théann siad chuig an meánscoil i nGaillimh, go mbíonn caighdeán ard acu i ngach ábhar, an Ghaeilge ach go háirithe agus go mbíonn siad chun cinn ar pháistí ó scoileanna eile.

CÓB Tá dúshláin áirithe ag baint le polasaí tumoideachais a chur i bhfeidhm mar sin.

PO: Tá an scoil seo ag snámh in aghaidh an taoide go hiomlán mar tá an pobal neodrach nó beagáinín diúltach faoin nGaeilge agus cuid eile ata glan in aghaidh na teanga. Tá tuismitheoirí eile gur chuma leo faoin méid Gaeilge ata sa scoil bíodh sí ann nó as agus ta tú ag plé leis an meascán sin. Tá tuismitheoirí ann a bheadh ag tabhairt amach mar gheall ar rudaí ag goil abhaile as Gaeilge, like tá an dán sin Valentine's day á chur abhaile agam mar gheall ar sin. Ní féadfainn é sin a chur abhaile mar go mbeadh siad ag clamhsán Déanann muid rudaí go dátheangach mar go bhfuil muid ag iarraidh go mbeidh siad dátheangach.Rinne muid suirbhé anseo ar líne mar chuid den phróiséas cigireachta agus líon thart ar 50% de chlanna isteach an rud so bhí líon íseal tuismitheoirí